
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Éire 2040 - An Tionscadal

# An Creat Náisiúnta Pleanála



gov.ie/2040

Éire 2040 - An Tionscadal

# An Creat Náisiúnta Pleanála

BROLLACH 5




1 An Fhís 10
1.1 An Fhís a Leagan amach 10
1.2 An Fhís a Réadú 11
1.3 Spriocanna i bPáirt – Ár bhFothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta 14
1.4 Céard a Tharlóidh Mura nDéanaimid Tada? 16
1.5 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA 19




2 Slí Nua chun Tosaigh 20
2.1 Treallús agus Acmhainneacht a Réadú 20
2.2 Forléargas ar Straitéis an CNP 22
2.3 Forbairt Straitéise 24
2.4 Ár gCuid Réigiún a Chur ag Fás 26
2.5 Réigiúin Níos Téagartha a Thógáil: Lárionaid Mhórscála Inrochtana 27
2.6 Fás Dlúth Inbhuanaithe a Dhaingniú 28




3 Forbairt Réigiúnach Éifeachtach 30
3.1 Forbairt Straitéiseach Réigiúin na hÉireann 30
3.2 Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre 32
3.3 Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair 38
3.4 Réigiún an Deiscirt 44




4 Áiteanna Uirbeacha Níos Téagartha a dhéanamh 54
4.1 An Fáth a bhfuil Tábhacht le hÁiteanna Uirbeacha 54
4.2 Struchtúr Uirbeach na hÉireann 58
4.3 Ag Pleanáil don Fhás Uirbeach in Éirinn 60
4.4 Ag Pleanáil d'Fhás na Fostaíochta Uirbí 64
4.5 Inlíonadh Uirbeach a Chur i gCrích/ Forbairt Athfhorbraíochta 65




5 Ag Pleanáil d'Áiteanna Ilchineálacha Tuaithe 68
5.1 An Fáth a bhfuil Tábhacht le hÁiteanna Tuaithe 68
5.2 Creatlach Tuaithe na hÉireann a Neartú agus Tacú le Pobail Tuaithe 69
5.3 Ag Pleanáil d'Fhás agus d'Fhorbairt na Limistéar Tuaithe Amach Anseo 71
5.4 Pleanáil agus Infheistíocht chun Tacú le Cruthú Post faoin Tuath 75
5.5 An Infheistíocht faoin Tuath a Chomhordú 79




6 Daoine, Tithe Cónaí agus Pobail 80
6.1 Cáilíocht Saoil agus Áite 80
6.2 Pobail Fholláine 82
6.3 Éire Ilchineálach Ionchuimsitheach 84
6.4 Pobail Aoisbháúla 86
6.5 Cúram Leanaí, Oideachas agus Foghlaim feadh an tSaoil 89
6.6 Tithíocht 91




| | | |
|---|---|---|
| **7** | **Ár nAcmhainn Oileánda agus Mhuirí a Fhíorú** | **98** |
| 7.1 | Pleanáil Chomhtháite Talún agus Chósta | 98 |
| 7.2 | Geilleagar Muirí | 101 |
| 7.3 | Calafoirt | 102 |
| 7.4 | Timpeallacht an Chósta agus Pleanáil don Athrú Aeráide | 103 |
| 7.5 | Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta | 104 |





| | | |
|---|---|---|
| **8** | **Ag Obair lenár gComharsana** | **106** |
| 8.1 | Éire agus an tAontas Eorpach | 106 |
| 8.2 | Éire agus Tuaisceart Éireann | 108 |
| 8.3 | Ag Obair le chéile ar mhaithe le Leas Eacnamaíoch | 110 |
| 8.4 | Infheistíocht i mBonneagar a Chomhordú | 112 |
| 8.5 | Ár gComhshaol i bPáirt a Bhainistiú ar Bhonn Freagrach | 114 |
| 8.6 | Éire agus Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag | 115 |





| | | |
|---|---|---|
| **9** | **Ár dTodhchaí Inbhuanaithe a Réadú** | **116** |
| 9.1 | Spriocanna Comhshaoil agus na hInbhuanaitheachta | 116 |
| 9.2 | Éifeachtúlacht Acmhainní agus an tAistriú go dtí Geilleagar Ísealcharbóin | 118 |
| 9.3 | Ár gCaipiteal Nádúrtha a Chosaint, a Chaomhnú agus a Fheabhsú | 123 |
| 9.4 | Timpeallacht Ghlan a Chruthú ar mhaithe le Sochaí Fholláin | 128 |





| | | |
|---|---|---|
| **10** | **An Creat Náisiúnta Pleanála a fheidhmiú** | **130** |
| 10.1 | Rialachas agus Maoirseacht | 130 |
| 10.2 | An Coras Pleanála | 134 |
| 10.3 | Infheistíocht Chaipitiúil Phoiblí – An Plean Forbartha Náisiúnta agus Fothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta | 138 |





| | | |
|---|---|---|
| **11** | **An Tionchar Timpeallachta a Mheasúnú** | **152** |
| 11.1 | Measúnacht Timpeallachta | 152 |
| 11.2 | Cúrsaí Timpeallachta a Chomhtháthú sa Chóras Pleanála | 156 |
| 11.3 | Roghanna seachas 'Gnó mar is Gnách' - Slí Nua chun Tosaigh | 157 |
| 11.4 | Achoimre ar na hEochairchinntí | 158 |

Aguisín 1 - Cuspóirí Beartas Náisiúnta 159

Aguisín 2 - Daonra agus Poist i Lonnaíochtaí Uirbeacha in Éirinn, Daonáireamh 170

Aguisín 3 -Modheolaíocht le haghaidh Cur Chuige Cisealta maidir le Criosú Talún 175

Aguisín 4 - Tagairtí 176

# Brollach

Tá Éire ar thob athrú mór a dhéanamh. As seo go ceann fiche bliain tiocfaidh méadú aon mhilliún ar an daonra, rud a ardaíonn sraith ceisteanna tábhachtacha nach mór machnamh a dhéanamh orthu.

An cheist is bunúsaí: cá mbeidh na daoine sin ina gcónaí agus ag obair, an mbeimid ag baint sult as caighdeán ár saoil, agus cé mar a rachaidh tír ina mbeidh beagnach sé mhilliún duine i bhfeidhm ar ár bpobail agus ar ár dtimpeallacht thógtha agus nádúrtha?

Orainne atá an fhreagracht na ceisteanna sin a fhreagairt; muide atá freagrach as pleanáil do na hathruithe atá romhainn – ár bhfás amach anseo a bhainistiú ar bhealach pleanáilte, táirgiúil, inbhuanaithe. Sin dúshlán, cinnte, ach is deis iontach é freisin do ghlún nua fís i bpáirt a shamhlú agus a chur chun feidhme, ar mhaithe le gach pobal ar an oileán seo.

Rinneamar botúin cheana agus ligeamar don tír sraoilleáil agus forbairt d'uireasa plean comhtháite, rud a rinne aimhleas cuid mhór dár

n-áiteanna agus dár muintir. Tá sé deich mbliana, beagnach, ó chuaigh an ghéarchéim airgeadais i dtreis, agus tá codanna den tír atá ag bláthú arís faoi seo, cé go bhfuil deacrachtaí le sárú

ag codanna eile. Bhí deacrachtaí ag bagairt do neart pobal i ndáiríre, i bhfad roimh an éigeandáil is déanaí, ag éirí as easpa fís chomhroinnte go deimhin, agus toisc nach raibh aon phlean ann.

Is céim chun cinn suntasach é Éire 2040 - An Tionscadal, agus is athrú é ar an gcur chuige a bhíodh ann i leith pleanáil agus infheistíocht Rialtais don fhadtéarma. Faoin gcur chuige seo féachtar le treallús chun feabhais a chomhtháthú as measc réimsí difriúla ár saoil, agus tugtar le chéile na ranna éagsúla rialtais, na gníomhaireachtaí, na fiontair Stáit agus na húdaráis áitiúla, tugtar le chéile iad uile taobh thiar de thacar comhroinnte cuspóirí straitéiseacha d'fhorbairt na tuaithe, agus don fhorbairt réigiúnach agus uirbeach.

Imlíne pleanála atá sa doiciméad seo, an *Creat Náisiúnta Pleanála*, chun an fhorbairt agus an infheistíocht a threorú sna blianta romhainn.

Níl gach mionsonra ann do gach aon chuid den tír: ach is amhlaidh a chumasaíonn sé gach réigiún ar leith chun an phleanáil agus an fhorbairt a threorú ina gcuid pobal féin, agus tugann sé tacar cuspóirí náisiúnta agus príomhphrionsabail as a dtiocfaidh pleananna leasaithe mionsonraithe.

Tá doiciméad eile ag gabháil leis an gceann seo, an Plean Forbartha Náisiúnta, straitéis deich mbliana d'infheistíocht chaipitiúil phoiblí, beagnach €116 mhilliún. Seans gurb é a gcomhfhoilsiú faoin teideal Éire 2040 - An Tionscadal, an briseadh is radacaí leis an saol mar a bhíodh: déantar ár straitéis infheistíochta a ailíniú lenár ndoiciméid phleanála straitéisí, den chéad uair i stair ár Stáit, chun plean comhaontaithe comhtháite a cheapadh don tír.

Chuireamar tús leis an turas seo breis is trí bliana ó shin agus, leis na mílte aighneacht a fuaireamar ó dhaoine, agus na dosaenacha ócáid agus gníomh comhairliúcháin a eagraíodh fud fad na tíre, tá tacar comhchuspóirí straitéiseacha múnlaithe againn le rachmas na tíre amach anseo a áirithiú, rachmas ár réigiún agus rachmas ár muintire.


Táimid an-sásta, más ea, an *Creat Náisiúnta Pleanála* a fhoilsiú, mar fhís agus mar straitéis forbartha inchreidte lenár bhforbairt spásúil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a mhúnlú i dtéarmaí eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta anonn go dtí 2040.

Fís amháin do thír amháin, sin Éire 2040 - An Tionscadal.



**Leo Varadkar TD,**
Taoiseach






**Eoghan Murphy TD,**
Minister for Housing, Planning and Local Government



# I dtreo an Chreata Náisiúnta Phleanála




I dtreo an Chreata Náisiúnta Phleanála







## DRÉACHTFHOILSIÚ

**MF - SAMH 2017**

**COMHAIRLIÚCHÁN FAOIN DRÉACHTCHREAT**

Athbhreithniú aighneachtaí & leasuithe breise

Scagadh leasuithe MST/MC/MSBT




**FEABH 2018**

**CRÍOCH AGUS FAOMHADH**

**MÁR 2017**

Cruinniú den Ghrúpa Comhairle Náisiúnta

Cruinniú den Ghrúpa Stiúrtha um Eacnaíméadracht & Déimeagrafaíocht

**BEALT 2017**

MST/MC/MSBT: Grúpa Stiúrtha & Ceardlann

Cruinniú den Fhochoiste Comh-Aireacht a um Ealaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Tuaithe & Gaeltachta

Cinneadh Rialtais an CNP a ailíniú leis an bPlean Náisiúnta Infheistíochta deich mbliana

**IÚIL 2017**

Cruinniú den Fhochoiste Comh-Aireachta um Bonneagar, Comhshaol & Gníomhú ar son na hAeráide

Cinneadh an rialtais an NPF agus Plean Náisiúnta Infheistíochta 10 mbliana a ailíniú

**LÚN 2017**

Cruinniú den Ghrúpa Stiúrtha Tras-Rannach

**MF 2017**

Cruinniú den Ghrúpa Comhairle Náisiúnta

Cruinniú den Fhochoiste um Bonneagar, Comhshaol & Gníomhú ar son na hAeráide Fochoiste

SEA/AA/SFRA Steering Group


**FEABH 2018**

Cruinniú den Ghrúpa Comhairle Náisiúnta

Cruinniú Comh-Aireachta



# Córas Pleanála na hÉireann
## Forléargas



# TÁ AN SAOL AG ATHRÚ AGUS TÁ ÉIRE AG ATHRÚ FREISIN

## An tslí is fearr dár dtír aghaidh a thabhairt ar na hathruithe romhainn i gcónaí, **pleanáil don athrú.**



# 1 An Fhís

## 1.1 An Fhís a LeaganAmach

Is é an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) plean ardstraitéise an Rialtais chun fás agus forbairt ár dtíre a mhúnlú anonn go dtí 2040.

Creat atá ann mar threoir don infheistíocht phoiblí agus phríobháideach, le deiseanna a chruthú agus a chothú dár ndaoine, agus lenár gcomhshaol a fheabhsú – ónár gcuid sráidbhailte go dtí ár gcathracha, agus gach a bhfuil thart orthu agus eatarthu.

Beidh thart ar aon mhilliún duine sa bhreis ina gcónaí sa tír seo faoi 2040[1]. Leis an bhfás ar an daonra beidh na céadta mílte post agus tithe ag teastáil. Mura bpleanálfaimid don fhás sin agus do na héilimh a leagfaidh sé ar ár dtimpeallacht thógtha agus nádúrtha, agus ar an uige shóisialta agus eacnamaíoch, is cinnte go mbeimid ag teip maidir lenár bhfreagracht do na glúnta fear agus bean Éireannach amach anseo. An fhreagracht sin, a rachmas agus a sonas siúd a áirithiú i saol atá ag síorathrú.

Ag cur scála an dúshláin san áireamh agus an t-amlíne, ni fhéadfadh ach creat a bheith i gceist; níl ar a acmhainn gach mionsonra dhearbhú anois: dá ndéanfaí sin bheadh teorainn lenár solúbthacht oiriúnuithe a dhéanamh de réir mar a athraíonn cúrsaí, agus lenár dtreallús agus muid ag tabhairt aghaidh ar an athrú. Mar chreat-doiciméad, cuireann sé próiseas sa siúl a gcaithfidh doiciméid níos mionsonraithe é a leanúint: pleanáil spásúil, pleanáil bonneagair, pleanáil shóisalta agus eacnamaíoch.

Imlíníonn sé prionsabail áirithe freisin a bheidh le leanúint ag na pleananna sin, i gcás na hinbhuanaitheachta, na cruthaitheachta agus cúrsaí pobail, mar shampla.

Is minic cheana a thugtaí tús áite do smaoineamh seachas a chéile i mbeartas, nó a chuirtí in aghaidh a chéile iad go fiú. An rún atá againne, fís aontaithe a chruthú, tacar comhroinnte spriocanna do gach pobal fud fad na tíre. Tugtar na spriocanna sin sa Chreat seo mar Fhothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta (FSN) Éireoidh go geal leo, dúinn ar fad: sin an rathúlacht chomhroinnte a chreidimid a thabharfar i gcrích leis an bplean seo.



## 1.2 An Fhís a Réadú

Chun ár bhfís a bhaint amach:

- forbrófar straitéis nua réigiún-bhunaithe leis an bhfás a bhainistiú;
- nascfar le plean nua infheistíochta 10 mbliana í, Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 d'Éire 2040 - An Tionscadal;
- úsáidfear tailte stáit chun críocha straitéise áirithe;
- tacófar leis sin le pleanáil threisithe, dírithe níos mó ar an gcomhshaol ag an leibhéal áitiúil; agus
- tabharfar tacaíocht dhlíthiúil don chreat trí Oifig Rialaitheora Pleanála neamhspleách a bhunú.

### Straitéis Nua leis an bhFás a Bhainistiú

Ó thaobh riaracháin agus pleanála de, tá trí réigiún tionóil in Éirinn: Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, agus Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre. Ní mór dúinn fás níos cothroime a bhainistiú idir na trí réigiún sin mar feictear ró-chomhchruinniú daonra, tithe agus post faoi láthair i mBaile Átha Cliath agus, go pointe, in Oirthear agus Lár na Tíre. Ní miste srian a chur leis sin agus is é ár n-aidhm, mar sin, dáileadh fáis thart ar 50-50 idir réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, agus réigiún an Deiscirt agus réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, agus 75% den fhás le tarlú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus a chuid bruachbhailte.

Agus is fás níos comhchruinnithe a thuigtear le fás níos cothroime. Ó thaobh daonra de (>50,000 duine) tá cúig chathair in Éirinn faoi láthair: Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge. Sa phlean seo tá sé i gceist gur sna chúig chathair sin le chéile a bheidh 50% den fhás náisiúnta iomlán, agus go dtarlóidh an 50% eile sna bailte móra, i mbailte níos lú, i sráidbhailte agus faoin tuath.

Níl na cúig chathair sin dáilte go cothrom ar ár dtrí réigiún, ar ndóigh. Luíonn réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, chomh maith le cuid de Lár na Tíre, taobh amuigh de chúlchríoch na gcathracha. I ngeall air sin is mó de ról réigiúnach atá ag Sligeach agus Baile Átha Luain seachas áiteanna eile. Rud eile, ní mór ár ngaol le Tuaisceart Éireann a chur san áireamh, mar aon leis na mórnaisc idir Leitir Ceanainn agus Doire, agus idir Droichead Átha-Dún Dealgan-An tIúr

Beidh gá le béim nua ó thaobh beartais de maidir le lonnaíochtaí reatha a athnuachan agus a fhorbairt, seachas síorleathadh agus sraoilleáil chathracha agus bailte móra sna limistéir tuaithe, agus réimsí láir bailte móra agus na sráidbhailte níos lú ag fulaingt dá dheasca. Is é an sprioc, 40% ar a laghad den tithíocht nua ar fad a sheachadadh taobh istigh de na limistéir faoi fhoirgnimh sna cathracha, sna bailte móra agus sna sráidbhailte ar láithreáin inlíonta agus/nó athfhorbraíochta. Leanfar de bheith ag seachadadh fuílleach ár n-áiteanna cónaithe ar imeall lonnaíochtaí agus i limistéir faoin tuath.



## Plean Nua Forbartha Náisiúnta 10 mbliana

Tá an Creat Náisiúnta Pleanála á fhoilsiú in éineacht le plean infheistíochta náisiúnta 10 mbliana mar aon fhís amháin: Éire 2040 - An Tionscadal, is é sin go dtacófar go hiomlán le cur chun feidhme an Chreata le straitéis infheistíochta an Rialtais d'infheistíocht chaipitiúil phoiblí agus le hinfheistíocht na hearnála Stáit i gcoitinne. Tugtar cuntas ar an infheistíocht sin sa doiciméad comhghabhálach, an Plean Forbartha Náisiúnta (PFN), agus mionsonraí ann faoi mhórthionscadail a dhéanfadh ár gcuid pleananna a fhíorú.

Mar chuid den infheistíocht sin, bunófar ciste dílsithe Athnuachana agus Forbartha €3 Bhilliún chun aidhmeanna an Chreata Náisiúnta Pleanála a bhrú chun cinn agus chun tacú leo, do na limistéir uirbeacha agus tuaithe araon. Tacóidh an Ciste Athnuachana agus Forbartha leis na príomhphrionsabail: fás straitéiseach agus athnuachan i measc ár gcuid pobal uile. Ciste iomaíoch a bheidh ann, trínar féidir le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus gníomhaireachtaí eile tairiscint a dhéanamh chun infheistíocht phoiblí a ghiaráil. Feidhmeoidh dhá shnáithe ar leith taobh istigh den aon Chiste móriomlán, snáithe tuaithe agus snáithe uirbeach, ionas nach mbeidh áit ar nós an Caisleán Nua in iomaíocht le Cathair Luimnigh, mar shampla.

## Tailte an Stáit a Úsáid do Chríocha Straitéiseacha

Is leis an Stát, trí bhíthin údarás áitiúil, Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí agus cuideachtaí Stáit, príomhpháirteanna dár gcuid cathracha agus bailte móra. Beidh ról fíorthábhachtach le forbairt na dtailte sin in athshamhlú agus in athchruthú na limistéar uirbeach, agus i soláthar na dtithe cónaí agus na n-ionad oibre agus caithimh aimsire a theastaíonn.

I gcomhthéacs mhórbhainistiú acmhainn forbartha na dtailte stáit ina thaca d'fheidhmiú an Chreata Náisiúnta Pleanála, bunófar Gníomhaireacht Athnuachana agus Forbartha náisiúnta nua chun oibriú leis na húdaráis áitiúla, na comhlachtaí poiblí agus lucht gnó, chun na tailte poiblí a shaothrú mar spreagadh leanúnach don athnuachan agus do chúrsaí infheistíochta i gcoitinne.

## Pleanáil Threisithe, dírithe ar an gComhshaol ag an Leibhéal Áitiúil

Déanfar pleanáil agus forbairt ár gcuid pobal ag an leibhéal áitiúil a athfhócasú amach aneo chun dul i ngleic le déine carbóin an duine os cionn an mheáin[2] agus chun aistriú náisiúnta a chumasú go dtí geilleagar ísealcharbóin iomaíoch, seasmhach ó thaobh aeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, faoi 2050, trí acmhainn fuinnimh inathnuachana ollmhór ár dtíre a shaothrú.

Tionscnóimid pleanáil níos straitéisí agus níos comhordaithe ar ár gcuid cathracha agus bailte móra trasna teorainneacha údaráis áitiúla, agus beidh Pleananna Straitéiseacha Limistéir Ceannchathartha, le tacaíocht reachtúil, ann do na cúig chathair: Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge.

Tionscnófar próiseas comhtháite pleanála nua chun bainistiú níos éifeachtaí a dhéanamh ar ár gcuid limistéar cósta agus ar an gcomhéadan talún is uisce, ionas go ndéanfar an luach eacnamaíoch a fhaighimid ónár saibhreas aigéin a dhúbailt faoi 2030 agus a thuilleadh ina dhiaidh sin.

## Tacaíocht Reachtaíochta agus Oifig Neamhspleách an Rialaitheora Pleanála

Tabharfar lántacaíocht reachtaíochta taobh istigh den chóras pleanála don Chreat Náisiúnta Pleanála, athbhreithniú agus nuashonrú rialta san áireamh, ag féachaint do dhálaí athraitheacha agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is gá.

I gcás gach réigiúin ar leith, ullmhóidh an Tionól Réigiúnach a straitéis féin de réir an Chreata a leagtar amach sa CNP. Beidh siad críochnaithe go luath 2019, agus is Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha a thabharfar orthu. Beidh na ciogail athbhreithnithe don Phlean Contae agus Cathrach ag teacht leis na straitéisí réigiúnacha ar leith ansin, ionas go dtabharfar an chomhfhís fad leis an leibhéal pleanála áitiúil.

Rud eile, ag eascairt as an reachtaíocht pleanála a bheidh mar bonn agus mar thaca leis an gCreat Náisiúnta Pleanála, cruthófar Oifig an Rialaitheora Pleanála (ORP), oifig nua neamhspleách a bheidh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme CNP.

# An Creat Náisiúnta Pleanála agus a chuid Fothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta agus Tosaíochtaí an Phlean Forbartha Náisiúnta

## Fothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta

1. Fás
2. Inrochtaine Níos Fearr sna Réigiúin
3. Geilleagair & Pobail Tuaithe Níos Láidre
4. Iompar Inbhuanaithe
5. Geilleagar Láidir: Fiontraíocht, Nuáil & Scileanna ag tacú leis
6. Nascacht Idirnáisiúnta ar Ardchaighdeán
7. Conláistí Feabhsaithe & an Oidhreacht
8. Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Athléimneach ó thaobh Aeráide de
9. Bainistíocht inbhuanaithe Uisce, Dramhaíola & Acmhainní Eile Comhshaoil
10. Teacht ar Sheirbhísí Cúram Leanaí, Oideachais & Sláinte ar Ardchaighdeán

## Tosaíochtaí Straitéiseacha Infheistíochta

1. Tithíocht & Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe
2. An Líonra Náisiúnta Bóithre
3. Forbairt na Tuaithe
4. Iompar Poiblí Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil de
5. Fiontraíocht, Scileanna & Acmhainn Nuála
6. Aerfoirt agus Calafoirt
7. Cultúr, Oidhreacht & Spórt
8. Gníomhú ar son na hAeráide
9. Bonneagar Uisce
10. Oideachas, Sláinte & Cúram Leanaí

# 1.3 Spriocanna Comhroinnte – Ár bhFothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta

Aon fhís amháin, tacar spriocanna i bpáirt, a chruthú do gach pobal fud fad na tíre, sin ár rún. Léirítear na spriocanna sin sa Chreat seo mar Fhothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta (FSN)

Is iad sin na sochair chomhroinnte a chreidimid a sheachadfaidh an plean seo de réir na gcuspóirí thuas.

### Fás Comhchruinnithe

Ach bainistiú cúramach a dhéanamh ar chathracha, bailte móra agus sráidbhailte comhchruinnithe agus iad i mbun fás inbhuanaithe, cuirfear lena bhfiúntas agus cruthófar áiteanna cónaithe agus oibre níos deise do dhaoine. Tá acmhainn forbartha i limistéir dár gcuid lonnaíochtaí uirbeacha uile, in ionaid lárnacha agus iad in úinéireacht phoiblí go minic, a d'fheilfeadh lena n-athúsáid chun tithíocht, poist, conláistí agus seirbhísí a sholáthar, ach go dteastaíonn cur chuige cuíchóirithe comhordaithe lena bhforbairt, mar aon le hinfheistíocht i mbonneagar cumasúcháin agus conláistí tacaíochta leis an acmhainneacht sin a réadú. Is ardtosaíocht é na limistéir straitéiseacha sin a ghníomhachtú agus an dlús agus an comhdhlúthú a theastaíonn a chur i gcrích, seachas leanúint leis an sraoilleáil uirbeach.

### Inrochtaine Níos Fearr sna Réigiúin

Is comhthosaíocht é an inrochtaine idir príomhionaid uirbeacha daonra agus a gcuid réigiún a fheabhsú. Is é sin, a áirithiú go mbeidh ardleibhéal inrochtaine ag réigiúin agus limistéir uirbeacha ar fud na tíre ar Bhaile Átha Cliath, agus ar a chéile. Ní bhreathnaíonn gach bealach soir, agus ar an ábhar sin tá an inrochtaine agus na ceangail idir leithéidí Corcaigh agus Luimneach, mar shampla, riachtanach; mar an gcéanna an inrochtaine feadh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh go Gaillimh, agus an inrochtaine ar an Iarthuaisceart.

### Geilleagair & Pobail Tuaithe Níos Láidre

Tá na limistéir tuaithe an-tábhachtach maidir lenár bhféiniúlacht a thuiscint, cuireann siad borradh faoin ngeilleagar agus faoinár dtimpeallacht ardchaighdeáin, agus is den riachtanas go mbeidh siad ina ndlúthchuid d'ár bhforbairt straitéiseach anonn go dtí 2040. De bhreis ar an acmhainn nádúrtha agus acmhainneacht earnáil an bhia ina gcrainn chosanta ar chúrsaí geilleagair faoin tuath, tá nithe eile ag teacht chun cinn: nascacht feabhsaithe, an leathanbhanda, deiseanna geilleagar na tuaithe a fhorbairt, a chinnteoidh go mbeidh ár dtaobh tíre slán i gcónaí agus go dtreiseofar le pobal beo oibre.

### Nascacht Idirnáisiúnta ar Ardchaighdeán

Ríthábhachtach don iomaíochas idirnáisiúnta i gcoitinne agus chun dul i ngleic le deiseanna agus dúshláin de bharr Brexit: infheistíocht inár gcuid calafort agus aerfort de réir tosaíochtaí earnála a sainíodh cheana faoin mBeartas Náisiúnta Calafort agus faoin mBeartas Náisiúnta Eitlíochta; mórthionscadail ar nós an dara rúidbhealach in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus athfhorbairt chalafort Chorcaí-Rinn an Scidígh.

### Iompar Inbhuanaithe

De réir phlean na hÉireann an tAthrú Aeráide a mhaolú, beidh ár gcórais taistil le leictriú de réir a chéile, iad ag imeacht ó chórais tiomána thruaillitheacha breosla ardcharbóin i dtreo teicneolaíochtaí nua ar nós feithiclí leictreacha; tabharfar córais tiomána leictreacha agus hibrideacha isteach dár bhflíteanna iompair phoiblí ionas, faoi 2040, go mbeidh timpeallacht níos ciúine agus níos glaine inár gcuid cathracha agus bailte móra, saor ó chórais iompair a bhraitheann ar an inneall dócháin inmheánaigh.

### Geilleagar Láidir: Fiontraíocht, Nuáil & Scileanna ag tacú leis

Ag brath ar áiteanna a chruthú inar féidir an fhiontraíocht agus an nuáil a chothú, agus infheistíocht agus tallann a mhealladh. Is féidir é a chur i gcrích ach innill eacnamaíocha réigiúnacha a thógáil agus tacú le deiseanna chun geilleagar na tuaithe a neartú agus a éagsúlú, chun acmhainneacht áiteanna a ghiaráil. Leis an bhfothoradh sin a sheachadadh beidh comhordú fáis de dhíth mar aon le comhfhorbairt áite; infheistíocht i mbonneagar den scoth, an nascacht dhigiteach san áireamh, agus i scileanna agus tallann chun tacú leis an iomaíochas eacnamaíoch agus le fás na fiontraíochta.

## Cur le Conláistí & Oidhreacht

A chinntiú go mbeidh ár gcuid cathracha, bailte móra agus sráidbhailte tarraingteach agus in ann dea-chaighdeán saoil a thairiscint. Teastaíonn infheistíocht i ríocht phoiblí dea-dheartha: spásanna poiblí, páirceanna poiblí agus sráideanna, agus bonneagar fóillíochta. Áirítear conláistí faoin tuath anseo freisin: páirceanna náisiúnta agus foraoise; turasóireacht ghníomhaíochta agus conairí: glasbhealaí, gormbhealaí, móinbhealaí. Tá sin uile nasctha le, agus le comhthathú lenár n-oidhreacht thógtha chultúrtha agus nádúrtha. atá fiúntach inti féin agus ó thaobh tréithe uirbeacha agus tuaithe a shainiú, agus cur lena dtarraingteacht agus leis an mórtas áite.

## An tAistriú go dtí Sochaí Ísealcharbóin, Athléimneach ó Thaobh Aeráide de

In Staid an Bheartais Aeráide Náisiúnta, leagadh síos mar chuspóir náisiúnta, an t-aistriú go dtí geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, athléimneach ó thaobh aeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, faoi 2050. Múnlóidh an cuspóir sin roghanna infheistíochta as seo go ceann fiche nó tríocha bliain, ag teacht leis an bPlean Náisiúnta Maolúcháin agus an Creat Náisiúnta Oiriúnaithe. Beidh córais nua fuinnimh agus greillí tarchuir ag teastáil le haghaidh córas ginte fuinnimh níos dáilte, é dírithe ar athnuaiteáin, a shaothróidh an acmhainneacht shuntasach cois cladaigh agus amach ón gcósta, as foinsí fuinnimh ar nós gaoth, tonnta agus grian, agus a nascfaidh na foinsí is mó den fhuinneamh sin leis na mórúdair éilimh.

## Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce, Dramhaíola & Acmhainní eile Comhshaoil

Tá saibhreas acmhainní nádúrtha agus comhshaoil in Éirinn ar nós foinsí uisce atá ríthábhachtach d'ár sláine comhshaoil agus eacnamaíochta amach anseo. Beidh breis tábhachta le caomhnú agus feabhsú chaighdeán na n-acmhainní sin freisin i saol plódaithe iomaíoch, agus lenár n-acmhainn leas fóinteach a bhaint as táirgí a dtugtaí dramhaíol orthu, rud a thabharfaidh sochair eacnamaíocha chiorclacha.

## Teacht ar Sheirbhísí Cúram Leanaí, Oideachais & Sláinte ar Ardchaighdeán

Saintréith d'áiteanna tarraingteacha rathúla iomaíocha, go mbíonn raon seirbhísí oideachais agus sláinte ar ardchaighdeán ar fáil iontu, agus scála réigiúin, cathrach, baile mór, comharsanachta nó pobail san áireamh. Le fás comhchruinnithe cliste i limistéir uirbeacha, agus pobail sheasmhacha téagartha faoin tuath, beifear in ann soláthar éifeachtach feabhsaithe a dhéanamh i gcás raon seirbhísí inrochtana.



# 1.4 Céard a Tharlóidh Mura nDéanaimid Tada?

## Ag Foghlaim ón Ré atá Thart - Straitéis Náisiúnta Spásúil 2002

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Spásúil (SNS), plean spásúil 20 bliain in 2002, mar threoir forbartha agus infheistíochta sna blianta le teacht. Bhain go leor den fhócas sa doiciméad le cathracha agus bailte móra a bhí le bheith ina 'ngeataí' nó ina 'moil', ina n-innill fáis. agus cur le scála na tógála sna réigiúin agus sna ceantair mórthimpeall, rud a thug le fios go raibh 'buaiteoirí' agus 'caillteoirí' i gceist ionas gur baineadh de na cuspóirí a bhí an SNS ag iarraidh a chur i gcrích.

Lagaíodh an SNS tuilleadh le tograí faoi dhílárú na seirbhíse poiblí in 2004 nár thug mórán aird ar an Straitéis a leagadh amach agus a léirigh forleanúint theoranta ag leibhéil an rialtais, agus éifeachtaí iarmhartacha ina dhiaidh sin gach áit eile. Ní raibh an infheistíocht náisiúnta ag cloí leis bplean, ionas gur dheacair don bheartas Rialtais cloí leis ach oiread.

Níor phlean reachtúil le taca reachtaíochta é an SNS agus cé go raibh tionchar aige ar Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, bhain an ghéarchéim gheilleagrach ó 2008 ar aghaidh go mór d'acmhainneacht gheilleagrach na hÉireann an SNS a chur chun feidhme.



**Is mar seo a chomhairligh Grúpa Saineolach a rinne an SNS a athbhreithniú in 2014[3]:**

- "Cé go bhfuil Baile Átha Cliath ar thús cadhnaíochta san iomaíocht idirnáisiúnta d'infheistíocht shoghluaiste isteach, caithfear acmhainneacht ionaid eile a shaothrú;
- Tharla gur sna mórionaid uirbeacha a chomhchruinníonn an saineolas a theastaíonn le dul in iomaíocht go rathúil ar bhonn idirnáisiúnta, mar aon le seirbhísí tacaíochta agus an tairiscint chultúrtha mhórthábhachtach, ní mór do gach cuid d'Éirinn deis a thabhairt don fhorbairt fhócasaithe;
- Gan an fócas agus an comhchruinniú sin, d'fhéadfadh meathlú dochúlaithe teacht ar limistéar i gcoitinne agus mura dtugtar faoin bhfeidhmíocht réigiúnach a optamú beidh brú neamh-inbhuanaithe ar Bhaile Átha Cliath agus an fheidhmíocht náisiúnta ag fulaingt dá dheasca,
- Déantar an gá le tuilleadh fócas suímh a mheá i gcoinne mórshriantachtaí acmhainne, ionas nach miste tosaíocht a thabhairt do na hinfheistíochtaí a thugann na sochair chultúrtha, gheilleagracha, chomhshaoil nó shóisialta is mó".

**Cé go bhfuil Baile Átha Cliath ar thús cadhnaíochta san iomaíocht idirnáisiúnta d'infheistíocht shoghluaiste isteach, caithfear acmhainneacht ionaid eile a shaothrú**

**Faigheann anailís an tSainghrúpa tacaíocht ó scrúdú treochtaí forbartha reatha agus ó obair a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) don CNP nuair a d'fhortheilg siad cásanna féideartha i ndáil le forbairt anonn go dtí 2040. Tugtar le fios ansin gur mar seo a bheidh:**



**Leanfar den fhás sraoilleála** thart ar chathracha agus bailte móra, an chuid is mó de lasmuigh díobh.



**Marbhántacht i ndán do lár cathracha agus do na limistéir fo-uirbeacha is sine,** agus caillfear deiseanna leas a bhaint as an mbonneagar agus as seirbhísí reatha.



**Fás faoi chathracha ar nós Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge,**ach ní ar an ráta ná an scála a theastódh le go mbeidís ina roghanna réadúla ar Bhaile Átha Cliath.



**Daonra agus poist á n-aistriú soir i gcónaí** agus go dtí na contaetha thart ar Bhaile Átha Cliath go háirithe.



**Timpeallacht dhíghrádaithe,** talamh feimeoireachta agus gnáthaimh á gcailliúint d'fhorbairt úrnua den chuid is mó, agus baol breise go dtruailleofar an screamhuisce.




**Achar níos faide idir áiteanna cónaí agus áiteanna oibre** mar, ainneoin athruithe teicneolaíochta, is fearr leis an iliomad gnó na deiseanna fostaíochta amach anseo a chruthú i ngar do limistéir uirbeacha.



**Míbhuntáiste sóisialta agus éagothroime** á mbuanú i ngeall ar an suíomh geografach.




**Dúbláil ar an infheistíocht nua i seirbhísí** agus i mbonneagar i limistéir mhearfháis.



**Limistéir tuaithe agus bailte tuaithe ag meath** atá i bhfad ó na mórionaid uirbeacha daonra.

**Gan ord ná eagar ar an bpleanáil bonneagair agus sa ghníomhú ar son na haeráide,** ag frithghníomhú in aghaidh treochtaí seachas ag ullmhú do thodhchaí ísealcharbóin/saor ó charbón.



# Roinnt Fíricí agus Figiúirí Tábhachtacha





AR AN 10 IS FEARR

Nuair a dhéantar an táirgeacht eacnamaíoch agus an chobhsaíocht a thomhas, tá Éire ar na deich dtír is fearr ar domhan, agus scór **an-ard aici i dtéarmaí olltáirgeacht intíre nó OTI an duine[4], forbairt dhaonna[5], daonlathas[6] agus infheistíocht dhíreach eachtrach[7] (IDE).**


AR AN 20 IS FEARR




Maidir le réimsí ar nós **caighdeán saoil[8] agus feidhmíocht comhshaoil[9] níl rangú baileach chomh hard céanna ag Éirinn**, agus ní áirítear muid ach ar an bhfiche tír is fearr ar domhan.




Rangaítear Baile Átha Cliath lasmuigh den tríocha cathair is fearr ar domhan don **mhaireachtálacht[10]**.




Fortheilgeann an ITES/ESRI[11] go dtiocfaidh méadú **thart ar mhilliún duine ar dhaonra na hÉireann,** sin méadú 20% ar leibhéal 2016, agus go mbeidh





Dúblóidh **an daonra os cionn 65,** go dtí 1.3 milliún ar a laghad, nó 23% den daonra iomlán, agus beidh **laghdú 10% ar an daonra faoi bhun 15,** fanfaidh an uimhir sin beagnach faoi bhun 1 mhilliún in 2040.



Ionas go mbeidh **leathmhilliún cónaí nua ar a laghad** ag teastáil faoi 2040.



**Beidh éileamh breise ar ionaid ar scoil** go dtí 2025 agus buaicéileamh ar ionaid in institiúidí tríú leibhéil sna blianta díreach ina dhiaidh.



Fortheilgeann an ITES **660,000 post sa bhreis** faoi 2040. De réir treochtaí idirnáisiúnta, agus an t-aistriú leanúnach i dtreo geilleagar eolasbhunaithe agus ról breise na seirbhísí leanfar den athrú ar nádúr na hoibre, ionas go leanfar den éileamh ar fhórsa saothair níos sciliúla, níos oilte.



**Le slite nua oibre**, páirtithe nua trádála agus caidreamh nua idir táirgeoirí agus tomhaltóirí, beidh an tírdhreach gnó ag athrú as cuimse i gcónaí.

## 1.5 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA

Tá an inbhuanaitheacht ag croílár na pleanála fadtéarmaí agus féachann an Creat Náisiúnta Pleanála le háirithiú, maidir leis na cinntí a ghlacaimid inniu, go bhfreastalaíonn siad ar ár riachtanais féin, ach gan baint d'acmhainn na nglún inár ndiaidh freastal ar a gcuid riachtanas siúd freisin. An dúshlán, todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú d'Éirinn, agus is comhfhreagracht í orainn ar fad.

Ó 2015 i leith is sínitheoir í Éire do Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe (SFI), lena bhfrámaítear cláir oibre agus beartais náisiúnta go dtí 2030. Tógann na SFI ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise de chuid NA (SFM), agus clár oibre níos leithne acu a fheidhmíonn do gach tír.

Tá ailíniú suntasach idir SFI na NA agus na Fothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta (FSN) sa Chreat Náisiúnta Pleanála i réimsí ar nós gníomhú ar son na haeráide, fuinneamh glan, cathracha agus pobail inbhuanaithe, fás inbhuanaithe, éagothroime laghdaithe agus nuáil agus bonneagar, chomh maith le hoideachas agus sláinte.




Foinse: Na Náisiúin Aontaithe





# 2 Slí Nua chun Tosaigh

## 2.1 Treallús agus Acmhainneacht a Réadú

Is é faoi deara an Creat Náisiúnta Pleanála, gach cuid d'Éirinn, uirbeach nó faoin tuath, a chumasú chun dul i ngleic go sásúil leis an bhfás agus leis an athrú, tríd an aistriú i dtreo réigiúin na hÉireann a éascú, agus i dtreo cathracha seachas Baile Átha Cliath, ag féachaint i gcónaí do phríomhról Bhaile Átha Cliath.

Leis an éagsúlacht pobal uirbeach agus tuaithe fud fad na hÉireann, agus acmhainn fáis agus forbartha i ngach ceann díobh a d'fhéadfadh dul i gcion go mór ar an gceantar mórthimpeall, dírítear an acmhainneacht fáis faoin gCreat seo ar an gcuid eile d'Éirinn oiread is a dhírítear ar a cuid cathracha.

Creat don fhadtéarma atá sa CNP a léiríonn mar is feidir le hÉirinn imeacht ón bpatrún reatha forbartha 'gnó mar is gnách'. Is é sin, is cur isteach é ar na treochtaí comónta le caoga bliain anuas, ar cuireadh dlús leo le fiche bliain anuas.

Ní thar oíche áfach, ná in imeacht cúpla bliain go fiú, a dhéanfar an t-aistriú ó threocht seanbhunaithe. Teastaíonn comhardú cúramach, grinnfhócasaithe, ach ag féachaint freisin leis an treallús agus an acmhainneacht fhollasach ar fud na tíre a chumasú agus a réadú.

Is fócas dá réigiúin iad na ceithre chathair seachas Baile Átha Cliath, na hionaid is mó daonra, fostaíocht agus seirbhísí taobh amuigh den Phríomhchathair. Ní mór acmhainneacht na gceithre chathair sin le chéile a réadú áfach agus ar ráta nach bhfacthas roimhe chun roghanna inmharthana ar Bhaile Átha Cliath a chruthú, agus caithfidh Baile Átha Cliath féin a bheith in ann glacadh lena thuilleadh fáis freisin.



**Creat don fhadtéarma atá sa CNP a léiríonn mar is feidir le hÉirinn imeacht ón bpatrún reatha forbartha 'gnó mar is gnách'.**

Tá dáileadh geografach ar na ceithre chathair, ach ní shíneann a réimsí tionchair fad le gach cuid d'Éirinn, réigiúin an Iarthuaiscirt agus Lár na Tíre ago háirithe. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh lárionaid inrochtana fostaíochta agus seirbhísí ag freastal ar na reigiúin sin freisin, iad ina bpointí fócais don infheistíocht agus an réimse tionchar réigiúnach is forleithne acu. Bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, dealraíonn sé go bhfuil na rólanna sin á líonadh ag Sligeach san iarthuaisceart agus ag Baile Átha Luain i Lár na Tíre, nios mó ná aon áit eile.

Is fíor freisin go dtarlaíonn idirghníomhaíocht shuntasach trasteorann agus í dírithe ar phríomhlíonraí lonnaíochta, go sonrach Leitir Ceanainn-Doire i gcomhthéacs Chomhpháirtíocht Fáis an Iarthuaiscirt agus Droichead Átha-Dún Dealgan-An tIúr i gcomhthéacs chonair eacnamaíoch Baile Átha Cliath-Béal Féirste. Tá tábhacht le hacmhainneacht fáis na líonraí idirghaolmhara sin don fhorbairt réigiúnach freisin.

Sin ráite, lonnaíocht nár sainaithníodh go sonrach nó nár leagadh spriocanna sonracha amach di sa Chreat náisiúnta seo, ná baintear as go bhfuil cosc ar an bhfás ina cás siúd amach anseo, ná ar an infheistíocht. Ní mór smaoineamh ar an méid sin uile ar scála réigiúnach agus áitiúil, a bhfuil próisis phleanála reachtúla ann dó, ag cur san áireamh an comthéacs ginearálta a leagtar amach leis an CNP. Ceadaítear cinnteoireacht ag an léibhéal réigiúnach agus áitiúil chun an infheistíocht a ailíniú i gceart le cúrsaí pleanála, agus na Fothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta sainithe a bhaint amach.

Is é sin, ní miste a aithint go dtarlóidh cuid éigin den fhás amach anseo sna príomhionaid réiginacha úagus sna príomhbhailte réigiúnacha, a threoróidh forbairt a gcuid réigiún. Beidh coibhneas idir an méid a dtabharfar tosaíocht dó agus an méid a dhíreofar ar áiteanna eile, agus éifeacht iarmhartach leis; ach tugtar scóip shuntasach faoin gCreat seo freisin don treallús agus d'fhorbairt chomhardaithe tuaithe agus uirbeach, le tacaíocht ó infheistíocht mheaitseála, ar fud bhailte, sráidbhailte agus limistéir tuaithe na hÉireann.

Beidh roghanna le déanamh mar sin chun tacú lenár gcuid lárionad réigiúnacha agus bailte móra, agus beidh orainn foghlaim ónar tharla cheana nuair a chuathas thar fóir le meastacháin daonra agus forbartha ionas nár bhonn éifeachtach iad don phleanáil agus don infheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí. An rogha eile, an rud a tharla faoi dheireadh na 2000-idí nuair a bhí oiread talamh criosáilte ann is a dhéanfadh cúis do dhaonra 10 milliún duine, ach gan é suite mar ar theastaigh sé. Ní féidir leanúint ar aghaidh lena leithéid d'easpa fócais.

Agus comhthéacs á leagan amach leis an bhfás sa todhchaí a dhíriú ar áiteanna ar leith, níl sé i gceist faoin gCreat seo caidhp nó teorainn a chur le hacmhainneacht áiteanna. Is pointe comónta tagartha agus comhordaithe é áfach, bunaithe ar an bhfianaise is déanaí, agus le feidhmiú ar bhonn náisiúnta.

## 2.2 Forléargas ar Straitéis an CNP

An phríomh-shaincheist a ndírítear uirthi sa Chreat seo, pleanáil don áit is fearr le haghaidh ár ndaonra agus ár ngeilleagar atá ag fás.

Chuige sin, ní miste foghlaim ónar tharla cheana agus bealach nua chun tosaigh a rianú trínar féidir an fás amach anseo a threorú. Déanfar an CNP a ailíniú le socruithe nua infheistíochta agus rialachais, a bheidh ina dtaca dó freisin. Is straitéis é agus beidh na gnéithe ar fad le cur chun feidhme i dteannta a chéile, agus cuireann siad le chéile go mór.

### Trí Réigiún na hÉireann

- Díriú ar leibhéal fáis i réigúin an Tuaiscirt agus an Iarthair, agus an Deiscirt, le chéile a bheadh ar aon dul, ar a laghad, lena bhfuil fortheilgthe do Réigiún an Oirthir agus Lár-Tíre.
- An rochtain ón iarthuaisceart go dtí Baile Átha Cliath agus an t-oirthear a fheabhsú, agus go dtí Corcaigh, Luimneach, Gaillimh, agus Port Láirge ó dheas.
- An rochtain a fheabhsú idir Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge.
- A aithint a oiread is a fheidhmíonn Sligeach san Iarthuaisceart agus Baile Átha Luain i Lár na Tíre mar lárionaid réigiúnacha.
- Leitir Ceanainn a aithint i gcomhthéacs Thionscnamh Tairsí an Iarthuaiscirt agus Droichead Átha-Dún Dealgan i gcomhthéacs chonair eacnamaíoch Baile Átha Cliath-Béal Feirste, mar líonraí tábhachtacha trasteorann don fhorbairt réigiúnach.
- Lárionaid réigiúnacha fás daonra agus fostaíochta a chumasú do limistéar gach Tionól Réigiúnach ar leith, leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.

### Príomhchathair na hÉireann

- Chun tacú le fás agus rathúlacht Bhaile Átha Cliath mar mhórchathair dhomhanda scála na hÉireann, beidh bainistiú níos fearr le déanamh ar fhás Bhaile Átha Cliath chun a áirithiú gur sa chathair féin agus i ngar di a tharlaíonn sé.
- Féachaint le méadú suntasach daonra agus post a chumasú i limistéar ceannchathartha Bhaile Átha Cliath, agus an sceitheadh daonra go dtí na contaetha mórthimpeall a bhainistiú níos fearr.
- Dul i ngleic le scrogaill bhonneagair, caighdeán saoil na saoránach a fheabhsú agus cur leis an soláthar tithíochta sna láithreacha cearta.

### Cathracha na hÉireann

- Tacaíocht do spriocanna treallúsacha fáis agus na ceithre chathair, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge a chumasú chun fás 50% ar a laghad a dhéanamh faoi 2040, agus a n-acmhainneacht shuntasach a fheabhsú chun cathracha scála a dhéanamh díobh.
- Na ceithre chathair a chumasú le bheith ina n-innill réigiúnacha agus ina gceannródaithe comhpháirtíochta lena chéile, agus ina bpáirtithe i líonraí réigiúnacha/idir-réigiúnacha mar roghanna inmharthana ar Bhaile Átha Cliath.
- An infheistíocht a dhíriú chun 'tairiscint' níos fearr a chruthú i ngach ceann ar leith de na ceithre chathair, i.e. bonneagar, caighdeán saoil agus rogha i dtéarmaí tithíochta, fostaíochta agus conláistí.

### Uige Tuaithe na hÉireann

- An meath ar bhailte/sráidbhailte agus ar dhaonra na tuaithe a chasadh timpeall, trína mholadh go mbeadh rólanna agus feidhmeanna nua ann d'fhoirgnimh, do shráideanna agus do láithreáin.
- Tacaíocht d'fhás inbhuanaithe na bpobal tuaithe, agus don fhorbairt i limistéir tuaithe.
- Cur chuige dea-phleanáilte a chur chun feidhme, faoi threoir na n-údarás áitiúil, chun fíor-riachtanais tithíochta faoin tuath a aithint, freastal orthu agus iad a bhainistiú.
- An nascacht áitiúil le príomhlionraí cumarsáide (leathanbhanda), fuinnimh, iompair agus uisce a fheabhsú.
- Deiseanna eacnamaíocha nua a chothú ag éirí as an nascacht dhigiteach agus as nuáil agus fiontraíocht dhúchasach, chomh maith le sócmhainní traidisiúnta nádúrtha agus acmhainne (e.g. bia, fuinneamh, turasóireacht), agus caighdeán saoil mar bhonn agus thaca leis an tairiscint.

### Fás Comhchruinnithe

- Comhréir níos mó (40%) d'fhorbairtí tithíochta amach anseo le díriú laistigh de, agus i ngar do, 'lorg' reatha na limistéar faoi fhoirgnimh
- Úsáid níos fearr a dhéanamh de thalamh agus d'fhoirgnimh tearcúsáidte: 'inlíonadh', láithreáin athfhorbraíochta agus láithreáin in úinéireacht phoiblí agus foirgnimh fholmha agus tearcáitithe; dlúis tithíochta agus post níos airde; freastal níos fearr ó áiseanna reatha agus ón iompar poiblí.
- Tacú leis an athnuachan uirbeach agus le hathnuachan na tuaithe araon le Ciste Athnuachana agus Forbartha €3 Bhilliún agus trí Ghníomhaireacht Náisiúnta Athnuachana agus Forbartha a bhunú.

### Trí Reigiún na hÉireann

Leibhéal fáis a spriocdhíriú i Réigiúin an Tuaiscirt agus Iarthair agus an Deiscirt le chéile, a mheaitseálfadh, ar a laghad, an leibhéal a fortheilgeadh do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.

### Fás Comhchruinnithe

Comhréir níos mó (40%) d'fhorbairtí tithíochta amach anseo le díriú laistigh de, agus i ngar do, 'lorg' reatha na limistéar faoi fhoirgnimh




### Príomhchathair na hÉireann

Ag tacú le fás agus rath Bhaile Átha Cliath mar mhórchathair dhomhanda scála, ag déanamh bainistiú níos fearr ar fhás Bhaile Átha Cliath chun a áirithiú gur féidir níos mó de a chuimsiú laistigh den chathair agus i ngar di.

### Uige Tuaithe na hÉireann

An meath ar bhailte/sráidbhailte agus ar dhaonra na tuaithe a chasadh timpeall, trí rólanna agus feidhmeanna nua a mholadh d'fhoirgnimh, do shráideanna agus do láithreáin.

### Cathracha na hÉireann

Tacaíocht do spriocanna treallúsacha fáis agus na ceithre chathair, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge a chumasú chun fás 50% ar a laghad a dhéanamh faoi 2040, agus a n-acmhainneacht shuntasach a fheabhsú le cathracha scála a dhéanamh díobh.



**Rinneadh na beartais éagsúla sa Chreat seo a struchtúrú faoi Chuspóirí Beartas Náisiúnta (CBN) Forbraíodh iad as anailís agus comhairliúchán forleathan agus cuireann siad slí nua chun tosaigh faoin bpleanáil réigiúnach agus áitiúil, agus faoin mbeartas forbartha inbhuanaithe in Éirinn. Tá siad aibhsithe sa doiciméad tríd síos, agus liostaithe le chéile in Aguisín 1.**

### An Comhshaol a Chomhtháthú sa Phleanáil don Todhchaí

Agus an Creat Náisiúnta Pleanála á fhorbairt, aithníodh go mór an gá le cúrsaí comhshaoil a chomhtháthú sa phleanáil úsáide talún ar shlí a fhreagraíonn d'íogaireachtaí agus do riachtanais an chomhshaoil nádúrtha i gcoitinne. Ach an fhís a bhfuil cur síos uirthi sa Chreat seo a sheachadadh, tiocfaidh forbairt agus bonneagar di a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go mór ar an timpeallacht ghlactha.

Chun a áirithiú go gcuirtear na hiarmhairtí féideartha sin san áireamh ag an leibhéal straitéiseach, agus chun na riachtanais a fhógairt do chisil phleanála níos ísle, rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST), Measúnacht Chuí (MC), agus Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte (MSBT) mar chuid d'ullmhúchán an Chreata seo, agus cuireadh na torthaí leis an bpróiseas.

Bhí forbairt agus meastóireacht líon roghanna straitéiseacha ina chuid de na próisis timpeallachta chomhtháite sin mar aon le measúnú ar gach Cuspóir Beartas Náisiúnta ina dhiaidh. Tugtar foinsí tagartha na measúnuithe sa Tuarascáil Timpeallachta MST a ghabhann leis seo, agus a foilsíodh mar dhoiciméad ar leith in éineacht leis an Ráiteas Tionchair Natura agus Tuarascáil um Meastóireacht Straitéiseach ar an Riosca Tuilte. Cuireadh achoimre ar na measúnuithe timpeallachta a rinneadh leis seo, Caibidil 11.

## 2.3 Forbairt Straitéise

### Fortheilgin

Croíghné den Chreat seo, fortheilgean ar an méadú agus ar an athrú ar dhaonra na hÉireann as seo go ceann 20 bliain, bunaithe ar shamhail dhéimeagrafach agus eacnaiméadrach a d'fhorbair an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES/ESRI)[12]. Mar gur fortheilgin don fhadtéarma iad, is léiriú iad ar leibhéil fáis a bhféadfaí a bheith ag súil leo.

Na fortheilgin daonra a rinneadh i gcomhair pleananna spásúla náisiúnta go dtí seo, bhídís beacht ó thaobh an méadú náisiúnta daonra san fhadtéarma a fhortheilgean, agus i bhfoisceacht cúpla pointe céatadáin den fhothoradh iarbhír[13]. Ní hionann agus fortheilgin go dtí seo, a bunaíodh go hiomlán ar an déimeagrafaic, cuireadh sonraí eacnaiméadracha san áireamh san obair de chuid ITES/ESRI a rinneadh don Chreat seo, ina measc: sonraí fostaíochta, poist agus praghsanna tithe agus samhaltaíodh dáileadh spásúil an daonra fhortheilgthe.

An chéad chéim, shamhaltaigh an ITES/ESRI leanúint de na treochtaí reatha maidir le daonra agus treochtaí eacnamaíocha go dtí 2040 mar chás 'gnó mar is gnách'. Léiríonn tuarascáil ITES/ESRI, faoin gcás sin, go dtiocfaidh méadú díreach faoi bhun 900,000 duine ar dhaonra na hÉireann, go dtí beagnach 5.7 milliún duine faoi 204014 Sin an bonnlíne ónar forbraíodh straitéisí comhroghnacha.



Príomhthoisc ina aon fhortheilgean daonra d'Éirinn an patrún imirce, patrún a d'athraíodh san am atá thart de thoradh tréimhsí eisimirce nó inimirce gach re seal, faoi thionchar bundálaí eacnamaíocha. Má thagann méadú ar an nglan-inimirce go hÉirinn is léir go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith aige ar fhás an daonra amach anseo. Agus cé go bhféadfadh a mhalairt a bheith i gceist freisin, bunaíodh dearcadh fortheilgthe ITES/ESRI, cás meán-raoin, ar inimirce mharthanach agus fás eacnamaíoch go dtí 2040.

Mar mhíniú ar an bhféidearthacht glan-inimirce níos airde i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2040, cuireadh lamháltas sa CNP ar mhaithe le treallús agus solúbthacht a chumasú sa phleanáil don fhás amach anseo.

Is é sin, má bhaintear na spriocanna ar fad a leagadh amach sa Chreat seo, go bhféadfadh timpeall 1.1 milliún duine sa bhreis a bheith in Éirinn faoi 2040, sin beagnach 25% níos mó ná fortheilgean bonnlíne ITES/ESRI. Beidh an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin faoi réir a athbhreithnithe, agus tugtar sonraí breise faoin gcéimniú i gCaibidil 10.

**Agus spriocanna á leagan síos don fhás amach anseo, is ar an bpatrún fáis a dhírítear, seachas ar uimhreacha beachta. Ó thaobh peirspictíocht fhadtéarmach náisiúnta de, cuideoidh an suíomh spriocdhírithe, an scála coibhneasta agus comhréireacht an fháis chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an seachadadh agus ar an bhfeidhmíocht.**

## Cásanna Comhroghnacha

Agus an Creat seo á fhorbairt, díríodh ar thrí cheist leathana:

1) A oiread is a bhféadfaí an fhorbairt amach anseo ***a dháileadh níos fearr ar na réigiúin***, leis an leagan amach atá orthu, i.e. na leibhéil fáis a éagsúlú idir na trí limistéar Tionól Réigiúnach.

2) Cé acu arbh fhearr nó a mhalairt ***an daonra, an fhostaíocht agus an fhorbairt tithíochta sa todhchaí a chomhchruinniú***, le leagan amach ó chomhréir ard fáis sa todhchaí i líon beag lárionad go dtí leibhéal íseal fáis san iliomad lárionad.

3) An ***fhormáid fhisiceach ab fhearr don fhorbairt sa todhchaí***, - í comhchruinnithe go geografach agus dírithe ar na limistéir reatha faoi fhoirgnimh, nó leata amach thar lorg na limistéar reatha faoi fhoirgnimh.

Chun na trí cheist sin a thástáil, forbraíodh raon roghanna do gach ceist ar leith. Úsáideadh teaglamaí difriúla de na roghanna ansin chun cásanna pleanála comhroghnacha don todhchaí a ghiniúint. Rinne ITES trí chás a shamhaltú agus na fothorthaí féideartha a mheasúnú. Sainaithníodh an rogha ba réadúla, ba réasúnta, b'inmharthana agus b'inchurtha chun feidhme le bheith ina bonn le straitéis tosaíochta don Chreat Náisiúnta Pleanála.

## 2.4 Ár gCuid Réigiún a chur ag Fás

Pléadh raon roghanna agus feidhmíodh iad do na trí réiigún a bunaíodh in 2014. Téann an leagan amach ó 'gnó mar is gnách', faoina dtarlódh formhór an fháis i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre dá leanfadh na treochtaí reatha, go dtí 'ceannasacht réigiúnach', faoina bhfásfadh limistéir tionóil réigiúnacha an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt, le chéile, ar dhá oiread ráta réigiúin an Oirthir agus Lár na Tíre.

Is léir ón anailís a rinneadh, nach bhfuil cur chuige 'ceannasacht réigiúnach' réadúil ná inchurtha chun feidhme, toisc a thábhachtaí atá Baile Átha Cliath, agus gur forbairt náisiúnta mhóriomlán ar scála laghdaithe an toradh a bheadh air.

Ag teacht leis an bhfís don Chreat Náisiúnta Pleanála, meastar go mbeadh 'paireacht réigiúnach' níos inchreidte, níos réasúnta agus níos inmharthana mar chás comhroghnach: bheadh an fás spriocdhírithe i limistéir tionóil réigiúnacha an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt, le chéile, níos mó ná an fás faoi 'chás gnó mar is gnách' agus é ar cóimhéid ar a laghad leis an bhfás a fortheilgeadh do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.

Dá rér sin is é sprioc an CNP chun ár gcuid réigiún a fhás:

**Cuspóir Beartas Náisiúnta 1a**

Beidh an leibhéal fortheilgthe fás daonra agus fostaíochta sa limistéar Tionóil Réigiúnach Oirthir agus Lár-Tíre á meaitseáil ar a laghad ag an bhfás i limistéir Tionóil an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt le chéile.

I dtéarmaí dhaonra na hÉireann amach anseo, is rud suntasach é díriú ar an bpatrún sin mar gur léiriú é ar aistriú ó threochtaí reatha. I gcomhthéacs timpeall milliún duine sa bhreis in Éirinn faoi 2040, sin pleanáil le haghaidh:

**Cuspóir Beartas Náisiúnta 1b**

- Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre: 490,000 - 540,000 duine sa bhreis i.e. daonra timpeall 2.85 milliún;
- Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair: 160,000 - 180,000 duine sa bhreis i.e. daonra díreach os cionn 1 mhilliún;
- Réigiún an Deiscirt: 340,000 - 380,000 duine sa bhreis i.e. daonra beagnach 2 mhilliún.

Ar an gcaoi chéanna, má fheidhmítear fortheilgin ITES le haghaidh thart ar dhá dtrian d'aon mhilliún post sa bhreis in Éirinn faoi 2040 agus aistriú a lorg sa phatrún ó na treochtaí reatha, ionann sin agus pleanáil do phatrún:

**Cuspóir Beartas Náisiúnta 1c**

- Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre: thart ar 320,000 duine sa bhreis ag obair i.e. 1.34 milliún san iomlán;
- Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair: thart ar 115,000 duine sa bhreis ag obair;
- Réigiún an Deiscirt: thart ar 225,000 duine sa bhreis ag obair i.e. 880,000 (0.875m) san iomlán.

Léiríonn an obair a rinneadh don Chreat Náisiúnta Pleanála maidir leis an scála daonra réigiúnach agus an acmhainneacht fáis fostaíochta thuas a bhaint amach, gurb é an príomhrud go bhfuil baint an-láidir aige leis an gcaoi a dtugaimid aghaidh ar an dá cheist dheireanacha i roinn 2.2, i dtaobh comhchruinniú/ scaipeadh agus an fhormáid fhisiceach don fhorbairt amach anseo.

> **Is léir ón anailís a rinneadh nach bhfuil ceannasacht réigiúnach réadúil ná inchurtha chun feidhme toisc a thábhachtaí atá Baile Átha Cliath agus gur forbairt náisiúnta mhóriomlán ar scála laghdaithe an toradh a bheadh air**

## 2.5 Réigiúin Níos Téagartha a Thógáil: Lárionaid Inrochtana Scála

Le cur chuige 'gnó mar is gnách léiríonn forlheilgean ITES anonn go dtí 2040 gur dócha go mbeidh na rátaí per capita is airde fás daonra agus post i mBaile Átha Cliath agus sna ceithre chontae timpeall air, agus i gCorcaigh agus i nGaillimh, agus beagnach 40% de na poist bhreise fortheilgthe i mBaile Átha Cliath amháin.

Bheadh na rátaí per capita is ísle fás daonra agus post sna contaetha lár teorann agus i gcontaetha an iarthuaiscirt.

Dá leanfaí de 'gnó mar is gnách', an fócas i gcónaí ar an bhfás i mBaile Átha Cliath agus thart air agus, go pointe, i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge ach gan dul i ngleic leis na saindúshláin forbartha a gcaithfidh réigiúin eile aghaidh a thabhairt orthu, ar nós inrochtaine agus struchtúr uirbeach an Iarthuaiscirt nó tearcfheidhmíocht eacnamaíoch an Oirdheiscirt, bheadh drochiarmhairtí ann a chuirfeadh a thuilleadh leis an mbrú fáis i mór-réigiún Bhaile Átha Cliath agus a choiscfeadh codanna imeallacha na hÉireann ar a lánacmhainneacht a réadú.

Ni cás inmhianaithe é, agus sa phlé ar na roghanna malartacha, is iad an dá phríomhathróg, scála an chomhchruinnithe gníomhaíochta agus an fad slí coibhneasta, nó éascaíocht inrochtaine, chuig lárionaid níos mó daonra agus fostaíochta, i.e. 'lárionaid scála'. Tá gnéithe tábhachtacha, gnéithe cúplacha straitéise de dhíth mar sin chun dul i ngleic le saincheisteanna an scála agus na himeallachta in Éirinn.

Tá tionchar suntasach acu araon ar réimse geografach níos leithne.

An chéad cheann, iarracht chomhbheartaithe díriú ar chathracha agus bailte móra láidre a thógáil ar bhonn idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach; d'fhéadfadh dea-thorthaí a bheith air agus d'fhéadfadh sé cur leis an bhfás náisiúnta i gcoitinne, ionas:

- go mbeadh ailíniú geografach níos fearr ar an daonra agus fás post;
- go mbeadh dáileadh geografach níos mó ar an bhfás post, ach do líon teoranta lárionad níos mó agus dáileadh réigiúnach orthu, Tuaisceart, Iarthar agus Lár na Tíre san áireamh
- go ndéanfaí acmhainneacht shuntasach Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge a réadú, ar leith ó Bhaile Átha Cliath, agus san am gcéanna go gcumasófaí agus go gcuirfí le ról uathúil Bhaile Átha Cliath mar chathair idirnáisiúnta scála;
- go gcuirfí réigiúin na hÉireann, tuaisceart, iarthar agus lár na tíre go hairithe, ar an mbóthar ceart chun gurbh fhearr mar a shaothrófaí a n-acmhainneacht saininfheistíochta

Faoin dara comhghné den straitéis chúplach seo, teastaíonn:

- Inrochtaine níos fearr idir lárionaid scála seachas Baile Átha Cliath, chun a áirithiú go ndéanfar na leibhéil seirbhíse (am taistil sa chiliméadar) idir an Phríomhchathair agus na cathracha agus lárionaid mhóra réigiúnacha in Éirinn a mhacasamhlú, agus iad ar phríomhbhealaí soir siar agus thuaidh theas;
- Fócas ar leith ar an inrochtaine agus ar an nascacht ó thuaidh, feadh an líonra atá ag teacht chun cinn ar Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh, a nascann líonra mór-lárionad ar bhord farraige an iarthair;
- Inrochtaine agus nascacht níos fearr as na réigiúin mórthimpeall, ag díriú ar phríomhbhealaí go dtí lárionaid níos mó sna réigiúin.

Leis an méid thuas a sheachadadh:

**Cuspóir Beartas Náisiúnta 2a**

- Díreofar leath (50%) an fháis daonra agus fostaíochta amach anseo ar na cúig chathair reatha agus a gcuid bruachbhailte[15].

**Cuspóir Beartas Náisiúnta 2b**

- Sainaithneofar rólanna réigiúnacha Bhaile Átha Luain i Lár na Tíre, Sligeach agus Leitir Ceanainn san Iarthuaisceart agus na lionraí trasteorann, Leitir Ceanainn-Doire agus Droichead Átha-Dún Dealgan-An tIúr, agus tacófar leo sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.

**Cuspóir Beartas Náisiúnta 2c**

- Déanfar feabhsú suntasach ar an inrochtaine ó Iarthuaisceart na hÉireann agus idir lárionaid scála seachas Baile Átha Cliath: díreofar ar chathracha agus lárionaid níos mó sna réigiúin agus ar phríomhbhealaí soir siar agus thuaidh theas.

Dáileadh an fháis amach anseo ar na réigiúin, agus scála agus inrochtaine a thógáil, príomhghnéithe den straitéis seo agus nuair a chuirtear le chéile iad, déanfaidh siad slí nua chun tosaigh a rianú. Tá fíorthábhacht le ceist eile freisin áfach don chúrsa nua seo: forbairt dhlúth nó sraoilleáil.

## 2.6 Fás Dlúth Inbhuanaithe a Dhaingniú

Tá formáid fhisiceach na forbartha uirbí in Éirinn ar na dúshláin is mó dár bhforbairt náisiúnta. In anailís a rinneadh le linn don Chreat Náisiúnta Pleanála a bheith á ullmhú, léiríodh gurb é foirm fhisiceach agus láthair na forbartha amach anseo a bheith i gceart, thar aon ní eile, a thugann an seans is fearr an acmhainneacht réigiúnach a dhíghlasáil.

Is ar imill ár gcuid cathracha agus bailte móra agus taobh amuigh díobh atá na limistéir is sciobtha fás faoi láthair, is é sin:

- Go mbítear i gcónaí ar gcúl le bonneagar agus seirbhísí, ó thaobh bóithre nua agus scoileanna nua a thógáil, agus seirbhísí agus conláistí eile a sholáthar, agus ag streachailt chun poist agus tithe a sholáthar i dteannta a chéile, agus leibhéil an-ard spleáchas ar charranna agus gur deacair iompar poiblí maith a chur ar fáil;
- róiseas chéimnithe faoina meathann lár cathrach/ baile mór/bruachbhailte seanbhunaithe de réir mar a aistríonn na poist, an mhiondíol agus an tithíocht amach as agus go bhfágtar níos lú ar rolla scoile, foirgnimh fholmha agus easpa daoine chun áiteanna beoga a chruthú de ló is d'oíche;
- Gur sraoilleáil úrnua atá sa chuid is mó den fhorbairt, rud a chuireann le lorg na limistéar uirbeach; agus más é sin an príomhchineál forbartha, oibríonn sé in aghaidh áiteanna uirbeacha tarraingteacha inmhaireachtála ardchaighdeáin a chruthú arbh fhearr le daoine cónaí, a bheith ag obair agus ag infheistiú iontu, agus
- Lorg carbóin go suntasach os cionn an mheáin don AE, cuid de i ngeall ar éileamh níos airde ó iompar agus fuinneamh a bhraitheann ar bhreoslaí iontaise den chuid is mó agus a oibríonn in aghaidh gníomhspriocanna comhaontaithe athrú aeráide a bhaint amach.

B'fhearr forbairt dhlúth mar chur chuige, a dhíríonn ar thalamh athfhorbraíochta a athúsáid, cur le láithreáin inlíonta arbh fhéidir nár tógadh orthu cheana, agus athúsáid nó athfhorbairt i gcás láithreáin agus foirgnimh reatha.

Ach méadú ar chomhréir na bhfoirmeacha fás is dlúithe san fhorbairt lonnaíochtaí den uile mhéid, ón gcathair is mó go dtí an sráidbhaile is lú, d'fhéadfaí difríocht ó bhonn a dhéanamh.

Is féidir beocht a chur in áiteanna agus cur le líon na gcustaiméirí, le hinmharthanacht seirbhísí, siopaí agus iompar poiblí, leis an soláthar tithíochta agus cur ar chumas níos mó daoine a bheith níos gaire do dheiseanna fostaíochta agus caithimh aimsire, agus siúl nó rothaíocht a dhéanamh níos minice seachas an carr a úsáid.

Chomh maith leis an éileamh ar iompar, laghdófar ar an éileamh ar fhuinneamh agus ar an úsáid fuinnimh freisin leis na dlúis níos airde agus le hachair taistil níos giorra. Is lú fuinnimh a éilíonn tithe ilstóracha agus foirgnimh sraithe i ngar dá chéile, agus bíonn córais dáilte fuinnimh bunaithe ar athnuaiteáin, ar nós téamh ceantair, níos indéanta.

Bhíodh deacrachtaí le forbairt níos dlúithe a chruthú in Éirinn agus b'fhusa leanúint de bheith ag brú forbairtí nua amach i dtreo láithreacha úrnua. Tá ceithre phríomhghné nach miste díriú orthu:

1. **Maireachtálacht nó an caighdeán saoil in áiteanna uirbeacha** – taithí daoine ar mhaireachtáil i gcathracha, i mbailte móra agus i sráidbhailte San áireamh ansin tá caighdeán na timpeallachta tógtha: an ríocht phoiblí, trácht, ceisteanna páirceála, rochtain ar chonláistí agus iompar poiblí agus braistintí i leith sábháilteacht phearsanta agus folláine;

2. **Athnuachan agus forbairt limistéar faoi fhoirgnimh a dhéanamh** chomh tarraingteach agus chomh hinmharthana le forbairt úrnua. Teastaíonn níos mó cinnteachta agus comhionannú costais ag éirí as soláthar seasta láithreán agus talamh agus infheistíocht i mbonneagar agus conláistí trí bhainistíocht talún níos gníomhaí i limistéir uirbeacha;;

3. **Dul i ngleic le leagáidí** ar nós comhchruinnithe míbhuntáiste i lárlimistéir uirbeacha le hathnuachan shóisialta iomlánaíoch chomh maith leis an athnuachan fhisiceach, agus pobail tionachta measctha agus pobail níos comhtháite a spreagadh.

4. **Tionscnaimh athnuachana agus athfhorbartha a nascadh** le gníomhú ar son na haeráide, chun tacú le lorg carbóin níos lú trí bhreis éifeachtúlachta fuinnimh agus úsáid athnuaiteán.

Cosnóidh sé a dhá oiread san fhadtéarma freastal ar riachtanais forbartha tithíochta na hÉireann, agus ar a cuid riachtanas fostaíochta, seirbhísí agus conláistí ar láithreacha úrnua den chuid is mó is a chosnódh cur chuige fás dlúth[16]. Dá réir sin, agus faoi réir cur chun feidhme prionsabail phleanála agus comhshaoil inbhuanaithe, leagann an Creat Náisiúnta Pleanála amach na spriocanna seo a leanas don fhorbairt uirbeach:

**Cuspóir Beartas Náisiúnta 3a**

40% ar a laghad de na tithe nua ar fad sa tír, a sheachadadh laistigh de lorg faoi fhoirgnimh na lonnaíochtaí reatha[17].

**Cuspóir Beartas Náisiúnta 3b**

Leath (50%) na dtithe nua ar fad, ar a laghad, atá dírithe ar na cúig Chathair, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, agus a gcuid bruachbhailte, a sheachadadh laistigh dá lorg reatha faoi fhoirgnimh[18].

**Cuspóir Beartas Náisiúnta 3c**

30% ar a laghad de na tithe nua ar fad atá dírithe ar lonnaíochtaí seachas na cúig Chathair agus a gcuid bruachbhailte, a sheachadadh laistigh dá lorg reatha faoi fhoirgnimh[19].



Tugtar achoimre sa tábla thíos ar na príomhspriocanna náisiúnta maidir leis an bhfhás náisiúnta i gcoitinne a struchtúrú, paireacht náisiúnta a chothú, lárionaid Inrochtana scála a thógáil agus fás diúth Inbhuanaithe a dhaingniú:

**Tábla 2.1 | Sracfhéachaint ar an CNP: Patrún Fáis 2040, le Spriocanna**

| Cuspóir Beartas Náisiúnta | Oirthear agus Lár na Tíre | An Deisceart | Tuaisceart agus Iarthar |
|---|---|---|---|
| **1. Ár gCuid Réigiún a chur ag Fás** | + 490,000 - 540,000 duine (2.85m san iomlán)<br><br>+320,000 ag obair (1.34m san iomlán) | + 340,000 - 380,000 duine (2m san iomlán)<br><br>+225,000 ag obair (880,000 san iomlán) | +160,000 - 180,000 duine (1m san iomlán)<br><br>+115,000 ag obair (450,000 san iomlán) |
| **2. Réigiúin Níos Téagartha a Thógáil: Lárionaid Mhórscála Inrochtana[20]** | Baile Átha Cliath agus na Bruachbhailte: +235,000 - 290,000 duine<br><br>(Iomlán 1.41 milliún ar a laghad)<br><br>An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch le creat forbartha straitéiseach a leagan amach don Réigiún, ag tosú le príomhról Bhaile Átha Luain i Lár na Tíre agus líonra trasteorann Droichead Átha-Dún Dealgan-An tIúr | Cathair Chorcaí agus na Bruachbhailte: +105,000 - 125,000 duine (315,000 san iomlán, ar a laghad)<br><br>Cathair Luimnigh agus na Bruachbhailte: +50,000 - 55,000 duine (145,000 san iomlán, ar a laghad)<br><br>Cathair Phort Láirge agus na Bruachbhailte: +30,000 - 35,000 duine (85,000 san iomlán, ar a laghad)<br><br>An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch le creat forbartha straitéiseach a leagan amach don Réigiún | Cathair na Gaillimhe agus na Bruachbhailte: +40,000 - 45,000 duine (120,000 san iomlán, ar a laghad)<br><br>An SRSE le creat forbartha straitéiseach a leagan amach don Réigiún, ag tosú le príomhról Shligigh san Iarthuaisceart, Baile Átha Luain i Lár na Tíre agus an líonra trasteorann Leitir Ceanainn-Doire |
| **3. Fás Dlúth, Cliste, Inbhuanaithe** | 50% de thithíocht nua na cathrach laistigh de lorg reatha Bhaile Átha Cliath agus a bhruachbhailte<br><br>30% de na tithe nua ar fad in áiteanna eile, laistigh de na loirg uirbeacha reatha | 50% dá dtithíocht nua cathrach laistigh de loirg reatha Chorcaí, Luimnigh, Phort Láirge agus a gcuid bruachbhailte<br><br>30% de na tithe nua ar fad in áiteanna eile, laistigh de na loirg uirbeacha reatha | 50% de thithíocht nua na cathrach laistigh de lorg reatha Chathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte<br><br>30% de na tithe nua ar fad in áiteanna eile, laistigh de na loirg uirbeacha reatha |



# 3 Forbairt Réigiúnach Éifeachtach

## 3.1 Forbairt Straitéiseach Réigiúin na hÉireann


Is riachtanais iad an rialachas réigiúnach agus an fhorbairt réigiúnach leis an mbeartas náisiúnta a thiontú agus a sheachadadh ar scála áitiúil. Leagtar ar na trí Thionól Réigiúnacha pleanáil straitéiseach agus forbairt inbhuanaithe na réigiún a chomhordú, a chur chun cinn agus a thacú.

Tá ról ceannaireachta ag gach Tionól Réigiúnach i sainaithint beartas réigiúnach agus comhordú tionscnamh a thacaíonn le seachadadh agus cur chun feidhme an bheartais phleanála náisiúnta. Is iad na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha an phríomhfheithicil don ullmhú agus cur chun feidhme sin. Tabharfaidh na straitéisí sin beartas pleanála agus eacnamaíoch ag leibhéal na réigiún ag tacú le cur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Pleanála, agus tabharfaidh siad fócas breise do na Cuspóirí Beartas Náisiúnta agus d'Fhothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta an CNP.

Cé gur réigiún ar leith é gach réigiún, ní fheidhmíonn siad ar leithligh ó chéile, agus tá neart sócmhainní comhlántacha ceangail ag na réigiúin i bpáirt. Ceist ríthábachtach do réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre agus do réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, an caidreamh le Tuaisceart Éireann. Toisc nádúr straitéiseach náisiúnta agus réigiúnach roinnt de na tograí i dtaobh forbartha, beidh tábhacht freisin le cur chuige beartais comhsheasmhach don phleanáil réigiúnach agus eacnamaíoch.

Cuirtear síos sa roinn seo ar bheartais agus chumasúcháin phleanála agus chomhfhorbartha ardleibhéil chun cuidiú le forbairt straitéiseach ár réigiún a mhúnlú.






**Fíor 3.1 | Limistéir Tionóil na hÉireann agus Tuaisceart Éireann**

# RÉIGIÚN AN OIRTHIR AGUS LÁR NA TÍRE



## 3.2 Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre

Beidh timpeall 2.85 milliún duine in Oirthear agus Lár na hÉireann faoi 2040. Sin leathmhilliún ar a laghad sa bhreis ar a bhfuil ann faoi láthair. Is é an dúshlan comhfhorbartha is suntasai don Réigiún, an fhorbairt sa todhchaí a phleanáil agus a sheachadadh ar shlí a fheabhsaíonn agus a threisionn a struchtúr uirbeach agus tuaithe, ag dul i dtreo gníomhaíocht féinchothabhálach seachas faoi thionchar comaitéireachta, ionas go mbeidh deis ag na comhchodanna éagsúla cathrach, ceannchathartha, uirbeach, baile mór, sráidbhaile agus tuaithe tarraingt ar a gcuid buanna agus, thar aon ní eile, imeacht ó shamhail forbartha faoi thionchar sraoilleála.

Is iomaí codarsnacht shuntasach sa Réigiún, a chuimsíonn Baile Átha Cliath agus a mhórcheantar comaitéireachta sna contaetha agus bailte comharsanacha, agus cuid díobh tar éis fás go mór le tamall blianta i dtreo scála suntasach, go háirithe iad siúd atá suite ar chonairí mótarbhealaigh agus iarnróid.

Taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus na príomhchonairí iompair is mó de bhlas na tuaithe a fhaightear sa réigiún, agus éagsúlachtaí sna contaetha atá teorantach le Baile Átha Cliath agus idir contaetha an Lár-Oirthir agus Lár na Tíre. Baineann suíomh straitéiseach, sa chomhthéacs náisiúnta, leis na contaetha ar fad sa Réigiún agus lena gcuid príomhbhailte móra.

Tharla ceann de na hathruithe is suntasaí ar an bhforbairt spásúil le blianta beaga anuas toisc téagar eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath, feabhsuithe sciobtha ar an nascacht iompair agus saincheisteanna ar nós costas tithíochta.  B'é faoi deara idirghníomhaíocht níos déine idir Baile Átha Cliath agus bailte éagsúla feadh príomhbhóithre agus príomhbhealaí iarnróid, conair Baile Átha Cliath-Béal Feirste agus na lonnaíochtaí feadh na conaire sin san áireamh a fheidhmíonn ar nós líonra líneach bruachbhailte, chomh maith leis na limistéir tuaithe i gcoitinne; cruthaíodh forbairt eacnamíoch féinchothabhálach mar aon le sceithfhorbairt faoi thionchar comaitéirí.

An fás sciobtha a rinne go leor bailte i Réigiún níos leithne an Lár-Oirthir le fiche nó tríocha bliain anuas, b'fhás faoi thionchar tithíochta é den chuid is mó, seachas faoi thionchar fostaíochta. Is tosaíocht é cur chuige comhtháite i leith forbairt na mbailte sin agus bailte dá leithéid, ach tarraingt ar na buanna áitiúla agus deiseanna fostaíochta a dhaingniú ionas gur forbairt féinchothabhála a bheidh ann seachas forbairt faoi thionchar tithíochta.



## Beidh timpeall 2.85 milliún duine in Oirthear agus Lár na hÉireann faoi 2040. Sin leathmhilliún ar a laghad sa bhreis ar a bhfuil ann faoi láthair.



### Lár na Tíre

hIarmhí atá i réigiún Lár na Tíre.  Níl na contaetha sin buailte ar Bhaile Átha Cliath, ach i ngeall ar thionchar an limistéir cheannchathartha i gcoitinne tharla fás suntasach daonra ar ráta neamh-inbhuanaithe i lonnaíochtaí áirithe sa limistéar réigiúnach sin, agus mheath an daonra i lonnaíochtaí eile.

Tá tábhacht straitéiseach le suíomh Lár na Tíre, agus é teorantach le Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, agus le Réigiún an Deiscirt. Is féidir a shuíomh lárnach a ghiaráil chun infheistíocht straitéiseach shuntasach a chumasú ar leibhéal níos airde ná faoi láthair, le tacaíocht ó phatrún inbhuanaithe fás daonra, agus díriú ar fhostaíocht náisiúnta straitéiseach agus forbairt bonneagair, caighdeán saoil agus neartú croíthe uirbeacha na mbailte contae agus lonnaíochtaí móra eile.

I ngeall ar a shuíomh straitéiseach agus scála an daonra, na fostaíochta agus seirbhísí ann, síneann tionchar Bhaile Átha Luain fad le cuid de gach ceann de na trí limistéar Tionól Réigiúnach. Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá idirspleáchais réigiúnacha ní miste straitéis chomhordaithe a ullmhú do Bhaile Átha Luain ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an bhaile mhóir araon, lena áirithiú go mbeidh d'acmhainn ag an mbaile agus a chomharsanacht fás inbhuanaithe a dhéanamh agus infheistíocht a dhaingniú, ós é an príomhionad réigiúnach i Lár na Tíre.

### An Lár-Oirthear

Suíomh straitéiseach chontaetha Chill Dara, na Mí agus Chill Mhantáin, i ndeas don Phríomhchathair, faoi deara cuid den fhorbairt shuntasach i réigiún inarb é Baile Átha Cliath is ceannasaí. Bhí rátaí arda fás daonra sa Lár-Oirthear, breis us dhá oiread an ráta fáis náisiúnta, le fiche nó tríocha bliain anuas.

Rud ríthábhachtach don limistéar réigiúnach sin, dúshláin an fháis amach anseo a bhainistiú. Ní miste tús áite a thabhairt do phatrún forbartha níos cothroime agus níos inbhuanaithe, agus an bhéim ar dhul i ngleic le cruthú fostaíochta, riachtanais bonneagair áitiúla agus iarmhairtí an fháis sciobtha Is é sin, gur chóir forbairt na tithíochta a bheith bunaithe tríd is tríd ar fhás na fostaíochta, ar an inrochtaine le modhanna iompair inbhuanaithe agus ar an gcaighdeán saoil seachas ar phatrúin chomaitéireachta neamh-inbhuanaithe.

## Co. Lú/An tOirthuaisceart

Cé go bhfuil Contae Lú suite i limistéar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre, is limistéar feidhmiúil é an tOirthuaisceart atá comhdhéanta de chodanna de dhá limistéar Thionól Réigiúnacha agus ina bhfuil an chuid is mó de Chontae an Chabháin agus Contae Mhuineacháin i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Is é líonra trasteorann Baile Átha Cliath-Béal Feirste an príomhinneall don limistéar réigiúnach sin, agus é dírithe ar Dhroichead Átha, Dhún Dealgan agus an Iúr.

Síneann tionchar suntasach Bhaile Átha Cliath agus an líonra trasteorann fad leis na bailte contae agus lonnaíochtaí eile laistigh den limistéar réigiúnach thoir thuaidh agus fad le Fine Gall agus codanna de Chontae na Mí. Agus deiseanna á sainaithint d'fhostaíocht ghiaráilte agus d'fhás inbhuanaithe daonra ní miste tacú leis an bhforbairt trí nascacht fheabhsaithe, caighdeán saoil, croíthe uirbeacha treisithe agus tithíocht níos dlúithe i lonnaíochtaí uirbeacha, ar mhaithe le hacmhainneacht straitéiseach an bhonneagair iompair a chosaint agus a bhainistiú agus lena áirithiú go gcaomhnaítear sainiúlacht na lonnaíochtaí agus na limistéar tuaithe.

Ní miste straitéisí comhordaithe a ullmhú do Dhún Dealgan agus do Dhroichead Átha ar leibhéal réigiúnach agus leibhéal baile mhóir lena áirithiú go mbeidh d'acmhainn acu fás inbhuanaithe a dhéanamh agus infheistíocht a dhaingniú, ina gcáil mar phríomh-lárionaid ar líonra trasteorann Droichead Átha-Dún Dealgan-An tIúr.

**Beidh timpeall 2.85 milliún duine in Oirthear agus Lár na hÉireann faoi 2040. Sin leathmhilliún ar a laghad sa bhreis ar a bhfuil ann faoi láthair.**





## Ar na príomhthosaíochtaí pleanála agus forbartha agus beartas comhfhorbartha do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre amach anseo tá:

- Forbairt chomhlántach bailte móra agus contae a chumasú i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre i gcoitinne feadh príomhbhealaí iompair phoiblí agus straitéiseacha arna gcomhordú ar bhonn réigiúnach, le béim bhreise ar bhearta chun deiseanna forbartha féinchothaitheacha eacnamaíocha agus de thoradh fostaíochta a chothú ag freagairt do, agus chun breith suas ar, mhearchéimeanna seachadadh tithíochta le blianta beaga anuas.

- Pleanáil straitéiseach agus comhordú níos éifeachtaí ar fhorbairt láithreacha straitéiseacha náisiúnta agus réigiúnacha amach anseo ag trasphointí teorann idir an réigiún seo agus réigiúin chomharsanacha: Baile Átha Luain, mar shapla, ar pointe fócais é do limistéar a shíneann isteach i gcuid mhór den réigiún seo agus de na réigiúin chomharsanacha maidir le heacnamaíocht agus fostaíocht, iompar, seachadadh seirbhísí oideachais agus poiblí agus miondíol.

- Cur chuige fócasaithe i leith forbairt dhlúth sheicheamhach inbhuanaithe i gcás na limistéar uirbeach is mó feadh chonair eacnamaíoch agus iompair Baile Átha Cliath-Béal Feirste ar a bhfuil lonnaíochtaí le daonra suntasach, ar nós Dún Dealgan agus Droichead Átha.

- Béim bhreise ar an bhforbairt a chomhdhlúthú i gcás áiteanna a d'fhás go mear le deich mbliana anuas nó mar sin le forbairt mhór tithíochta faoi thiochar comaitéireachta, agus fócas ar leith maidir le haghaidh a thabhairt ar Clár tosaíochtaí réigiúnacha a ullmhú agus a chur chun feidhme a mhúnlóidh an Tionscnamh an soláthar saoráidí pobail agus conláistí i gcuid mhaith de na bailte comaitéireachta is mó trí infheistíocht spriocdhírithe faoi Fhothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta ábhartha an CNP.

- Athnuachana agus Forbartha agus a chuirfidh bonn eolais faoina sheachadadh. Ba chóir, mar chuid den chlár seo, tosaíochtaí suntasacha a aithint a bhféadfaí tosú orthu láithreach bonn - sa chathair, i mbailte tuaithe, i sráidbhailte agus faoin tuath; talamh in úinéireacht phoiblí a shaothrú mar aon le sócmhainní eile nach bhfuiltear á n-úsáid go gníomhach faoi láthair ar nós iarláithreacha sláinte, míleata, iompair agus eile; a n-acmhainneacht siúd a nascadh le tacaíocht agus infheistíocht an phobail agus na hearnála príobháidí agus poiblí i gcoitinne chun claochlú na limistéar tuaithe agus uirbeacha araon a thabhairt i gcrích ar bhealach comhtháite.

- Forbairt na turasóireachta agus brandáil fógraíochta lena áirithiú go ndéantar limistéir ar nós Lár na Tíre agus Dúiche na Lochanna (Lakelands) a fhorbairt agus a chur chun cinn ionas go mbeidh siad in ann lánpháirt a imirt agus acmhainneacht eacnamaíoch na limistéar réigiúnach agus tuaithe sa réigiún a thapú.

- Acmhainneacht an réigiúin a shaothrú ó thaobh fuinnimh in-athnuaite de fud fad speictream na teicneolaíochta, ó ghaoth agus grian go dtí bithmhais agus, sa mhéid is infheidhme, fuinneamh tonnta, agus díriú go háirithe ar réimsí fairsinge limistéar bainte móna in úinéireacht phoiblí agus geilleagair áitiúla sna háiteanna sin a chumasú le haistriú bainistithe a dhéanamh agus na limistéir féin ag baint tairbhe eacnamaíoch as fuinneamh níos glaise.

- Tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le forbairt líonra comhtháite glasbhealaí, gormbhealaí agus móinbhealaí a thacóidh le héagsúlú na ngeilleagar tuaithe agus réigiúnach agus a chothóidh modhanna inbhuanaithe iompair mar aon le caitheamh aimsire trí ghníomhaíocht ina mbaintear leas as canálacha, seaniarnróid agus bealaí eile.



# BAILE ÁTHA CLIATH

## Cathair Bhaile Átha Cliath agus an Limistéar Ceannchathartha

**Síneann réise fheidhmiúil Bhaile Átha Cliath amach thar na ceithre comh-údarás áitiúil agus ós príomhchathair é tá sé in iomaíocht idirnáisiúnta le haghaidh tallann agus infheistíocht a mhealladh.**

Ce gur chruthaigh Baile Átha Cliath go maith, tríd is tríd, le blianta beaga anuas, tá mórdhúshláin ann ar nós tithíocht inacmhainne, iompar agus conláistí uirbeacha/ maireachtálacht Ní miste do Baile Átha Cliath freastal, laistigh dá theorainn cheannchathartha, ar chion níos mó den fhás a ghineann sé agus rogha tithíochta níos fearr a thairiscint mar aon le soghluaisteacht iompair agus caighdeán saoil níos fearr.

Ní mór do Bhaile Átha Cliath dul i nglaise freisin agus iompú ina chathair níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ar nós iomaitheoirí idirnáisiúnta.

Éileoidh sé sin, ar scála ceannchathartha, díriú ar roinnt tionscadal mór athnuachana agus athfhorbartha, maidir le talamh tearcúsáidte idir na canálacha agus laistigh d'fháinne an M50 go háirithe, agus leagan amach níos dlúithe ar an gcathair, á éascú le forbairt dhea-dheartha níos airde dlús.

Beidh forbairt úrnua shuntasach de dhíth freisin, ar láithreáin in-chomhtháite leis an limistéar reatha faoi fhoirgnimh sa chathair, agus ar féidir freastal orthu le hiompar poiblí ardacmhainne; agus go leor díobh rangaithe ina gCriosanna Forbartha Straitéisí (CFS) cheana féin.

Teastaíonn cur chuige iomlánaíoch lena áirithiú go ndéanfar freastal ar an bhforbairt cónaithe agus fostaíochta le hiompar, bonneagar agus conláistí. Beidh deiseanna ar an mionchóir, inlíonadh agus láithreáin athfhorbraíochta, le réadú freisin.

Tá feidhmíocht leanúnach Bhaile Átha Cliath ríthábhachtach d'acmhainn iomaíochta na hÉireann. Mórthosaíocht faoin bPlean Straitéiseach Limistéir Ceannchathartha (PSLC), an bonneagar straitéiseach a fheabhsú a theastaíonn leis an bhfás a bhuanú; beidh rochtain ar an aerfort agus ar an gcalafort san áireamh mar aon le ceist acmhainne, forbairt agus feabhsú na líonraí bus, DART, agus Luas/Meitreo, mar aon le lear tionscadal náisiunta seachadta seirbhíse poiblí, ar nós Ospidéal na Leanaí a bheidh ag freastal ar an tír ar fad.




## Ar na Príomhchumasóirí fáis do Bhaile Átha Cliath amach anseo tá:

- Limistéir athnuachana mhórscála uaillmhianacha a shainaithint don soláthar tithíochta agus fostaíochta ar fud na cathrach agus an limistéir cheannchathartha, mar aon leis na bearta a theastaíonn lena n-éascú mar thionscadail forbartha inbhuanaithe comhtháite;
- Dul chun cinn le forbairt inbhuanaithe limistéar úrnua tithíochta, ar chonairí iompair poiblí go háirithe, ar nós Baile Adaim, Coill na Silíní, Cluain Buiríosa agus Cluain Ghrifín;
- Cinneadh ar líon teoranta láithreacha inrochtana d'fhostaíocht mhórscála shuntasach mar chomhlánú ar lár na cathrach agus limistéar na nduganna;
- Deiseanna feabhsaithe a chumasú do phobail reatha, comhaimseartha leis an bhforbairt agus an éagsúlú, le tacaíocht fostaíochta, foghlama agus oideachais go háirithe;
- Úsáidí níos éadlúithe a athlonnú, lasmuigh d'fháinne an M50 go háirithe, agus go ginearálta taobh amuigh den limistéar reatha faoi fhoirgnimh;
- Na mórthionscadail iarnróid a sheachadadh a leagadh amach sa Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath: Nasc Meitreo, leathadh an DART, agus an Líne Ghlas Luas a nascadh le Nasc Meitreo;
- Córas feabhsaithe iompair bus a fhorbairt, le cuarnascacht níos fearr agus é a chomhtháthú le líonraí eile taistil;
- A áirithiú go bhfreastalófar ar na riachtanais soláthair uisce agus dramhuisce le tionscadail náisiúnta nua, agus go bhfeabhsófar soláthar uisce na cathrach agus Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus cur leis an acmhainn cóireála dramhuisce;
- An inbhuanaitheacht a fheabhsú i gcás fuinnimh, dramhaíola agus uisce, téamh ceantair agus caomhnú uisce san áireamh;
- Tionscadail ríochta poiblí agus conláistí uirbeacha, dírithe ar shráideanna agus spásanna poiblí, sa limistéar idir na canálacha go háirithe, agus nasctha le tionscadail athnuachana sóisialta;
- Bearta chun an líonra reatha spásanna glasa agus na naisc eatarthu a fheabhsú, Páirc an Fhionnuisce agus páirceanna poiblí eile, Cuan Bhaile Átha Cliath agus na canálacha san áireamh, faoi réir staidéar agus aon mheasúnachtaí timpeallachta riachtanacha a dhéanamh;
- An líonra rothaíochta ceannchathartha a sheachadadh a leagtar amach i bPlean Líonra Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, príomhbhealaí comaitéireachta agus bealaí glasa uirbeacha feadh conairí canála, abhann agus cósta san áireamh;
- An rochtain ar Aerfort Bhaile Átha Cliath a fheabhsú, lena n-áirítear rochtain feabhsaithe iompair poiblí, naisc ón ngréasán bóithre aniar agus aduaidh agus san fhadtéarma, machnamh ar rochtain tromiarnróid chun éascaíocht a dhéanamh ar sheirbhísí díreacha ón ngréasán náisiúnta iarnród i gcomhthéacs leictriú féideartha amach anseo;
- Éascaíocht a dhéanamh ar fhás Chalafort Bhaile Átha Cliath le breis éifeachtúlachta, leathadh teoranta isteach i gCuan Bhaile Átha Cliath le bóthar rochtana níos fearr, go dtí/ón limistéar calafoirt ó dheas go háirithe;
- An inbhuanaitheacht a fheabhsú i gcás fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní agus uisce, téamh ceantair agus caomhnú uisce san áireamh.



# RÉIGIÚN AN TUAISCIRT AGUS AN IARTHAIR

## 3.3 Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair

Tá fócas ar leith tuillte ag Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair sa Chreat seo, mar gheall ar leibhéal uirbithe stairiúil níos ísle le hais réigiúin eile, a ghaire atá sé don teorainn agus na rioscaí féideartha de bharr Brexit.

Rud a thugann an tearcfhorbairt sin chun suntais, an chodarsnacht spásúil idir na cúig chathair reatha in Éirinn, iad ar fad ó dheas ó líne ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh, agus cathracha i dTuaisceart Éireann ar nós Béal Feirste agus Doire: léiriú den riachtanas straitéiseach cur le téagar an taobh sin tíre.

Faoi chur chuige dá leithéid seo níor mhiste na fíricí a aithint, agus tógáil orthu: gur sa Réigiún seo atá an chathair is sciobtha fás le 50 bliain anuas (Gaillimh) mar shampla; go bhfuil áiteanna ann a théann i gcion go mór agus go maith ar na limistéir thart orthu, i bhfad níos mó ná mar a thabharfadh a scála i dtéarmaí daonra le fios.

Feidhmíonn bailte suntasacha ar nós Sligeach mórán mar a fheidhmíonn na cathracha níos mó ina réigiúin siúd, ach ar scála eile. Feidhmíonn Leitir Ceanainn, mar aon le cathair Dhoire agus an Srath Bán i dTuaisceart Éireann, mar réigiún cathrach trasteorann.

Tacófar leis na feidhmeanna cathrach agus na feidhmeanna cathair-réigiúin sin, agus cuirfear leo, i gcaitheamh saolré an Chreata seo le beartais ábhartha agus le hinfheistíocht, ach an bhéim ar chur chuige forbartha faoina gcuirfí an fás comhchruinnithe chun cinn.

Le beartais dá leithéid beidh breis is 1 mhilliún duine sa réigiún seo faoi 2040, sin 180,000 sa bhreis ar a bhfuil ann inniu; an dúshlán is mó, gníomhartha a shainaithint agus a chur chun feidhme a chuirfidh lena struchtúr uirbeach, a dhéanfaidh a chuid limistéar tuaithe a éagsúlú agus a neartú de réir mar a aistríonn siad i dtreo meascán níos leithne gníomhaíochtaí eacnamaíochta a chuirfidh bonn agus taca faoi phobail áitiúla féinchothaitheacha san fhadtéarma. Comhlánófar an méid sin le hinrochtaine fheabhsaithe.

## Dún na nGall

Tá Dún na nGall uathúil in oileán na hÉireann ó thaobh spásúlachta de, lena chósta fada agus a ghargaol le Tuaisceart Éireann. Léiríodh Iarthuaisceart an oileáin teacht aniar suntasach, go stairiúil, agus é san iomaíocht laistigh dá thimpeallacht imeallach; an tsaintréith is suntasaí, na spleáchais trasteorann idir Dún na nGall agus Doire/an Srath Bán, agus baint acu le fostaíocht, oideachas, cúram sláinte agus an ghníomhaíocht mhiondíola.

Tosaíocht don réigiún seo, aghaidh a thabhairt ar nascacht níos fearr, agus fás agus iomaíochas a chumasú chun tacú leis na naisc láidre idir Leitir Ceanainn agus Tuaisceart Éireann. Cé go bhfuil straitéis chomhordaithe ann, trí bhíthin Chomhpháirtíocht Fáis an Iarthuaiscirt, tá scóip ann freisin an cur chuige sin a úsáid tuilleadh i gcomthéacs pleanáil spásúil réigiúnach agus áitiúil, lena áirithiú go mbeidh d'acmhainn ag Leitir Ceanainn agus ag an gceantar máguaird fás inbhuanaithe a dhéanamh agus infheistíocht a dhaingniú i gcomhthéacs Thionscnamh trasteorann Tairsí an Iarthuaiscirt

## An tIarthuaisceart

Mar lárionad réigiúnach, freastalaíonn Sligeach ar chúlchríoch mhór a shíneann amach ó Chontae Shligigh isteach sna contaetha mórthimpeall; cuimsítear codanna de chontaetha Dhún na nGall, Liatroma, Mhaigh Eo agus Ros Comáin sa chúlchrioch, agus na bailte móra in aice láimhe mar thaca. Is mó i bhfad tábhacht Shligigh mar lárionad fostaíochta agus seirbhísí ná a scála i dtéarmaí daonra.

Léiríonn earnálacha láidre fostaíochta ar nós Cógaisíocht (Pharma) agus Innealtóireacht, Institiúidí Ard-Oideachais (IAO), institiúidi cultúrtha agus seirbhísí sláinte acmhainn folaigh Shligigh cur lena ról réigiúnach. Is féidir é sin a dhéanamh ach tairseach chriticiúil daonra a thógáil agus cur leis an bhfostaíocht, agus san am gcéanna an inrochtaine agus an caighdeán saoil a fheabhsú. Ag cur san áireamh a thábhachtaí atá na hidirspleáchais réigiúnacha, is i bpáirt le háiteanna agus le hinstitiúidí eile a dhéanfar é.

Mar shampla, tá Ollscoil Teicneolaíochta Chomhaontas Chonnacht-Uladh ag teacht chun cinn (Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach agus IT Leitir Ceanainn): líonra comhoibritheach don fhorbairt réigiúnach a shíneann ar fud réigiún Thionól Réigiúnach an Iarthuaiscirt. Ní miste straitéis chomhordaithe a ullmhú do Shligeach ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an bhaile mhóir araon, lena áirithiú go mbeidh d'acmhainn ag an mbaile fás inbhuanaithe a dhéanamh agus, mar phríomhionad réigiúnach, infheistíocht a dhaingniú.





## An Cabhán-Muineachán/An tOirthuaisceart

I réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair is mó d'fhócas soir a bhaineann le Contae an Chabháin agus Contae Mhuineacháin seachas aon áit eile. Is cuid iad de réigiún feidhmiúil Oirthuaisceartach a chuimsíonn Contae Lú freisin i limistéar Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre. An príomhinneall don limistéar reigiúnach seo, líonra trasteorann Baile Átha Cliath-Béal Feirste a síneann a thionchar isteach i gContae an Chabháin agus i gContae Mhuineacháin, faoi mar a dhéanann limistéar ceannchathartha Bhaile Átha Cliath freisin.

Ar na tosaíochtaí straitéiseacha don limistéar seo a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu, tá athléimneacht eacnamaíoch agus nascacht. Más féidir an taisteal trasteorann gan stró a chaomhnú do dhaoine, d'earraí agus do sheirbhísí agus an bonneagar digiteach agus fisiceach a fheabhsú, cruthófar deiseanna chun fostaíocht a ghiaráil mar aon le méadú inbhuanaithe daonra, dírithe ar na bailte contae. Ach na na ceangail a fheabhsú bheadh suíomh straitéiseach faoin limistéar seo: é comhfhad beagnach ó réigiúin Bhaile Átha Cliath, Béal Feirste agus cathair Dhoire i dtéarmaí ama agus fad slí.

## An tIarthar

Contaetha na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin atá i limistéar réigiúnach an Iarthair. Tá an-tionchar ag cathair na Gaillimhe ar chuid mhór de dheisceart an limistéir seo agus ullmhófar Plean Straitéiseach Limistéir Ceannchathartha (PSLC) do limistéar ceannchathartha na Gaillimhe faoin Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.

Má dhéantar an nascacht thuaidh theas a fheabhsú, agus í dírithe ar líonra sócmhainní réigiúnacha ar nós Institiúidí Ard-Oideachais, an M17 agus Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire, agus le treisiú na struchtúr uirbeach agus fostaíochta i réigiún an Iarthuaiscirt i gcoitinne, cuirfear deiseanna nua ar fáil, agus iad le comhlánú le hinrochtaine fheabhsaithe soir siar.

Tá tionscnamh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh (féach an cás-staidéar) ag iarraidh tógáil ar an acmhainneacht sin, le tacaíocht ó fhorbairtí ar nós Ollscoil Teicneolaíochta Chomhaontas Chonnacht-Uladh atá ag teacht chun cinn (Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach agus IT Leitir Ceanainn). Tá ról suntasach turasóireachta agus fiontraíochta ag Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire, agus acmhainneacht ann d'fhás breise nuair a chuirtear a ainmniú mar Chrios Forbartha Straitéisí (CFS) san áireamh.

Feidhmíonn Contae Mhaigh Eo le hardleibhéal neamhspleáchais, é dírithe ar líon lárionad láidir fostaíochta agus seirbhísí: d'fhéadfaí cur leis an daonra agus leis an bhfostaíocht iontu. Feidhmíonn cuid mhór de Chontae Ros Comáin mar chuid de réigiún Lár na Tíre, é dírithe ar Bhaile Átha Luain a bhfuil cuid de suite sa chontae, cé go bhfuil tuaisceart an Chontae faoi thionchar Shligigh agus Liatroma atá in aice láimhe.

Toisc a thábhachtaí atá na hidirspleáchais réigiúnacha, beidh cur chuige comhordaithe ag teastáil ag an leibhéal réigiúnach agus ag leibhéal an chontae/an bhaile mhóir, chun a áirithiú go mbeidh Baile Átha Luain agus an dúiche máguaird in ann fás inbhuanaithe a dhéanamh agus infheistíocht a dhaingniú ós é an príomh-lárionad réigiúnach é i Lár na Tíre; síneann sé isteach i gcodanna de Chontaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin freisin.

Maidir leis an Iarthar i gcoitinne, beidh sé tábhachtach na cuir chuige ó thaobh beartais de a oiriúnú agus teacht i dtír ar an gcaighdeán saoil agus ar na buanna earnála ar nós agraibhia, fuinneamh, turasóireacht agus cúrsaí mara, agus dlús a chur faoi athnuachan bailte móra agus sráidbhailte faoin gCiste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe.

## Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh

CÁS-STAIDÉAR

**Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh (CEA) a thugtar ar líonra líneach feadh bord farraige an Iarthair, a shíneann ó Chiarraí go Dún na nGall agus a bhfuil d'acmhainneacht ann feidhmiú mar phríomhchumasóir do chuspóirí réigiúnacha fáis an Chreata Náisiúnta Phleanála.**

Tá cuid den chonair i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair agus cuid eile i Réigiún an Deiscirt, agus d'fhéadfadh sí a scóip a leathadh tuilleadh ach tógáil ar an gcaidreamh trasteorann idir Leitir Ceanainn agus Tuaisceart Éireann, agus isteach i gCathair agus Contae Chorcaí ó dheas.

Is é móraidhm thionscnamh CEA an bonneagar, an tallann agus na sócmhainní fiontraíochta feadh bord farraige an iarthair a uasmhéadú agus na moil eacnamaíocha, na braislí agus na ceantair sa limistéar a chumasc chun infheistíocht a mhealladh, iomaíochas a fheabhsú, tacú le cruthú fostaíochta agus cuidiú le caighdeán saoil níos fearr do na daoine atá ina gcónaí ann. Bac an-mhór an easpa nascachta ardchaighdeáin idir réigiúin CEA ar a fhorbairt i bhfrith-chothromaíocht le Baile Átha Cliath agus an cósta Thoir.

Mórthosaíocht, an nascacht réigiúnach a fheabhsú feadh bord farraige an iarthair agus na príomhlimistéir uirbeacha a chomhcheangal agus CEA a chumasú lena hacmhainneacht a bhaint amach.

Tionscnamh comhoibríoch í CEA, faoi thionchar ionadaithe gnó agus na bpobal, agus tacaíocht aici ón rialtas náisiúnta agus áitiúil, gníomhaireachtaí Stáit agus Institiúidí Tríú Leibhéil. Aithníonn an Rialtas an méid a d'fhéadfadh tionscnamh CEA a dhéanamh ar mhaithe le cuspóirí CNP a bhaint amach, agus leanfar dá thacaíocht le forbairt an tionscnaimh.

### Ar na príomhthosaíochtaí pleanála agus forbartha agus beartas comhfhorbartha do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair amach anseo tá:

- **Plean Straitéiseach Limistéir Ceannchathartha cuimsitheach do chathair na Gaillimhe a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ionas gur féidir leanúint dá forbairt straitéiseach ar bhonn claochlaitheach, dírithe ar an athnuachan uirbeach, le fócas ar leith ar leas a bhaint as láithreáin tearcúsáidte in úinéirecht phoiblí agus i suímh lárnacha, agus a n-acmhainneacht a ghníomhachtú chun treisiú leis an méadú daonra agus leis léibhéil aschur eacnamaíoch na limistéar lárnach.**
- **Cur leis na feidhmeanna cathrach-réigiúnach atá á gcomhlíonadh ag Sligeach de réir a phlean forbartha reachtúil; an acmhainneacht athnuachan bhreise a ghníomhachtú agus an croí-réigiún a fheabhsú; a nascacht a fheabhsú tuilleadh i gcomhtéacs náisiúnta agus réigiúnach ionas gur fusa teacht ar sheirbhísí agus conláistí ábhartha.**
- **Cur le feidhmiú na comhpháirtíocha straitéisí idir údaráis áitiúla Dhún na nGall agus Dhoire i gcomhthéacs limistéar Thionscnaimh Tairsí an Iarthuaiscirt, a sheachadann raon leathan feidhmeanna eacnamaíocha, bonneagair, pobail agus seirbhíse poiblí san iarthuaisceart i gcoitinne.**
- **Pleanáil straitéiseach agus comhordú níos éifeachtaí i leith forbairt áiteanna straitéiseacha amach aneo sa chomhthéacs náisiúnta agus réigiúnach, trasphointí teorann le réigiúin chomharsanacha san áireamh, ar nós Baile Átha Luain agus Leitir Ceanainn, ar fócasphointí iad do limistéir gheografacha mhóra a shíneann isteach i gcuid mhór dá réigiún agus de na réigiúin chomharsanacha ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, fostaíochta, iompair agus oideachais de, agus ó thaobh seachadadh seirbhísí poiblí agus cúrsaí miondíola.**
- **Tacú le forbairt leanúnach an líonra áiteanna uirbeacha agus tuaithe a bheith ag obair as láimh a chéile, ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal pobail ar mhaithe le sochar réigiúnach faoi thionscnamh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh, comhaontais ollscoile, ard-oideachais agus taighde san áireamh, agus nascacht feabhsaithe.**
- **Pleanáil chomhtháite, bainistiú agus forbairt na limistéar trína ngabhann Slí an Atlantaigh Fhiáin ar mhaithe le caighdeán agus iomláine taithí cuairteoirí, agus an sochar breise i dtéarmaí eacnamaíochta a uasmhéadú, do phobail tuaithe agus áitiúla go háirithe.**
- **Múnlú tosaíochtaí athnuachana sa chathair, i mbailte tuaithe, i sráidbhailte agus faoin tuath agus bonn eolais a chur faoina seachadadh, le tacaíocht ón gCiste Athnuachana agus Forbartha; leas a bhaint as talamh in úinéireacht phoiblí agus as sócmhainní eile nach bhfuiltear á n-úsáid go gníomhach faoi láthair ar nós iarláithreacha sláinte, míleata, iompair agus eile; a n-acmhainneacht siúd a nascadh le tacaíocht agus infheistíocht ón bpobal agus ón earnáil phríobháideach agus phoiblí i gcoitinne chun claochlú na limistéar tuaithe agus uirbeacha araon a thabhairt i gcrích ar bhealach comhtháite.**
- **Acmhainneacht an réigiúin a shaothrú ó thaobh fuinnimh in-athnuaite de fud fad speictream na teicneolaíochta, ó ghaoth agus grian go dtí bithmhais agus fuinneamh tonnta.**
- **Tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le forbairt líonra comhtháite glasbhealaí, gormbhealaí agus móinbhealaí a thacóidh le héagsúlú na ngeilleagar tuaithe agus réigiúnach agus a chothóidh modhanna níos inbhuanaithe iompair mar aon le caitheamh aimsire gníomhaíochta, agus leas á bhaint as canálacha agus bealaí eile.**




## Cathair na Gaillimhe agus an Limistéar Ceannchathartha

**Is í Gaillimh an limistéar uirbeach is tapúla fás in Éirinn le leathchéad bliain anuas, agus í ina príomhinneall d'iarthar na hÉireann.**

Tá an Chathair suite in ionad ríthábhachtach ar Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh, óna síneann tionchar chathracha dheisceart na hÉireann (Corcaigh agus Luimneach) ó thuaidh.

Baineann go leor de na dúshláin chéanna le limistéar ceannchathartha na Gaillimhe atá ag cathracha eile, torthaí fás agus rath eacnamaíoch. Ar nós Bhaile Átha Cliath, ní miste do Ghaillimh freisin níos mó den fhás a ghineann sí a choinneáil laistigh dá teorainn cheannchathartha. Ar na dúshláin nach miste aghaidh a thabhairt orthu tá, an rogha tithíochta agus tithíocht inacmhainne, iompar/soghluaisteacht agus an caighdeán saol uirbeach, lasmuigh de chroílimistéar na cathrach go háirithe.

Ni miste do Ghaillimh dul i ngleic le saincheisteanna oidhreachta ón bhfás le deireanas agus tógáil ar a cuid príomhbhuanna, ar nós braisle teicneolaíochta/leighis den scoth, institiúidí Tríú Leibhéil neadaithe sa Chathair, saol beoga ealaíon agus cultúir, turasóireacht ar feadh na bliana agus suíomh tarraingteach ó nádúr. Cuireann an méid sin ar fad lena dea-cháil naisiúnta.



## Ar na Príomhchumasóirí fáis do Ghaillimh amach anseo tá:

- Líon tionscadal athnuachana a sheachadadh chun cur le lár na cathrach agus é a neartú: i limistéir an Stáisiúin, na nDuganna agus Bhóthar Áth Cinn san áireamh;
- Deiseanna inlíonta agus athnuachana a aithint chun treisiú ar fhorbairt tithíochta agus fostaíochta ar fud na limistéar bruachbhailteach inmheánach;
- Forbairt inbhuanaithe limistéar úrnua tithíochta a bhrú chun cinn, agus bonneagar agus iompar poiblí a fhorbairt di, ar nós mar atá sna hArdáin;
- Na naisc rochtana agus iompair inbhuanaithe go dtí na limistéir fostaíochta reatha in oirthear na cathrach (an Pháirc Mhór, Baile an Bhriotaigh, Mervue) a fheabhsú agus a chomhtháthú;
- Forbairt leanúnach institiúidí Tríú Leibhéil na cathrach, agus comhtháthú leis an gcathair agus leis an réigiún;
- Cinneadh a dhéanamh faoi fhorbairt inbhuanaithe fostaíochta agus/nó tithíochta amach anseo i gcás suíomh Aerfort na Gaillimhe, mar aon le conláistí agus bonneagar tacaíochta;
- Líonra iompair poiblí a sholáthar a théann ar fud na cathrach, le rochtain fheabhsaithe idir limistéir chónaithe reatha agus molta agus Lár na Cathrach, na hinstitiúidí Tríú Leibhéil agus limistéir fostaíochta in oirthear na cathrach;
- Tionscadail ríochta poiblí agus conláiste uirbeach, dírithe ar shráideanna agus spásanna poiblí, chun cur le limistéar lár na cathrach go háirithe, agus mar ar féidir limistéir chónaithe agus fostaíochta a nascadh le bealaí coisithe;
- Líonra straiteiseach rothaíochta a fhorbairt ar a mbeidh bealaí suaitheanta ardacmhainne;
- Cuarbhóthar na Gaillimhe a sheachadadh;
- Oibreacha Cóireála Dramhuisce Príomhdhraenála Ghaillimh Thoir a sheachadadh;
- A áirithiú go bhfreastalófar ar na riachtanais soláthar uisce agus dramhuisce le tionscadail nua náisiúnta chun soláthar uisce na Gaillimhe a fheabhsú agus chun cur leis an acmhainn cóireála dramhuisce;
- An inbhuanaitheacht a fheabhsú i gcás fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní agus uisce, téamh ceantair agus caomhnú uisce san áireamh.



# RÉIGIÚN AN DEISCIRT

## 3.4 Réigiún an Deiscirt

Ar na príomhghnéithe den Réigiún seo tá na trí chathair, Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge agus a gcuid mór-réigiún mar aon lena gcuid calafort agus na haerfoirt idirnáisiúnta i gCorcaigh agus Sionainn; líonra bailte móra, bailte contae san áireamh agus rólanna fostaíochta agus feidhmiúla ag cuid díobh ar mó i bhfad iad ná an scála daonra; líonra fairsing bailte beaga agus sráidbhailte, rólanna straitéiseacha ag cuid mhaith díobh, go háirithe sna codanna is iargúlta den réigiún agus sna leithinsí; taobh tíre tuaithe codarsnach ó bhord farraige an Atlantaigh fad le tailte talmhaíochta agus abhainnghleannta méithe táirgiúla.

Príomhacmhainn sa réigiún iad na trí réigiún chathracha, astu féin agus mar ghrúpa. Beidh ról suntasach acu mar inneall agus mar sholáthróir cóiríochta do chion suntasach den 380,000 duine ionchais sa bhreis faoi 2040, nuair is daonra beagnach 2 mhilliún a bheidh sa réigiún i gcoitinne.

An dúshlán mór don Réigiún as seo go dtí 2040, na cathracha a shocrú ar bhonn suntais scála, iad níos dlúithe agus níos tarraingtí agus ag feidhmiú mar innill cheannchathartha don réigiún i gcoitinne agus ina gcomhlántaigh ar neart eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath. Tosaíocht eile, cur chuige cothromaithe i leith acmhainneacht thearcúsáidte i mbailte faoin tuath agus sna pobail scaipthe a ghníomhachtú agus a réadú.

## An tIarthar Láir

Tá limistéar réigiún an Iarthair Láir comhdhéanta de Chontaetha an Chláir, Luimnigh agus Thiobraid Árann; Cathair Luimnigh agus inbhear na Sionainne an príomhfhócas, agus síneann cuid den réigiún isteach i dtuaisceart Chontae Chiarraí. Ullmhófar Plean Straitéiseach Limistéir Ceannchathartha (PSLC) do limistéar ceannchathartha Luimnigh, Sionainn san aireamh, leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch

Cé go bhfuil an limistéar réigiúnach seo dírithe ar Chathair Luimnigh agus ar na príomhacmhainní fostaíochta agus bonneagair i Sionainn agus i bhFaing, faigheann sé an-tacaíocht ó gheilleagar láidir tuaithe agus ó líonra éagsúlaithe bailte agus sráidbhailte. Ta ról seanbhunaithe ag Aerfort na Sionainne mar phríomh-mhol taistil agus fiontraíochta sa reigiún, agus acmhainn fás breise ann.

Beidh an fás amach anseo bunaithe ar ghiaráil na nascachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus ar acmhainn ard-oideachais agus caighdeán saoil chun an infheistíocht straitéiseach a dhaingniú. Níor mhór fostaíocht inbhuanaithe agus forbairt tithíochta a bheith mar bhonn agus thaca leis, i gcás mórcheantar ceannchathartha Luimneach-Sionainn i gcoitinne; ní miste croí uirbeach na mbailte contae agus na bpríomhlonnaíochtaí á neartú, dála na limistéar tuaithe.

## An tOirdheisceart

Áirítear Contaetha Cheatharlach, Chill Chainnigh, Phort Láirge, agus Loch Garman sa limistéar réigiúnach seo chomh maith le deisceart Chontae Thiobraid Árann. Cé go bhfuil struchtúr láidir uirbeach ann, tá nádúr tuaithe ag baint le cuid mhór den limistéar agus cuid den talamh tamhaíochta is táirgiúla in Éirinn ann.

Ullmhófar Plean Straitéiseach Limistéir Ceannchathartha (PSLC) do limistéar ceannchathartha Phort Láirge faoin Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.

Baineann acmhainn fás breise leis an oirdheisceart, é suite go straitéiseach idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath, agus líonra bailte móra ag gabháil leis. Ní raibh fócas ar scála oiriúnach ann go dtí seo, mar inneall d'fhorbairt mharthanach an réigiúin i gcoitinne.

Ar na deiseanna réigiúnacha chun an fás a ghiaráil tá, nascacht náisiúnta agus idirnáisiúnta, trí na calafoirt i ngar do Mhór-roinn na hEorpa go háirithe, ar nós Belview agus Ros Láir-Europoort; na IAO a neartú; tuilleadh fostaíocht chothromaithe agus forbairt tithíochta sna príomhlonnaiochtaí agus sna bailte contae. Ní miste é a bhunú ar an mbonneagar agus ar an gcaighdeán saoil, seachas ar an gcian-chomaitéireacht go Baile Átha Cliath, mar is léir i gcodanna de chontaetha Cheatharlach agus Chill Chainnigh go háirithe.



## An tIardheisceart

Is iad Contaetha Chorcaí agus Chiarraí agus cathair Chorcaí atá i limistéar réigiúnach an Iardheiscirt. Faoin Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch déanfar Plean Straitéiseach Limistéir Ceannchathartha (PSLC) a ullmhú do Limistéar ceannchartha Chorcaí, Cuan Chorcaí san áireamh. Tógfaidh sé ar obair a rinneadh cheana mar chuid de Phlean (neamhreachtúil) Straitéiseach do Limistéar Chorcaí (CASP), ag díriú ar an réimse staidéir faoi CASP agus Tuaisceart agus Iarthar Chorcaí.

Tá cosúlachtaí idir Tuaisceart agus Iarthar Chorcaí, atá suite taobh amuigh de limistéar feidhmiúil chathair Chorcaí, agus Contae Chiarraí in aice láimhe: tírdhreach tuaithe, cuid mhaith; cósta fada agus éagsúlacht bailte móra agus beaga ag tabhairt tacaíochta dó. Baineann ardleibhéal féinspleáchais le cuid mhaith de na lonnaíochtaí ansin a fheidhmíonn mar lárionaid shuntasacha áitiúla fostaíochta agus seirbhíse do chúlchríoch mhór tuaithe.

Cé gur tosaíochtaí iad fostaíocht, bonneagar agus na bailte beaga agus pobal tuaithe ar fud an limistéir réigiúnaigh seo a neartú, laistigh de limistéar staidéir CASP, beidh fócas freisin ar fhás níos cothroime, agus fás comhchruinnithe comhcheangailte. Is é sin gur chóir an fhorbairt tithíochta a bheith bunaithe ar fhás na fostaíochta, ar dhlúis níos airde, rochtain ar chonláistí agus modhanna iompair inbhuanaithe chun an chian-chomaitéireacht a sheachaint agus a thionchar ar an gcaighdeán saoil.

Baineann an méid sin leis na bailte is mó sa limistéar réigiúnach seo freisin ach in áiteanna eile, dála contaetha bhord farraige an iarthair, beidh tábhacht freisin le cuir chuige ó thaobh beartais de a oiriúnú agus teacht i dtír ar an gcaighdeán saoil agus ar bhuanna earnála ar nós agraibhia, fuinneamh, turasóireacht agus cúrsaí mara, agus athnuachan bailte móra agus sráidbhailte a dhreasachtú leis an gCiste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe.



**Ar na príomhthosaíochtaí pleanála agus forbartha agus beartas comhfhorbartha don Réigiún amach anseo tá:**

- Pleananna spásúla limistéir ceannchathartha, iad cuimsitheach straitéiseach, a fhorbairt agus a chur chun feidhme do chathracha Chorcaí, Luimnigh agus Phort Láirge, a dhaingníonn forbairt cathrach fhadtéarmach chlaochlaitheach, dírithe ar an athnuachan, agus béim ar leith ar thapú acmhainneacht láithreán tearcúsáidte in úinéireacht phoiblí agus i suímh lárnacha, agus a n-acmhainneacht a ghníomhachtú ar mhaithe le borradh a chur faoin daonra agus faoi leibhéil aschuir eacnamaíoch na limistéar lárnach mar innill do na mór-réigiúin.
- Mar aon le straitéisí chun forbairt níos dlúithe a sheachadadh sna mórchathracha, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na nasc iompair idir na cathracha a fheabhsú, iad a chumasú chun feidhmiú i gcomhar, agus a gcuid buanna comhlántacha a shaothrú ionas go mbeidh níos mó den líonrú i gceist.
- Bearta tacaíochta d'fhorbairt chomhtháite na gcodanna is iargúlta den réigiún seo, limistéir tuaithe na leithinsí agus na mbailte ar an mbord farraige thiar go hairithe; infheistíocht leanúnach i réimse an iompair agus na cumarsáide, i bhfeidhmiú scéim náisiúnta leathanbhanda go háirithe agus pointí tarraingteachta a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh chun leas a bhaint as acmhainneacht thearcúsáidte i réimsí na turasóireachta agus na fiontraíochta áitiúla.
- Béim bhreise ar an bhforbairt a chomhdhlúthú in áiteanna a d'fhás go tapa le deich mbliana anuas nó mar sin toisc forbairtí tithíochta ar an mórchóir faoi thionchar na comaitéireachta; dul i ngnleic le ceist an tsoláthair saoráidí don phobal áitiúil agus conláistí in an-chuid de na bailte comaitéireachta níos mó le hinfheistíocht spriocdhírithe faoi Fhothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta ábhartha an CNP.
- Clár tosaíochtaí athnuachana réigiúnacha a ullmhú agus a chur chun feidhme chun seachadadh an Chiste Athnuachana agus Forbartha a mhúnlú agus bonn eolais a chur faoi, agus tosaíochtaí suntasacha athnuachana cathrach, baile tuaithe agus tuaithe a aithint a bhféadfaí tosú orthu láithreach bonn, faoina mbainfí leas as talamh agus sómhainní eile in úinéireacht phoiblí nach bhfuiltear á n-úsáid go gníomhach faoi láthair, ar nós iarláithreacha sláinte, míleata, iompair, agus eile agus acmhainneacht sócmhainní dá leithéid a chónascadh le tacaíocht ón bpobal agus ón earnáil phríobháideach agus phoiblí agus le hinfheistíocht ar mhaithe le hionaid uirbeacha agus áiteanna tuaithe a chlaochlú ar bhealach comhtháite.
- Pleanáil chomhtháite, bainistiú agus forbairt na limistéar trína ngabhann Slí an Atlantaigh Fhiáin, ar mhaithe le caighdeán agus ionracas an eispéiris chuartaíochta araon a uasmhéadú mar aon le sochar breise i dtéarmaí eacnamaíochta, do phobail tuaithe agus áitiúla go háirithe.
- Acmhainneacht an réigiúin a shaothrú ó thaobh fuinnimh in-athnuaite de fud fad speictream na teicneolaíochta, ó ghaoth agus grian go dtí bithmhais agus fuinneamh tonnta, agus díriú go háirithe ar na réimsí fairsinge limistéar bainte móna in úinéireacht phoiblí agus geilleagair áitiúla sna háiteanna sin a chumasú le haistriú bainistithe a dhéanamh agus na limistéir féin ag baint tairbhe eacnamaíoch as fuinneamh níos glaise.
- Líonra níos comhtháite glasbhealaí, gormbhealaí agus móinbhealaí a fhorbairt a thacóidh le héagsúlú na ngeilleagar tuaithe agus réigiúnach agus a chothóidh modhanna níos inbhuanaithe iompair mar aon le caitheamh aimsire trí ghníomhaíocht.



# CORCAIGH

## Cathair Chorcaí agus an Limistéar Ceannchathartha

**ruthaíonn Corcaigh go maith mar mhórionad uirbeach in Éirinn cheana féin agus tá an Chathair tar éis í féin a chur in iúl mar lárionad meánmhéide fáis agus nuála Eorpach atá ag teacht in inmhe. Chun cur le híomhá cheannchathartha na hÉireann a thuilleadh, tá sé ríthábhachtach tógáil ar an acmhainneacht sin.**

Chuige sin beidh fís uaillmhianach de dhíth ar Chorcaigh, agus timpeallacht inbhuanaithe uirbeach ina lár atá iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta. Is é sin, beidh tithíocht, iompar, conláistí agus córais fuinnimh le soláthar i gcomhthéacs dea-chleachtas Eorpach.

Ar na dúshláin is mó don fhás suntasach a bhaint amach agus réigiún ceannchathartha Chorcaí a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile tá, dul i ngleic le ceist dhaonra uirbeach na Cathrach: é ag meath san fhadtéarma. Tá fianaise dhearfa air i nDaonáireamh 2016 agus beidh sé tábhachtach i gcónaí daoine breise agus poist bhreise a mhealladh go dtí codanna reatha seanbhunaithe den Chathair.

Is den riachtanas é freisin bonn fostaíochta Chorcaí a fhás agus a éagsúlú. Is é sin, dálaí a chruthú chun nuálaithe cliste agus fiontraithe a mhealladh agus a choinneáil, agus a bheith inrochtana d'infheisteoirí.

Príomhghné den cheist sin, timpeallacht uirbeach feabhsaithe, ina mbeadh rogha tithíochta níos fearr agus caighdeán tithíochta níos fearr, ionaid fostaíochta nua, spásanna poiblí feabhsaithe agus iompar poiblí feabhsaithe chomh maith le roghanna sábháilte taitneamhacha don siúl agus don rothaíocht.

Tá sé tábhachtach an nascacht réigiúnach a fheabhsú freisin in éineacht le straitéisí fás uirbeach do Chorcaigh, Luimneach agus Port Láirge. Ba chóir go mbeadh na meánamanna turais sa km de bhóthar ó Chorcaigh go Luimneach, Port Láirge agus Gaillimh ar aon dul leo siúd ó Bhaile Átha Cliath. Faoi láthair bíonn na meánamanna turais sa km ó Chorcaigh suas le 30-40% níos moille sa km taistealta ná ó Bhaile Átha Cliath go dtí na Cathracha eile.

Maidir le Scéim Abhainn na Laoi um Maolú Tuilte a thabhairt i gcrích, caithfear aghaidh a thabhairt ar bhainistiú tuilte mar chuid d'aon straitéis fáis do Chorcaigh, go háirithe maidir le limistéir Chathrach in aice abhainn na Laoi.



## Ar na Príomhchumasóirí fáis do Chorcaigh amach anseo tá:

- Tionscadail athnuachana uaillmhianacha mórscála a sheachadadh chun fostaíocht nua, tithíocht agus bonneagar tacaíochta a sholáthar i gceantar na nDuganna i gCorcaigh (Duganna na Cathrach agus Tivoli) mar fhorbairtí comhtháite inbhuanaithe, agus dhá shuíomh 'Seveso' ó Dhuganna na Cathrach a athlonnú san áireamh;
- Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe limistéar úrnua tithíochta, ar chonairí iompair phoiblí go háirithe, ar nós an Mhóin Ard;
- Deiseanna a aithint d'inlíonadh agus athnuachan chun treisiú ar an bhforbairt tithíochta sa chathair istigh agus sna bruachbhailte istigh, le tacaíocht ón ríocht phoiblí agus ó thionscadail conláiste poiblí;
- Deiseanna feabhsaithe a chumasú do na pobail reatha, comhaimseartha leis an bhforbairt agus an éagsúlú, le tacaíocht fostaíochta, foghlama agus oideachais go háirithe;
- Páirc nua eolaíochta agus nuála a fhorbairt in iarthar na Cathrach, í inrochtaine le hiompar poiblí;
- Institiúidí Tríú Leibhéil na Cathrach le leanúint de bheith ag forbairt agus ag comhtháthú;
- Córas feabhsaithe iompair poiblí ar fud na Cathrach a fhorbairt agus mar chuid de, faoi réir anailís bhreise, tograí le haghaidh conair soir siar ó Mhachain trí Lár na Cathrach fad le Baile an Chollaigh agus conair thuaidh theas á nascadh leis an Aerfort;
- M8/N25/N40 Acomhal Dhún Citil a uasghrádú (ceadaithe) agus bealach feabhsaithe go dtí Calafort Rinn an Scidígh;
- Nascacht feabhsaithe réigiúnach de thoradh meánamanna níos fearr turais de bhóthar;
- Sruth tráchta níos fearr ar fud na Cathrach, a bhféadfadh, faoi réir measúnú, uasghrádú an N40 a bheith ina chuid de agus/nó roghanna a bhféadfaidh iompar poiblí feabhsaithe a bheith san áireamh iontu;
- Amanna níos fearr turas iarnróid go Baile Átha Cliath agus plé maidir le naisc feabhsaithe gréasán direach ar aghaidh;
- A áirithiú go bhfreastalófar ar na riachtanais soláthar uisce agus dramhuisce le tionscadail nua náisiúnta, chun go bhfeabhsófar soláthar uisce Chorcaí agus go méadófar an acmhainn cóireála dramhuisce;
- An inbhuanaitheacht a fheabhsú i dtéarmaí fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní agus uisce, téamh ceantair agus caomhnú uisce san áireamh.




## Cathair Luimnigh agus an Limistéar Ceannchathartha

Is é Luimneach an lárionad uirbeach is mó in Iarthar Láir na hÉireann,  le fócas ar dhobharcheantar íochtair na Sionainne. Tá Aerfort na Sionainne sa réigiún, mar aon le calafort agus saoráidí fuinnimh Inbhear na Sionainne, agus codanna teorantacha de Chontae an Chláir agus de Chontae Thiobraid Árann.

Mar lárionad réigiúnach atá suite leathbhealach idir Corcaigh agus Gaillimh ar Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh, tá nascacht mhaith aige le Baile Átha Cliath, agus tá d'acmhainneacht ag Luimneach a bheith ina fhócas suntasach d'fhás fostaíochta agus tithíochta, agus iad a ghiniúint.

Tá sé riachtanach do Luimneach a ionad a threisiú a thuilleadh mar phríomhfhócas sa Réigiún agus leanúint de bheith ag tabhairt aghaidh ar oidhreacht an fháis réigiúnaigh a tharla taobh amuigh de limistéar na Cathrach. Cuireadh sraith beart nuálach, praiticiúil agus institiúideach i bhfeidhm le blianta beaga anuas lena thabhairt i gcrích agus tá fianaise ann ar athrú chun feabhais ó thaobh fás an daonra de agus fás na fostaíochta.

Chuidigh Athnuachan Luimnigh, cónascadh Cathair agus Contae Luimnigh agus le déanaí, an tionscnamh Luimneach 2030; ba chuidiú iad ar fad chun acmhainn fáis Luimnigh a fheabhsú. Ach oibriú i gcomhair le hInstitiúidí Tríú Leibhéil na Cathrach, Aerfort na Sionainne agus comhlachtaí ar nós Forbairt na Sionna agus Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge, d'fhéadfaí tógáil ar na dea-thorthaí deireanacha agus cur leis an bhfís threallúsach do Luimneach.

Ní miste bonn fostaíochta na cathrach a fhás agus a éagsúlú, agus a thuilleadh daoine a mhealladh chun cónaithe sa Chathair, istigh i Lár na Cathrach agus i limistéir úrnua inrochtana. Is é sin, an rogha tithíochta a fheabhsú, le tacaíocht ó chonláistí agus bonneagar.

Caithfear dul i ngleic leis an nascacht réigiúnach freisin, go Corcaigh agus Port Láirge go háirithe agus ní miste na meánamanna turais sa km a fheabhsú.




## Ar na Príomhchumasóirí fáis do Luimneach amach anseo tá:

- Straitéis eacnamaíoch Luimneach 2030 a chur chun feidhme agus cóiríocht oifige nua-aimseartha i lár na cathrach a thógáil mar aon le sraith tionscadal claochlaitheach ríochta poiblí do lár na cathrach;
- Forbairt chomhlántach bhreise ar an bplean Luimneach 2030 agus bearta san áireamh chun athnuachan agus forbairt shuntasach chónaithe a spreagadh i lár na Cathrach, an ceantar Seoirseach san áireamh;
- Cur leis an rún sa phlean Luimneach 2030: Lár na Cathrach a leathadh i dtreo Duganna Luimnigh;
- Deiseanna inlíonta agus athnuachana a aithint chun treisiú ar fhorbairt tithíochta agus fostaíochta ar fud na limistéar bruachbhailteach istigh;
- Deiseanna feabhsaithe a chumasú do phobail reatha de réir mar a tharlaíonn forbairt agus éagsúlú, le tacaíocht fostaíochta, foghlama agus oideachais go háirithe;
- Forbairt inbhuanaithe limistéar úrnua tithíochta a bhrú chun cinn, agus bonneagar agus iompar poiblí tacaíochta a fhorbairt ag gabháil léi, ar nós mar atá i Mungairit;
- Leanúint d'fhorbairt institiúidí Tríú Leibhéil na Cathrach agus iad a chomhtháthú leis an mórchathair agus leis an réigiún;
- Líonra iompair phoiblí a sholáthar ar fud na Cathrach, agus rochtain fheabhsaithe ó Lar na Cathrach go dtí an Pháirc Teicneolaíochta Náisiunta, Ollscoil Luimnigh agus Aerfort na Sionainne;
- Líonra straitéiseach rotharbhealaí a fhorbairt ar a mbeidh bealaí suaitheanta ardacmhainne;
- Nascacht fheabhsaithe de bhóthar chuig Port na Sionainne agus Fhainge, seachbhóithre áitiúla san áireamh;
- Nascacht fheabhsaithe réigiúnach de thoradh meánamanna níos fearr turais de bhóthar go Corcaigh agus Port Láirge;
- A áirithiú go bhfreastalófar ar na riachtanais soláthar uisce agus dramhuisce le tionscadail nua náisiúnta, chun go bhfeabhsófar soláthar uisce Luimnigh agus go méadófar an acmhainn cóireála dramhuisce;
- An inbhuanaitheacht a fheabhsú i dtéarmaí fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní agus uisce, agus téamh ceantair agus caomhnú uisce san áireamh.

# PORT LÁIRGE




## Cathair Phort Láirge agus an Limistéar Cathrach

**Is é Port Láirge an príomhlárionad uirbeach in oirdheisceart na hÉireann agus tá sé uathúil sa mhéid go bhfuil líonra lárionad uirbeach réigiúnach mór láidir i ngar dá chéile i ngach ceann de na contaetha mórthimpeall a chomhlánaíonn ról Phort Láirge agus a chomhlíonann rólanna láidre réigiúnacha, rólanna eacnamaíocha áitiúla agus rólanna forbraíochta dá limistéir féin.**

Le comhdhéanamh uirbeach uathúil an oirdheiscirt agus an cuspóir Cathair Phort Láirge a bheith ina cathair réigiúnach scála, teastaíonn straitéis forbartha chomhaontaithe chun cur go suntasach le daonra Phort Láirge agus lena bhonn fostaíochta agus, san am chéanna, na lárionaid uirbeacha mórthimpeall a chumasú chun rólanna comhlántacha a chomhlíonadh.

Sa pheirspictíocht náisiúnta, dá mbeadh Cathair Phort Láirge níos láidre, bheadh sé ina threoraí ar fhorbairt an oirdheiscirt i gcoitinne, a rinne téarnamh eacnamaíoch níos moille ná an meán náisiúnta le blianta beaga anuas: tá ráta ard dífhostaíochta ann, deiseanna fostaíochta ar luach níos ísle agus níl an oiread sin cruthú fostaíochta ann.

Tá freastal maith ar an gCathair ó thaobh an mhótarbhealaigh de agus na naisc iarnróid go Baile Átha Cliath; ach tá naisc bhóthair níos fearr de dhíth go dtí mórlimistéir uirbeacha eile, Corcaigh agus Luimneach go háirithe, agus laistigh den réigiún freisin chuig bailte nach bhfreastalaíonn an mótarbhealach orthu. Déantar freastal ar Port Láirge agus ar réigiún an oirdheiscirt i gcoitinne le haerfort réigiúnach agus calafort Phort Láirge ag Belview agus Ros Láir-Europort, atá i ngar, go geografach, do pháirtithe trádála AE agus a mbeidh tábhacht leo i bhfreagra na hÉireann ar Brexit; tá Institiúid Teicneolaíochta ann freisin, le bheith ina cuid d'Ollscoil Teicneolaíochta.



An príomhdhúshlán do Phort Láirge, scála a thógáil agus an cháilíocht uirbeach a fheabhsú le fás faoi thionchar fostaíochta. Sa bhonn fostaíochta tá cógaisíocht, leigheas/teicneolaíocht agus innealtóireacht/ earnálacha ard-déantúsaíochta, chomh maith le fiontair dhúchais atá ag teacht in inmhe.


Tá d'acmhainn ann tógáil ar na buanna sin ar fad agus cur le tarraingteacht Phort Láirge mar chathair bheag, agus lena chaighdeán saoil.

San áireamh ansin tá, scéal a dhéanamh den nascacht mhaith feabhsaithe, go Baile Átha Cliath agus Corcaigh go háirithe.

D'fheilfeadh Port Láirge mar láthair d'fheidhmeanna tacaíochta freisin i réimsí ar nós seirbhísí airgeadais nó proifisiúnta arbh fhearr leo, b'fhéidir, limstéir uirbeacha níos mó a sheachaint. Agus is lárionad turasóireachta é atá ag teacht in inmhe, é lonnaithe ar an mbealach ó Ros Láir go Corcaigh agus ina cheannphointe don trácht cúrsála.

## Ar na Príomhchumasóirí fáis do Phort Láirge amach anseo tá:

- **Tionscadal athnuachana na gCéanna Thuaidh SDZ a sheachadadh ar mhaithe le forbairt chomhtháite inbhuanaithe mar aon le bonneagar tacaíochta, droichead coisithe nó droichead coisithe/iompair poiblí trasna na Siúire san áireamh;**
- **Deiseanna inlíonta agus athnuachana a aithint chun treisiú ar an bhforbairt tithíochta agus fostaíochta ar fud lár na cathrach agus na limistéir bhruachbhailteacha inmheánacha;**
- **Deiseanna feabhsaithe a chumasú do phobail reatha, de réir mar a tharlaíonn an fhorbairt agus an t-éagsúlú, le tacaíocht fostaíochta, foghlama agus oideachais go háirithe;**
- **Forbairt inbhuanaithe limistéar úrnua tithíochta a bhrú chun cinn, agus iompar poiblí agus bonneagar a fhorbairt ag gabháil léi;**
- **Tionscadail ríochta poiblí agus conláiste uirbeach, dírithe ar shráideanna agus spásanna poiblí, go háirithe i lár na cathrach agus sa limistéar uirbeach istigh ag tacú le dianfhorbairt ard-dlúis uirbeach;**
- **Institiúid Tríú Leibhéil na Cathrach a fhorbairt agus a leathnú agus a chomhtháthú leis an gCathair agus leis an réigiún;**
- **Iompar poiblí a fhorbairt ar fud na Cathrach mar aon le líonraí straitéiseacha rotharbhealaí;**
- **Glasbhealach na nDéise a shíneadh agus IT Phort Láirge a nascadh le Lár na Cathrach;**
- **Nascacht fheabhsaithe réigiúnach de thoradh meánamanna níos fearr turais de bhóthar go Corcaigh, Luimneach agus calafoirt laistigh den réigiún;**
- **A áirithiú go bhfreastalófar ar na riachtanais soláthar uisce agus dramhuisce le tionscadail nua náisiúnta, chun go bhfeabhsófar soláthar uisce Phort Láirge agus go méadófar an acmhainn cóireála dramhuisce;**
- **An inbhuanaitheacht a fheabhsú i dtéarmaí fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní agus uisce, téamh ceantair agus caomhnú uisce san áireamh.**



# 4 Áiteanna Uirbeacha Níos Téagartha a dhéanamh

## 4.1 An Fáth a bhfuil Tábhacht le hÁiteanna Uirbeacha

Leis na céadta bliain d'fhás agus d'athrú, tá an-éagsúlacht áiteanna uathúla in Éirinn agus iad dáilte go forleathan. Tairgeann ár gcuid cathracha, bailte agus sráidbhailte, ar gach scála, raon deiseanna don chaidreamh pobail agus sóisialta, d'acmhainn nuála agus séin agus tacaíochta, agus cumasaíonn siad a gcuid limistéar máguaird.

Tugann Fothorthaí Straitéiseacha Náisiúnta i gCaibidil 2 agus na Cuspóirí Beartas Náisiúnta i gCaibidil 2, Creat chun rogha áit chónaithe, oibre agus cuartaíochta a dhéanamh dár gcuid cathracha, bailte mór agus sráidbhailte, faoi 2040.

Dá réir sin, tá d'aidhm leis an gCreat seo cur le heispéireas daoine ar a bheith ag maireachtáil, ag oibriú agus ag dul ar chuairt chuig áiteanna uirbeacha in Éirinn. Trí bhíthin na ngníomhartha agus na mbeartas a leagtar amach thíos, caithfidh ár gcathracha, ár mbailte móra agus ár sráidbhailte éirí níos tarraingtí , 'níos inmhaireachtála', agus caighdeán saoil a thairiscint  a mbeidh níos mó daoine sásta roghnú sna blianta romhainn.



## Pobal

Is áiteanna tábhachtacha iad lonnaíochtaí uirbeacha chun earraí, seirbhísí agus smaointe a thrádáil, chun teacht ar eolas, chun foghlaim agus nuáil a dhéanamh, agus don riarachán, siamsaíocht, cúram sláinte agus adhradh. Tairgeann siad roghanna agus deiseanna chomh maith le nascacht agus eispéireas pobail.

Dá ainneoin sin ar fad, breathnaítear ar chodanna áirithe dár gcathracha agus bailte móra mar áiteanna míthaitneamhacha le cónaí iontu, agus agus samhlaítear nach bhfeileann siad ach amháin d'earnálacha áirithe den tsochaí nó do shaghsanna áirithe forbartha. I gcásanna eile, rinneadh rófhorbairt ar imeall cathracha agus bailte níos lú a bhí i bhfoisceacht achar comaitéireachta de lárionaid níos mó ionas nach raibh siad in ann ag an ráchairt agus ag an bplód daoine. Nuair a chuirtear an méid sin le chéile seans gur baineadh an bonn de chuid mhór dár n-ionaid uirbeacha.

Toisc fiúntas agus acmhainneacht ár gcuid cathracha, bailte móra agus sráidbhailte tá deiseanna ann dul ar mhalairt treo, go háirithe i gcomhthéacs pobail atá ag dul in aois, le teaghlaigh níos lú agus patrúin nua oibre agus stíleanna maireachtála. Sa chomhthéacs sin beidh breis tábhachta le hidirghníomhaíocht phobail agus tacaíocht agus rochtain ar raon seirbhísí. Dá réir sin is cuspóir de chuid Éire 2040 é:

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 4**

A áirithiú go gcruthófar áiteanna uirbeacha tarraingteacha, inmhaireachtála, ardchaighdeáin a gcónaíonn pobail éagsúlaithe comhtháite iontu a bhfuil comhtháite iontu a bhfuil ardchaighdeán saoil agus folláine acu.

## An Geilleagar/Rathaíocht

Tá an saghas comhfhorbartha a leagtar amach thuas fíor-riachtanach don rathúlacht eacnamaíoch freisin, de réir mar a leanann comhchruinniú as an domhandú.

Tugann treochtaí fostaíochta le fios gur réigiúin chathartha na pointí fócais d'infheistíocht ghluaisteach ar bhonn idirnáisiúnta Bíonn tóir ag seirbhísí ard-bhreisluacha ar limistéir uirbeacha den chuid is mó, agus bíonn cathracha in iomaíocht le chéile ar bhonn domhanda.

Dá réir sin i gcás an-chuid earnálacha, ach go háirithe na hearnálacha a bhfuil baint acu le geilleagar na faisnéise agus le forbairt eolais, is nós leo a bheith áit-sainiúil. Mealltar daoine ardoilte i dtreo a chéile, de réir mar a dhéanann gnólachtaí ceirtleánú sna margaí níos mó agus níos dlúithe agus níos oilte a fhaightear i limistéir uirbeacha.

De bhreis ar scála agus dlús bíonn an méid sin ag brath freisin ar áiteanna a bheith tarraingteach d'fhostaithe ardoilte, sruth réidh tallann áitiúil a bheith ann, mar aon le nuáil den saghas a shamhlaítear le hinstitiúidí taighde tríú leibhéil. Bíonn tábhacht leis an nascacht idirnáisiúnta freisin, nuair is toisc chriticiúil é an ghiorracht ama chun taisteal go dtí aerfort.

Bíonn an dáileadh níos scaipthe i gcás cuideachtaí a dhéanann trádáil ar an margadh baile agus lonnaíonn siad mar a mbíonn éileamh áitiúil/réigiúnach ar a gcuid seirbhísí, ach le tosca domhanda a bheith ag athrú caithfidh a leithéidí a bheith gasta freisin agus oiriúnú agus glacadh leis an nuáil go luath. Léiriú ar a thabhachtaí atá uas-sciliú agus foghlaim feadh saoil ar fud na réigiun, chomh maithe le tacú leis an speisialú earnála atá tagtha chun cinn in áiteanna éagsúla.

Nuair is toisc chriticiúil é nádúr áiteanna uirbeacha maidir leis an bhfás eacnamaíoch agus an fhorbairt réigiúnach, caithfimid a áirithiú go bhfuil raon áiteanna uirbeacha ardchaighdeáin ann ina roghnóidh daoine oibriú, cónaí agus infheistiú.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 5**

Cathracha agus bailte móra a fhorbairt ar scála agus ar chaighdeán sách mór le dul in iomaíocht ar bhonn idirnáisiúnta agus bheith ina n-innill fáis náisiúnta agus réigiúnach, infheistíochta agus rachmais.

## CÁS-STAIDÉAR

### Duganna Bhaile Átha Cliath



**Cruthaíodh Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath leis an Acht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath 1977 chun mórthionscadal athnuachana fisicí, sóisialta agus eacnamaíche a threorú i gcroílár Bhaile Átha Cliath.**

Bhí 520 heicteár faoin tionscadal, agus ina gcroílár, seanlimistéir dhuganna ina raibh 100 heicteár de dhrochthalamh - talamh tionscail dearóil, íseal-luach.

Sa limistéar taobh amuigh den chroílár sin bhí pobail éagsúla, thart ar 17,500 duine. Cé go raibh braistint láidir ghníomhach phobail ann, bhí dianfhadhbanna eacnmaíocha agus sóisialta sa limistéar.

D'athraigh Tionscadal na nDugthailte an limistéar as cuimse, ní hamháin trí mhórchéimeanna d'fhorbairt sealúchas úsáid mheasctha ach, mar gur tugadh rannpháirt don phobal aitiúil, cothaíodh agus infheistíodh in idirghabhálacha oideachasúla agus sóisialta eile.

Ceantar cathrach den scoth atá i gceantar Duganna Bhaile Átha Cliath anois agus sárshampla den athnuachan lárchathrach, agus cuireann sé go mór le rathúlacht shóisialta agus eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath agus na Éireann i gcoitinne.

## An Comhshaol

Ceann de na mórbhuntáistí le forbairt dhlúth uirbeach go laghdaíonn sé na drochiarmhairtí aran gcomhshaol:

- Laghdaítear ar an ngabháil talún, ionas go gcaomhnaítear talamh talmhaíochta agus gnáthóga;
- Baintear leas as an mbonneagar reatha, as foirgnimh agus láithreáin ionas nach gá taisteal i bhfad, rud a laghdaíonn an tomhailt fuinnimh agus astaíochtaí carbóin;
- Cuirtear le hinmharthanacht seirbhísí iompair poiblí; agus
- Feabhsaítear an tsláinte phoiblí trí stíleanna maireachtála níos gníomhaí a spreagadh agus a éascú le timpeallacht uirbeach níos insiúlta agus a thacaíonn le húsáid rothar.

Bíonn tionchar ag gach scála agus gach cineál áit uirbeach ar an limistéar mórthimpeall orthu, agus déantar iad a chomhtháthú lena gcúlchríoch sa mhéid is féidir. Téann an ghníomhaíocht sa cheantar i gcoitinne i bhfeidhm orthu, go háirithe i gcás lonnaíochtaí níos lú. Nuair a bhíonn siad i ngaireacht cathracha nó bailte móra féadann cuid díobh éirí comaitéir-fhócasaithe, ach in áiteanna eile bíonn deiseanna fiontraíochta in áit feidhmeanna traidisiúnta seirbhíse, iad bunaithe ar shócmhainní áitiúla, an nuáil agus caighdeán saoil, e.g. seirbhísiú ar earnáil acmhainne éiritheach nó conláiste nua turasóireachta ar nós glasbhealach, á thacú le nascacht fheabhsaithe.

Féadfaidh samhlacha inbhuanaithe d'fhorbairt uirbeach ardchaighdeán a sheachadadh agus na buntáistí agus na deiseanna a uasmhéadú a théann le fás níos cuimsí, bunaithe ar an daonra breise agus dlúithe na fostaíochta. Bíonn ardchaighdeán deartha criticiúil d'áiteanna tarraingteacha sainiúla. Féadann caighdeán na hailtireachta agus spásanna dea-dheartha cuidiú chun ár limistéir uirbeacha a fheabhsú agus ionaid inmhianaithe a chruthú ina mbíonn daoine ag iarraidh cónaí, a bheith ag obair nó a ghabháil ar cuairt chucu, agus cuireann siad le caighdeán leanúnach beatha agus folláine.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 6**

Cathracha, bailte agus sráidbhailte de gach cineál agus ar gach scála a athghiniúint agus a athnuachan mar shócmhainní timpeallachta, atá in ann glacadh le róil agus feidhmeanna atá ag athrú, le pobal cónaitheach agus gníomhaíocht fostaíochta atá ag dul i méid, le leibhéil feabhsaithe conláistí agus caighdeán deartha, agus a rachaidh i gcion ar na limistéir mórthimpeall ar bhealach inbhuanaithe tacaíochta.



# 4.2 Struchtúr Uirbeach na hÉireann

## Daonra

### Tugann Daonáireamh 2016 léiriú maith ar struchtúr uirbeach na hÉireann[21]:

- Sainmhíníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS/CSO) lonnaíocht ina bhfuil breis agus 1,500 duine mar lonnaíocht 'uirbeach'.
- In 2016, bhí 200 lonnaíocht uirbeach in Éirinn ina raibh 3 mhilliún duine ar fad, nó 63% de dhaonra na hÉireann.
- Is é an sainmhíniú ar 'cathair' arna chomhaontú ag AE/ECFE, lonnaíocht timpeall ar chroílár ina bhfuil daonra os cionn 50,000 duine.
- Sna cúig chathair, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge le chéile, mar aon lena gcuid gar-bhruachbhailte, bhí daonra thart ar 1.6 milliún duine, nó breis bheag agus trian (34%) de dhaonra na hÉireann.
- Beagnach trí cheathrú de na cónaitheoirí cathrach in Éirinn, is iad an 1.2 milliún duine iad a chónaíonn i mBaile Átha Cliath, nó an ceathrú cuid (25%) of den daonra.
- Taobh amuigh de na cúig chathair sin tá 1.4 milliún duine, nó 29% de dhaonra na hÉireann, a chónaíonn i mbailte agus i sráidbhailte ina bhfuil 1,500 duine, ar a laghad, nó níos mó.
- Bhí 41 Baile mór ann a raibh daonra 10,000 nó níos mó iontu, sin 16% de dhaonra na hÉireann.
- Tá daonra uirbeach na hÉireann níos mó ná mar a bhí riamh agus den chéad uair, tá díreach os cionn a leath, beagnach  2.4 milliún duine, ina gcónaí i gcathracha nó i mbailte móra ina bhfuil daonra 10,000 duine ar a laghad.
- Tá an struchtúr uirbeach i gcoitinne sách lag i gcónaí agus é dírithe ar Bhaile atha Cliath agus ar dheisceart agus oirthear na hÉireann. Is ionann daonra Bhaile Átha Clath mar shampla agus daonra na chéad 40 eile chathair agus baile mór le chéile.
- Sainmhíníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) lonnaíocht ina bhfuil níos lú ná 1,500 duine mar lonnaíocht 'tuaithe': .
- In 2016, bhí 37% de dhaonra na hÉireann ina gcónaí i lonnaíochtaí ina raibh níos lú ná 1,500 duine nó i dtithe aonair faoin tuath.



## Ról na Fostaíochta

Ní dhéantar ach struchtúr agus fostaíochta na hÉireann a mhíniú go pointe áirithe le Ról an Daonra Fostaíochta, nó go sonrach, baineann tábhacht leis na háiteanna a bhfuil poist lonnaithe chomh maith. Tá cion suntasach, nó níos mó ná leath de na bailte is mó in Éirinn a tomhaiseadh i dtéarmaí an daonra, lonnaithe laistigh de réigiúin Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Feidhmíonn lear mór dóibh sin mar lonnaíochtaí comaitéireachta den chuid is mó, agus tá daonraí móra cónaithe agus fostaíocht theoranta iontu.

Cé nach bhfuil mórán bailte móra i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe, bíonn níos mó feidhmeanna suntasacha fostaíochta agus seirbhíse de ghnáth i mbailte san Iarthuaisceart agus i limistéir eile lasmuigh de réigiúin na gcathracha níos mó i gcoibhneas lena ndobharcheantar réigiúnach agus áitiúil.

Tá roinnt cóimheas an-ard post leis an lucht oibre cónaithe22 i gcuid díobh, rud a chiallaíonn go bhfuil oibrithe á mealladh acu ó dhobharcheantar leathan. Tá sonraí do na lonnaíochtaí uirbeacha ar fad cuimsithe mar chuid d'Aguisín 2.

Is rud suntasach é go raibh, as 154 lonnaíocht san iomlán in Éirinn ina bhfuil níos lú ná 10,000 duine in 2016, daonra i 40 ceann díobh sin de níos mó ná 5,000, ach nach raibh níos mó ná 2,500 post in dhá cheann déag díobh. Ar thaobh amháin, tugann sé sin chun suntais an líon suíomhanna ina bhfeidhmíonn lonnaíochtaí níos lú, ar chúiseanna inrochtaineachta, fostaíochta agus seirbhísí áitiúla, róil thábhachtacha do limistéar níos leithne, a lán díobh mar bhailte contae, ach ar an taobh eile, cuidíonn sé le míniú a thabhairt ar an bhfáth gur tháinig laghdú nó stálú ar dhaonra na catagóire baile sin le blianta beaga anuas[23].

I líon inchomparáide lonnaíochtaí níos mó ina bhfuil níos mó ná 10,000 duine léirítear cóimheasa an-íseal post leis an lucht oibre cónaithe, ina raibh thart ar 2,500 post nó níos mó in 2016. Lonnaíochtaí comaitéireachta den chuid is mó is ea iad sin agus tugadh faoi leathnú cónaithe gasta i gcuid mór díobh le blianta beaga anuas. Tá an cineál sin forbartha bunaithe ar chomaitéireacht follasach mar an gcéanna maidir le cuid mhór bailte níos lú, atá suite laistigh de na réigiúin chathrach níos mó.

Tá catagóir ann chomh maith de bhaile níos mó go stairiúil, i Laighin den chuid is mó, inar tharla fás suntasach cónaithe bunaithe ar chomaitéireacht le linn na tréimhse céanna, ach níor tharla fás post iontu, mar gheall, go pointe áirithe, ar laghdú ar an bhfostaíocht thraidisiúnta bunaithe ar thionsclaíocht agus próiseas. Áirítear orthu sin, mar shampla, Baile Brigín, an Uaimh agus Port Laoise, na trí bhaile ba mhó fás in Éirinn idir 1996 agus 2016, áit ar tháinig fás gasta ar an daonra, gan na méaduithe comhionanna ar phoist.

I gcodarsnacht leis sin, tá roinnt lonnaíochtaí níos mó ar fud na hÉireann, i gcás go bhfuil na cóimheasa post leis an lucht oibre cónaithe fós ard, mar gheall ar chothromaíocht níos inbhuanaithe idir fás na fostaíochta agus an daonra. Bhí roinnt bailte níos mó ann chomh maith ina raibh cothromaíocht mhaith idir poist agus an daonra in 2016, ach go ginearálta bhí cóimheas níos lú oibrithe le poist iontu, mar gheall ar mheascán cúiseanna ó ghaireacht go hionaid níos mó fostaíochta, go caillteanas éigin ceirdeanna traidisiúnta.




# 4.3 Pleanáil i gcomhair Fáis Uirbigh na hÉireann

**Tugann nádúr uathúil agus casta struchtúr uirbeach na hÉireann le tuiscint go bhfuil gá le raon de straitéisí comhlántacha i gcomhthéacs pleanála i gcomhair fáis sa todhchaí. Chun forbairt níos cothroime agus inbhuanaithe a bhaint amach, beidh ar roinnt lonnaíochtaí daonra níos mó a tharraingt, agus beidh gá le níos mó post, áiseanna nó naisc iompair níos fearr i lonnaíochtaí eile.**

Beidh meascán díobh siúd ag teastáil i roinnt lonnaíochtaí, ach beidh cur chuige atá curtha in oiriúint dóibh féin ag teastáil iontu go léir, cur chuige ar féidir a nascadh mar is cuí le hinfheistíocht, tríd an gCiste náisiúnta um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe agus Uirbeach, a chuirfear i bhfeidhm mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta deich mbliana mar thacaíocht don Chreat seo:

- Chomh maith le díriú ar ról Bhaile Átha Cliath agus ar acmhainn mhór na gceithre chathrach eile i mBaile Átha Cliath is gá neartú a dhéanamh ar struchtúr uirbeach foriomlán na hÉireann, go háirithe san Iarthuaisceart;
- Tá gá le fás daonra a spreagadh i mbailte de gach méid ar ionaid láidre fostaíochta agus seirbhíse iad, áit a bhfuil acmhainn mhór um fás inbhuanaithe, agus é sin tacaithe ag fás na fostaíochta freisin;
- Tá gá leis an marbhántacht nó an dul i léig i go leor ionad uirbeach beag a chasadh thart, trí róil agus feidhmeanna nua a aithint agus a bhunú agus feabhas a chur ar bhonneagar agus áiseanna áitiúla;
- Tá gá le déileáil le hoidhreachta fáis thapa nach raibh pleanáilte i lonnaíochtaí comaitéara méadaithe de gach méid, chun gur féidir le háiseanna agus seirbhísí coimeád suas, chun fás post agus/nó naisc inbhuanaithe iompair chuig na cathracha a éascú, i dteannta le ráta i bhfad níos maille agus níos inbhuanaithe d'fhás daonra ná mar a tharla le blianta beaga anuas;
- I lonnaíochtaí níos neamhspleáiche de gach méid, ina bhfuil cothrom maith daoine agus post, tá gá le leanúint ar aghaidh le fás cothrom ar dhaonra agus fhostaíocht.



Mar sin tá sé mar chuspóir ag an gCreat Náisiúnta Pleanála:

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 7**

Cur chuige saincheaptha a chur i bhfeidhm ar fhorbairt uirbeach, a bheidh nasctha le hAthghiniúint Tuaithe agus Uirbeach agus leis an gCiste Forbartha, agus béim faoi leith curtha ar:

- Baile Átha Cliath;
- Na ceithre chathair Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge;
- Struchtúr uirbeach foriomlán na hÉireann a neartú, go háirithe sna Réigiúin Thuaidh agus Thiar agus Lár Tíre, agus na hionaid réigiúnacha Sligeach agus Leitir Ceanainn san Iarthuaisceart san áireamh, chomh maith le hÁth Luain sa Lár Tíre agus líonraí trasteorann dírithe ar an Tionscnamh um Gheatabhealach Thuaidh-Thiar ó Leitir Ceanainn-Doire agus Droichead Átha-Dún Dealgan-An Iúir ar chonair Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste;
- Fás daonra a spreagadh in ionaid láidre fhostaíochta agus seirbhíse de gach méid, agus é sin tacaithe ag fás ar fhostaíocht;
- An mharbhántacht nó an laghdú i go leor ionad uirbeach beag a chasadh thart, trí róil agus feidhmeanna nua a aithint agus a bhunú agus feabhas a chur ar bhonneagar agus áiseanna áitiúla;
- Déileáil le hoidhreachta fáis thapa nach raibh pleanáilte, chun gur féidir le háiseanna agus seirbhísí coimeád suas, chun poist agus/nó naisc inbhuanaithe iompair chuig na cathracha a éascú, i dteannta le ráta níos maille d'fhás daonra i lonnaíochtaí comaitéara de gach méid ata tar éis dul i méid le déanaí.
- I níos mó lonnaíochtaí de gach méid, chun go leanfaidh fás cothrom daonra agus fostaíochta ar aghaidh

## Cathracha na hÉireann

Mar ghné lárnach de straitéis an CNP chun trí réigiún na hÉireann a mhéadú, níos mó ionad inrochtana ar scála agus chun foirmeacha níos dlúithe agus inbhuanaithe a chinntiú fhorbairt a bheidh tacaithe ag infheistíocht spriocdhírithe, agus ag socruithe nua rialachais, beidh sé riachtanach leibhéil d'fhás airde a bheidh níos airde go comhréireach, a spreagadh i gcúig chathair na hÉireann.

Is í Baile Átha Cliath an chathair scála in Éirinn atá iomaíoch go domhanda agus leanann sí ar aghaidh ag spreagadh cuid mhór d'fhás na tíre ina hiomláine. Tá Corcaigh ag teacht chun cinn mar ionad scála idirnáisiúnta agus tá sé ar chumas aige cur le Baile Átha Cliath ach fás méadaithe agus é dírithe ar bhailte agus chathracha chun an ról sin a chomhlíonadh go hiomlán.

Mar sin ba cheart go mbeadh Cathair Bhaile Átha Cliath agus an ceantar bruachbhailteach díreach mórthimpeall ag pleanáil i gcomhair fáis ag ráta spriocdhírithe de dhíreach os cionn an mheáin náisiúnta tuartha go dtí 2040, i.e. faoi thart ar 20% go 25%[24]. Ba cheart go mbeadh an ráta fáis pleanáilte i gCathair Chorcaí agus sa cheantar idir dhá nó trí huaire an mheáin náisiúnta (50% go 60%), i gcaitheamh na tréimhse céanna.

Mar gheall ar scála Bhaile Átha Cliath, ciallaíonn sé sin pleanáil i gcomhair 235,000 níos mó duine ar a laghad sa Chathair agus sna bruachbhailte faoi 2040. Ciallaíonn an ráta fáis spriocdhírithe níos airde do Chorcaigh freisin go mbeidh gá le pleanáil i gcomhair líon mhóir i.e. 105,000 níos mó duine ar a laghad faoi 2040[25].

Tá ról tábhachtach ag na cathracha Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge freisin ó thaobh fás náisiúnta a bhrú agus is ionaid réigiúnacha lárnacha iad. Tá infheictheacht áirithe ag baint leo go léir agus tá gá acu le scála níos mó. Mar chuid de straitéis an Chreat Náisiúnta Pleanála chun forbairt na gCathracha sin a bhrostú agus iad a neartú, ba cheart go mbeadh na trí Chathair go léir ag pleanáil i gcomhair fáis faoi leath, i.e. 50% go 60%, ar a laghad, go dtí 2040[26].

## Cuspóir Beartais Náisiúnta 8

A chinntiú go bhfuil an patrún spriocdhírithe d'fhás daonra i gcathracha na hÉireann go 2040 de réir na spriocanna atá leagtha amach i dTábla 4.1.

**Tábla 4.1 | Éire 2040: Patrún Spriocdhírithe d'Fhás Daonra i gCathracha**

| Daonra Cathrach | Daonra 2016 | Fás Daonra go dtí 2040[27] | | Íosdhaonra Sprice 2040 |
|---|---|---|---|---|
| | | % Raon | Daoine | |
| **Baile Átha Cliath** - Cathair agus Bruachbhailte | 1,173,000 | 20-25% | 235,000 - 293,000 | 1,408,000 |
| **Corcaigh** - Cathair agus Bruachbhailte | 209,000 | 50-60% | 105,000 - 125,000 | 314,000 |
| **Luimneach** - Cathair agus Bruachbhailte | 94,000 | 50-60% | 47,000 - 56,000 | 141,000 |
| **Gaillimh** - Cathair agus Bruachbhailte | 80,000 | 50-60% | 40,000 - 48,000 | 120,000 |
| **Port Láirge** - Cathair agus Bruachbhailte | 54,000 | 50-60% | 27,000 - 32,000 | 81,000 |

## Bailte na hÉireann

Tá deis ann um fás féideartha i ngach baile in Éirinn. I gcomhthéacs an Chreat Náisiúnta Pleanála, beidh sé socraithe den chuid is mó ag an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch ábhartha do gach limistéar Tionóil Réigiúnach, agus ag tógáil san áireamh freisin acmhainn lonnaíochtaí agus ceantar tuaithe beag.

I gCuspóir 2b agus 7 an Bheartais Náisiúnta aithnítear róil lárnacha réigiúnacha Áth Luain sa Lár Tíre, Sligeach san Iarthuaisceart agus líonraí trasteorann Leitir Ceanainn go Doire agus Droichead Átha-Dún Dealgan-An Iúir beidh siad mar bhonn eolais le haghaidh na Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha ábhartha. Maidir lena mhéid is ceart do na bailte sin díriú ar fhás sa todhchaí socrófar é sin ar leibhéal réigiúnach i gcomhthéacs an Chreata seo.

Cé go mbeidh fás spriocdhírithe sna hionaid réigiúnacha agus sna bailte líonra chun tosaigh i gcomhthéacs réigiúnach, agus idir-réigiúnach i gcás Áth Luain, ní mór cothrom a bhaint amach idir é sin agus a bhfuil spriocdhírithe in áiteanna eile. I ngach cás, ní mór d'údaráis phleanála réigiúnacha agus áitiúla acmhainn éagsúil fáis na gcineálacha difriúla lonnaíochta a mheas i gcomhréir leis an gCuspóir Beartais Náisiúnta 7, chomh maith le ceantair tuaithe, agus straitéis a shaincheapadh chun cothrom a bhaint amach eatarthu dá réir sin. Ní mheastar go mbeidh gach baile, idir bailte móra agus beaga, ag díriú ar an leibhéal céanna fáis go dtí 2040 agus maidir le spriocanna arna socrú i gcomhréir leis an gCreat agus leis na Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha déanfar athbhreithniú orthu bunaithe ar fheidhmíocht, faoi 2027. Ach is féidir le agus ní mór do gach baile fás i gcaitheamh na tréimhse sin agus aithneofar cuid acu mar bhailte ag a bhfuil acmhainn do leibhéil fáis atá beagáinín níos airde ná an meán.

I ngach limistéar Tionóil Réigiúnach, áit a bhfuil sé beartaithe díriú ar fhás mór, i.e. ag ráta de 30% nó níos mó os cionn leibhéil daonra 2016 go dtí 2040, in aon socraíocht nach bhfuil aitheanta i mBeartas 2a ná i mBeartas 2b den Chreat seo, mar shampla, áit a ndéanfar infheistíocht mhór i bhfostaíocht nó i mbonneagar, déanfar sin ar bhonn comhaontaithe, agus é ar aon dul le hinfheistíocht i mbonneagar agus/nó i soláthar fostaíochta, i dteannta le háiseanna agus seirbhísí tacaíochta:



**Cuspóir Beartais Náisiúnta 9**

I ngach limistéar Tionóil Réigiúnaigh, maidir le lonnaíochtaí nach bhfuil aitheanta i mBeartas 2a nó 2b den Chreat seo, féadfar iad a aithint i gcomhair rátaí móra (i.e 30% os cionn na leibhéil daonra i 2016) d'fhás daonra ag na céimeanna pleanála réigiúnaí agus áitiúla, ar choinníoll go bhfuil sé sin faoi réir:

- leis an gComhaontú (tionól réigiúnach, ceantar cathrach agus/nó údarás áitiúil mar is cuí);
- Cothrom le straitéisí um cheantair uirbeacha agus tuaithe eile (tionól réigiúnach, ceantar cathrach agus/nó údarás áitiúil mar is cuí), a chiallaíonn nach mór go mbeadh iomláine an fhás daonra atá pleanáilte ag teacht leis an sprioc fhoriomlán um fás; agus
- Straitéis chomhordaithe trína gcinntítear go bhfuiltear ag teacht le hinfheistíocht i mbonneagar agus i soláthar na fostaíochta, chomh maith le háiseanna agus seirbhísí tacaíochta.

Cé go mbainfidh na comaoineacha pleanála thuas le gach ceantar uirbeach agus tuaithe, go ginearálta, tá an soláthar sonrach sin beartaithe chun déanamh cinnte maidir le lonnaíochtaí atá aitheanta um fás mór daonra, go mbeidh sé ar aon dul le soláthar fostaíochta agus/nó bonneagair agus áiseanna tacaíochta chun caighdeán maith beatha a chinntiú do chónaitheoirí an lae inniu agus na todhchaí

Sna Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha i gcomhair gach limistéar Tionóil Réigiúnaigh pléifear le hacmhainn na mbailte agus a gcuid abhantrach i dteannta le spriocanna fáis um chathracha agus cheantair tuaithe a mheas. Agus cur chuige spriocdhírithe á chur i bhfeidhm i dtreo forbartha uirbí, is féidir é sin a nascadh leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus Uirbeacha, i measc comaoineacha breise anuas ar CNB 7 beidh:

- A mhéid is atá lonnaíocht suite laistigh nó lasmuigh de cheann de na habhantracha sainithe Cathrach-Réigiúin agus gur féidir í a thréithriú mar dírithe ar chomaitéirí nó níos neamhspleáiche[28];
- Scála an soláthar fostaíochta agus glansreafaí comaitéireachta;
- Méid an soláthar seirbhísí agus áiseanna áitiúla i.e. riarachán, oideachas – go háirithe institiúidí ardoideachais, sláinte, fóillíocht agus miondíol;
- A mhéid agus is féidir turais a dhéanamh trí mhodhanna inbhuanaithe taistil i.e. siúl, rothaíocht nó iompar poiblí agus scála na hinfheistíochta pleanáilte iontu;
- Ráta agus luas na forbartha ó 1996-2016 agus a mhéid is a bhfuil riachtanais ann fós um bonneagar agus áiseanna;
- Inrochtaineacht agus tionchar i gcomhthéacs réigiúnach nó fo-réigiúnach;
- Idirspleáchais fho-réigiúnacha áirithe, mar shampla, an áit a bhféadfar lonnaíocht a shuíomh i ndáil le roinnt lonnaíochtaí in aice agus an deis um chomhar agus chomhlántacht;
- Teist feidhmíochta agus soláthair, chomh maith le huaillmhian agus tionscnamh agus deis chun infheistíocht a ghiaráil;
- Tiomantas chun dlúthfhás a bhaint amach.

# 4.4 Pleanáil i gcomhair Fáis ar Fhostaíocht Uirbeach

**Tá an patrún d'fhás uirbeach a bhfuil díriú air sa Chreat Náisiúnta Pleanála treoraithe ag daonra agus fostaíocht agus é aitheanta go dtarraingítear comhlachtaí agus forbairt fiontair chuig áiteanna uirbeacha ag fórsaí margaidh mar cheirtleán, imirce agus speisialú a bhraitheann ar fhachtóirí mar scála, inrochtaineacht, nuáil, agus iad tacaithe ag institiúidí ardoideachais agus caighdeán na beatha.**

Cé go bhfuil fás tuartha na fostaíochta in Éirinn go dtí 2040 mór, tá sé faoi réir ár n-acmhainne é a láimhseáil. Déanann fiontraíocht inbhuanaithe go maith i dtimpeallachtaí gnó tacúla a chuireann feabhas ar iomaíochas agus tháirgiúlacht le dea-bhonneagar tacaíochta. Freisin tá naisc ríthábhachtacha idir cáilíocht an déanamh áite uirbigh agus infheistíocht i ngnó/cruthú post. Tá déanamh áite aitheanta mar dhifreálaí lárnach in Enterprise 2025, Beartas Náisiúnta Fiontraíochta na hÉireann 2015-25.

Is í straitéis an CNP ná díriú ar chion mór d'fhás daonra i gCathracha na hÉireann, agus ag an am céanna féachaint chuig feabhas a chur ar bhonneagar agus áiseanna uirbeacha, ar oiriúnacht mar áit um chónaí/ chaighdeán beatha agus ar cháilíocht na timpeallachta tógtha. Leis an gcur chuige sin is é atá i gceist ná déanamh cinnte go leanfaidh muid ar aghaidh ag soláthar raon tarraingteach de dheiseanna fiontraíochta agus athrú ag teacht ar ghníomhaíocht agus earnálacha fostaíochta.

Ar scála uirbeach, i gcathracha agus i mbailte go ginearálta, tá sé tábhachtach áiteanna a aithint inar féidir le fiontair teacht ar thailte forbartha, fhóntais agus aonaid mhaoine gnó ar phraghsanna iomaíocha agus den chaighdeán is airde atá ar fáil go hidirnáisiúnta. Agus pleanáil á déanamh chun freastal ar fhás straitéiseach fostaíochta ar leibhéal réigiúnach, cathrach agus áitiúil ba cheart go dtógfaí san áireamh:

- Ionad reatha fostaíochta, dlús oibrithe, tógáil talún agus spleáchas acmhainne/bonneagair, ionaid bhaile, páirceanna gnó, eastáit tionscail agus fiontair shingile mhóra;
- Ionaid um méadú fiontar reatha;
- Ionaid um fiontair nua, bunaithe ar an méid daoine atá i gceist leo (i.e. fostaithe/custaiméirí), an méid spáis a úsáidtear (i.e. talamh), a mhéid is atá siad ceangailte le hacmhainní, is a mbraitheann siad ar fháil chineálacha éagsúla bonneagair (e.g. teileachumarsáid, cumhacht, uisce, bóithre, aerfort, port etc.) nó a mhéid is a mbraitheann siad ar fháil scileanna;
- Ionaid um aslonnú féideartha fiontar a d'fhéadfadh go mbeadh siad níos feiliúnaí d'ionaid mhalartacha agus áit a ndéanfadh aistriú den sórt sin, dá n-éascófaí é, talamh uirbeacha a scaoileadh le haghaidh cuspóirí níos éifeachtúlaí a bheadh chun tairbhe athghiniúint agus forbairt an cheantair uirbigh ina iomlán, go háirithe i gceantair chathrach agus i mbailte.

**Maidir le pleanáil i gcomhair freastail ar fhás straitéiseach na fostaíochta ar leibhéal réigiúnach, cathrach agus ba cheart an méid seo a leanas a thógáil san áireamh:**

**Ionad reatha fostaíochta, dlús oibrithe tógáil talún agus spleáchas ar acmhainn/bhonneagar,** lena n-áirítear ionaid bhaile, páirceanna gnó, eastáit tionscail agus fiontair shingile mhóra.

**Ionad um méadú** fiontar reatha.

**Ionaid um fiontair nua,** bunaithe ar an méid daoine atá i gceist leo (i.e. fostaithe/custaiméirí), an méid spáis a úsáidtear (i.e. talamh), a mhéid is atá siad ceangailte le hacmhainní, is a mbraitheann siad ar fháil chineálacha éagsúla bonneagair (e.g. teileachumarsáid, cumhacht, uisce, bóithre, aerfort, port etc.) nó a mhéid is a mbraitheann siad ar fháil scileanna.

**Ionaid um aslonnú féideartha fiontar** a d'fhéadfadh go mbeadh siad níos feiliúnaí d'ionaid mhalartacha agus áit a ndéanfadh aistriú den sórt sin, dá n-éascófaí é, talamh uirbeacha a scaoileadh le haghaidh cuspóirí níos éifeachtúlaí a bheadh chun tairbhe athghiniúint agus forbairt an cheantair uirbigh ina iomlán, go háirithe i gceantair chathrach agus i mbailte.

I dteannta leis na cúig chathair, tá deiseanna ann le haghaidh ceantar uirbeach eile agus go háirithe bailte dea-nasctha atá inrochtana d'abhantrach mór daonra agus/nó gur féidir leo dea-chaighdeán saoil a thairiscint, chun freastal ar fhás na fostaíochta.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 10a**

Aithneoidh Údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla ionaid um forbairt straitéiseach fostaíochta sna cathracha atá aitheanta i dTábla 4.1.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 10b**

Aithneoidh Údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla agus déanfaidh siad cainníochtú ar ionaid um forbairt straitéiseach fostaíochta, áit a n-oireann, i gceantair uirbeacha agus tuaithe go ginearálta.

Cé gur cheart fás ar phoist agus forbairt eacnamaíoch a mheas agus pleanáil lena n-aghaidh i bpleananna réigiúnacha agus áitiúla, is dóchúil go dtiocfaidh deiseanna nua gan choinne um forbairt fiontair chun cinn ar chúiseanna áirithe ionaid, mar acmhainní áitiúla, scileanna, sócmhainní, nuáil nó caighdeán na beatha. Ba cheart go mbeadh beartais réigiúnacha agus áitiúla pleanála bheith go leor chun na féidearthachtaí sin a thógáil san áireamh, chun tograí um forbairt fiontair a d'fhéadfadh teacht chun cinn a thógáil san áireamh, ar tograí iad dá bhfuil gnéithe spreagtha láidre san ionad nach bhfuil feidhm acu an oiread céanna in áiteanna eile.

Chun an cineál sin deise dinimiciúla atá treoraithe ag fostaíocht a thógáil san áireamh, agus déanamh cinnte ag an am céanna gur féidir í a ailíniú le soláthar tithíochta, bonneagair agus seirbhísí, ní mór an cur chuige i dtreo fhás daonra atá leagtha amach i NPO9 thuas a chur i bhfeidhm mar bheart leantach láithreach, agus é ar cóimhéid le scála na forbartha fiontair atá ag teacht chun cinn. Cuirfear ar bhonn foirmiúil é ag an leibhéal réigiúnach agus/nó áitiúil pleanála a luaithe agus is féidir.

## 4.5 Inlíonadh Uirbeach/ Athfhorbraíocht a bhaint amach

**Sa Chreat Náisiúnta Pleanála dírítear ar chion mór d'fhorbairt uirbeach sa todhchaí ar láithreáin inlíonta talún/athfhorbraíochta laistigh de lorg thógtha na gceantar uirbeach atá ann cheana. Baineann sé sin le gach scála lonnaíochta, ón gcathair is mó, go dtí an sráidbhaile is lú.**

Ciallaíonn sé sin níos mó daoine, post agus gníomhaíochta go ginearálta a spreagadh inár gcuid ceantar uirbeach reatha, seachas forbairt 'úrnua' go príomha agus teastaíonn athrú ar dhearcadh. Teastaíonn, ach go háirithe, forbairt dea-dheartha, ardchaighdeáin ar féidir níos mó daoine a spreagadh, agus níos mó post agus gníomhaíochta a chruthú i gcathracha, i mbailte agus sráidbhailte reatha. Tá an méid sin ar choinníoll go gcloíonn forbairt le caighdeáin chuí chun leibhéil fáis spriocdhírithe a bhaint amach. Freisin teastaíonn bainistíocht ghníomhach ar thalamh agus láithreáin i gceantair uirbeacha.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 11**

Chun riachtanais na forbartha uirbí a chomhlíonadh, beidh toimhde i bhfabhar forbartha ar féidir léi níos mó daoine a spreagadh agus níos mó post agus gníomhaíochta a chruthú i gcathracha, i mbailte agus sráidbhailte reatha, faoi réir na caighdeáin chuí phleanála a bheith comhlíonta ag forbairt agus fás spriocdhírithe a bhaint amach.

### Athnuachan agus Athbheochan

Gné atá ríthábhachtach chun an fhís sa CNP a bhaint amach ná cur chuige nua atá dírithe níos mó ar bheartas poiblí i dtreo sholáthar agus shuíomh forbartha amach anseo, lena n-áirítear tithíocht a mbeidh gá léi inár ngeilleagar agus inár sochaí sna deich mbliana atá romhainn agus ina dhiaidh.

Tá go leor ceantar inár gcuid cathracha, bailte agus sráidbhailte ina bhfuil tailte agus foirgnimh nach bhfuil forbartha nó nach mbaintear leas iomlán astu. Tá cion mór de na tailte sin faoi úinéireacht phoiblí, mar na ceantair mhóra lár cathrach a bhíodh ina ndugaí nó ina iostaí iarnróid nó ceantair mhóra eile in ionaid lárnacha (ina measc na láir chathrach Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge) agus ar chonairí iompair phoiblí nua oscailte ag tionscadail bhonneagair mar Línte Traschathrach an Luais i mBaile Átha Cliath.

Tá an Rialtas tiomanta chun méadaithe mhóir ar an gclár tithíochta poiblí, agus 40,000 teach nua le bheith curtha ar fáil go dtí 2021 agus 72,000 teach eile go dtí 2027 faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

Bainfear úsáid as an infheistíocht i dtithíocht phoiblí ar thailte údaráis áitiúil agus ar thailte níos leithne an Stáit, ar leibhéal amháin chun athnuachan agus athbheochan a bhrú, agus freastal déanta ar riachtanais daoine i bhfad níos gaire d'iompar, do sheirbhísí agus d'áiseanna reatha, seachas síneadh amach i gcónaí, agus ní mór bonneagar tacaíochta a sholáthar ó bhonn.

Ag am nuair is mian le go leor daoine, a bhfuil ina measc iad siúd atá ag saothrú meánioncam, bheith ina gcónaí gar don áit ina bhfuil siad ag obair agus do na seirbhísí agus na háiseanna is gá chun taitneamh a bhaint as dea-chaighdeán beatha, bíonn sé deacair dóibh mar go bhfuil an margadh tithíochta uirbí srianta. Ní mór tithe níos inacmhainne a sholáthar inár gcuid ceantar uirbeach mar chuid de chruthú pobal tionachta measctha.

Trí hinfheistíocht spriocdhírithe PFN i mbonneagar agus seirbhísí a chumasú ar láithreáin faoi úinéireacht phoiblí, giaráil a dhéanamh ar luach talún chun forbairtí tionachta measctha a sholáthar agus solúbthacht a thabhairt maidir le dearadh agus déine, inár gcuid lár uirbeach ach go háirithe, is féidir linn tógáil níos costéifeachtaí a éascú chomh maith le rogha leathan tithe atá dírithe ar cheannaitheoirí céaduaire, laistigh d'fhorbairtí tithíochta nua agus d'athfhorbairt ar cheantair ina bhfuil go leor tógála déanta.

Is gá déanamh cinnte gur féidir le beartas poiblí tionchar díreach a imirt ar fhorbairt straitéiseach tithíochta ar son leas an phobail. Chun é sin a dhéanamh, cuirfidh an Rialtas bearta i bhfeidhm chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar sholáthar talún forbartha, chun riachtanais talún tithíochta a chomhlíonadh, brú ar chostais talún tógála agus tithíochta a mhaolú agus chun gnóthachain i luach talún ón bpróiseas forbartha a ghabháil le hinfheistiú i mbonneagar poiblí riachtanach.

Tá scéalta ratha suntasacha ann faoi athnuachan agus athbheochan uirbeach in Éirinn. I nDugthailte Bhaile Átha Cliath, a bhíodh i measc na n-áiteanna sa Chathair ba mhó a bhí faoi mhíbhuntáiste agus a raibh drochbhail uirthi inniu tá na mílte duine ina gcónaí agus ag obair i gceantar tarraingteach agus inmhianaithe a ndearnadh athnuachan air de réir caighdeáin den chéad scoth. Tá go leor samplaí maithe eile d'athnuachan uirbeach, baile, sráidbhaile agus tuaithe.

Agus muid ag foghlaim ón rath san am atá thart, bunóidh an Rialtas Gníomhaireacht Náisiúnta Athnuachana agus Forbartha, agus é mar shainchúram uirthi:

- Oibriú le húdaráis áitiúla, le comhlachtaí poiblí eile agus le ranna agus gníomhaireachtaí caiteachais chaipitiúil;
- Comhordú a dhéanamh ar an úsáid is fearr tailte poiblí agus í a bhaint amach;
- Comhordú a dhéanamh ar an infheistíocht a theastaíonn laistigh de na clúdaigh chaipitil a cuireadh ar fáil in Éire 2040 - An Plean Náisiúnta Forbartha agus an infheistíocht sin a bhaint amach;
- Athnuachan ceantar straitéiseach a spreagadh, ar ceantair iad nach bhfuil leas iomlán á bhaint astu, (e.g. trí CPO agus dhreasachtaí eile) ó chathracha agus bhailte móra go scála níos lú i mbailte agus sráidbhailte tuaithe.

Mar chuid de na bearta chun athfhorbraíocht a chur chun cinn, déanfaidh an Rialtas machnamh ar an gceist faoi conas tailte Stáit a chur ar fáil do chomhlacht den sórt sin chun a ról forbartha a spreagadh, agus reachtaíocht a dhéanamh i gcomhair cumhachtaí feabhsaithe um cheannach éigeantach láithreán faoi úinéireacht phoiblí, chun cinntiú gur féidir athstruchtúrú fisiceach agus athrú ó bhonn tarlú níos tapa agus níos éifeachtaí sna háiteanna is mó ina bhfuil gá le hathnuachan.



### Cuspóir Beartais Náisiúnta 12

Bunóidh an Rialtas Gníomhaireacht Náisiúnta Athnuachana agus Forbartha chun oibriú le húdaráis áitiúla, le comhlachtaí poiblí eile agus le ranna agus gníomhaireachtaí caiteachais chaipitil chun an úsáid is fearr tailte poiblí a chomhordú agus a bhaint amach, chomh maith leis an infheistíocht a theastaíonn laistigh de na clúdaigh chaipitil atá curtha ar fáil sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus athnuachan ceantar straitéiseach a spreagadh, ar ceantair iad nach bhfuil leas iomlán á bhaint astu. Déanfaidh an Rialtas machnamh ar an gceist faoi conas is fearr tailte Stáit a chur ar fáil do chomhlacht den sórt sin chun a ról forbartha a spreagadh, agus reachtaíocht a dhéanamh i gcomhair cumhachtaí feabhsaithe um cheannach éigeantach phoiblí, chun cinntiú gur féidir le hathstruchtúrú fisiceach agus le hathrú ó bhonn tarlú níos tapa agus níos éifeachtaí sna háiteanna is mó ina bhfuil gá le hathnuachan.

## Tionscadal Taispeántais um Athnuachan agus Forbairt - Port Laoise

**I mbailte ar nós Phort Laoise tharla méadú an-tapa i gceantair tithíochta nua agus in ionaid mhiondíola laistigh de lár traidisiúnta an bhaile i rith na 2000í luatha. Cosúil le go leor bailte eile inar tharla tréimhsí fáis den saghas céanna, tá codarsnacht shuntasach idir an cineál forbartha a tharla i lár stairiúil an bhaile agus an fhorbairt a tharla sna cuarbhóithre mórthimpeall agus sna háiteanna páirceála imeallacha.**

**I mbailte agus i sráidbhailte réigiúnacha agus tuaithe tá go leor deiseanna aghaidh a thart ar na fadhbanna oidhreachta sin agus malairt ratha a bhaint amach dóibh. Anois is gá béim mhór a chur ar athnuachan ceantar tosaigh láir bhaile agus príomhshráide agus an chaoi a mbaineann siad leis an mbaile méadaithe, agus é mar aidhm áiteanna níos tarraingtí, níos inmhianaithe a chruthú, ar mian le daoine cónaí iontu agus am a chaitheamh iontu le haghaidh oibre, siopadóireachta nó caithimh aimsire.**

**Cuirfear tús le Tionscadal Taispeántais faoi thionscnamh um dhearadh agus athnuachan uirbeach faoi stiúir an phobail. Agus infheistíocht acu ón gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach agus ón bpobal níos leithne agus ó ghnóthais áitiúla, cruthóidh agus bainfidh amach an Ghníomhaireacht Náisiúnta Athnuachana agus Forbartha fís nua um lár Phort Laoise, chun taispeáint conas is féidir leis an bpleanáil, leis an dearadh uirbeach agus an cur i bhfeidhm is fearr bailte athbheoite a chruthú. Cuirfear béim faoi leith ar athnuachan féinchothaithe faoi stiúir an phobail.**

## Caighdeáin Deartha Bunaithe ar Fheidhmíocht

Tá dúshlán níos mó i gceist le forbairt inlíonta agus le hathfhorbraíocht a bhaint amach i gcomparáid le forbairt úrnua ar chúiseanna éagsúla, a bhfuil ina measc bainistíocht talún agus freisin an dúshlán a bhaineann le himeascadh le pobail atá ann cheana, a d'fhéadfadh gurbh fhearr leo go gcoimeádfaí cúrsaí mar atá, fiú dá gciallódh sé sin go laghdófaí deiseanna um athnuachan agus go ndéanfaí méadú uirbeach a bhrú amach.

Chun athfhorbraíocht a chumasú, ní mór go mbeadh beartais agus caighdeáin phleanála solúbtha, agus go ndíreofaí ar thorthaí treoraithe ag dearadh agus bunaithe ar fheidhmíocht, seachas dearbhriachtanais a shonrú i ngach cás. Cé go bhfuil gá leo uaireanta chun cosaint ar dhearadh droch-chaighdeáin, ba cheart caighdeáin phleanála a chur i bhfeidhm go solúbtha mar fhreagairt ar thograí forbartha dea-dheartha ar féidir leo cuspóirí inlíonta uirbigh agus athfhorbraíochta a bhaint amach i lonnaíochtaí de gach méid. Is é an fáth leis sin ná an fhíric a aithint gur ceapadh go leor caighdeán reatha um pleanáil uirbeach le haghaidh láithreán forbartha úrnua agus nach féidir leo na sraitheanna castachta a thógáil san áireamh atá tagtha chun cinn i gceantair reatha ina bhfuil go leor tógála déanta.

Go háirithe, d'fhéadfadh nach mbeadh feidhm ag srianta áirithe ar airde foirgnimh ná caighdeáin uilíocha um pháirceáil nó méid gairdín i ngach cás i gceantair uirbeacha agus ba cheart critéir bunaithe ar fheidhmíocht a chur ina n-áit, ar critéir iad a bheadh oiriúnach d'ionad ginearálta e.g. lár cathrach/baile, mol iompair phoiblí, bruachbhaile istigh, conair iompair phoiblí, bruachbhaile amuigh, baile, sráidbhaile etc.

Trí chur chuige níos dinimiciúla bunaithe ar fheidhmíocht i dtreo chineál ionaid uirbigh beifear in ann leibhéal an tseirbhís iompair phoiblí a fheabhsú de réir mar a tharlóidh níos mó forbartha agus vice-versa. Freisin go ginearálta ba cheart nach mbeadh aon riachtanas páirceála ag gabháil le forbairt nua i láir na gcúig chathrach nó in aice leo, agus go laghdófaí go mór an riachtanas i mbruachbhailte isteach na gcúig chathrach.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 13

I gceantair uirbeacha, beidh caighdeáin phleanála agus ghaolmhara, go háirithe iad siúd um airde foirgnimh agus pháirceáil bunaithe ar chritéir fheidhmíochta a fhéachann chuig torthaí dea-dheartha ardchaighdeáin a bhaint amach ar mhaithe le fás spriocdhírithe. Beidh na caighdeáin sin faoi réir raon lamháltais a cheadóidh roghanna malartacha a mholadh chun torthaí sonraithe a bhaint amach, ar choinníoll nach dtagtar salach

Cuirfear an cur chuige níos dinimiciúla sin i bhfeidhm ar úsáid talaimh uirbigh freisin, áit a bhféadfadh go mbeadh carachtar reatha úsáid talún faoi réir athraithe. Ba cheart go ginearálta go mbeadh sé sin mar chuid den cheantar nó den mháistirphlean foriomlán agus/nó go mbeadh sé oiriúnach le cur i bhfeidhm ar bhonn incriminteach.



# 5 Pleanáil i gcomhair Áiteanna Tuaithe Éagsúla

## 5.1 An Fáth go bhfuil Áiteanna Tuaithe Tábhachtach

Cuireann ceantair tuaithe go mór le haitheantas na hÉireann agus le forbairt náisiúnta fhoriomlán ó thaobh an gheilleagair, na sochaí, an chultúir agus an chomhshaoil.

Tá cuid mhór d'acmhainní nádúrtha, de bhithéagsúlacht, de cháilíochtaí comhshaoil agus de thírdhreach na hÉireann i réigiúin Ghaeltachta na hÉireann agus sna hoileáin amach ón gcósta a bhfuil cónaí iontu agus cuireann siad ar bhealach uathúil le cultúr na hÉireann. Tá cónaí ar níos mó ná trian de mhuintir na hÉireann lasmuigh de chathracha agus bhailte agus méadaítear an cion sin go leath den daonra, má thógtar san áireamh bailte beaga agus sráidbhailte.

Freisin is áit spéise iad ceantair tuaithe le haghaidh oibre agus gníomhaíochtaí caithimh aimsire. Fostaíonn na hearnálacha agraibhia agus agraithurasóireachta, atá tábhachtach ach go háirithe do gheilleagair tuaithe, níos mó ná 363,000 duine (18% den fhórsa oibre náisiúnta). Bhí dúshláin le sárú ag Tuath na hÉireann le blianta beaga anuas, ar nós chailliúint tionscal traidisiúnta agus fostaíochta, imirce agus drochnaisc. Le teacht chun cinn teicneolaíochtaí nua agus feabhas ar nascacht idirchultúrtha tugtar deiseanna um éagsúlú isteach in earnálacha fostaíochta nua chomh maith le deiseanna chun cur le rath go leor cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus eachtrach a thacaíonn le fostaíocht i gceantair tuaithe.

Dá réir sin, agus é ag cur le beartas an Rialtais agus le Plean Gníomhaíochta 2017 um Forbairt Tuaithe, cuirfear béim mhór sa Chreat Náisiúnta Pleanála ar cheantair tuaithe maidir le:

- Tacú le creatlach tuaithe na hÉireann agus tacú leis na pobail a bhfuil cónaí orthu inti;
- Pleanáil i gcomhair fhás agus fhorbairt ceantar tuaithe sa todhchaí, lena n-áirítear déileáil le meath, agus béim speisialta curtha ar leas a bhaint as an deis um athnuachan agus forbairt bailte agus sráidbhailte beaga;
- Beartais phleanála agus infheistíochta a chur i bhfeidhm chun tacú le cruthú post sa gheilleagar tuaithe;
- Aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa nascacht;
- Comhordú níos fearr ar chláir infheistíochta reatha a bpléann le cuimsiú sóisialta, le forbairt tuaithe agus le hathnuachan bailte agus sráidbhailte.



Tá ceangal láidir ag daoine in Éirinn le ceantair tuaithe ar chúiseanna éagsúla. Do chuid acu, is í an áit inar roghnaigh siad bheith ag obair agus ina gcónaí, áit ina bhfuil ní hamháin baile á chur ar fáil ag an talamh ach ioncam chomh maith.

## 5.2 Creatlach Tuaithe na hÉireann a neartú agus Tacú le Pobail Tuaithe

**Tá ceangal láidir ag daoine in Éirinn le ceantair tuaithe ar chúiseanna éagsúla. Do chuid acu, is í an áit inar roghnaigh siad bheith ag obair agus ina gcónaí, áit ina bhfuil ní hamháin baile á chur ar fáil ag an talamh ach ioncam chomh maith.**

Tá go leor samplaí ann de phobail tuaithe bhríomhara ar fud na hÉireann, i mbailte, sráidbhailte agus sa tuaithe agus ar ár gcuid oileán chomh maith. Tá difríochtaí soiléire idir na cineálacha ceantar tuaithe agus pobal tuaithe, mar scála, inrochtaineacht, tionchar ionad uirbeach in aice, sócmhainní acmhainne nádúrtha agus rochtain ar bhonneagar agus sheirbhísí.

Inár gcuid oileán agus ceantar cósta tá cuid dár bpobail is bríomhaire agus is sainiúla ó thaobh cultúir, agus an chuid is mó dár gcuid oileán suite amach ó imeallbhord thiar na gContaetha Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí agus Corcaigh. Is dlúthchuid iad d'oidhreacht na hÉireann agus tábhacht speisialta ag gabháil leo i gcultúr na hÉireann.

Cé go bhfuil na céadta oileán beag amach ó chósta na hÉireann, ní thacaíonn ach ceathracha oileán, oileáin Ghaeltachta den[29] chuid is mó, le daonraí lonnaithe. Mar thoradh ar a n-ionad, braitheann siad go mór ar thurasóireacht, thalmhaíocht agus iascaireacht ach ag an am céanna tá siad oilte sa neamhspleáchas agus tá mothú láidir féiniúlachta acu.

Tá go leor dul chun cinn déanta maidir le rochtain shábháilte agus rialta ar na hoileáin amach ón gcósta le blianta beaga anuas trí sheirbhísí farantóireachta paisinéara agus lasta nó áiseanna cé agus tuirlingthe atá nua nó uasghrádaithe go mór. Tacaíonn an infheistíocht chaipitiúil sin, i mbonneagar agus seirbhísí araon, fós le hinbhuanaitheacht phobail oileáin.

Tá pobail tuaithe ag tabhairt aghaidhe ar dhúshláin chomh maith, áfach. I measc na ndúshlán sin tá brú a thagann ó áiteanna uirbeacha i roinnt áiteanna, daonra atá ag dul i léig agus ag dul in aois, struchtúr an gheilleagair agus easpa rochtana ar bhonneagar ardchaighdeáin agus theicneolaíochtaí nua, in áiteanna eile. Mar fhreagra ar chuid de na dúshláin sin, sa Phlean Gníomhaíochta um Forbairt Tuaithe leagtar amach cur chuige an Rialtais i dtreo áiteanna tuaithe in Éirinn chun gur féidir leo fás agus athrú trí bhearta tacúla a spreagann nuáil agus a chuireann le buanna reatha pobal tuaithe in Éirinn.

Mar a cuireadh béim air sa Phlean um Forbairt Tuaithe, is féidir le bearta agus tionscnaimh chun feabhas a chur ar nascacht iompair agus ar sheirbhísí iompair tuaithe tionchar dearfach a imirt ar an bpobal tuaithe, go háirithe do shaoránaigh bhreacaosta a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta. An tiomantas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas iompair tuaithe chun déanamh cinnte go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais pobal tuaithe, mar chuid d'athbhreithniú níos leithne ar bheartas iompair phoiblí, agus plé leanúnach le pobail tuaithe chun measúnú agus feabhas a chur ar bhealaí iompair tuaithe reatha agus bealaí nua a fhorbairt a neartóidh níos mó agus a thacóidh níos mó leis na pobail sin.

Oibríonn pobail tuaithe, agus go háirithe iad siúd atá ag gabháil don fheirmeoireacht, mar chaomhnóirí an tírdhreacha trí thabhairt faoi bhainistíocht talún talmhaíochta ag scálaí éagsúla. Is é an chaoi a bhfuil inmharthanacht go leor ghabháltais talún anois, áfach, ná go bhfuil thart ar leath de theaghlaigh fheirme ag brath ar fhostaíocht lasmuigh den fheirm, agus cuid mhór di dírithe ar lonnaíochtaí uirbeacha. Tá bealaí úsáide malartacha talún mar fhoraoiseacht agus forbairt bainteach le fuinneamh inathnuaite ag éirí níos coitianta freisin.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 14**

Mothú áite a chosaint agus a chur chun cinn chomh maith le cáilíocht, carachtar agus sainiúlacht thírdhreach tuaithe na hÉireann a chiallaíonn go bhfuil áiteanna tuaithe na hÉireann barántúil agus tarraingteach mar áiteanna um chónaí, obair agus chuairt. Tacóidh an Plean Gníomhaíochta um Forbairt Tuaithe leis an gcuspóir sin suas go 2020; ina dhiaidh sin déanfar athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta chun cinntiú go bhfuil sé fós ag teacht agus i gcomhréir le Cuspóirí Beartais Náisiúnta an Chreata seo.

## CÁS-STAIDÉAR

### Connemara West - Leitir Fraic



Bunaithe i Leitir Fraic, Contae na Gaillimhe ó bhí 1971 ann, is é atá i Connemara West plc ná eagraíocht um forbairt pobail tuaithe a bhfuil tionscnaimh agus samhaltacha nuálacha um forbairt tuaithe cruthaithe agus curtha ar fáil aige trína ndírítear ar thodhchaí inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha do Chonamara Thiar Thuaidh.

Ó bhí 2010, tá Connemara West plc chun tosaigh i samhail forbartha uathúil ata treoraithe ag an oideachas, mar chuid dá straitéis fhorbartha fhoriomlán don réigiún ina ndírítear ar an earnáil neamhspleách staidéir thar lear.

Leis an tsamhail sin méadaítear líon iomlán na gcoláistí agus na mac léinn as na Stáit Aontaithe a dhéanann staidéar thar lear in Éirinn. Cuirtear cleachtais oideachais ardtionchair ar fáil don choláiste ar cuairt trí leas a bhaint as comhpháirtíochtaí áitiúla chun deiseanna um foghlaim intéirneachta, taighde agus seirbhíse a chur ar fáil le heagraíochtaí áitiúla éagsúla.

Idir na blianta 2010 agus 2017 tá méadú faoi sheacht tagtha ar líon na gcoláistí as na Stáit Aontaithe atá ag tabhairt cuairte ar Leitir Fraic tríd an tsamhail fhorbartha sin. Ligeann an tsamhail seo do phobail tuaithe áitiúla rochtain a fháil ar shaineolas, chumais agus sheirbhísí tríú-leibhéal as na Stáit Aontaithe ina gcuid pobal féin, ar saineolas é ar féidir leis cur le próisis agus torthaí forbartha áitiúla.

Fostaíonn plc Connemara West 29 nduine go díreach ar a champas i Leitir Fraic agus nuair a thógtar san áireamh na heagraíochtaí eile ar chabhraigh sé lena gcruthú nó ar thug sé cuireadh dóibh chuig a champas, tá níos mó ná 140 duine eile fostaithe ar an láithreán. Tá torthaí eacnamaíocha móra le baint ag an bpobal ó ghníomhaíochtaí Conemara West. Sa bhreis air sin, chuir tionchar ghníomhaíochtaí Connemara West ar fhorbairt áitiúil acmhainne agus muiníne chun straitéisí nua a cheapadh don fhorbairt áitiúil le tacú le dianseasmhacht agus forbairt an phobail.

# 5.3 Pleanáil i gcomhair Fhás agus Fhorbairt na gCeantar Tuaithe sa Todhchaí

**Níl gach ceantar tuaithe ná gach pobal atá mar chreatlach na tuaithe in Éirinn díreach mar an gcéanna. Tá ceantair tuaithe difriúil leis na ceantair uirbeacha agus ceantair uirbeacha amuigh inár gcuid bailte agus cathracha. Mar thoradh air, is gá cur chuige difriúil a ghlacadh iontu i dtreo forbartha uirbí nó bruachbhailtí.**

Léiríonn na difríochtaí spásúla, sóisialta agus eacnamaíocha idir ceantair tuaithe an fhíric gur gnách go mbíonn ceantair tuaithe láidre suite in áit atá buntáisteach ó thaobh suímh gheografaigh, agus freisin go mbíonn an caipiteal daonna agus sóisialta acu chun déileáil lena gcuid riachtanas agus freagairt go héifeachtach do dheiseanna agus straitéisí nua a thagann chun cinn. Feidhmíonn ceantair tuaithe ar fud na hÉireann i bhfad thar a gcuid abhantrach díreach agus tá idirghaol láidir acu le bailte agus sráidbhailte in aice leo, thar theorainneacha contae ná réigiúnacha de ghnáth.

Sainíonn an Phríomhoifig Staidrimh (POS) ceantair tuaithe na ceantair lasmuigh de lonnaíochtaí ina bhfuil daonra de 1,500 duine nó níos mó. Cuimsíonn sé sin lonnaíochtaí beaga ina bhfuil níos lú ná 1,500 duine, áit a bhfuil cónaí ar thart ar 20% de dhaonra ceantar tuaithe[30], agus teaghaisí aonair faoin tuath, a rinne suas, i dteannta a chéile, thart ar 37% den daonra i 2016[31]. Léiríonn sé sin patrún lonnaíochta stairiúil na hÉireann faoin tuath agus i sráidbhailte.

Tá go leor bailte agus sráidbhailte, áfach, ina bhfuil daonraí de níos mó 1,500 duine atá ríthábhachtach chun pobail tuaithe inmharthana a chothú agus nach bhfeidhmíonn neamhspleách ón gceantar tuaithe mórthimpeall orthu. Agus pleanáil á déanamh i gcomhair fhás agus fhorbairt chomhtháite na gceantar tuaithe, d'fhéadfadh go mbeadh lonnaíochtaí ina bhfuil daonra de 10,000 duine nó níos lú, incháilithe le haghaidh infheistíochta faoin gCiste um Athnuachan agus Fhorbairt Tuaithe nó Uirbeach, faoi réir nádúr an togra[32].

Mar thacaíocht don phatrún foriomlán d'fhorbairt tuaithe agus bailte beaga in Éirinn, féachtar sa Chreat seo chuig ceantair a chosaint atá faoi thionchar láidir uirbeach ó ró-fhorbairt neamhinbhuanaithe ar taobh amháin den scéal, agus cothú an daonra a spreagadh i gceantair atá lag ó thaobh struchtúir, inar tharla méid beag fáis nó meath le blianta beaga anuas, ar an taobh eile den scéal, agus pobail tuaithe bhríomhara á gcothú.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 15**

Tacú le forbairt inbhuanaithe ceantar tuaithe trí fhás a spreagadh agus stad a chur le meath i gceantair inar tharla fás beag ar dhaonra nó meath le blianta beaga anuas nó trí fhás a bhainistiú i gceantair atá faoi thionchar láidir uirbeach chun ró-fhorbairt a sheachaint, agus pobail tuaithe bhríomhara á gcoimeád.





Is féidir le cáilíochtaí agus carachtar ár n-oidhreachta tógtha nádúrtha i gceantair tuaithe, bailte agus sráidbhailte san áireamh, sainiúlacht a chur le déanamh áite le himeacht ama agus spéis speisialta a chothú trína cháilíocht nádúrtha.

## Bailte Tuaithe

Feidhmíonn bailte tuaithe mar spreagthóirí áitiúla do na ceantair mórthimpeall orthu trí fheidhmeanna fadbhunaithe eacnamaíocha, riaracháin agus sóisialta. Tacaíonn siad le braislí seirbhíse, tá cion mór acu de bhailte agus de phoist, agus gníomhaíonn siad mar mhoil iompair do phobal tuaithe i bhfad níos leithne.

Tá difríocht idir na ceantair tuaithe atá suite laistigh d'abhantrach comaitéara na gcúig réigiún cathrach agus na mbailte móra agus iad siúd atá lasmuigh d'abhantracha comaitéara. I gceantair tuaithe atá inrochtana do chathracha agus bhailte bhí éifeacht ag tithíocht cruthaithe ag comaitéirí ar charachtar agus ar chomhtháthú roinnt ionad. I gceantair tuaithe eile nach bhfuil chomh hinrochtana, bhí sé deacair áiseanna pobail agus sóisialta agus bonneagar áitiúil a choimeád agus/nó a fhorbairt agus daonraí ag dul i léig.

Mar thoradh ar athrú ar phatrúin lonnaíochta in Éirinn, tá foirgnimh fhoilmhe i mbailte agus sráidbhailte tuaithe tar éis éirí níos coitianta, agus an toradh air sin ná meath ar bheogacht agus bhríomhaire stairiúil na láir bhaile agus sráidbhaile. Is catalaíocha riachtanacha iad athúsáid agus athnuachan na bhfoirgneamh sin ó thaobh acmhainn bailte agus sráidbhailte beaga in Éirinn a athrú ó bhonn.

Mar atá leagtha amach sna Cuspóirí Beartais Náisiúnta 6 agus 7, féachtar sa Chreat Náisiúnta Pleanála chuig bailte tuaithe a neartú agus a éagsúlú chun go mbeidh siad mar fhócas um fás áitiúil ar fhostaíocht agus thithíocht, bunaithe ar athnuachan agus fhorbairt a chuimseoidh athrú ó bhonn ar láithreáin dearóile agus teicneolaíocht nua, mar éifeachtúlacht ísealcharbóin agus fuinnimh agus nascacht dhigiteach.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 16**

Díriú ar mheath tuaithe i láir bhailte agus sráidbhailte beaga a chasadh thart trí bhearta spriocdhírithe inbhuanaithe a phléann le háitribh fhoilmhe agus a bhaineann amach torthaí ó thaobh athúsáide agus athnuachana inbhuanaithe.

Is féidir le cáilíochtaí agus carachtar ár n-oidhreachta tógtha nádúrtha i gceantair tuaithe, bailte agus sráidbhailte san áireamh, sainiúlacht a chur le déanamh áite le himeacht ama agus spéis speisialta a chothú trína cháilíocht nádúrtha. Tá an 'mothú áite' sin ag teacht chun bheith ina fhachtóir tábhachtach ó thaobh infheistíocht dhíreach eachtrach agus daoine oilte aonair a tharraingt go hÉirinn.

Is acmhainn neamh-inathnuaite iad sócmhainní oidhreachta tógtha na hÉireann ar fiú iad a chothú ar bhealach atá oiriúnach dá dtábhacht mar chúnamh leis an am atá thart a thuiscint, agus iad ag cur le leas an phobail agus le caighdeán na beatha chomh maith le forbairt eacnamaíoch réigiúnach.

Tá ár gcuid bailte margaidh agus sráidbhailte suite taobh le lonnaíochtaí atá níos nua-aimseartha ach díreach chomh sainiúil a nascann ailtireacht an lae inniu leis an oidhreacht stairiúil uirbeach atá ann cheana. Is fachtóirí lárnacha iad infheistíocht inár gcuid bailte agus sráidbhailte trí hathghiniúint, feabhsúcháin ar an réimse poiblí agus athrú agus athúsáid oiriúnach ár n-oidhreachta tógtha ó thaobh mothú áite a fhorbairt, a chur chun cinn infheistiú ann agus na cuspóirí ó thaobh caighdeán ard a chruthú a chur aon dul le cuspóirí na pleanála spásúla.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 17**

Luach speisialta fisiceach, sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha sócmhainní oidhreachta tógtha a fheabhsú, a chomhtháthú agus a chosaint trí húsáid chuí agus íogair anois agus le haghaidh ghlúinte na todhchaí.

I gcás cónaí i mbailte tuaithe teastaíonn cur chuige comhréireach agus saincheaptha i dtreo forbartha cónaithí. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh go mbeadh sé riachtanach scála, dearadh agus leagan amach tithíochta i mbailte tuaithe a chur in oiriúint chun déanamh cinnte nach gcuirtear cur chuige bruachbhailte ná cur chuige uirbeach ard-dlúis i bhfeidhm ar shuíomh tuaithe agus go bhfreagraíonn an fhorbairt sin do charachtar, scála agus do dhlús an bhaile.

Tá deiseanna ann na coinníollacha a chruthú chun tacú le forbairt chónaitheach i mbailte tuaithe, cibé acu trí fheabhsúcháin ar pháirceáil, ar shráid-dreach, cur tráchta ar mhalairt slí, soláthar áiseanna uirbeacha ar scála beag, ar nós spásanna oscailte nó clós súgartha, fáil láithreán lárnach agus/nó oscailt nó malgamú 'cúlchríoch' um forbairt chónaitheach agus soláthar seirbhísí ar nós chóireáil fuíolluisce.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 18a**

Tacú le fás comhréireach bhailte tuaithe agus le forbairt deartha go cuí iontu a chuirfidh lena n-athnuachan agus a n-athbheochan lena n-áirítear idirghabhálacha sa réimse poiblí, soláthar áiseanna, fáil láithreán agus soláthar seirbhísí.

I dtuath na hÉireann, bíonn go leor daoine ag lorg deise a gcuid tithe féin a thógáil ach faigheann siad go bhfuil sé deacair é a dhéanamh i lonnaíochtaí beaga mar gheall ar easpa láithreán agus seirbhísí. Chun cabhrú leis sin, tabharfar tacaíocht d'údaráis áitiúla chun tabhairt faoin fáil talún is gá, faoi ullmhú láithreáin agus soláthar bonneagair áitiúil chun roghanna forbartha féintógála a sholáthar i mbailte/sráidbhailte beaga.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 18b**

Clár a fhorbairt um 'thithe nua i mbailte beaga agus sráidbhailte' le húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí bonneagair phoiblí ar nós Uisce Éireann agus pobail áitiúla chun láithreáin seirbhísithe a chur ar fáil ina bhfuil an bonneagar cuí chun daoine a tharraingt lena gcuid tithe féin a cheannach agus cónaí i mbailte agus i sráidbhailte beaga.

**I ngach cineál forbartha tuaithe, teastaíonn cur chuige comhréireach agus curtha in oiriúint i dtreo forbartha cónaithí le haghaidh cónaí i mbailte tuaithe. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh go mbeadh sé riachtanach scála, dearadh agus leagan amach tithíochta i mbailte tuaithe a chur in oiriúint chun déanamh cinnte nach gcuirtear cur chuige bruachbhailte ná cur chuige uirbeach ard-dlúis i bhfeidhm ar shuíomh tuaithe agus go bhfreagraíonn an fhorbairt sin do charachtar, scála agus do dhlús an bhaile.**



## Faoin Tuath

Is tírdhreach beo í tuath na hÉireann a bhfuil cónaí ann agus beidh sí amhlaidh fós agus í ag díriú ar riachtanais gheilleagair tuaithe agus pobal tuaithe, bunaithe ar thalmhaíocht, fhoraoiseacht, turasóireacht agus fhiontraíocht tuaithe, agus ag an am céanna forbairt ribínigh agus fuílligh ó cheantair uirbeacha a sheachaint agus cáilíochtaí comhshaoil a chosaint.

Aithnítear go bhfuil gá fós le soláthar tithíocht chun gur féidir le daoine cónaí agus oibriú i dtuath na hÉireann. Teastaíonn pleanáil chúramach chun éileamh a bhainistiú sna háiteanna is inrochtana faoin tuath, timpeall cathracha agus bailte, ag díriú ar na gnéithe a theastaíonn chun tacú le fás inbhuanaithe geilleagar tuaithe agus pobal tuaithe.

Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh, ar thaobh amháin den scéal, idir ceantair tuaithe atá suite laistigh d'abhantrach na gcúig chathrach agus ár gcuid bailte agus ionad fostaíochta is mó[33] agus, ar an taobh eile den scéal, ceantair tuaithe atá suite lasmuigh de na habhantracha sin[34].

Beidh sé riachtanach fós riachtanas feidhmiúil eacnamaíoch nó sóisialta a léiriú i gcomhair riachtanas tithíochta i gceantair faoi thionchar uirbeach, i.e. abhantrach comaitéara cathracha agus bailte móra agus ionaid fhostaíochta. Beidh sé sin faoi réir chomaoineacha suímh agus deartha freisin.

Glacfar cur chuige níos solúbtha, a bheidh bunaithe go príomha ar shuíomh agus dhearadh, i dtreo tithíochta tuaithe i gceantair nach bhfuil faoi bhrú ó fhorbairt uirbeach. Cabhróidh sé sin le pobail tuaithe leochaileacha a chothú, agus ar an iomlán, beidh sé riachtanach go mbeidh sé bainteach le hinmharthanacht bailte beaga agus lonnaíochtaí tuaithe.

Tagann sé sin chun cinn mar gurb amhlaidh i roinnt ionad, go bhfuil nach mhór an tithíocht shingil dheireanach go léir faoin tuath forbartha go príobháideach, agus tithíocht shóisialta curtha ar fáil i lonnaíochtaí den chuid is mó. I go leor áiteanna i dtuath na hÉireann, áit a bhfuil formhór an aschur tithíochta faoin tuath, chuir sé sin le éagothrom spásúil agus sóisialta agus le meath ar dhaonra lonnaíochtaí beaga. Mar thoradh air sin, dúnadh go léir seirbhísí lárnacha, mar gheall ar mheath an daonra i bpáirt, agus fágadh saoránaigh imeallaithe agus leochaileacha gan rochtain ar na seirbhísí sin.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 19**

Déanamh cinnte, agus soláthar á dhéanamh um forbairt tithíochta tuaithe, go ndéantar deighilt idir áiteanna faoi thionchar uirbeach, i.e. laistigh d'abhantrach comaitéara cathracha agus bailte móra agus ionaid fhostaíochta gus áiteanna eile:

- I gceantair tuaithe faoi thionchar uirbeach, soláthar tithe singile faoin tuath a éascú bunaithe ar chomaoin lárnach an riachtanais eacnamaíoch nó sóisialta cruthaithe cónaí i gceantar tuaithe agus critéir suímh agus deartha um thithíocht tuaithe i dtreoirlínte agus i bpleananna reachtúla, agus aird á tabhairt ar inmharthanacht bailte beaga agus lonnaíochtaí tuaithe;
- I gceantair tuaithe in áiteanna eile, soláthar tithe singile faoin tuath a éascú bunaithe ar chritéir suímh agus deartha um thithíocht tuaithe i dtreoirlínte agus i bpleananna reachtúla, agus aird á tabhairt ar inmharthanacht bailte beaga agus lonnaíochtaí tuaithe.

Ar leibhéal áitiúil, beidh straitéis lárnach na bpleananna forbartha contae freagrach as an éileamh ar thithe singile faoin tuath. Beidh sé sin bainteach le Measúnú Foriomlán ar Riachtanas Tithíochta (MFRT) an údaráis áitiúil a bheidh sé riachtanach a dhéanamh agus pleanáil á déanamh amach anseo. Trí chainníochtú a dhéanamh ar an ngá le tithe singile ar bhonn fianaise cabhrófar le hullmhú straitéise cuimsithí um thithíocht a chomh maith le beartais ghaolmhara i leith úsáid talún.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 20**

An gá le tithe singile faoin tuath a réamh-mheas tríd an Measúnú Foriomlán ar Riachtanais Tithíochta (MFRT) de chuid an údaráis áitiúil agus trí phróisis straitéise lárnaí na bpleananna forbartha contae.

# 5.4 Pleanáil agus Infheistíocht chun tacú le Cruthú Post faoin Tuath

**Beidh cruthú timpeallachta chun tacú le cruthú post i gceantair tuaithe ina phríomhghné cumasaithe maidir le bailte agus sráidbhailte tuaithe a athnuachan, pobail tuaithe bhríomhara a chothú agus laghdú daonra a chasadh thart.**

Tacaíonn ceantair tuaithe le meascán de ghnóthais de mhéideanna éagsúla, a oibríonn i raon leathan earnálacha ó na hearnálacha traidisiúnta mar thalmhaíocht agus thurasóireacht, go na tionscail níos nua-aimseartha mar sheirbhísí airgeadais agus tionscail chruthaitheacha. Tá gnó faoin tuath déanta suas freisin de mhicreafhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), atá i mbun gníomhaíochtaí talmhaíochta neamhthraidisiúnta. Déanann na gnóthais sin go léir freastal ar raon leathan margaí, ó leibhéal áitiúil go hidirnáisiúnta.

Tá earnálacha seirbhísí áitiúla, turasóireacht agus déantúsaíocht ar scála beag ina measc, ina gcuid thábhachtach den gheilleagar tuaithe agus freisin is fostóirí áitiúla tábhachtacha iad. Tá sé riachtanach, áfach, tacú le héagsúlú an gheilleagair tuaithe, ní hamháin chun poist bhreise a chruthú i gceantair tuaithe, ach freisin chun an deis a uasmhéadú chun fostaíocht a nascadh le saincheisteanna mar athrú aeráide agus úsáid inbhuanaithe talún a bhainistiú.

Le nascacht dhigiteach fheabhsaithe, trí chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tiocfaidh deiseanna gan choinne chun cinn le haghaidh gnó i gceantair tuaithe chun seirbhísí nua a thairiscint agus margaí nua a shroicheadh i gcaitheamh na mblianta romhainn.

Chun forbairt fiontar agus geilleagar tuaithe a éascú le gur féidir raon níos leithne de dheiseanna fostaíochta a chruthú beidh sé riachtanach leas a bhaint as sócmhainní áitiúla, sócmhainní daonna, nádúrtha agus cultúrtha ina measc, trí chomhtháthú feabhsaithe beartais chun acmhainn ceantar tuaithe a mhéadú agus cur le fás áitiúil agus uirbeach. Beidh deiseanna um breisoiliúint lena n-áirítear trí chúrsaí measctha, ar líne, páirtaimseartha nó for-rochtana, tábhachtach chun fostaíocht a fháil agus rochtain a fháil uirthi i gceantair tuaithe.

Tá acmhainní nádúrtha na hÉireann i measc na n-acmhainní is fearr dá bhfuil againn agus trí fhorbairt a dhéanamh ar na hearnálacha talmhaíochta, bia, foraoiseachta chomh maith le turasóireacht agus fuinneamh inathnuaite, ní hamháin go gcoimeádfar fostaíocht faoin tuath, agus cuirfear le spreagadh an gheilleagair náisiúnta.

Tá acmhainn mhór ag ceantair tuaithe sna hearnálacha sin, agus de réir mar a leanann naisc dhigiteacha agus deiseanna um chianoibriú agus fiontar nua ar aghaidh ag dul i méid, is dóchúil go rachaidh fostaíocht i méid i réimsí mar agraitheicneolaíocht, TFC, na hilmheáin agus na hearnálacha cruthaitheacha, turasóireacht agus go gcuirfear luach breise leis an mbithgheilleagar agus leis an ngeilleagar ciorclach.

Chun go mbeidh deiseanna breise ann um fhostaíocht sa gheilleagar tuaithe tá gá le bearta chun tacú le fiontraíocht tuaithe agus freisin chun micreafhiontair agus FBManna nuálacha faoin tuath. Trí chur le straitéisí éagsúlaithe agus nuachóirithe, feabhas a chur ar shamhaltacha rialachais agus tacú le slabhraí luacha bia agus neamh-bhia is féidir cabhrú le forbairt eacnamaíoch, seirbhísí éiceachórais agus nuáil fhiontraíocht a spreagadh.

Tá forbairt chultúr láidir fiontraíochta ag croílár na beogachta eacnamaíche agus sóisialta i bpobail tuaithe. Tá forbairt micreafhiontar (iad siúd ina bhfuil níos lú ná 10 fostaithe) ábhartha ach go háirithe d'inbhuanaitheacht bailte beaga agus ceantar tuaithe. Táirgeann an líonra Oifigí Fiontair Áitiúla, a bunaíodh le blianta beaga anuas, tacaí tiomanta do ghnóthais atá ag oibriú san earnáil sin.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 21**

Feabhas a chur ar iomaíochas ceantar tuaithe trí thacú le nuáil i bhforbairt eacnamaíoch tuaithe agus san fhiontraíocht trí héagsúlú an gheilleagair tuaithe isteach in earnálacha agus i seirbhísí nua, agus ina measc tionscail bunaithe ar TFC agus iad siúd atá ag plé le hathrú aeráide agus le hinbhuanaitheacht.



## Talmhaíocht

Tá ról lárnach fós ag an ngeilleagar agraibhia i ngeilleagar na hÉireann agus is é an tionscal dúchasach is mó atá againn, agus é ag tabhairt 173,400 post agus ag cruthú 10.4% d'onnmhairí marsantachta i 2016. Ba í talmhaíocht go traidisiúnta an tionscal ba mhó a chuir le geilleagair tuaithe agus tá sí tábhachtach fós mar fhoinse mó ioncaim agus fostaíochta dírí agus indírí araon. Ní mór don talmhaíocht, áfach, dul in oiriúint do na dúshláin a bhaineann le nuachóiriú, le hathstruchtúrú, le forbairt margaidh agus le tábhacht mhéadaitheach na saincheisteanna comhshaoil.

Tá cuid mhór de na tairbhí eacnamaíocha san earnáil agraibhia scaipthe ar fud na tíre, rud a chiallaíonn go bhfuil sé tábhachtach ach go háirithe do cheantair tuaithe agus don fhorbairt eacnamaíoch go ginearálta. Tacófar le forbairt leantach an earnáil agraibhia trí chur i bhfeidhm Food Wise 2025.

I Food Wise 2025 leagtar amach plean straitéiseach um forbairt an earnáil agraibhia (bia mara ina measc) i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2025 agus leanann an straitéis an straitéis Food Harvest 2020. I Food Wise 2025 aithnítear réamh-mheastacháin fháis don earnáil a bhfuil ina measc:

- méadú 85% ar luach onnmhairí agraibhia go €19 mbilliún;
- méadú 70% ar an luach curtha leis na hearnálacha agraibhia, iascaigh agus táirgí adhmaid go méid os cionn €13 bhilliún;
- Méadú 65% ar luach an Phríomhtháirgthe go beagnach €10 mbilliún; agus
- 23,000 post breise díreach san earnáil agraibhia trasna an tslabhra soláthair ó phríomhtháirgeadh go forbairt táirgí a bhfuil luach breise ard ag gabháil léi.

Tá cúig théama thrasghearrtha ag gabháil le Food Wise 2025: inbhuanaitheacht, caipiteal daonna, forbairt margaidh, iomaíochas agus nuáil. Tá inbhuanaitheacht ag croílár na straitéise ina shonraítear: "tá cosaint an chomhshaoil agus iomaíochas eacnamaíoch comhionann agus cuireann siad lena chéile – ní féidir ceann amháin a bhaint as agus an ceann eile thíos leis dá bharr". Tacaíonn Food Wise leis an teicneolaíocht agus próiseálann sé an toradh sin trí húsáid níos éifeachtúlaí acmhainní.

## Foraoiseacht

Tá ról tábhachtach agus méadaitheach ag tionscal na foraoiseachta, a chuimsíonn fás, baint agus próiseáil tháirgí foraoise i ngeilleagar na hÉireann. Rinneadh an ról díreach agus indíreach sa gheilleagar a ríomh ag €2.3 billiún in aghaidh na bliana agus tuairim is 12,000 post ag brath ar an earnáil i 2012. Tá táirgeadh adhmaid comhionann le níos mó ná 3 milliún m3 in aghaidh na bliana, agus beagnach 20% de sin á fhás ar thalamh príobháideach.

Ós rud é gur minic gur fachtóir chinntitheach é cáilíocht talún agus cinntí á ndéanamh faoi úsáid talún, d'fhéadfadh go bhféadfaí talamh ar chaighdeán íseal, a bhfuil dúshláin ag baint leis faoi láthair ó thaobh talmhaíochta eacnamaíche, a úsáid le haghaidh foraoisithe. Is dóchúil go leanfaidh cumhdach foraoiseachta ar aghaidh ag díriú ar thalamh talmhaíochta oiriúnach a d'fhéadfadh go mbeadh sé níos éasca é a thiontú go foraoisiú mar gheall ar úsáid theoranta le haghaidh na talmhaíochta.

Is í an aidhm atá i gceist agus talamh talmhaíochta á fhoraoisiú, le tacaíocht ó dhreasachtaí Rialtais, ná méadú a dhéanamh ar an soláthar fadtéarmach adhmaid chun tacú le forbairt earnáil inbhuanaithe próiseála agus tá acmhainn mhór um cheapadh carbóin ag gabháil leis, rud a chuirfeadh leis na spriocanna náisiúnta um maolú gás ceaptha teasa agus leis an mbithgheilleagar.

Faoi dheireadh 2012, bhí beagnach 732,000 heicteár, nó 10.5% den achar iomlán talún, sroichte ag clúdach foraoise in Éirinn. Is iad na meánleibhéil fhoraoisithe le roinnt blianta anuas ná 6,100 heicteár in aghaidh na bliana agus tá méaduithe bliantúla ar chur crann spriocdhírithe, go 8,290 ha faoi 2020.

Beidh méadú ar chur crann agus baint amach spriocanna foraoisithe ag brath ar fháil talún go ginearálta agus, go sonrach, ar athrú ar úsáid talún ó thalmhaíocht go foraoiseacht.





## Turasóireacht

Tá turasóireacht agus talmhaíocht fite fuaite le chéile i gceantair tuaithe, ós rud é gurb í an talmhaíocht, i go leor áiteanna, a chruthaíonn agus a choimeádann na tírdhreacha ar a bhfuil gnó na turasóireachta bunaithe. Tá coimeád rochtana ar ár gcuid tírdhreach agus cruthú rochtana nua ag brath ar dhea-naisc a choimeád leis an earnáil talmhaíochta.

Ar an gcaoi chéanna, tá na sócmhainní tógtha, cultúrtha agus nádúrtha a dhéanann suas 'amhábhar' an tionscail turasóireachta riachtanach um 'chumas táirgthe' na hearnála. Tá an cumas ag an turasóireacht pobail a chothú go díreach agus go hindíreach, fostaíocht a chruthú agus fíorthairbhí sóisialta a bhaint amach um thuath na hÉireann.

Le forbairt glasbhealaí, gormbhealaí agus bealaí móna, tugtar bealach uathúil malartach do thurasóirí agus chuairteoirí le rochtain a fháil ar thuath na hÉireann agus taitneamh a bhaint aisti. Tugtar tús áite d'fhorbairt líonra straitéisigh náisiúnta de na conairí sin agus tacóidh sé le forbairt pobal tuaithe agus le cruthú post sa gheilleagar tuaithe, chomh maith le cosaint agus cur chun cinn sócmhainní nádúrtha agus bithéagsúlachta.

Mar gheall ar an nádúr trasearnála, tionchar fairsing agus na gnéithe de thógáil talún a ghabhann le straitéis náisiúnta um ghlasbhealaí, ghormbhealaí, agus bealaí móna, beidh tacaíocht ó agus glacadh ag pobail áitiúla, úinéirí talún, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí Stáit ríthábhachtach um chur i bhfeidhm rathúil, nach mór tacú leis le plean infheistíochta agus comhordaithe. Ligfeadh líonra den sórt sin rochtain níos mó ar cheantair níos iargúlta den tír agus tá deiseanna ag gabháil leis um forbairt turasóireachta ghaolmhar i gceantair tuaithe.

Cineál eile tharraingt turasóireachta a léiríonn an chaoi gur féidir leas a bhaint as acmhainn gach ceantair ná Páirceanna agus Tearmainn 'Spéire Dorcha' atá dírithe ar cheantair "a bhfuil cáilíocht eisceachtúil ag gabháil leo i ndáil le hoícheanta réaltacha agus timpeallacht oíche atá cosanta go sonrach dá hoidhreacht eolaíochta, nádúrtha, oideachais, cultúrtha, agus/nó do thaitneamh an phobail 35 Tá sé sin fíor ach go háirithe maidir le ceantair sléibhtiúla agus talaimh phortaigh áit nach bhfuil mórán nó nach bhfuil aon truailliú ó sholas, agus pobail tuaithe in aice leo ag freastal orthu.

Faoi láthair tá dhá cheantar Spéire Dorcha in Éirinn atá aitheanta go hidirnáisiúnta, Páirc atá suite i gContae Mhaigh Eo agus Tearmann atá suite i gContae Chiarraí.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 22**

Forbairt na turasóireachta a éascú, go háirithe Straitéis Náisiúnta um Ghlasbhealaí, Ghormbhealaí agus Bealaí Móna, ina dtugtar tosaíocht do thionscadail ar an mbonn go mbaineann siad amach an tionchar agus an nascacht is mó ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

## Táirgeadh Fuinnimh

Chuir ceantair tuaithe go mór le riachtanais fhuinnimh na tíre agus leanfaidh siad ar aghaidh ag cur leo, agus ról láidir le himirt acu i soláthar inbhuanaithe fuinnimh inathnuaite a fháil don todhchaí. Agus pleanáil á déanamh i gcomhair thírdhreach fuinnimh na hÉireann amach anseo chomh maith leis an athrú go geilleagar ísealcharbóin tá an cumas éagsúlú agus dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua fuinnimh riachtanach. Cuireadh réitigh inathnuaite nuálacha agus úrnua ar fáil i gceantair tuaithe le roinnt blianta anuas, go háirithe ó fhoinsí gréine, gaoithe agus bithmhaise.

Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an aistrithe go geilleagar ísealcharbóin, beidh sé riachtanach giniúint fuinnimh inathnuaite amach anseo, den chuid is mó, a shuíomh ar réimsí móra bia atá suite i suíomh tuaithe agus leanúint ar aghaidh ag cosaint shláine na timpeallachta agus ag léiriú measa ar riachtanais daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair tuaithe.

Maidir le tailte móna, tá cuid de phortaigh scoite na hÉireann oiriúnach chun giniúint fuinnimh a éascú, giniúint fuinnimh ghaoithe/bhithmhaise ach go háirithe. Mar gheall ar an méid mór tailte móna atá faoi úinéireacht chomhlachtaí leath-Stáit, ullmhófar plean náisiúnta úsáide talún don mheántéarma nó don fhadtéarma le haghaidh thailte móna faoi úinéireacht an Stáit chun a n-úsáid is oiriúnaí sa todhchaí a bhainistiú, ag cur leis an Straitéis Náisiúnta Tailte Móna atá ann faoi láthair agus le beartais náisiúnta eile i ndáil le caomhnú agus bainistíocht thailte móna.

## Bithgheilleagar Ciorclach

Cé go bhfuil deis ann i gceantair tuaithe agus chósta go leor chineálacha gníomhaíochtaí eacnamaíocha a fhorbairt, agus go ndéanfaidh siad iad a fhorbairt, tá buntáiste iomaíoch ag gabháil leis na gníomhaíochtaí úd a bhaineann leis an mbithgheilleagar. Cuimsíonn an bithgheilleagar "táirgeadh acmhainní bitheolaíocha inathnuaite - mar bharra, fhoraoiseacha, éisc, ainmhithe, agus micrea-orgánaigh agus na hacmhainní agus na fuílligh srutha dramhaíola, fotháirgí nó dramhaíl sholadach chathrach a thiontú go táirgí breisluacha, mar bhia, bheatha, táirgí bithbhunaithe agus bithfhuinneamh (An Coimisiún Eorpach 2012).

Beidh ról ríthábhachtach ag an aistriú chuig geilleagar agus bithgheilleagar níos ciorclaí, áit a gcoimeádfar luach táirgí, ábhar agus acmhainní bithbhunaithe sa gheilleagar chomh fada agus is féidir, agus ndéanfar giniúint dramhaíola a íoslaghdú, lenár sprioc náisiúnta mar tá geilleagar inbhuanaithe, ísealcharbóin a fhorbairt atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní agus iomaíoch.

## Cumascáin agus Mianraí

Tá tionscail eastóscacha tábhachtach chun cumascáin agus ábhair fhoirgníochta a sholáthar d'earnálacha éagsúla, le haghaidh riachtanas sa bhaile agus le honnmhairiú. Beidh ról lárnach ag an bpróiseas pleanála in acmhainn an earnáil tionscal eastóscach a chomhlíonadh trí thaiscí tábhachtacha cumascán agus mianraí a aithint agus a chosaint ó fhorbairt a d'fhéadfadh teacht salach ar a n-úsáid.

Leanfar ar aghaidh ag cumasú eastóscadh cumascán agus mianraí áit a bhfuil sé sin ag teacht le cosaint na timpeallachta ó thaobh cháilíocht aeir agus uisce, oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha, cáilíocht beatha na gcónaitheoirí sa cheantar agus déantar soláthar um athshlánú cuí láithreáin.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 23**

Forbairt an gheilleagair tuaithe a éascú trí thacú le hearnáil thalmhaíochta agus bhia atá inbhuanaithe agus éifeachtúil go heacnamaíoch, chomh maith leis na tionscail fhoraoiseachta, iascaireachta, dobharshaothraithe, fuinnimh agus eastóscacha, an bithgheilleagar agus éagsúlú i ngníomhaíochtaí ar an bhfeirm agus lasmuigh den fheirm, agus ag an am céanna aird a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann leis an tírdhreach nádúrtha agus an oidhreacht thógtha a choimeád atá ríthábhachtach don turasóireacht tuaithe.

## Plé le Nascacht

Tá nascacht sa 21ú haois ríthábhachtach agus tionchar ag an réabhlóid dhigiteach fós ar fheidhmiú ár sochaí agus ár ngeilleagair. Tá soláthar bonneagair digitigh ardluais ríthábhachtach chun deiseanna fostaíochta féideartha a thapú agus nuáil a éascú.

Le haghaidh thuath na hÉireann, is bonneagar cumasaithe riachtanach é leathanbhanda a thugann na deiseanna céanna do phobail tuaithe bheith rannpháirteach sa gheilleagar digiteach is a thugann dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu inár gcuid cathracha agus bailte.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 24**

Tacú le cur i gcrích an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus é a éascú mar bhealach le tuilleadh deiseanna a fhorbairt don fhiontraíocht, don fhostaíocht, don oideachas, do nuáil agus d'fhorbairt scileanna dóibh siúd atá ina gcónaí agus ag obair i gceantair tuaithe.



## 5.5 Comhordú na hInfheistíochta Tuaithe

**Tá comhordú na hinfheistíochta, i dteannta le comhordú taighde agus nuála, ina fhachtóir tábhachtach chun dúbláil iarrachta agus úsáid neamhéifeachtach acmhainní a chosc. Réimse beartais ilghnéitheach atá i bhforbairt tuaithe agus dá réir sin tá go leor struchtúr cistithe agus infheistíochta ann a thacaíonn le tosaíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.**

Ar leibhéal AE, tá ról tábhachtach le glacadh ag an gCombheartas Talmhaíochta (CBT) i bhforbairt agus cothabháil thuath na hÉireann. Is í aidhm an Chlár Forbartha Tuaithe 2014-2020 ar luach €4 Bhilliún de chuid an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, atá maoinithe faoin CBT, ná:

- iomaíochas na talmhaíochta a fheabhsú trí hinfheistíocht ar an bhfeirm;
- déanamh cinnte go ndéantar bainistíocht inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha agus gníomhú ar son na haeráide; agus
- forbairt réigiúnach chothrom a bhaint amach maidir le geilleagair agus pobail tuaithe.

Ar leibhéal náisiúnta, tá Scéimeanna Athnuachana Baile agus Sráidbhaile agus maoiniú comhlántach i réimsí mar thithíocht, uisce tuaithe, iompar, leathanbhanda agus áiseanna pobail chomh maith le bearta eile mar Scéim na n-Ionad Fiontraíochta Pobail, Scéim na dTionscnamh Fiontraíochta Pobail, Ciste Iomaíochta an Oifig Fiontair Áitiúil agus an Ciste Fiontraíochta Réigiúnaí.

Tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha eile, bunófar meicníocht fhadtéarmach agus é treoraithe ag plean chun comhordú a dhéanamh ar na sruthanna maoinithe atá ar fáil don fhorbairt tuaithe. Cuimseoidh sé sin an Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach ag eascairt ón bPlean Forbartha Náisiúnta mar thacaíocht don Chreat Náisiúnta Pleanála agus straitéisí náisiúnta eile a thacóidh le pleananna forbartha réigiúnacha agus údaráis áitiúil agus pleananna eacnamaíocha áitiúla agus pobail.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 25**

Leanfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha eile, ar aghaidh ag infheistiú i dtuath na hÉireann, lena n-áirítear tríd an gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe, agus oibreoidh siad as lámh a chéile chun comhordú a dhéanamh ar struchtúir um maoiniú forbartha tuaithe chun í a chur ar aon dul le straitéisí náisiúnta eile.



# 6 Daoine, Tithe agus Pobail

## 6.1 Cáilíocht Beatha agus Áite

Le blianta beaga anuas, tá muintir na hÉireann éirithe níos oilte, níos leathanaigeanta, níos dírithe ar theicneolaíocht, níos táirgí agus níos éagsúla. Leis an tsolúbthacht agus an athrú sin tá muid níos rathúla agus níos dianseasmhaí mar náisiún.

Má leanann rath eacnamaíoch ar aghaidh déanfar cinnte go dtiocfaidh feabhas ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar cháilíocht beatha dár gcuid saoránach go léir. Freisin tugann sé an t-ardán is fearr agus is féidir ónar féidir bheith sa tóir ar spriocanna lárnacha sóisialta agus comhshaoil, ar nós déileáil le míbhuntáiste agus freagairt d'athrú aeráide.

Fíor 6.1 | Gnéithe a Thacaíonn le Cáilíocht Beatha





De réir mar a thiocfaidh athrú ar ár sochaí, tiocfaidh athrú ár gcuid riachtanas agus roghanna, go háirithe agus níos mó againn ag éirí níos sine. Bíonn caighdeán beatha éagsúil ag brath ar chúinsí daoine, ach go ginearálta, léiríonn sé na gnéithe i bhfíor 6.1.

Beidh an chaoi a ndéanfar forbairt in Éirinn sa todhchaí a phleanáil fós ina fachtóir chinntitheach thábhachtach maidir le caighdeán beatha daoine. Tá tionchar tábhachtach ag suíomh agus áit ar an gcaighdeán beatha a bhíonn ag daoine.

Cé nach féidir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála athrú a bhaint amach i ngach gné a chuireann le caighdeán beatha, tá roinnt gnéithe lárnacha a mbeidh tionchar díreach aige orthu, agus an ceann is tábhachtaí ná 'an timpeallacht nádúrtha agus chónaithe'. Sin an fáth go bhfuil áit bunúsach ó thaobh dea-chaighdeán beatha a bhaint amach - maidir caighdeán na timpeallachta mórthimpeall orainn, ár gcumas rochtain a fháil ar sheirbhísí agus áiseanna, ar nós oideachais agus cúram sláinte, siopaí agus páirceanna, na hidirghníomhuithe caithimh aimsire agus sóisialta a bhíonn ar fáil dúinn, agus an deis fostaíocht a fháil, bíonn tionchar mór acu go léir ar shaol daoine.

Agus roghanna á ndéanamh faoi cá háit ar cheart cónaí, oibriú agus infheistiú, ábhar machnaimh bunúsach é an leibhéal sholáthar seirbhíse. I bhFíor 6.2 tugtar le fios go ginearálta an leibhéal sholáthar seirbhíse a bhaineann le lonnaíochtaí de mhéideanna éagsúla in Éirinn. Luíonn sé le réasún gurb iad ár gcathracha na háiteanna ina mbíonn leibhéal ard sholáthar seirbhíse ar fáil ar fud raon earnálacha agus ina mbíonn na seirbhísí sin inrochtana. Ar an gcaoi chéanna, déantar soláthar cuí do sholáthar seirbhíse níos áitiúla ar scála lonnaíocht baile bhig nó sráidbhaile.

**Beidh an chaoi a ndéanfar forbairt in Éirinn sa todhchaí a phleanáil fós ina fachtóir chinntitheach thábhachtach maidir le caighdeán beatha daoine. Tá tionchar tábhachtach ag suíomh agus áit ar an gcaighdeán beatha a bhíonn ag daoine.**

## 6.2 Pobail Fholláine

**Tá ár sláinte agus ár dtimpeallacht fite fuaite lena chéile. I measc na rioscaí sláinte sonracha ar féidir le pleanáil spásúil dul i bhfeidhm orthu tá galar croí, galar riospráide, murtall agus díobhálacha. Trí chur chuige uile-chórais a ghlacadh i dtreo déileáil leis na fachtóirí éagsúla a mbíonn tionchar acu ar shláinte agus fholláine agus a chuireann le míchothromachtaí sláinte, agus daoine agus pobail a chumasú chun roghanna níos folláine a dhéanamh, beifear in ann feabhas a chur ar thorthaí sláinte, go háirithe don chéad ghlúin eile de shaoránaigh.**

Bíonn éifeacht ag cinntí maidir le húsáid talún agus maidir leis an timpeallacht thógtha, iompar san áireamh, ar na rioscaí sláinte sin ar bhealaí éagsúla, mar shampla trí dhul i bhfeidhm ar cháilíocht aeir agus uisce, ar shábháilteacht tráchta, deiseanna um ghníomhaíocht fhisiceach agus idirghníomhú sóisialta chomh maith le rochtain ar áiseanna agus seirbhísí ionaid oibre, oideachais, cúram sláinte agus eile ar nós siopaí bia agus alcóil.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 26**

Tacú le cuspóirí an bheartais sláinte poiblí a bhfuil ina measc Éire Fholláin agus an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Fisicí, trí bheartais den sórt sin a chomhtháthú, áit is cuí agus ag an scála bainteach, sa bheartas pleanála.

Mar gheall ar nádúr athraitheach na sochaí tá níos mó daoine ag brath ar ghluaisteáin agus tá laghdú tagtha le himeacht ama ar na leibhéil gníomhaíochta fisicí ag daoine. Bíonn éifeacht ag dearadh fisiceach ar iompar daoine ag gach scála - foirgnimh, pobail, sráidbhailte, bailte, cathracha agus réigiúin. Is féidir leis na háiteanna ina bhfuil muid inár gcónaí, ina mbíonn muid ag obair agus ag súgradh dul i bhfeidhm ar ár leas fisiceach agus meabhrach araon.

I bpobail atá deartha ar bhealach a thacaíonn le gníomhaíocht fhisiceach, e.g. cosáin mhóra, lánaí rothaíochta sábháilte, staighrí tarraingteacha sábháilte agus áiteanna caithimh aimsire inrochtana, spreagtar don lucht cónaithe roghanna sláintiúla a dhéanamh agus saol sláintiúil a chaitheamh. I dtíortha ina bhfuil bonneagar fairsing rothaíochta tuairiscítear go mbíonn na leibhéil rothaíochta níos airde agus na leibhéil murtaill níos ísle. Cruthaíonn áiteanna folláine, faoi seach, luach eacnamaíoch trí fhórsa oibre oilte agus cuideachtaí nuálacha a tharraingt.


**Cuspóir Beartais Náisiúnta 27**

Déanamh cinnte go gcuimsítear roghanna sábháilte agus áisiúla in ionad an ghluaisteáin i ndearadh ár bpobal, trí thosaíocht a thabhairt d'inrochtaineacht siúil agus rothaíochta d'fhorbairtí reatha agus beartaithe araon, agus trí háiseanna gníomhaíochta fisicí a chomhtháthú do dhaoine ar gach aois.



# Ordlathas Lonnaíochtaí agus Bonneagair Bhaintigh




Foinse: Faighte ón Strategic Investment Board Limited, 2008

## 6.3 Éire Éagsúil agus Chuimsitheach

**Agus í ag bogadh i dtreo sochaí níos éagsúla le caoga bliain anuas, tá daonra na hÉireann níos éagsúla ná mar a bhí riamh, agus é déanta suas de raon eitneachtaí agus náisiúntachtaí. I dteannta le luachanna sóisialta athraithe a chuireann fáilte roimh chearta pósta shibhialta agus chomhdhéanamh teaghlaigh, tá iarrachtaí agus gníomhartha forásacha na hÉireann chun comhionannas a thabhairt do gach saoránach mar chuid de shochaí chóir agus chothrom fós ina dtosaíocht.**

**Ní cleachtadh teoranta atá i gceist le rochtain ar dheiseanna a thabhairt do shaoránaigh na hÉireann, áfach, go háirithe áit a bhfuil gá le réitigh shaincheaptha chun freastal i gcónaí ar riachtanais ár saoránach, go háirithe iad siúd atá leochaileach nó imeallaithe fós.**

**Le pleanáil tugtar deis sochaí atá níos cuimsithí go sóisialta a éascú agus a chur ar fáil trí chomhtháthú níos fearr agus inrochtaineacht níos fearr ag gach céim den saolré. Ceithre réimse lárnach inar féidir feabhas a chur ar chuimsiú sóisialta ná tithíocht, oideachas, sláinte agus iompar; mar shampla trí dhearadh uilíoch foirgneamh chun inrochtaineacht níos fearr a thabhairt do chách, nó comhshuíomh áiseanna agus bealaí úsáide pobail chun déanamh cinnte go mbíonn pobail gníomhach le linn an lae agus san oíche.**

**Tacaíonn an Creat Náisiúnta Pleanála le dul chun cinn leantach i dtreo sochaí níos cuimsithí a bhaint amach a thacaíonn le cearta daonna bunúsacha ár saoránach agus a chabhraíonn le daoine rochtain a fháil ar shaol de chaighdeán níos fearr.**

### Daoine faoi Mhíchumas

Bhí thart ar 650,000 duine faoi mhíchumas in Éirinn i 2016, agus iad ag déanamh suas thart ar 13.5% den daonra. Beidh taithí ar mhíchumas ag uair éigin ina saol ag cion mór den daonra, go háirithe agus an daonra ag dul in aois.

Tá go leor saincheisteanna maidir le pleanáil atá ábhartha do dhaoine faoi mhíchumas cosúil leo siúd a mbíonn éifeacht acu ar dhaoine breacaosta, lena n-áirítear an gá le maireachtáil neamhspleách a éascú, rochtain agus soghluaisteacht ó thaobh foirgneamh agus timpeallachta agus lánpháirtíocht sa tsochaí go ginearálta. Ós rud é go bhfuil go leor daoine faoi mhíchumas d'aois oibre, tá rochtain ar fhostaíocht agus gaire di tábhachtach freisin.

> Agus í ag bogadh i dtreo sochaí níos éagsúla le caoga bliain anuas, tá daonra na hÉireann níos éagsúla ná mar a bhí riamh, agus é déanta suas de raon eitneachtaí agus náisiúntachtaí.

### An Lucht Taistil

Aithnítear an lucht taistil mar mhionlach eitneach. Meastar go bhfuil thart ar 30,000 Éireannach a aithníonn iad féin mar bhaill den lucht taistil. Cé go mbíonn an stíl mhaireachtála chéanna ag gach ball den lucht taistil, bíonn riachtanais tithíochta áirithe a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch gaol ag roinnt ball den lucht taistil. Freisin bíonn sé riachtanach fánaíocht a thógáil san áireamh, ar feadh cuid den bhliain ar a laghad i roinnt cásanna.

Leanfaidh údaráis áitiúla atá ag obair leis an lucht taistil ar aghaidh ag plé le riachtanais sonracha an lucht taistil, agus ag déanamh cinnte go mbaintear amach soláthar spriocdhírithe i gcomhréir leis na riachtanais sin agus go gcuimsítear sé sin freisin i straitéisí tithíochta agus cóiríochta don lucht taistil, i bpleananna forbartha cathrach agus contae agus i bpleananna ceantair áitiúil.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 28**

Pleanáil i gcomhair sochaí níos éagsúla agus níos cuimsithí ina ndírítear ar chomhionannas deiseanna agus ar chaighdeán beatha níos fearr do gach saoránach, trí chomhtháthú agus inrochtaineacht níos fearr i soláthar pobal inbhuanaithe agus seirbhísí gaolmhara.



## An Ghaeilge agus an Ghaeltacht

Is í an Ghaeilge, céad theanga oifigiúil na hÉireann agus stair chultúrtha shaibhir ag gabháil léi agus tá cosaint bhunreachtúil agus reachtaíochta nach beag tugtha ag Stát na hÉireann dó ó bunaíodh é. Uair amháin labhraítí an teanga go forleathan ar fud na hÉireann, ach anois níl ach 2% de dhaonra na hÉireann ina gcónaí i gceantair Ghaeltachta (Daonáireamh 2016). Tá ról lárnach ag na ceantair ina bhfuil Gaeilge beo mar theanga pobail i bhforbairt sochaí dhátheangaí in Éirinn, agus cuirtear timpeallacht ar fáil leo inar féidir leis an teanga forbairt go nádúrtha i suíomh nua-aimseartha.

Is ionann an próiseas pleanála teanga, a leagadh síos leis an Acht Gaeltachta 2012, agus an phríomhghné spreagtha a thacaíonn le gealltanas an Rialtais chun na cuspóirí a bhaint amach atá leagtha amach sa Straitéis 20-bliana don Ghaeilge 2010-2030. Is é atá i gceist leis an gcéad chéim den phróiseas, ar cuireadh tús leis i 2014, ná ullmhú pleananna teanga ar leibhéal pobail ar fud 26 Ceantar Gaeltachta agus Pleanála Teanga agus na pleananna a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin. Tá sé beartaithe freisin aitheantas reachtúil a thabhairt do suas go 16 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta, ar bailte iad atá suite go straitéiseach laistigh de Cheantair Pleanála Teanga agus gar dóibh agus ina bhfuil seirbhísí poiblí a úsáideann pobail Ghaeltachta suite.

Foráiltear san Acht freisin le Líonraí Gaeilge a shainiú de cheantair atá lasmuigh den Ghaeltacht agus ina bhfuil tairseach chriticiúil de bhonneagar bainteach le teanga ar nós naíonraí agus bunscoileanna agus meánscoileanna lán-Ghaeilge.

Tá sé ríthábhachtach ó thaobh choimeád na Gaeilge mar theanga labhartha na Gaeltachta agus an teanga a chur chun cinn lasmuigh den Ghaeltacht go gcuirfí tacaí leanúnacha ar fáil don phróiseas pleanála teanga agus go ndéanfaí tacaíocht a neartú don údarás forbartha Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 29**

Tacú le cur i bhfeidhm pleananna teanga i gCeantair Pleanála Teanga Gaeltachta, i mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus i Líonraí Gaeilge.

# 6.4 Pobail Aoisbháúla

## Daoine Breacaosta

Tugann réamh-mheastacháin an ESRI le fios go méadóidh líon na ndaoine atá níos sine ná 65 bliana d'aois go 1.3 milliún duine faoi 2040, agus iad ag déanamh suas thart ar 23% den daonra. Cuirtear é sin i gcomparáid le 13.5% i 2016. Ina theannta sin, meastar go méadóidh faoi cheathair an daonra atá níos sine ná 85 bliana d'aois. De réir mar a éiríonn daoine níos sine is dóchúla go mbeidh riachtanais sláinte níos casta acu, agus gá le seirbhísí agus áiseanna chun tacú le cúram oiriúnach agus riachtanach.

De réir mar a bheidh saol níos faide á chaitheamh ag níos mó daoine, beidh siad ag iarraidh coimeád sláintiúil agus neamhspleách, cónaí ina dtithe féin agus úsáid seirbhísí ospidéil othair chónaithigh agus othair sheachtraigh a choimeád chomh híseal agus is féidir. Is é beartas an Rialtais ná tacú le daoine breacaosta le gur féidir leo maireachtáil le dínit agus neamhspleáchas ina gcuid tithe agus pobal féin chomh fada agus is féidir. Trí chontanam níos réidhe agus oiriúnaí de roghanna tithíochta a chur ar fáil agus tacaí iontu do dhaoine breacaosta agus timpeallacht thógtha atá tarraingteach , inrochtana agus sábháilte, beidh tacaíocht ag daoine breacaosta agus beidh siad spreagtha chun taitneamh a bhaint as saol gníomhach, folláin agus nasctha agus dul in aois go muiníneach agus go compordach ina bpobal.

Neartaíonn sé sin níos mó an gá le forbairt inlíonta agus athfhorbraíocht atá deartha go maith, inoirúnaithe ar feadh an tsaoil agus gar do sheirbhísí agus d'áiseanna reatha, agus é tacaithe ag dearadh uilíoch agus áiseanna uirbeacha feabhsaithe a chuimsíonn áiteanna agus páirceanna poiblí chomh maith le bealaí siúil díreacha agus inrochtana. Le soláthar na cóiríochta sin is féidir deiseanna a thabhairt do dhaoine breacaosta a dtithe móra a dhíol ina gcuid pobal reatha. D'fhéadfaí é sin a chomhtháthú le cóiríocht chomhroinnte agus sainchúraim níos tacúla a bheidh ag teastáil ó roinnt daoine breacaosta.

Leis an Tionscnamh 'Aoisbhá Éireann' tugtar ceannaireacht agus treoir ó thaobh riachtanais agus deiseanna daonra atá ag dul in aois a aithint agus tá sé cumhdaithe sa chóras rialtais áitiúil, arb aigesean, agus tacaíocht aige ón Rialtas, is fearr atá in ann freagairt d'athrú ar leibhéal áitiúil.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 30**

Forbrófar beartais áitiúla pleanála, tithíochta, iompair/inrochtaineachta agus caithimh aimsire agus béim curtha ar fhreastal ar riachtanais daonra atá ag dul in aois chomh maith le cuimsiú réamh-mheastachán sonrach, agus iad tacaithe ag bearta soiléire i ndáil le pobail atá ag dul in aois mar chuid de straitéis lárnacha na bpleananna forbartha cathrach agus contae.

**De réir mar a bheidh saol níos faide á chaitheamh ag níos mó daoine, beidh siad ag iarraidh coimeád sláintiúil agus neamhspleách, cónaí ina dtithe agus pobail féin.**





## CÁS-STAIDÉAR

# McAuley Place, An Nás

**Is sampla éagsúil agus bríomhar é McAuley Place de rogha eile in ionad cúraim chónaithigh institiúide do dhaoine breacaosta.**

Bunaíodh McAuley Place, atá suite i seanfhoirgneamh Chlochar na Trócáire sa Nás, Contae Chill Dara, i 2000 mar fhreagra pobail ar an ngá le maireachtáil neamhspleách do dhaoine breacaosta. Táirgeann McAuley Place, atá déanta suas de sheomraí tae, Ionad Ealaíon agus Cultúir agus Ionad Pobail, áiseanna idirghlúine ar an láthair chun rannpháirtíocht sa phobal a chumasú do chónaitheoirí agus do mhuintir na háite araon.

Ó chéim luath an deartha, cuimsíodh i bhforbairt McAuley Place Prionsabail na NA do Dhaoine Breacaosta agus é mar aidhm 'an leibhéal optamach folláine a choimeád'. Dearadh é de réir na gcaighdeán ab airde chun déanamh cinnte nach mbeadh aon mhothú institiúide i McAuley Place agus go mbeadh daoine ag iarraidh bogadh chuige. Tugann cairde buana agus comharsana tacaíocht neamhfhoirmiúil do na cónaitheoirí, arb as an bpobal áitiúil iad.

Cuirtear an-bhéim san fhorbairt ar dheiseanna um foghlama fadsaoil agus na healaíona, agus cuimsiú sóisialta á chinntiú do thionóntaí agus don phobal i gcoitinne. Is féidir le healaíontóirí áitiúla a gcuid saothar a thaispeáint san fhorhalla, agus úsáideann an pobal an t-ionad Ealaíona agus Cultúir le haghaidh ceoil, rince, scannán agus gníomhaíochtaí eile. Déantar raon leathan ranganna, cúrsaí agus imeachtaí a óstáil san Ionad Pobail agus tá seomra ceoil fuaimdhíonach san fhoirgneamh.





Tá gá fós le soláthar agus feabhsú leantach áiseanna do leanaí agus dhaoine óga, mar chúram leanaí, scoileanna, clóis súgartha, páirceanna agus faichí spóirt, riachtanach fós agus go mbeidh gá lena choimeád ag na leibhéil chéanna go ceann i bhfad ina dhiaidh sin.

## Leanaí agus Daoine Óga

Tugann réamh-mheastacháin an ESRI le fios go laghdaíodh líon na ndaoine atá níos óige ná 15 bliana d'aois beagáinín, faoi 10% faoi 2040, agus iad ag déanamh suas thart ar 17% den daonra. Cuirtear é sin i gcomparáid le 22% den daonra i 2016, rud a chiallaíonn go méadóidh meánaois daoine in Éirinn ar an iomlán, ach nach laghdóidh go mór líon foriomlán na ndaoine óga.

Leanfaidh líon na ndaoine atá 15 bliana d'aois nó níos óige ar aghaidh ag dul i méid na 2020í luatha agus ní thiocfaidh ach laghdú mall air ina dhiaidh sin. Ciallaíonn sé sin go bhfuil gá fós le soláthar agus feabhsú leantach áiseanna do leanaí agus dhaoine óga, mar chúram leanaí, scoileanna, clóis súgartha, páirceanna agus faichí spóirt, riachtanach fós agus go mbeidh gá lena choimeád ag na leibhéil chéanna go ceann i bhfad ina dhiaidh sin.

Ciallaíonn sé freisin, má tharlaíonn cion mór d'fhás daonra sa todhchaí laistigh de nó gar do lorg reatha lonnaíochtaí ina bhfuil go leor tógála déanta mar atá spriocdhírithe, go mbeifear in ann an úsáid is mó agus is féidir a bhaint as áiseanna reatha gar don áit ina bhfuil cónaí ar leanaí agus dhaoine óga. Beidh sé fós mar cheanglas go ndéanfaí soláthar i dtograí um forbairt chónaitheach i gcomhair súgradh leanaí i gcomhréir le beartais an phlean forbartha áitiúil.

Dar leis an UNHCR, tá tionchar mór ag caighdeán na tithíochta ina bhfuil cónaí ar leanaí ar a sláinte, a ndul chun cinn oideachasúil agus a bhfolláine ar an iomlán. Déantar tuilleadh plé thíos ar thithíocht.

Nuair a chuirtear in éineacht leis an daonra breacaosta é, tá sé tuartha go méadóidh an ráta spleáchais (iad siúd atá níos óige ná 16 bliana d'aois agus níos sine ná 65 bliana d'aois) go 65% den daonra iomlán faoi 2040, méadú ó 53% i 2016.

Agus áiteanna de chaighdeán ard á ndéanamh féachann an CNP chuig tacú le beartas agus cuspóirí náisiúnta do leanaí agus dhaoine óga, a bhfuil ina measc 'Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile' tríd na beartais sin a chuimsiú, áit is cuí agus ag an scála bainteach, i mbeartas pleanála.

# 6.5 Cúram Leanaí, Oideachas agus Foghlaim Fadsaoil

## Cúram Leanaí

Is riachtanas bunúsach é rochtain ar chúram leanaí inacmhainne agus ardchaighdeáin do shochaí chothrom, gheilleagar rathúil agus tá sé ina cuid ríthábhachtach de bhonneagar ár náisiúin. Tá soláthar cúram leanaí in Éirinn beagnach iomlán, agus beidh gá le cuir chuige nua i dtreo pleanála agus le hinfheistíocht leanúnach, go háirithe i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste agus ina bhfuil an daonra ag dul i méid, chun acmhainn a mhéadú agus chun cur ar chumas seirbhísí reatha ceanglais rialála agus cháilíochta a chomhlíonadh.

Tá infheistíocht i gcúram leanaí ardchaighdeáin, inacmhainne (cúram leanaí ag aois scoile san áireamh) agus i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) ríthábhachtach mar thaca oideachais do leanaí, agus mar réamhriachtanas um chruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair.

Oibreoidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun feidhm níos éifeachtaí um pleanáil chúram leanaí a chur i bhfeidhm, chun monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar éileamh agus sholáthar chúram leanaí agus iad a thuar le riachtanais chaipitil meántéarmacha go fadtéarmacha a aithint agus a phleanáil. Tógfar san áireamh san fheidhm sin fachtóirí taoibh an éilimh agus na roghanna éagsúla um sholáthar chúram leanaí (e.g. soláthar bunaithe in ionaid agus sa bhaile) agus oibreoidh siad leis an Roinn Tithíochta Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus le húdaráis áitiúla le linn an phróiseas pleanála níos ginearálta chun cinntiú go mbeidh rochtain éifeachtach ar sholáthar chúram leanaí ina dlúthchuid den phróiseas forbartha foriomlán.



## Oideachas

Tá oideachas ríthábhachtach san athrú ó bhonn atá tagtha in Éirinn le blianta beaga anuas. Is príomhghnéithe cumasaithe iad oideachas, oiliúint agus foghlaim fadsaoil a bhfuil sochaí chothrom agus náisiún rathúil bunaithe orthu. Tá siad go léir ríthábhachtach chun rath eacnamaíoch a choimeád agus pobail láidre a thógáil.

I ngeilleagair eolasbhunaithe, tacaíonn oideachas le fás mar gurb é is mó a spreagann nuáil agus táirgiúlacht theicniúil. Is tosaíocht é rochtain a fháil ar chaighdeán ard oideachais anois agus sa todhchaí, agus tionchar mór aici ar cháilíocht beatha daoine. Nuair ata easpa scileanna agus inniúlachtaí cuirtear teorainn le rochtain ar phoist mhaithe agus rath eacnamaíoch, méadaítear baol an eisiaimh shóisialta agus na bochtaineachta, agus d'fhéadfadh go dtiocfaí salach ar rannpháirtíocht iomlán i gcúrsaí sibhialta agus polaitíochta.

Tá brú mór ar an gcóras scoileanna ó thaobh freastal ar líon breise daltaí in áiteanna áirithe sa tír áit a bhfuil méadú mór tagtha ar an daonra, agus é tuartha go leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 2025. Ar an gcaoi chéanna, cuireadh ceist faoi inmharthanacht roinnt scoileanna in áiteanna eile ina bhfuil an daonra ag dul i laghad.

Rinneadh athchóiriú agus comhdhlúthú ar na healaíona breisoiliúna agus breisoideachais chun raon leathan de chláir solúbtha ardchaighdeáin a thairiscint le freastal ar riachtanais foghlaimeoirí le gur féidir leo scileanna a fhorbairt a gcuirfidh le dámhachtainí ó leibhéal 1 go 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus le dul chun cinn chuig fostaíocht agus/nó breisoideachas. Leis an soláthar tugtar deis d'fhoghlaimeoirí breisoiliúint a dhéanamh, athoiliúint a dhéanamh agus scileanna nua a shealbhú chun tacú le haistriú agus dul chun cinn gairme.

San earnáil Ardoideachais, is féidir le forbairt Ollscoileanna Teicneolaíochta níos mó deiseanna a thabhairt do mhic léinn a bheadh ag freastal orthu, le baill foirne bheadh ag obair sna hinstitiúidí, agus leis an ngeilleagar agus an tsochaí i gcoitinne. Trí hinstitiúidí scála láidre a chruthú, beidh níos mó tairbhí sóisialta agus eacnamaíochta le baint ag a réigiúin ó ollscoileanna teicneolaíochta ilchampais trí ról neartaithe sa taighde agus na nuáil agus trí raon leathan oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin a sholáthar i ngach ceann dá gcuid campas.

Tá pleanáil straitéiseach ar sholáthar chúram leanaí, oideachais agus oiliúna agus infheistíocht iontu ríthábhachtach chun soláthar pobal inbhuanaithe a atreisiú, cuimsiú a chur chun cinn agus rogha agus rochtain a thairiscint ar chaighdeán ard oideachais agus fostaíochta. Ciallaíonn sé sin go bhféachfar sa Chreat Náisiúnta Pleanála chuig tús áit a thabhairt d'fhás spriocdhírithe agus pleanáilte daonra agus fostaíochta a chur ar aon dul le hinfheistíocht san oideachas:

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 31**

Tús áit a thabhairt d'fhás spriocdhírithe agus pleanáilte daonra agus fostaíochta a chur ar aon dul le hinfheistíocht:

- Feidhm pleanála chúram leanaí/COLÓ chun anailís agus monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta agus iad a thuar, lena n-áirítear tosaíochtaí réigiúnacha a aithint;
- Soláthar áiseanna chúram leanaí agus scoileanna nua agus athchóirithe a sholáthar ar láithreáin i suíomhanna maithe laistigh de cheantair ina bhfuil go leor tógála déanta iontu nó gar dóibh, agus iad ag freastal ar riachtanais éagsúla na ndaonraí áitiúla;
- Méadú agus comhdhlúthú shaoráidí Ardoideachais, go háirithe a gcuirfidh sé sin le forbairt réigiúnach níos leithne, agus
- Cláir um foghlaim fadsaoil, go háirithe i réimsí ardoideachais agus breisoideachais agus breisoiliúna ina n-aithnítear bearnaí scileanna.



**San earnáil Ardoideachais, is féidir le forbairt Ollscoileanna Teicneolaíochta níos mó deiseanna a thabhairt do mhic léinn a bheadh ag freastal orthu, le baill foirne bheadh ag obair sna hinstitiúidí, agus leis an ngeilleagar agus an tsochaí i gcoitinne.**

## 6.6 Tithíocht

**Is é atá i dtithe ná na háiteanna ina bhfuil cónaí orainn agus an bhunchloch óna gcruthaítear pobail níos leithne agus a gcaighdeán beatha. Tá riachtanas iomlán tuartha chun freastal ar 550,000 teaghlach eile go dtí 2040.**

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 32**

Díriú ar sholáthar do 550,000 teaghlach breise go dtí 2040.

San fhís fhadtéarmach do thithíocht in Éirinn sa todhchaí is í an aidhm atá i gceist ná cothrom a bhaint amach idir soláthar tithíochta dea-chaighdeáin a fhreastalaíonn ar riachtanais daonra éagsúil, ar bhealach a dhéanann áiteanna maithe um chónaí dár gcuid bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe anois agus sa todhchaí chomh maith.

### TOSAÍOCHTAÍ AGUS PRIONSABAIL

**Ar bhonn náisiúnta, is iad na tosaíochtaí tithíochta ardleibhéil san earnáil tithíochta go dtí 2040 ná:**

- Ionad Tithe - Aghaidh a thabhairt ar scaipeadh spásúil fadtéarmach na tithíochta.
- Dianseasmhacht Foirgneamh - Athúsáid, inoiriúnaitheacht agus inrochtaineacht inár stoc tithíochta, comhtháthú a chinntiú chun pobail bhríomhara inbhuanaithe a chur ar fáil.
- Próifíl Riachtanais agus Éilimh - Brúnna tithíochta náisiúnta a leagan amach go dtí 2040.
- Riachtanais Tithíochta don Todhchaí a Thabhairt le Chéile go hÉifeachtach - Bonn fianaise cuimsitheach a bhunú chun tacú le beartais tithíochta agus bearta forfheidhmithe agus chun bheith mar bhonn eolais fúthu.

### TÁ PRIONSABAIL LÁRNACHA NÁISIÚNTA LEAGTHA AMACH CHUN SOLÁTHAR TITHÍOCHTA AMACH ANSEO A THREORÚ AG GACH LEIBHÉAL RIALACHAIS

- Caighdeán ard beatha a chinntiú do chónaitheoirí amach anseo chomh maith le tithíocht agus déanamh áite atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí trí phleanáil chomhtháite agus dearadh a bhíonn ar fheabhas i gcónaí.
- Ceadú do rogha maidir le hionad tithíochta, cineál, tionacht agus cóiríocht agus freastal á dhéanamh ar riachtanais.
- Tús áite a thabhairt d'ionad sholáthar nua tithíochta i lonnaíochtaí reatha mar bhealach leis an leas is fearr a bhaint as caighdeán beatha níos fearr do dhaoine trí rochtain a fháil ar sheirbhísí, déanamh cinnte go mbaintear úsáid níos éifeachtúlaí as talamh, agus comhtháthú níos mó leis an mbonneagar reatha a cheadú.
- Scála agus nádúr an soláthar tithíochta sa todhchaí a chuir in oiriúint do mhéid agus chineál na lonnaíochta a bhfuil sé beartaithe é a shuíomh inti.
- Straitéisí tithíochta a chomhtháthú áit a bhfuil lonnaíochtaí ar dhá thaobh teorainneacha (teorainneacha contae agus/nó réigiúnach).
- Úsáid a bhaint as an stoc reatha

San fhís fhadtéarmachdo do thithíocht in Éirinn sa todhchaí is í an aidhm atá i gceist ná cothrom a bhaint amach idir soláthar tithíochta dea-chaighdeáin a fhreastalaíonn ar riachtanais daonra éagsúil, ar bhealach a dhéanann áiteanna maithe um chónaí dár gcuid bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe anois agus sa todhchaí chomh maith.

## Ionad Tithe

Is gá tithe na todhchaí a shuíomh in áiteanna ina bhfuil na deiseanna is fearr ag daoine caighdeán ard beatha a bheith acu.

In Éirinn, tá carachtar scaipthe agus scoilte tagtha ar ionaid tithíochta agus mar gheall air sin tá cónaí ar dhaoine níos faide óna gcuid post agus is minic go mbíonn siad i bhfad ó sheirbhísí tábhachtacha mar oideachas agus chúram leanaí. Tá síneadh forbartha ar gach leibhéal lonnaíochta tagtha chun cinn mar fhorbairt scaipthe, léim chun tosaigh, bruachbhaile leanúnacha agus patrúin líneacha de stráice nó d'fhorbairt ribíneach.

Mar gheall ar an gcineál sin forbartha bhí sé costasach don Stát agus dodhéanta soláthar bonneagair a ailíniú agus infheistiú ann áit nach féidir údar a thabhairt leis. Freisin tháinig sé salach ar fhreagairtí éifeachtacha ar athrú aeráide, rinne sé níos measa fadhbanna ar nós brú tráchta agus truailliú, mhéadaigh sé amanna comaitéireachta agus bhí tionchar diúltach aige ar an iomlán ar shláinte agus leas daoine.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 33**

Tosaíocht a thabhairt do sholáthar tithe nua in áiteanna ar féidir leo tacú le forbairt inbhuanaithe agus ar scála cuí soláthair i gcoibhneas le háit.

## Beidh tithe na hÉireann sa todhchaí:



- **suite in áiteanna ar féidir leo tacú le forbairt inbhuanaithe** - is féidir le háiteanna a thacaíonn le fás, nuáil agus le soláthar éifeachtúil bonneagair, atá inrochtana do raon seirbhísí áitiúla, úsáid iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta a spreagadh agus cabhrú le déileáil le hathrú aeráide;
- **curtha ar fáil inár gcuid cathracha agus bailte** (áit a bhfuil éileamh mór ar thithíocht), áit ar féidir na tithe agus na seirbhísí tacaíochta cuí a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúlaí agus níos éifeachtaí ar chostas níos ísle don Stát san fhadtéarma, agus
- **fós suite inár gcuid bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe, faoin tuath chomh maith, ach ar scála cuí** nach mbainfidh ó acmhainn ár gcuid bailte móra agus cathracha chun bailte a sholáthar ar bhealach níos inbhuanaithe..



## Dianseasmhacht a Chothú sa Tithíocht

Is féidir le stoc foirgneamh atá i staid dífheidhmeachta roghanna a thairiscint chun tithíocht a athrú ó bhonn agus mar chuid de bhonnábhar roinnt lonnaíochtaí is féidir leis oidhreacht agus féiniúlacht chultúrtha áite a chaomhnú. Ní mór athúsáid stoic foirgneamh reatha a thógáil san áireamh agus a mheas mar chuid de bhonn fianaise ar bith um cheapadh beartais tithíochta agus ar leibhéal áitiúil, beidh sé sin mar chuid de straitéisí lárnacha pleananna forbartha.

Beidh ar theach nua ar bith freastal ar riachtanais athraithe le linn a shaolré. Is é atá i bhforbairt tithíochta ar féidir cónaí inti agus ar féidir a chur in oiriúint ná forbairt a fhéadann freastal go héifeachtach ar na riachtanais sin go léir agus gan ghá le hathruithe costasacha atá dian ar fhuinneamh. Tá ár ndaonra ag athrú go tapa, agus an meánteaghlach ag éirí níos lú agus ag dul an aois anois go bhfuil méadú ag teacht ar an líon daoine ar féidir leo maireachtáil go neamhspleách agus iad breacaosta. Freisin leis an gcothrom idir an saol sa bhaile agus san áit oibre cuirtear éilimh dhifriúla ar ár gcuid tithe agus go leor daoine ag roghnú oibriú ón teach.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 34**

Tacú le soláthar tithe atá inoiriúnaithe ar feadh a saolré agus ar féidir leo freastal ar riachtanais athraithe teaghlaigh le himeacht ama.

o stairiúil, tá forbairt tithíochta ísealdlúis mar ghné de thírdhreach na hÉireann i gcathracha, i mbailte, i sráidbhailte agus faoin tuath. Chun síneadh uirbeach a sheachaint chomh maith leis an mbrú a chuireann sé ar an gcomhshaol agus ar bhonneagar, tá gá le dlúis chónaitheacha mhéadaithe inár gcuid ceantar uirbeach.

**Cabhróidh tithíocht atá deartha agus suite go maith agus atá de dhlús níos airde:**

- **Le ceantair uirbeacha atá ag dul i méid go tapa scála a bhfuil géarghá leis a bhaint amach;**
- **Le ceantair uirbeacha meánmhéide bealach a aimsiú i dtreo cáilíochta i gcreat iomaíoch nua;**
- **Le gach ceantar uirbeach bríomhaire agus beocht a mhéadú;**
- **Le héifeachtúlacht agus le hinbhuanaitheacht mhéadaithe in úsáid fuinnimh agus bonneagair phoiblí**

Chun na spriocanna inlíonta/athfhorbraíochta a chomhlíonadh atá leagtha amach i CBN 3a, 3b agus 3c den Chreat seo, beidh gá le méadú mór agus leanúnach ar aschur tithíochta uirbí agus ar fhorbairt de chineál árasáin ach go háirithe, agus muid ag iarraidh nach leanfadh síneadh amach na gcathracha agus na gceantar uirbeach mór ar aghaidh.

Cé go raibh 12% de gach teaghlach áitithe in Éirinn agus 35% de gach teaghlach áitithe i gceantar Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath i 2016 déanta suas d'árasáin (sonraí daonáirimh), tá muid i bhfad taobh thiar de mheáin na hEorpa ó thaobh líon agus cion na dteaghlach a bhfuil cónaí orthu in árasáin, inár gcuid cathracha agus bailte móra ach go háirithe.  I go leor tíortha Eorpacha, is gnáthrud é go mbeadh cónaí ar 40%-60% de theaghlaigh in árasáin.

Chun déileáil níos éifeachtaí leis an dúshlán mar atá freastal ar riachtanais tithíochta daonra atá ag dul i méid inár gcuid príomhcheantar uirbeach, is léir gur gá dúinn tógáil isteach agus suas, seachas amach. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ar árasáin bheith níos coitianta mar fhoirm tithíochta, i gcathracha na hÉireann ach go háirithe.

Tá sé sin tacaithe ag fás leanúnach ar dhaonra, ag bogadh fadtéarmach i dtreo mheánmhéid teaghlaigh níos lú, daonra atá ag dul in aois agus atá níos éagsúla, níos mó soghluaisteachta sa mhargadh saothair agus cion níos airde de theaghlaigh in earnáil na cóiríochta ar cíos.

Is féidir le heacnamaíocht an tógáil árasán bheith níos dúshlánaí ná tógáil na gnáth-thithíochta. Trí thionscnaimh éifeachtacha um bainistíochta talún, athnuachan agus forbairt, áfach, chomh maith le cuir chuige nua pleanála, rialála agus maoinithe i dtreo fhorbairt árasán beidh na riachtanais a thiocfaidh chun cinn i gceantair mhóra uirbeacha do dhaoine ar raon ioncam mar thosaíocht mhór don Chreat seo agus do na gníomhartha a eascróidh as.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 35**

Dlús cónaitheach a mhéadú i lonnaíochtaí, trí raon beart a mbeidh ina measc laghduithe ar fhoirgnimh fholmhe, athúsáid foirgneamh atá ann, scéimeanna forbartha inlíonta, athghiniúint bunaithe ar cheantar nó láithreán agus foirgnimh níos airde.

## Éileamh Tithíochta

Idir 2018 agus 2040, beidh gá le 25,000 teach nua ar an meán a chur ar fáil in Éirinn gach bliain chun freastal ar riachtanais daoine le haghaidhtithíochta inacmhainne in ionaid mhaithe, agus méadú ag teacht ar an éileamh freastal ar theaghlaigh ina bhfuil duine amháin nó beirt. Laistigh den fhigiúr sin, tá raon leathan de riachtanais éagsúla tithíochta a bheidh sé riachtanach a chomhlíonadh.

Chun an leibhéal sin soláthair a bhaint amach beidh gá le méadú ar aschur tithíochta isteach sna 2020í chun déileáil le heasnamh atá tagtha chun cinn ó bhí 2010 ann. Chun freastal ar fhás daonra agus eacnamaíoch tuartha chomh maith le méadú ar bhunú teaghlach, beidh sé riachtanach an t-aschur bliantúil tithíochta a mhéadú ó 30,000 go 35,000 teach in aghaidh na bliana sna blianta go dtí 2027 agus monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach le déanamh air sin.

Inár gcuid cathrach, d'aithin an Ghníomhaireacht Tithíochta riachtanas comhiomlán le haghaidh 45,000 tí nua ar a laghad i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge suas go 2020, agus níos mó ná 30,000 díobh siúd ag teastáil i gCathair Bhaile Átha Cliath agus a cuid bruachbhailte. San fhadtéarma go dtí 2040, beidh gá le 275,000 teach nua ar a laghad a sholáthar sna cathracha, agus leath díobh siúd suite i gceantair ina bhfuil go leor tógála déanta cheana féin.



**7 as 10**
**dteaghlach**
déanta suas de thriúr nó níos lú



**Is gnách go mbíonn teaghlaigh i gceantair uirbeacha**
**níos lú** ná mar atá i mbruachbhailte nó ceantair tuaithe na tíre



## Tithíocht Shóisialta

Tá soláthar thacaí tithíochta ag an Rialtas dóibh siúd nach bhfuil in ann soláthar a dhéanamh do chóiríocht lena gcuid acmhainní féin mar bheartas sóisialta lárnach agus bíonn tionchar aige ar chion mór den daonra. Is féidir le gníomhartha a ghlacann comhlachtaí sóisialta i ndáil le tithíocht shóisialta dul i bhfeidhm go mór ar an margadh tithíochta iomlán, agus ar an gcaoi chéanna, is féidir le bearta airgeadais nó rialála maidir leis an margadh tithíochta dul i bhfeidhm ar fháil tithíochta sóisialta.

Má chuirtear níos mó aonad réadmhaoine le háiteanna ina bhfuil go leor tithíochta sóisialta cheana, nó le ceantair nach féidir tacú le daonra breise, is féidir fadhbanna tromchúiseacha a chruthú i bpobail. Is iad comharsanachtaí éagsúla ina bhfuil cothrom idir tithíocht phoiblí agus phríobháideach a chothaíonn na pobail is sláintiúla.

## Athrú ar Mhéid Teaghlaigh

Faoi láthair, tá triúr nó níos lú i 7 as 10 dteaghlach sa Stát, agus is é an méanmhéid teaghlaigh na 2.75 duine Meastar go laghdóidh sé sin go thart ar 2.5 duine in aghaidh an teaghlaigh faoi 2040. Is gnách go mbíonn méideanna teaghlaigh i gceantair uirbeacha níos lú ná mar a bhíonn sna bruachbhailte nó in áiteanna tuaithe na tíre. I gcathair Bhaile Átha Cliath, teaghlaigh duine, beirte agus triúir atá in 80 fán gcéad de na teaghlaigh go léir36. Tá an stoc tithíochta in Éirinn, áfach, déanta suas den chuid is mó de thithe scoite agus leathscoite ina bhfuil trí nó cheithre sheomra codlata.

## Mic Léinn

Leis an éileamh ar chóiríocht do mhic léinn déantar níos measa an brú éilimh ar an soláthar cóiríochta ar cíos atá ar fáil i gceantair uirbeacha ach go háirithe. Sna blianta atá romhainn, meastar go méadóidh an brú ó thaobh cóiríochta do mhic léinn37. Is gá go mbeadh cóiríocht shaintógtha do mhic léinn chomh gar agus is féidir don ionad oideachais, agus ceangailte le bonneagar inrochtana mar shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí. Tacaíonn an Straitéis Náisiúnta Cóiríochta do Mhic Léinn leis na cuspóirí sin.

## Tithe Inacmhainne

I dteannta leis an infheistíocht mhór i dtithíocht shóisialta mar atá leagtha amach in Atógáil Éireann agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta, is gá dúinn freisin déanamh cinnte go dtógtar tithe níos inacmhainne le díol nó le ligean ar cíos, inár gcuid cathracha, bailte agus sráidbhailte ach go háirithe, chun cur ar chumas daoine rogha a dhéanamh cónaí ina bpobail féin agus níos gaire dá n-áit oibre. Déanfar é sin a éascú trí bhainistíocht talún níos réamhghníomhaí agus trí sholáthar comhordaithe agus éifeachtúil an bhonneagair chumasaithe, go háirithe ar thailte údaráis áitiúil agus faoi úinéireacht an Stáit, chomh maith le solúbthacht a thabhairt i leith deartha agus dlúis, inár gcuid lár uirbeach ach go háirithe, chun go méadófar tógáil chost-éifeachtach agus éagsúlacht na dtithe a bheidh dírithe ar cheannaitheoirí céaduaire.

## Riachtanais Tithíochta na Todhchaí a Thógáil le Chéile go hÉifeachtach

Tá an earnáil tithíochta níos casta ó ullmhaíodh na céad Straitéisí Tithíochta údaráis áitiúil sna blianta tar éis gur achtaíodh an tAcht Pleanála agus Forbartha 2000. I gcomhréir le gealltanais faoi Chlár Gníomhaíochta an Rialtais ar Thithíocht agus Easpa Dídine – Atógáil Éireann – agus ag tógáil ar thionscnaimh nua mar Ráiteas Náisiúnta na Gníomhaireachta Tithíochta ar Riachtanas agus Éileamh, cuirfear modheolaíochtaí agus treoirlínte reachtúla feabhsaithe i bhfeidhm agus aird á tabhairt ar na riachtanais tithíochta éagsúla nach mór freastal orthu, a bhfuil ina measc riachtanais daoine breacaosta, daoine faoi mhíchumas, an lucht taistil, tithíocht shóisialta go ginearálta, teaghlaigh de mhéideanna agus de leibhéil ioncaim éagsúla agus mic léinn.

Chun ionad, saintréitheacht agus tionacht tithíochta a láimhseáil sa todhchaí beidh gá le bonn fianaise mór agus dianseasmhach agus le cur chuige dianseasmhach i dtreo cur i bhfeidhm. Tá gá le sonraí tithíochta níos fearr ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, contae agus lonnaíochta chun coinníollacha tithíochta a thuiscint chomh maith le riachtanais tithíochta daoine in Éirinn, chun beartais, cláir agus tionscnaimh mhaoinithe eolacha agus chostéifeachtacha a fhorbairt.

Beidh tuar níos cruinne riachtanais tithíochta na todhchaí ar leibhéal Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíche agus phlean forbartha údaráis áitiúil (e.g. trí Straitéisí Lárnacha) cumasaithe ag soláthar treoirlínte reachtúla nua chun déanamh cinnte go mbeidh cur chuige, cur i bhfeidhm agus monatóireacht comhsheasmhach.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 36**

Cuirfear i bhfeidhm treoirlínte reachtúla nua, agus iad tacaithe ag modheolaíochtaí agus foinsí sonraí níos leithne, faoi Chuid 28 den Acht Pleanála agus Forbartha chun feabhas a chur ar an mbonn fianaise, ar éifeachtacht agus chomhsheasmhacht an phróiseas pleanála do sholáthar tithíochta ar leibhéal réigiúnach, cathrach agus údaráis áitiúil. Beidh sé sin tacaithe ag soláthar ceanglas caighdeánaithe trí rialachán um thaifeadadh sonraí pleanála agus tithíochta ag na húdaráis áitiúla chun bonn fianaise níos comhsheasmhaí agus dianseasmhaí a chur ar fáil um cheapadh beartais tithíochta.

## Measúnú ar Éileamh Riachtanais Tithíochta

Chun déanamh cinnte go mbeidh an córas um dhéanamh pleananna tacaithe ag modheolaíocht dhianseasmhach chun bonn eolais a chur faoi bheartais agus thionscnaimh mhaoinithe i ndáil le tithíocht agus na ceanglais talún gaolmhara, forbróidh gach Údarás Áitiúil Measúnú ar Éileamh Riachtanais Tithíochta (MÉRT) chun tacú le hullmhú straitéisí tithíochta agus gach aschur bainteach le beartas tithíochta, e.g. pleananna forbartha cathrach agus contae, pleananna ceantair áitiúil, pleananna cóiríochta don lucht taistil etc.

Is é cuspóir an Mheasúnú ar Éileamh Riachtanais Tithíochta ná:

- **Cabhrú le húdaráis áitiúla dearcaí straitéiseacha fadtéarmacha a fhorbairt maidir le riachtanas tithíochta ar fud gach tionachta.**
- **Bonn fianaise daingean a chur ar fáil chun tacú le cinntí faoi sholáthar nua tithíochta, seirbhísí níos leithne bainteach le hinfheistíocht agus tithíocht a bheidh mar bhonn eolais don phróifíl náisiúnta tithíochta.**
- **Bonn eolais a chur faoi bheartais maidir le cion na tithíochta sóisialta agus inacmhainne a theastaíonn, lena n-áirítear an gá le cineálacha agus méideanna difriúla soláthair.**
- **Fianaise a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi bheartais maidir le soláthar sainseirbhísí tithíochta agus bainteach le tithíocht.**



Is bunachar sonraí é an MÉRT a ligeann d'údaráis áitiúla cásanna éagsúla a shamhlú chun bonn eolais a chur faoi chinntí lárnacha i leith riachtanas agus éileamh tithíochta. Tá MÉRTanna ceaptha chun meastacháin leithne fhadtéarmacha a thabhairt maidir leis an gcaoi a bhféadfadh éileamh tithíochta a bheith sa todhchaí, seachas meastacháin bheachta.

### Tá roinnt ionchur lárnach fianaise atá mar bhonn eolais don samhail MÉRT agus a stiúrann í, mar seo a leanas:

**1**

**Treochtaí déimeagrafacha, inacmhainneachta agus treochtaí eacnamaíocha níos leithne.** Tacaíonn úsáid réamhaisnéisiú eacnamaíoch nó obair eacnaiméadrach leis an gcuid seo. I measc na riachtanais sonra tá comhdhéanamh/réamh-mheastacháin teaghlaigh, praghsanna tí, cíosanna, líon na gceannaitheoirí céaduaire (CCUnna) agus rátaí morgáiste idir iasacht agus luach, gníomhaíocht eacnamaíoch agus rátaí fostaíochta etc.

**2**

**Brú ar Phróifíl an Stoc Tithíochta (agus riachtanas reatha) agus saincheisteanna bainistíochta.** Tabhairt faoi phróifíl shonrach ar stoc tithíochta áitiúla agus ar bhrú stoic, tithíocht údaráis áitiúil san áireamh, chun na príomhréimsí brú a aithint maidir le soláthar agus éileamh, stoc neamhéifeachtach agus riocht foriomlán chomh maith le tosaíochtaí um bainistíocht stoc sa todhchaí. Teastaíonn faisnéis faoi mhéid teaghaise, cineál teaghaise, riocht teaghaise agus brú stoic (áitíocht/tearc-áitíocht, láimhdeachas stoic etc.).

**3**

**Riachtanas agus Éileamh Tithíochta na Todhchaí a Mheas.** Tá sé sin briste síos mar seo: áitiú úinéara, earnáil phríobháideach, faoi bhun[38] chíos margaidh agus cíos sóisialta. Tugtar treoir shonrach faoi conas an obair sin a dhéanamh, lena n-áirítear conas toimhdí a bhunú faoi inacmhainneacht maoine, ó thaobh úinéireacht tí agus na gcatagóirí éagsúla cíosa.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 37**

Tabharfar faoi Mheasúnú ar 'Éileamh Riachtanais Tithíochta' (MÉRT) le haghaidh gach cheantar Údaráis Áitiúil chun riachtanais tithíochta sa todhchaí a chomhthiomsú agus a athailíniú go cruinn. Maidir leis an MÉRT:

- tabharfar faoi ag Údaráis Áitiúla agus tabharfaidh na Tionóil Réigiúnacha cúnamh le comhordú, agus ar scála Cathrach freisin, go háirithe áit a bhfuiltear chun pleanáil a dhéanamh i gcomhair idirghníomhuithe idirchontae agus idir-réigiúnacha agus iad a bhainistiú;
- beidh sé mar bhonn eolais príomhúil faoi bheartais tithíochta, straitéisí tithíochta agus beartais ghaolmhara i ndáil le criosú um úsáid talún chomh maith le cabhrú le socrú cá háit a bhfuiltear chun réimsí nua beartais nó cláir infheistíochta nua a fhorbairt; agus
- tacófar leo, trí haonad comhordaithe agus monatóireachta a bhunú le cabhrú le hÚdaráis Áitiúla agus Tionóil Réigiúnacha agus iad ag forbairt an MÉRT (DHPLG, Tionóil Réigiúnacha agus na hÚdaráis Áitiúla). Is é a bheidh i gceist leis sin ná bunachar spásúil láraithe um shonraí Tithíochta Údaráis Áitiúil a fhorbairt agus a chomhordú a thacaíonn le hÚdaráis Áitiúla agus iad ag tabhairt faoin MÉRT.



# 7 Ár n-Acmhainn Oileáin agus Mara a Potential

## 7.1 Pleanáil Chomhtháite Talún agus Mara

Mar náisiún oileáin ag a bhfuil cearta ceannasach i ndáil le ceann de na hachair mhara is mó san Eoraip agus cóimheas 10:1 idir farraige:talamh, tá geilleagar, cultúr agus sochaí na hÉireann fite fuaite leis an bhfarraige. Is sócmhainn náisiúnta í ár dtimpeallacht mhara as a dtagann na tairbhí iomaí gnó agus neamhghnó ó thaobh, mar shampla, bia mara, turasóireacht, caitheamh aimsire, fuinneamh inathnuaite, oidhreacht chultúrtha agus bithéagsúlacht.

Braitheann úsáid inbhuanaithe acmhainní mara na hÉireann, in aice leis an trá ach go háirithe, go mór ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid acmhainní ar talamh a bhainistiú, agus ar a mhó is éiríonn linn pleanáil spásúil fhadtéarmach dár gcuid ceantar talún agus mara a ailíniú tríd an gCreat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Spásúil Mara. Tiocfaidh forbairt an PFN, plean atá bunaithe ar an talamh go príomha, chun cinn ag an am céanna le ceanglais Treorach an AE chun plean spásúil mara náisiúnta a fhorbairt faoi 2021. Agus Plean Spásúil Mara á fhorbairt, coimeádfaidh Éire i gcuimhne na hoibleagáidí faoi ghníomhaíochtaí rialaithe reatha de réir dhlí na hEorpa inár gceantar mara.

Cé nach mbaineann méid an cheantair spásúil mhara go díreach leis na ceantair úd atá clúdaithe faoi fhorálacha na n-Achtanna Pleanála agus Forbartha, tá go leor aidhmeanna roinnte ann chomh maith le réimsí coitianta comhordaithe agus gníomhaíochta. Oibreoidh na próisis um pleanáil úsáide talún agus pleanáil mhara taobh lena chéile (féach ar fhíor 7.1).



Cuimseoidh sé sin freisin oibriú le riaracháin náisiúnta eile, mar Thuaisceart Éireann, maidir le saincheisteanna trasteorann chun cinntiú go nglactar cur chuige rialála comhsheasmhach agus éifeachtach i dtreo phleanáil mara agus talún. Tá cur chuige mar sin riachtanach chun leas a bhaint as acmhainn ár n-aigéan agus farraigí chun tacú le pobail áitiúla, bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar ár gcuid acmhainní mara agus intuarthacht fhadtéarmach infheistíochta um forbairt agus gníomhaíochta inar gceantar mara.

Mar gheall ar ghaoil chasta idir gníomhaíocht talún agus mara teastaíonn comhordú idir go leor earnálacha agus gníomhairí éagsúla. Tá roinnt earnálacha agus gníomhaíochtaí ar féidir leo bheith ar talamh agus i dtimpeallacht mhara agus a theastaíonn áiseanna agus bonneagar a thrasnaíonn an dá cheantar. Mar shampla, tá gá le bonneagar cuain ó bháid iascaireachta farraige chun a gabháil a thuirlingt.

I roinnt áiteanna, is féidir le dramhaíl ón talamh teacht salach nó cosc a chur ar an gcumas deiseanna eacnamaíocha a réadú a bhraitheann ar an bhfarraige ar nós dhobharshaothrú sliogéisc, a d'fhéadfadh tarlú murach sin, dá mbeadh éiceachóras mara folláin ann agus caighdeán oiriúnach uisce. Ar an gcaoi chéanna, chun acmhainní fairsinge agus inbhuanaithe fuinnimh gaoithe agus taoide na hÉireann a fhorbairt, beidh gá le pleanáil bunaithe ar thalamh chun an fuinneamh a ghabháil, a stóráil agus a tharchur chuig custaiméirí.

**Tiocfaidh forbairt an PFN, plean atá bunaithe ar an talamh go príomha, chun cinn ag an am céanna le ceanglais Treorach an AE chun plean spásúil mara náisiúnta a fhorbairt faoi 2021.**

Fíor 7.1 | Aidhmeanna Coitianta agus Réimsí Coitianta maidir le Pleanáil Talún agus Mhara

PLEANÁIL TALÚN

PLEANÁIL MHARA

## Aidhmeanna Coitianta

- An Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Spásúil Mara.
- Léiriú spásúil ar an mbeartas náisiúnta; treoir agus tosaíochtaí náisiúnta.
- Cinnteoireacht straitéiseach agus creat comhtháite um chead forbartha.
- Úsáid agus bainistíocht inbhuanaithe ceantar atá inbhuanaithe atá ceannródaíoch san fhadtéarma.
- Comhordú ar Ranna agus shaincheisteanna Earnála faoi threoir plean.
- Comhréireacht idir pleanáil mhara agus talún sna réimsí comhleasa.
- Pleanáil chomhtháite trasteorann.

## Réimsí Coitianta um Chomhordú

| | |
|---|---|
| Forbairt | Pobail Earnálach & Comhchomhairle Phoiblí; Forbairt Eacnamaíoch; Iompar – Poirt agus Cuanta; Fuinneamh – Leictreachas & Fuinneamh Inathnuaite; Iascaireacht; Dobharshaothrú & Muirshaothrú; Sóisialta & Cultúr; Turasóireacht & Fóillíocht; Cosaint ar Thuilte; Eastóscadh; Bonneagar Cumasaithe; Sláinte & Sábháilteacht; Cumarsáid |
| Comhshaol | Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní; Aeráid Dul in Oiriúint d'Athrú; Cáilíocht Uisce; Creimeadh & Fuilleamh Cósta; Láithreáin Chósta agus Ceantair atá Íogair ó thaobh Comhshaoil; Tuilte; Bithéagsúlacht; Tírdhreach agus Muirdhreach |
| Rialachas, Rialú & Ceadúnú | Próiseas ceada um forbairt agus ghníomhaíochtaí ar an gcósta agus amach ón gcósta; Freagrachtaí as gníomhaíochtaí a bhainistiú i réimsí idirghníomhaithe talún-farraige |
| Sonraí | Taighde lena n-áirítear bainistíocht ar shonraí spásúla; éifeachtaí carnacha; bonn fianaise; próifílí |

Fíor 7.2 | Gaoil idir Beartas Pleanála agus Beartas Mara

| Beartas Pleanála | Ordlathas | Beartas Mara |
|---|---|---|
| **Náisiúnta** | | |
| An Creat Pleanála Náisiúnta | Aidhmeanna & Cuspóirí Ardleibhéil<br><br>Díriú Náisiúnta | An Plean Náisiúnta Spásúil Mara |
| **Réigiúnach** | | |
| Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha | Beartais a bhfuil Tábhacht agus Béim Réigiúnach ag gabháil leo maidir le comhar agus cur i bhfeidhm | Cur chuige Réigiúnach i dtreo Phleanáil Spásúil Mara |
| **Plean** | | |
| Forbartha Áitiúil agus Plean Ceantair Áitiúil | Cuspóirí agus cuir chuige bunaithe ar cheantair áitiúla | Idirghníomhú áitiúil idir thalamh-fharraige e.g. pleanáil bainistíochta cósta, Bainistíocht Chomhtháite ar Chrios Cósta |

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 38**

Tógfar san áireamh i bpleananna forbartha réigiúnach, cathrach agus áitiúil saincheisteanna ábhartha maidir le pleanáil spásúil mhara agus beidh siad cuimsithe iontu.

## 7.2 Geilleagar Mara

**Tá príomhról cumasaithe ag an ngeilleagar mara maidir le forbairt réigiúnach, i bpobail chósta iargúlta ach go háirithe. Freisin tá ról lárnach ag an earnáil mhara sa gheilleagar mar gheatabhealach um ghluaiseacht daoine agus lastais idir Éire agus a cuid comhpháirtithe trádála. I measc earnálacha seanbhunaithe aigéin agus cósta tá fiontar bainteach le bia mara mar iascaireacht ghnó agus dobharshaothrú, táirgí bith-theicneolaíochta agus bithfhionnachtana mara, turasóireacht mhara, taiscéalaíocht agus táirgeadh fuinnimh, iompar mara, tógáil long agus léasú long.**

Tá ról ríthábhachtach ag an earnáil bia mara i bhforbairt inbhuanaithe an ábhar eacnamaíoch agus shóisialta i réigiúin áirithe agus sna pobail tuaithe iomaí a bhfuil sí ag freastal orthu. Tá na poist a choimeádtar san earnáil sin an-tábhachtach ar go gcoimeádann siad daonraí agus pobail oibre i gceantair chósta iargúlta, ina mbíonn níos lú deiseanna um forbairt ghnó nó tionscail. Tacaíonn earnáil bia mara na hÉireann le hinmharthanacht eacnamaíoch na bpobal cósta iomaí, agus í ag cruthú go díreach nó ag tacú le 11,000 post.

.

Is é luach reatha díolachán san earnáil bia mara ná €943 milliún agus is ionann iad agus 5% de mhéid iomlán na n-onnmhairí bia agus dí, agus acmhainn mhór ann um méadú. Tá deiseanna um fás san earnáil bia atá leagtha amach i Food Wise 2025, plean straitéiseach an Rialtais um forbairt an earnáil agraibhia, a bhfuil ina measc bia mara, bunaithe ar:

- Méadú ar an éileamh domhanda ar tháirge agus easnamh soláthair
- Gaire d'acmhainn tháirgiúil iascach fiáin a d'fhéadfaí a thuirlingt in Éirinn;
- Deis cur le leibhéal an táirge breisluacha; agus
- Deis buntáiste straitéiseach a fháil i réimse na bith-theicneolaíochta mar

I Harnessing Our Ocean Wealth (HOOW, 2012) leagtar amach fís, spriocanna ardleibhéil agus gníomhartha comhtháite an Rialtais chun ár n-acmhainn mhara a chomhlíonadh agus cuimsítear straitéis chomhtháite fiontar chun deiseanna margaidh sonracha atá ag teacht chun cinn a nochtadh (e.g. earraí inathnuaite amach ón gcósta, seirbhísí amach ón gcósta, TFC agus braiteoirí, bith-theicneolaíocht, dobharshaothrú). I gcomhréir le spriocanna HOOW, ar nós OTN ón earnáil mhara a dhúbláil faoi 2030, is gá a mheas cá háit a bhfuil deiseanna um fás.



Baineann Éire tairbhe as uiscí doimhne atá ann go nádúrtha sa deisceart agus sa iardheisceart, ar féidir leo glacadh leis na soithigh aigéin is mo, agus a bhfuil deis iontu um forbairt tionscail a bhraitheann faoi láthair, nó a bheidh ag brath sa todhchaí, ar bhearta uisce dhomhain.

Tá sé tuartha go leanfaidh éileamh domhanda agus náisiúnta ar bhia mara ar aghaidh ag dul i méid sna blianta amach romhainn. Ach agus iascaigh ghabhála bainistithe cheana féin um uas-tháirgeacht inbhuanaithe faoin gComhbheartas Iascaigh, tá sé tuartha go ndéanfar freastal ar éileamh méadaithe ó dhobharshaothrú beagnach go hiomlán. Baineann tionscal dobharshaothraithe reatha na hÉireann tairbhe margaidh cheana ón aitheantas fairsing ar fud an domhain ar ár gcuid uiscí réasúnta gléghlan agus na cleachtais orgánacha agus inbhuanaithe a bhíonn ar siúl ag go leor saothróirí, ach tá an tionscal fós réasúnta beag i gcoibhneas leis an acmhainn atá aige.

Is féidir le pleanáil spásúil táirgeadh méadaithe an dobharshaothraithe a chumasú ar bhealach inbhuanaithe ionas nach dtagtar salach ar ghnáthóg, cháilíocht uisce, ná acmhainní mara eile. Freisin táirgeann iascaigh chósta (iascaigh bheaga) na hÉireann táirgí bia mara ardchaighdeáin, ardluacha agus is gné ríthábhachtach iad de na geilleagair áitiúla agus dá gcuid pobal cósta.

Tá roinnt Ionaid Iascaigh Cuain in Éirinn atá in ionaid straitéiseacha, chomh maith le saoráidí riachtanacha i raon port agus cuanta beaga timpeall an imeallbhoird. Tá gá le hinfheistíocht leantach in Ionaid Iascaigh Cuain chun feabhas a chur agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcumas an leas is mó a bhaint as ról ár gcuid acmhainní mara i bpobail tuaithe agus chósta. Tá gá le pleanáil náisiúnta chomhtháite

don bhonneagar bunaithe ar thalamh a theastaíonn chun gur féidir le saoráidí dobharshaothraithe den sórt sin oibriú agus bheith rathúil chun déileáil ar bhealach inbhuanaithe le héileamh ar bhia mara agus cur le baint amach spriocanna HOOW..

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 39**

Tacú le fás agus forbairt inbhuanaithe an gheilleagair mhara agus leanúint ar aghaidh ag infheistiú san earnáil bia mara agus inár gcuid Ionad Iascaigh Cuain go háirithe i bpobail tuaithe iargúlta agus ar oileáin.

## 7.3 Poirt

**á ról tábhachtach ag seirbhísí poirt agus loingseoireachta na hÉireann ó thaobh fás eacnamaíoch. Tá poirt na hÉireann ríthábhachtach do thrádáil idirnáisiúnta, agus níos mó ná 90% dár dtrádáil idirnáisiúnta ag gluaiseacht ar farraige. Freisin gníomhaíonn poirt mar mhoil loighistice agus dáileacháin.**

Is é atá i gceist le bonneagar poirt ná forbairt ar thalamh agus sa cheantar mara (cladach) agus gar do cheantair a bhfuil tábhacht agus cosaint chomhshaoil ag gabháil leo go minic, chomh maith le héiceachórais éagsúla. Féachtar sa bheartas i leith port náisiúnta margadh iomaíoch agus éifeachtach a éascú le haghaidh sheirbhísí iompair mhara agus aithnítear cur chuige sraithe i dtreo thábhacht poirt.

Mar náisiún oileáin, braitheann muid ar cháilíocht agus éifeachtach ár bport i bhfad níos mó nár mar a bhraitheann cuid mhór dár gcomhpháirtithe trádála. Chun fás eacnamaíoch a chothú, ní mór dúinn bheith in ann acmhainn bhreise port a sholáthar ar bhealach tráthúil agus intuartha.

Ceanglaíonn an beartas náisiúnta i leith port ar phoirt Shraith 1 agus Shraith 2, nó poirt a bhfuil tábhacht náisiúnta agus réigiúnach ag gabháil leo, bheith i gceannas ar an bhfreagra ar riachtanais acmhainne poirt na hÉireann a chomhlíonadh amach anseo. Tá tionscadail mhóra um athfhorbairt poirt ar siúl ag ár bpoirt Shraith 1 (i.e. Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Sionainn-Faing) faoi láthair. Mar thoradh ar na forbairtí beidh comhchruinniú níos mó tráchta ag dul tríd na poirt sin, agus beidh impleachtaí aige sin um bonneagar bunaithe ar chladach agus ar farraige.



Is é an treocht idirnáisiúnta fadtéarmach i bpoirt agus sa loingseoireacht ná treocht i dtreo chomhdhlúthú acmhainní chun na héifeachtúlachtaí scála is mó a bhaint amach. Bíonn éifeachtaí aige sin ó thaobh mhéid soithí, an doimhneacht uisce a theastaíonn sna poirt agus cineál agus scála na gceangal iompair i gcúlchríoch an phoirt.

Tá poirt Shraith 1 suite gar do Bhaile Átha Cliath, Chorcaigh agus Luimneach agus tógfar san áireamh agus pléifear le ról na bport sin i dteannta le ceanglais bhonneagair fhadtéarmacha mar chuid den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch atá ábhartha agus an réimse de phróisis phlean forbartha cathrach/contae atá comhthráthach nó ar siúl ina dhiaidh sin.

Aithnítear freisin sa bheartas náisiúnta i leith port na poirt Shraith 2 Belview agus Ros Láir-Europort, mar gheall ar an acmhainn trácht tríd na poirt sin a mhéadú, a ngaire do phríomh-chomhpháirtithe trádála agus a róil iompair straitéisigh lasmuigh de na ceantair díreach mórthimpeall orthu.

Ba cheart go mbeadh pleananna straitéiseacha um poirt Shraith 1 agus 2 agus na straitéisí comhréireacha um fás cathrach i gcomhréir leis na haidhmeanna agus beartais fhairsinge um fás éifeachtach agus forbairt inbhuanaithe na réigiún cathrach.

Baineann Éire tairbhe as uiscí doimhne atá ann go nádúrtha sa deisceart agus sa iardheisceart, ar féidir leo glacadh leis na soithigh aigéin is mo, agus a bhfuil deis iontu um forbairt tionscail a bhraitheann faoi láthair, nó a bheidh ag brath sa todhchaí, ar bhearta uisce dhomhain.

Tá ról tábhachtach ag poirt eile atá tábhachtach go réigiúnach, ar nós Gaillimh agus Droichead Átha, ó thaobh fostaíochta agus seirbhísí réigiúnacha agus tá go leor cuanta beaga ag freastal ar phobail tuaithe agus oileáin. Chomh maith le lastas tráchtála, tacaíonn na poirt sin le hearnálacha mara atá ag freastal ar acmhainní nádúrtha áitiúla, mar iascaigh, fuinneamh inathnuaite mara agus turasóireacht mhara.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 40**

Déanamh cinnte go ndéileáiltear le riachtanais forbartha straitéisí Phoirt Shraith 1 agus Shraith 2, poirt a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leo agus poirt bheaga mar chuid de Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha, pleananna forbartha cathrach/contae, chun fás éifeachtach agus forbairt inbhuanaithe na réigiúin cathrach agus na gceantar réigiúnach agus tuaithe a chinntiú.

## 7.4 Timpeallacht Chósta agus Pleanáil um Athrú Aeráide

**Tá cónaí ar cheathracha fán gcéad de dhaonra na hÉireann laistigh de 5km ón gcósta. Is áit chodarsnachta í ár gcósta, agus é déanta suas de phobail chósta uirbeacha agus tuaithe agus oileáin, agus ina measc ár gcuid cathracha móra go léir agus na háiteanna is mó sa tír ó thaobh dhlús daonra.**

Freisin is príomhfhórsaí spreagtha iad ár gceantair chósta d'earnáil thurasóireachta na hÉireann, agus le brandáil rathúil 'Slí an Atlantaigh Fhiáin' agus na seisiún scannánaíochta don tionscal scannán atá aitheanta go hidirnáisiúnta, tarraingíodh aird ar an méid sin le blianta beaga anuas. Acmhainn shuntasach agus leochaileach atá in imeallbhord na hÉireann agus is gá í a bhainistiú go cúramach chun a carachtar agus a tréithe a choimeád ó thaobh cáilíochta fisicí agus comhshaoil agus bithéagsúlachta.

Mar thoradh ar athrú aeráide is saincheisteanna lárnacha iad leibhéil fharraige, patrúin fhuillimh agus creimthe um pleanáil agus measúnú ar riosca tuilte, go háirithe agus forbairt leanúnach ár gcuid cathracha agus bailte á bainistiú. San fhadtéarma, go dtí 2040 agus ina dhiaidh, le haghaidh freagairtí ar oiriúint d'athrú aeráide d'fhéadfadh go mbeadh gá le baráiste nó teicneolaíochtaí cosúil leis a mheas dul faoi thuilte na gceantar lár cathrach ísle a chosc le linn imeachtaí aimsire crua.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 41a**

Déanamh cinnte go ndéantar acmhainn chósta na hÉireann a bhainistiú chun a carachtar fhisiceach agus cáilíocht chomhshaoil a choimeád.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 41b**

I gcomhréir le haidhmeanna comhchoiteanna an bheartais náisiúnta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí na n-athruithe ar leibhéal farraige agus thuilte agus creimeadh cósta agus chun tacú le freagairtí oiriúnaithe i gceantair leochaileacha.



**I gcaitheamh na tréimhse go dtí 2040, is dóchúil go mbrostóidh dul chun cinn sa teicneolaíocht cur i bhfeidhm tráchtála, forbairt agus úsáid earnáil an fhuinnimh mhara inathnuaite, lena n-áirítear feirmeacha gaoithe snámha, fearais tuirbín taoide agus tiontóirí fuinnimh toinne.**

## 7.5 Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta

**Tá go leor deiseanna ag gabháil le huiscí críche na hÉireann in earnálacha an gheilleagair ghoirm agus an fhuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, a thacódh lenár n-aistriú go geilleagar gan charbón.**

Faoin bPlean Forbartha um Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta (PFFIAC), tá pleananna uaillmhianacha socraithe ag Éirinn um fuinneamh inathnuaite agus forbairt acmhainní fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta. I gcaitheamh na tréimhse go dtí 2040, is dóchúil go mbrostóidh dul chun cinn sa teicneolaíocht cur i bhfeidhm tráchtála, forbairt agus úsáid earnáil an fhuinnimh mhara inathnuaite, lena n-áirítear feirmeacha gaoithe snámha, fearais tuirbín taoide agus tiontóirí fuinnimh toinne.

Chun fuinneamh inathnuaite a fhorbairt tá sé ríthábhachtach bonneagar cumasaithe a fhorbairt, lena n-áirítear áiseanna eangaí chun an fuinneamh a thógáil i dtír agus é a cheangal le mórfhoinsí éileamh fuinnimh.

Mar gheall ar an acmhainn um ghiniúint inathnuaite in iarthar na tíre, d'fhéadfadh go mbeadh gá leis an líonra tarchurtha atá ann cheana san iarthar a atreisiú chun éascaíocht a dhéanamh ar aistriú fuinnimh inathnuaite arna ghiniúint chuig na mórionaid éilimh san oirthear.

Maidir le fuinneamh toinne, tá spriocanna socraithe ag an Rialtas um 500MW de ghiniúint fuinnimh ó chumhacht toinne le bheith suiteáilte in uiscí na hÉireann faoi 2020 agus tá roinnt láithreán trialach á bhforbairt amach ón gcósta thiar.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 42**

Tacú, i gcomhthéacs an Phlean Forbartha um Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta (PFFIAC)39 agus na pleananna a thiocfaidh ina dhiaidh, forbairt de réir a chéile ar acmhainn na hÉireann um fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, lena n-áirítear feabhais ar nascacht na heangaí intíre agus idirnáisiúnta.





CÁS-STAIDÉAR

# Inbhear na Sionainne: Plean um Chreat Straitéiseach Comhtháite

**Is é Inbhear na Sionainne an coimpléasc inbhir is mó in Éirinn agus é ag clúdach achar 500km1 d'uisce seolta agus é ag síneadh ar feadh 100km ó Chathair Luimnigh go Ceann Léime i gContae an Chláir.**

Mar phort dhomhainmhara, is gnách go bhfreastalaíonn inbhear na Sionainne ar longa de suas go meálasta 200,000 tonna. Freastalaíonn sé ar roinnt suiteálacha móra tionscail agus tá críochfort breosla tiomanta in Aerfort na Sionainne. Tá port Fhainge suite i ndeisceart an Inbhir, agus cathair Luimnigh suite níos faide soir.

Foilsíodh an Plean um Chreat Straitéiseach Comhtháite d'Inbhear na Sionainne i mí na Samhna 2013. Mar phlean idir-dlínse bunaithe ar thalamh agus mhuir, tháinig sé chun cinn mar thoradh ar chomhar idirghníomhaireachta rathúil a chuimsigh Comhairle Chathair agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chiarraí, Forbairt na Sionainne agus Cuideachta Poirt na Sionainne-Fhainge chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara eile a bhfuil leas acu san Inbhear.




# 8 Ag Obair lenár gComharsana

## 8.1 Éire agus an tAontas Eorpach

Agus an Creat Náisiúnta Pleanála á chur i bhfeidhm ní mór seasamh athraitheach na hÉireann i gcomhthéacs Eorpach agus domhanda a thógáil san áireamh agus aghaidh a thabhairt air. Tá an domhan ag éirí níos éagsúla agus níos idirnasctha. Tá Éire ar cheann de na geilleagair is domhandaithe ar a domhan, agus naisc sheanbhunaithe trádála agus infheistíochta aige le margaí na hEorpa, SAM, na hÁise agus an domhain mhóir. Mar thoradh air sin tharla athrú ó bhonn agus aistriú tapa ar ngeilleagair ó thaobh post, scileanna agus nuála.

Mar shampla, bhain Éire tairbhí móra as a ballraíocht ar an Aontas Eorpach. Freisin bhain Éire leas as a ballraíocht ar an AE mar mhórionad infheistíochta isteach san AE ó thaobh SAM agus an domhain mhóir chomh maith mar gheall ar ár seasamh straitéiseach, ar solúbthacht eacnamaíoch, ár mbonneagar feabhsaithe agus ár dtimpeallacht labhartha Béarla a thacaíonn le gnóthais.

Ós rud é gur geilleagar oscailte atá ann tá Éire ag brath ar thrádáil lenár gcomhpháirtithe trádála móra agus tá onnmhairí ina ngné lárnach d'fhás eacnamaíoch. Beidh orainn leanúint ar aghaidh ag feabhsú dhiansheasmhacht a gheilleagair chun déileáil le hathruithe féideartha ar an timpeallacht airgeadais dhomhanda agus ar ráta úis, iomaíocht níos láidre i gcomhair infheistíochta ón gcoigríoch, agus athruithe ar choinníollacha oibriúcháin na gcuideachtaí ilnáisiúnta. Chun é sin a dhéanamh, beidh orainn Éire a shuíomh ar bhealach go mbeidh sí solúbtha i gcás athraithe agus tionchar seachtrach.



Freisin beidh tionchar mór ar an idirghníomhú a bheidh againn lenár gcomharsana is gaire dúinn i dTuaisceart Éireann, i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag, ar ár gcuid deiseanna roinnte um dhul chun cinn agus forbairt.

Le vóta reifreann an RA maidir le Brexit tá tús curtha le próiseas a d'fhéadfadh athrú mór a dhéanamh ar nádúr ár ngaoil leis na comharsana is gaire dúinn. Cé nach mbeidh nádúr beacht na n-athruithe sin ar eolas againn go dtí am tar éis go mbeidh an Creat Náisiúnta Pleanála tugtha chun críche, beidh an deis ann a gcuid impleachtaí praiticiúla a thógáil san áireamh i leaganacha agus in athbhreithnithe ar an CNP sa todhchaí.

Idir an dá linn, le tarraingt siar an RA ón Aontas Eorpach, ba í Éire a bheidh ina bpríomhthír labhartha Béarla san AE.

Tá idir dhúshláin agus dheiseanna móra ag baint leis sin, lena n-áirítear an deis um infheistíocht eacnamaíoch mhéadaithe in Éirinn, agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh ag baint leasa as acmhainn an gheilleagar oileáin agus trádála, bonneagair agus na naisc iomaí eile a choimeád leis na comharsana is gaire dúinn.

Is dóchúil, i gcás tharraingt siar an RA ón AE, ó thaobh bhonneagar iompair agus fuinnimh mar shampla, go bhféadfadh go n-éireodh naisc dhíreacha na hÉireann le tíortha eile an AE trí haer agus fharraige chomh maith le naisc fhuinnimh fomhuirí, i bhfad níos tábhachtaí, mar gheall ar a gcuid buntáistí maidir le dhianseasmhacht agus éascaíocht gluaiseachta trasna teorainneacha inmheánacha. Mar thoradh air sin, beidh ar phoirt agus aerfoirt a bheidh ag éascú amanna iompair níos tapa idir Éire agus an AE a bheith nasctha go héifeachtach lenár gcórais iompair bunaithe ar thalamh.

## 8.2 Éire agus Tuaisceart Éireann

**Tá cónaí ar thart ar 6.6m duine ar oileán na hÉireann, 4.75 milliún duine in Éirinn (72% den líon iomlán) agus 1.85 milliún duine i dTuaisceart Éireann (28% den líon iomlán) (Daonáireamh 2016/NISRA). Faoi 2040, beidh cónaí ar thart ar 8 milliún duine ar an oileán a roinneann muid.**

D'ainneoin chomhthéacs Brexit,

beidh dúshláin roinnte ag baint le pleanáil i gcomhair nach mór 1.4 milliún duine breise, a gcuid tithe agus an bonneagar a bheidh ag teastáil chun tacú leis an bhfás sin, agus ag an am céanna torthaí maithe a chinntiú ó thaobh forbartha fisicí agus pobail agus i measc na ndúshlán sin beidh:

- **Ár bhfás a bhainistiú go straitéiseach um thairbhe fhadtéarmach maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta; agus**
- **Oibriú as lámh a chéile don leas coiteann i réimsí mar fhorbairt agus cur chun cinn eacnamaíoch, comhordú ar sholáthar an bhonneagair shóisialta agus fhisicigh agus bainistíocht chomhshaoil.**

Tríd an gCreat Náisiúnta Pleanála a chur i bhfeidhm i dteannta leis an Straitéis Forbartha Réigiúnaí (SFR) um Thuaisceart Éireann cabhrófar le déileáil leis na dúshláin sin. Tacófar leis an obair chomhoibritheach sin ag an gCreat um Chomhar ar Straitéisí Spásúla idir Éire agus Tuaisceart Éireann, a dhéanfar a nuashonrú agus a athbhreithniú de réir mar is gá.

I gcomhthéacs comhair leanúnaigh Thuaidh-Theas ar fud raoin leathain de réimsí beartais, tá trí chatagóir lárnach de chomhar praiticiúil idir Ranna ábhartha agus údaráis áitiúla in Éirinn agus Tuaisceart Éireann a thacóidh le cur i bhfeidhm an CNP agus a bheidh tacaithe aige:

**1 Ag Obair le Chéile um Buntáiste Eacnamaíoch**

- **Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste**
- **Comhpháirtíocht Thuaidh-Theas um Fás Straitéiseach**
- **Tionscnaimh Áitiúla Trasteorann**


**2 Comhordú Infheistíochta i mBonneagar**

- **Soghluaisteacht agus inrochtaineacht**
- **Fuinneamh**
- **Cumarsáid**
- **Turasóireacht**

**3 Ár dTimpeallacht Roinnte a Bhainistiú go Freagrach**



Fíor 8.1 | Dúshláin Phleanála Roinnte in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann




**Cuspóir Beartais Náisiúnta 43**

Oibriú as lámh a chéile don leas coiteann i réimsí mar phleanáil spásúil, fhorbairt agus cur chun cinn eacnamaíoch, comhordú ar sholáthar an bhonneagair shóisialta agus fhisicigh agus bainistíocht agus cosaint chomhshaoil.

# 8.3 Ag Obair le Chéile um Buntáiste Eacnamaíoch

## Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste

Is í an chonair ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste an comhcheirtliúchán eacnamaíoch is mó ar oileán na hÉireann, agus cónaí ar 2 mhilliún duine sna cathracha agus bailte ar an gconair gan abhantracha níos mó san áireamh. Nascann an chonair an dá chathair is mó agus go leor de na bailte is mó ar an oileán trí naisc ardacmhainne bóthair agus iarnróid náisiúnta agus tá ról ríthábhachtach aici i dtacú le fás eacnamaíoch agus le hiomaíochas.

Is é an dromchla freisin an bealach isteach náisiúnta chuig an oileán trína cuid aerfort agus port. I dtrí aerfort mór, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Aerfort Idirnáisiúnta Bhéal Feirste agus Aerfort Cathrach Bhéal Feirste, déantar bainistíocht i dteanna a chéile ar os cionn 35 mhilliún paisinéir in aghaidh na bliana agus rachaidh an figiúr sin i méid.

Mar chuid den Chreat Náisiúnta Pleanála, tá sé ar intinn ag an Rialtas leas a bhaint as acmhainn eacnamaíoch nádúrtha na conaire agus é a thacú agus a chur chun níos mó, agus tógáil ar bhuanna reatha. Chun é sin a dhéanamh, díreofar ar an gconair a fhorbairt mar cheantar spásúil ar leithligh ag a bhfuil infheictheacht idirnáisiúnta trí:

- **Ionaid mhóra daonra agus fostaíochta a phleanáil agus a fhorbairt go héifeachtach ar an bpríomhchonair eacnamaíoch, go háirithe Droichead Átha agus Dún Dealgan;**
- **Príomhchonairí iompair mar an líonra TEN-T agus feidhm straitéiseach an líonra bóithre ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste a chosaint ó fhorbairt agus shíneadh uirbeach nach gá;**
- **Indéantacht cheangal iarnróid ardluais idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath agus Corcaigh a fhiosrú; agus**
- **Tírdhreacha sainiúla agus gníomhaíochtaí tuaithe a chosaint a ghníomhaíonn mar spásanna glasa lárnacha agus ceantair.**

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 44**

I gcomhar le Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, tacú níos mó le agus forbairt bhreise a dhéanamh ar acmhainn eacnamaíoch na Conaire ó Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste agus go háirithe líonra lárnach Dhroichead Átha-Dún Dealgan-An Iúir agus a hinfheictheacht idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a fheabhsú.

## Comhpháirtíocht Thuaidh-Theas um Fás Straitéiseach

Tá forbairt réigiún cathrach an Iarthuaiscirt agus í dírithe ar Chathair Dhoire, Leitir Ceanainn agus An Srath Bán, riachtanach chun acmhainn an Iarthuaiscirt a chomhlíonadh agus chun go mbeadh a ról i bhfás eacnamaíoch réigiúnach agus uile-oileáin chomh mór agus is féidir. Le tacaíocht Rialtais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, forbraíodh socruithe nua um chomhar trasteorann chun ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil agus an réigiún á fhorbairt.

Déanann Comhpháirtíocht an Iarthuaiscirt, agus í ag obair leis an dá Rialtas, le pobail áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach, comhar réigiúnach a chur chun cinn maidir le pleanáil, cosaint agus bainistíocht chomhshaoil, seirbhísí pobail agus infheistíocht i mbonneagar, lena n-áirítear:

- **Cur le mais chriticiúil na n-ionad uirbeach lárnach sa réigiún níos leithne;**
- **Trádáil agus turasóireacht, nuáil, caipiteal daonna, foghlaim fadsaoil agus forbairt ghnó a chur chun cinn;**
- **Feabhas a chur ar bhonneagar iompair idir-uirbeach agus**
- **Comhordú níos fearr ar sheirbhísí poiblí mar áiseanna sláinte agus oideachais.**

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 45**

I gcomhar le Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, forbairt Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt a cur chun cinn mar cheantair tábhachta straitéisí idirnasctha in Iarthuaisceart Éireann, trí struchtúir chomhair agus cur chuige comhleanúnach i dtreo pleanála spásúla.

## Lárcheantar Teorann

Sa Chreat Náisiúnta Pleanála leagtar amach treochlár soiléir um forbairt ionad uirbeach láidir san Iarthuaisceart agus ar a gConair ó Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste. Idir an dá cheantar sin nádúr tuaithe den chuid is mó atá ar an lárcheantar teorann, agus cuimsítear freisin roinnt bailte contae agus lonnaíochtaí eile a chomhlíonann róil thábhachtach eacnamaíocha agus seirbhíse, idir róil réigiúnacha agus trasteorann le haghaidh na gceantar tuaithe mórthimpeall orthu.

Le feabhais mhóra ar an mbonneagar digiteach agus fisiceach, mar an N2/A5 ach go háirithe, faoi réir ghluaiseacht réidh daoine, earraí agus seirbhísí trasna na teorann, cruthófar deiseanna nua agus an lárcheantar teorann ceangailte go straitéiseach agus suite ar comhfhad ó réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath, Bhéal Feirste agus Dhoire.


Tacaíonn an CNP le tuilleadh fáis agus le tuilleadh infheistíochta sna bailte contae i gcontae an lárcheantair teorann agus le hinrochtaineacht a neartú ón lárcheantar teorann agus chuige. Ó thaobh oidhreachta agus turasóireachta, táirgeann an lárcheantar teorann cúlraí sceirdiúla uathúla ina bhfaightear droimníní, lochanna, portaigh agus foraoiseacha talaimh aird, a chuimsíonn geolaíocht, litríocht, ealaíon, oidhreacht réamh-Chríostaí agus tionscail i dteannta le líonra bailte beaga agus sráidbhailte ar an dá thaobh den teorainn.

## Tionscnaimh Áitiúla Trasteorann

Tá deiseanna um chomhar, i gceist le hathchumrú ar struchtúir údaráis áitiúil agus comhairle ar an dá thaobh den teorainn, go háirithe le haghaidh ceantar ar an gconair ó Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste agus sna lárcheantair teorann. Tacófar le forbairt na gceangal eacnamaíoch, bonneagair agus forbartha trí cheannaireacht áitiúil agus shocruithe comhair mar chomhordú ar fheidhmeanna pleanála straitéisí agus infheistíocht chomhfhreagrach sa bhonneagar. I measc trí réimsí lárnacha béime tá:

- **Socruithe um chomhar réigiúnach;**
- **Comhthionscnaimh; agus**
- **Pleanáil spásúil chomhordaithe.**

Fíor 8.2 | Réimsí um Chomhordú Áitiúil Trasteorann



# 8.4 Comhordú ar Infheistíocht sa Bhonneagar

**Cuireann an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Straitéis Forbartha Réigiúnaí um Thuaisceart Éireann bonn ar fáil um chomhar fadtéarmach i leith fhorbairt bonneagair, lena gcuimsítear iompar, fuinneamh agus teileachumarsáid agus bonneagar sóisialta agus pobail.**

## Iompar

Cé go ndearnadh infheistíocht mhór san iompar le 20 bliain anuas, mar gheall ar dhaonra méadaitheach an oileáin agus an méadú leantach ar líon na dturasóirí agus ar thrácht lastais cuirfear tuilleadh éileamh ar an mbonneagar iompair. Le linn shaolré an CNP, cabhróidh nascacht iompair méadaithe, seirbhísí bus agus iarnróid san áireamh, idir na príomhchathracha, chuig an réigiún iarthuaiscirt agus ar fud an réigiún teorann agus é sin ceangailte le forbairt agus chur chun cinn gormbhealaí, glasbhealaí, bealaí móna agus slite siúil trasteorann, le leas a bhaint as acmhainn an oileáin.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 46**

I gcomhar le Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, nascacht iompair níos fearr idir Éire agus Tuaisceart Éireann, a chuimseoidh bóthar agus iarnród trasteorann, bealaí rothaíochta agus siúil, chomh maith le gormbhealaí, glasbhealaí agus bealaí móna.



## Fuinneamh

Le comhar san earnáil fuinnimh, agus é stiúrtha ag an margadh leictreachais singil agus tógtha in éineacht le forbairt idirnaisc ar nós an Idirnascaire Thoir Thiar (INTT) in Éirinn agus Idirnascaire na Maoile i dTuaisceart Éireann laghdaíodh praghsanna fuinnimh, cuireadh feabhas ar dhianseasmhacht chórais fhuinnimh, bogadh amach ó brath beagnach iomlán an bhreoslaí iontaise, agus tacaíodh le geilleagar an oileáin.

Aithníodh mar thionscadal comhleasa idir Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann an gá le hidirnascaire nua idir eangacha leictreachais Thuaisceart Éireann agus Éireann. Tá Éire ag obair le tíortha eile mar an bhFrainc freisin chun an acmhainn um idirnasc leictreachais a fhiosrú agus leanfaidh sí ar aghaidh ag tacú le caidrimh lenár gcomharsana Eorpacha chun ár nascacht idirnáisiúnta a fheabhsú.

Chun tacú leis an gCreat Náisiúnta Pleanála, beidh gá le neartú breise ar eangacha leictreacha le haghaidh codanna den teorainn faoi réir na gceadanna pleanála is gá chun slándáil fuinnimh a fheabhsú trí laghduithe breise ar bhrath ar bhreoslaí iontaise, bogadh i dtreo gaoithe gáis, le gabháil agus ceapadh carbóin, bithmhais agus foinsí inathnuaite eile.

Idir an dá linn, cabhraíonn an phíblíne Theas-Thuaidh, idirnasc Thoir-Theas feabhsaithe idir líonraí gáis an oileáin, an RA i gcoitinne agus na hEorpa chun socruithe tarchurtha gáis a chomhchuibhiú ar an oileán, le ceanglais an AE um chomhtháthú margaí gáis a chomhlíonadh.

Cabhrófar le feabhsú shlándáil agus dhianseasmhacht fuinnimh sa todhchaí chun tacú le daonra de 8 milliún duine trí hidirnasc thuaidh-theas na n-eangach leictreachais a chur chun cinn níos mó.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 47**

I gcomhar leis na Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, bonneagar fuinnimh agus acmhainn idirnaisc uile-oileáin a neartú, lena n-áirítear líonraí dáileacháin agus tarchurtha chun slándáil an soláthar leictreachais a fheabhsú.

## Cumarsáid

In aois an eolais, tá ról ríthábhachtach ag teileachumarsáid maidir le gníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch a chumasú. Le forbairt Project Kelvin, soláthar fairsing cáblaí fomhuirí agus talún a cheanglaíonn Tuaisceart Éireann le Meiriceá Thuaidh, cuirtear bonneagar teileachumarsáide ríthábhachtach ar fáil do bhaile agus chathracha ar fud réigiún na teorann.

Tacóidh tuilleadh gnímh chun naisc chumarsáide a neartú i gcomhthéacs oileáin agus teorann leis an CNP, ar nós feabhais bhreise ar naisc idir mór-roinnt Mheiriceá Thuaidh agus oileán na hÉireann agus Eoraip, rochtain dhíreach ar chórais idirnáisiúnta um shonraí cnámh droma agus cur i bhfeidhm idirghabhálacha cuí um beartas agus infheistíocht phoiblí mar an Plean Náisiúnta Leathanbhanda.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 48**

I gcomhar le Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, bonneagar seasmhach, nuálach agus slán um chumarsáid agus sheirbhísí digiteacha a fhorbairt ar bhonn uile-oileáin.

## Turasóireacht

Tá Éire agus Tuaisceart Éireann araon ag tarraingt na ceithre mhargadh céanna is mó ó chuairteoirí lasmuigh de mhargaí intíre, agus Fáilte Éireann, Turasóireacht Thuaisceart Éireann agus Turasóireacht Éireann ag iarraidh spéis idirnáisiúnta a ghabháil trí tharraingtí scála straitéiseacha a chur chun cinn chomh maith le tarraingtí turasóra aitheanta mar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Ceathrú an Titanic i mBéal Feirste.

I measc deiseanna eile chun nochtadh don mhargadh a dhéanamh chomh mór agus is féidir tá comhar agus 'cuacha brandála' le téamaí lena n-áirítear Cósta an Chlocháin a nascadh le Slí an Atlantaigh Fhiáin agus réigiún teorann na lochanna a nascadh le branda Sheanoirthear Éireann. Le forbairt gormbhealaí mar Ghormbhealach na Sionainne - na hÉirne agus glasbhealaí mar Glasbhealach Canála Uladh tugtar deis um thairiscint turasóireachta fheabhsaithe ar fud cheantar na teorann.

Faoi láthair níl aon bhealaí fadraoin tiomanta um rothaíocht/shiúil a nascann Tuaisceart Éireann agus Éire cé go bhfuil cistiú INTERREG V ón AE ag cabhrú lena bhforbairt. Tá deis ann um rianta le comharthaí i gceantair teorann in Éirinn nascadh le rianta seanbhunaithe reatha i dTuaisceart Éireann.

Tá sócmhainní agus tírdhreacha nádúrtha ar nós na n-áiseanna talaimh aird agus locha a shíneann trasna na teorann, na rianta litríochta agus líonraí na mbailte stairiúla tábhachtach ní hamháin don turasóireacht ach freisin le haghaidh oidhreachta tógtha agus nádúrtha roinnte. Tá feabhsú na n-áiteanna agus na ngnéithe sin tábhachtach don fhorbairt réigiúnach agus áitiúil sna ceantair teorann agus don líonra bailte beaga agus sráidbhailte agus pobail cheilte ar an dá thaobh den teorainn.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 49**

Tacú le comhordú agus cur chun cinn thionscnaimh turasóireachta uile-oileáin trí chomhar leantach idir na gníomhaireachtaí turasóireachta ábhartha agus Turasóireacht Éireann.



**CÁS-STAIDÉAR**

## Comhpháirtíocht Thuaidh-Theas um Fás Straitéiseach

**Is é an Comhpháirtíocht Iarthuaiscirt um Fás Straitéiseach, a reáchtáil a céad chruinniú i mí na Nollag 2016 an chéad cheann den chineál sin ar oileán na hÉireann agus is ionann í agus cur chuige nua i dtreo rialtais chomhleanúnaigh ar féidir athrú iarbhír agus dearfach a bhaint amach don réigiún.**

Thacaigh an dá Rialtas leis an gComhpháirtíocht, a ndéanann Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Cathrach Dhoire agus Comhairle Ceantair an tSratha Báin, tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus tá sí déanta suas d'oifigigh shinsearacha rialtais ó gach Roinn Rialtais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, agus iad ag obair as lámh a chéile chun acmhainní a chur ar fáil um thosaíochtaí lárnacha an réigiúin mar atá fás agus forbairt agus gealltanas chun geilleagar níos dianseasmhaí a thógáil i Réigiún cathrach an Iarthuaiscirt.

## 8.5 Ár dTimpeallacht Roinnte a Bhainistiú go Freagrach

Ní léiríonn teorainneacha náisiúnta agus riaracháin eile nádúr trasteorann na timpeallachta agus a maoirseachta. Teastaíonn bainistíocht ag an dá dhlínse le haghaidh straitéisí bunaithe ar abhantrach agus tá róil agus cúraimí ag roinnt Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas sna réimsí sin i dteannta le comhordú tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas.

Mar shampla, faoin Chreat-treoir Uisce (CTU) an AE ceanglaítear ar Bhallstáit a gcuid iarrachtaí a chomhordú maidir le ceantair abhantraí idirnáisiúnta. Ar oileán na hÉireann:

- **tá ceantair mhóra suite laistigh d'abhantracha trasteorann;**
- **tá roinnt uiscí i ngach dlínseag sreabhadh isteach nótríd an dlínse eile;**
- **tá na haibhneacha agus lochanna ar oileán na hÉireann sainithe mar bheith laistigh d'aon éiceareígiún amháin (éiceareígiún 17) agus teastaíonn cuid mhór comhordaithe idir na húdaráis sa dá dhlínse, chun déanamh cinnte go ndéantar bainistíocht chomhtháite ar an timpeallacht uiscíoch iomlán**
- **Tá gach uisce cósta agus trasdula timpeall oileán na hÉireann cuimsithe in aon éiceareígiún amháin (éiceareígiún 1) agus ní mór comhordú dlúth a dhéanamh ar a mbainistíocht; agus**
- **tá 37 gcorp screamhuisce freisin ata roinnte idir an dá dhlínse agus nach mór bainistíocht chomhordaithe a dhéanamh orthu.**

Agus tacaíocht á tabhairt d'fhreagrachtaí comhshaoil faoin gCreat Náisiúnta Pleanála, déanfaidh gníomhartha roinnte i leith ár dtimpeallachta roinnte cinntiú go mbeidh comhordú ar siúl idir an dá dhlínse trí:

- **Beartais phleanála agus pleananna bainistíochta abhantraí a ailíniú le haghaidh córas abhann iomlán faoin gCreat-treoir Uisce;**
- **Comhordú faoi mheasúnacht ar nádúr an tírdhreacha lena n-áirítear bainistíocht agus margaíochta láithreán oidhreachta domhanda agus láithreáin iarrthóra oidhreachta domhanda;**
- **Gnáthóga a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo a chosaint agus a fheabhsú lena n-áirítear láithreáin chosanta taobh le chéile agus trasteorann; agus**
- **Comhordú ar na beartais phleanála ábhartha a bhfuil éifeacht acu ar uiscí agus fharraigí cósta roinnte.**

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 50**

I gcomhar leis na Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, déanamh cinnte go mbainistítear go héifeachtach tírdhreacha, dobharcheantair, gnáthóga, speicis agus saincheisteanna trasteorann roinnte maidir le beartas comhshaoil.

## 8.6 Éire agus Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag

Anuas ar Dhearcadh na hEorpa i leith Forbartha Spásúla i 1999, bhí Éire ar cheann de na céad thíortha san Eoraip a d'fhoilsigh straitéis spásúil ar scála náisiúnta tríd an Straitéis Spásúil Náisiúnta i 2002. Ó sin, is gnáthrud é cur chuige den sórt sin i dtreo pleanála náisiúnta ar fud na hEorpa.

Tá pleananna spásúla ag gach ceann de na comharsana is gaire dúinn sa RA dá gcuid ceantar bunreachta riaracháin nó tá siad i mbun pleananna nua a dhéanamh. Ina measc tá an Straitéis Forbartha Réigiúnaí i dTuaisceart Éireann, agus na Creataí Pleanála in Albain, sa Bhreatain Bheag agus i Sasana.

Agus dúshláin dhomhanda iomaí le sárú tá obair trasteorann tábhachtach um chomhtháthú críche níos fearr agus chun béim a leagan ar dheiseanna um fás agus forbairt sa todhchaí. Ar leibhéal náisiúnta, tá Rialtas na hÉireann tiomanta chun oibriú lenár gcomharsana maidir le saincheisteanna náisiúnta comhleasa.

Ó thaobh pleanála náisiúnta, cuireann obair Chomhairle na Breataine-na hÉireann40 fóram tábhachtach ar fáil trína bhfuil comhar praiticiúil agusroinnt eolais i measc na Rialtas agus na riarachán cineachta ag cabhrú le forbairt a chomhordú i réimsí mar phleanáil spásúil, nascacht bonneagair, saincheisteanna timpeallachta trasteorann agus fuinneamh inathnuaite.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 51**

I gcomhar le Rialtas an Ríochta Aontaithe agus Rialtais chineachta Thuaisceart Éireann, Alban agus na Breataine Bige, tacóidh Éire le forbairt beartais agus gníomhaíochta don chomhleas sna réimsí pleanáil spásúil agus bonneagair agus i réimsí gaolmhara eile.



# 9 Ár dtodchaí inbhuanaithe a réadú

## 9.1 Spriocanna Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta

Tá timpeallach agus tírdhreacha éagsúla na hÉireann mar chuid dár bpearsantacht 'ghlas' agus tá go leor cúiseanna bróid againn.

Cé go bhfuil cáilíocht fhoriomlán na timpeallachta go maith, ceileann sé sin cuid de na bagairtí atá romhainn anuas. I measc na bpríomhdhúshlán timpeallacha náisiúnta tá an gá le gníomh maidir le hathrú aeráide a bhrostú, rioscaí sláinte don uisce óil, fuíolluisce uirbeach a chóireáil, gnáthóga tábhachtacha agus leochaileacha a chosaint chomh maith le tuath fhiáin ag dul i léig agus déileáil le fadhbanna caighdeáin aeir i gceantair uirbeacha. Tá sé tábhachtach freisin spás a chur ar fáil don dúlra amach anseo, agus ár ndaonra ag dul i méid.

Tá an bealach ina ndéanann muid pleanáil tábhachtach d'inbhuanaitheacht ár dtimpeallachta Bíonn tionchar ag ár gcóras pleanála thar raon leathan earnálacha, idir tionchar díreach agus indíreach agus idirghníomhaíonn sé le go leor saincheisteanna coitianta maidir le bainistíocht éifeachtach an chomhshaoil, agus ina measc seirbhísí uisce, tírdhreach, pleanáil um riosca tuilte, cosaint láithreán agus speiceas sainithe, bainistíocht chósta agus mhara, maolú ar an agus oiriúnú don athrú aeráide, agus athrú ar úsáid talún.

Mar chuid den Chreat Náisiúnta Pleanála, i gcomhréir le fís an AE um maireachtáil fholláin, laistigh dár gcuid teorainneacha agus mar thacaíocht don bheartas comhshaoil ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta[41], tabharfaidh an Rialtas aghaidh ar ár gcuid dúshlán comhshaoil tríd na haidhmeanna uileghabhálacha seo a leanas:

## Éifeachtúlacht Acmhainní agus Aistriú go Geilleagar Ísealcharbóin

### Bainistíocht Talún Inbhuanaithe agus Éifeachtúlacht Acmhainní

Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a ghlacadh chun pleanáil agus bainistíocht talamhúsáide níos inbhuanaithe maidir lenár acmhainní agus sócmhainní nádúrtha a chumasú.

### Geilleagar Ísealcharbóin

Ár ngá le gníomhú ar son an athraithe aeráide a luathú.

### Fuinneamh In-Athnuaite

Ár n-aistriú go dtí todhchaí d'fhuinneamh ísealcharbóin.

### Dramhaíl a Bhainistiú

An cumas imleor agus na córais imleora chun dramhaíl a bhainistiú ar bhealach a bheidh sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de agus a bheidh inbhuanaithe.

## Ár gCaipiteal Nádúrtha a Chosaint, a Chaomhnú agus a Fheabhsú

### Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce

Riosca tuilte a mheas i bpleanáil agus i mbainistíocht fhorbartha agus fuíolluisce uirbeach á chóireáil.

### Pleanáil um Bonneagar Glas

Ár gcuid gnáthóg, tírdhreach, oidhreachta nádúrtha agus spásanna glasa leochaileacha a chosaint.

## Timpeallacht Ghlan a Chruthú le haghaidh Sochaí Folláine

### Cáilíocht Uisce

Na naisc a aithint agus déileáil le dúshláin leanúnacha idir gníomhaíocht fhorbartha, cáilíocht uisce agus ár sláinte.

### Aer Níos Glaine a Chur chun Cinn

Déileáil le fadhbanna cáilíochta aeir i gceantair uirbeacha agus tuaithe trí phleanáil agus dhearadh níos fearr.

### Bainistíocht Torainn

Bearta comhsheasmhacha a chuimsiú chun torann a mhaolú agus a íoslaghdú nó chun bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 52

Beidh an córas pleanála freagrúil dár gcuid dúshlán comhshaoil náisiúnta agus déanfar cinnte leis go dtarlóidh forbairt laistigh de theorainneacha comhshaoil, agus aird á tabhairt ar cheanglais na reachtaíochta ábhartha go léir ar an gcomhshaol agus ar bhainistíocht inbhuanaithe ár gcaipitil nádúrtha.

# 9.2 Éifeachtúlacht Acmhainní agus Aistriú go Geilleagar Ísealcharbóin

## Bainistíocht Inbhuanaithe Talún agus Éifeachtúlacht Acmhainní

Tharla athruithe móra ar úsáid talún in Éirinn ó bhí na 1990í luatha ann. Mar gheall ar fhás an daonra le déanaí tharla méadú ar fhorbairt chónaitheach agus ghnó agus ar bhonneagar sin, agus mar thoradh air sin cuireadh brú ar thalamh talmhaíochta, ceantair sainithe um chaomhnú dúlra agus cáilíocht uisce.

Ós rud é go mbeifear ag freastal ar aon mhilliún duine breise agus ag aistriú i dtreo fhoinsí fuinnimh malartacha is dóchúil go gcuimseoidh éileamh méadaithe ar thalamh ionaid oiriúnacha um sholáthar bithfhuinnimh, bainistíocht dramhaíola, táirgeadh bia, foraoiseacht agus seirbhísí talún eile chomh maith leis an ngá le níos mó tithe, scoileanna agus áiseanna eile a thógáil. Is gá iomaíocht i gcomhair acmhainní talún a bhainistiú go cúramach agus is iad nádúr agus ráta an athraithe ar úsáid talún a thugann le fios cá háit is dóchúil go dtiocfaidh brú ar an gcomhshaol chun cinn sa todhchaí.

Tá Éire ag déanamh dul chun cinn lena forbairt mar gheilleagar agus bhithgheilleagar ciorclach ina gcoimeádtar luach gach táirge, ábhair agus acmhainne chomh fada agus is féidir agus ina laghdaítear go mór dramhaíl nó go gcuirtear deireadh léi fiú. Chun an geilleagar ciorclach a fhorbairt níos mó beidh gá le níos mó éifeachtúlachta le hamhábhair, fuinneamh, uisce, spás agus bia trí hacmhainní nádúrtha a athúsáid an oiread is féidir agus áit a mbeidhtáirgí atá deartha go cliste bunaithe ar bhunábhar plaisteach malartach agus ábhair inathchúrsála mar bhonn do thimthrialla ábhair chliste, chun go mbeidh níos lú dramhaíola ann agus chun úsáid acmhainní a laghdú. Mhol an Coimisiún Eorpach ráta athchúrsála de 65% le haghaidh 2030 don Phacáiste Geilleagair Chiorclaigh.

Is féidir ábhair bhithbhunaithe mar adhmad, bharra nó snáithíní, a úsáid le haghaidh raoin de tháirgí agus de mhodhanna úsáide fuinnimh. Chomh maith le rogha a sholáthar in ionad táirgí bunaithe ar iontaise, tá táirgí bithbhunaithe inathnuaite, in-bhithmhillte agus inmhuiríníthe. Ag an am céanna, chun acmhainní bitheolaíocha a úsáid, is gá aird a thabhairt ar a saolré, ar a dtionchair chomhshaoil agus ar fhoinsí inbhuanaithe dóibh. Sa Phacáiste Geilleagair Chiorclaigh tugtar le fios gurb amhlaidh i gcás geilleagair chiorclaigh, gur cheart úsáid chascáideach acmhainní a spreagadh chomh maith lena acmhainn nuáil um ábhair, cheimiceáin agus phróisis nua.

Baineann an cur chuige geilleagair chiorclaigh sin le bainistíocht úsáid talún chomh maith. Sa Chreat seo leagtar amach na rátaí athchúrsála le haghaidh úsáid talún athfhorbraíochta trí héileamh go dtógfaí 40% de thithe nua ar thailte inlíonta agus athfhorbraíochta agus moltar stoc foirgneamh reatha a athúsáid.

Is iad a mhéad is a thugann muid tosaíocht d'úsáid talún athfhorbraíochta in ionad úsáid ghlasbháin i gceantair uirbeacha agus tuaithe, agus a laghdaíonn muid síneadh, a chabhróidh le héifeachtúlacht úsáid talún a mhéadú chomh maith le luas an séalú ithreach i.e. clúdach na talún le hábhar neamhscagach agus meathlú ithreach dá bharr sin. I measc samplaí eile tá comhshuíomh bhealaí úsáide agus bonneagair mar scoileanna agus áiseanna spóirt, taisteal chun na hoibre in aon ghluaisteán amháin agus roinnt gluaisteán.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 53**

Tacú leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an mbithgheilleagar ach go háirithe trí níos mó éifeachtúlachta i mbainistíocht talún, níos mó úsáide a bhaint as acmhainní inathnuaite agus ráta an athraithe ar úsáid talún ó shíneadh uirbeach agus fhorbairt nua a laghdú.



**Tá Éire ag déanamh dul chun cinn lena forbairt mar gheilleagar agus bhithgheilleagar ciorclach ina gcoimeádtar luach gach táirge, ábhair agus acmhainne chomh fada agus is féidir agus ina laghdaítear go mór dramhaíl nó go gcuirtear deireadh léi fiú.**

## Gníomhú ar son na hAeráide agus Pleanáil

Tá an aeráid dhomhanda ag athrú agus beidh torthaí ag na hathruithe atá ar siúl ar Éirinn i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2040 agus ina diaidh. Is gá aghaidh a thabhairt ar chúiseanna fadtéarmacha an athrú aeráide trínár gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus dul in oiriúint dá chuid éifeachtaí sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Tá an Rialtas geallta chun beartais fhadtéarmaigh i leith na haeráide atá bunaithe ar ghlacadh le sraith de phleananna náisiúnta i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2050, agus beartas na NA agus an AE mar bhonn eolais dóibh. Tá sé sin á chur ar aghaidh tríd an bPlean Maolaithe Náisiúnta agus tríd an gCreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide, agus déanfar nuashonrú agus athbhreithniú tréimhsiúil ar an dá cheann.

Chomh maith le spriocanna atá ina gceangal dlí ar aontaíodh orthu ar leibhéal AE, tá sé mar chuspóir náisiúnta d'Éirinn aistriú go geilleagar iomaíoch ísealcharbóin faoin mbliain 2050. Leis an Seasamh Beartais Náisiúnta[42] bunaítear an cuspóir náisiúnta bunúsach mar atá aistriú go geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta faoi 2050, agus é stiúrtha ag fís fhadtéarmach atá bunaithe ar:

- **laghdú comhiomlán ar astaíochtaí dhé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) de 80% ar a laghad (i gcomparáid le leibhéil 1990) faoi 2050 ar fud na n-earnálacha giniúna leictreachais, timpeallachta tógtha agus iompair; agus**
- **ag an am céanna, cur chuige i dtreo neodrachta carbóin san earnáil talmhaíochta agus úsáide talún, foraoiseacht san áireamh, nach dtagann salach ar acmhainn um tháirgeadh inbhuanaithe bia.**

Chun ár gcuid gealltanas a chomhlíonadh beidh gá le hinfheistíocht agus le gníomhartha uaillmhianacha agus éifeachtacha i ngach earnáil, chomh maith le hathrú ar iompar na sochaí.

Mar oileán, tá sé chun ár leasa déanamh cinnte go bhfreagraíonn muid d'athrú aeráide agus dá chuid tionchar mar athrú ar leibhéal farraige, imeachtaí báistí níos minice agus marthanaí agus ceantair ísle atá níos leochailí do thuilte. D'fhéadfadh go mbeadh na ceantair ina bhfuil an daonra is dlúithe, i mbaol mura nglacfadh muid na céimeanna oiriúnacha i mbainistíocht riosca tuilte. Tá torthaí móra do tháirgeadh bia agus don bhithéagsúlacht ag gabháil le hathrú aeráide chomh maith.

**Má tá Éire chun an bhris a thabhairt isteach maidir le spriocanna um laghdú carbóin agus bogadh i dtreo chuspóir tíre ísealcharbóin atá dianseasmhach in aghaidh na haeráide faoi 2050, is gá roghanna a dhéanamh faoi conas a bhainfidh muid amach cothrom idir fás agus cuir chuige níos inbhuanaithe i dtreo forbartha agus úsáid talún agus scrúdú conas is féidir le beartas pleanála cabhrú le cinntí bonneagair náisiúnta a mhúnlú.**

Má tá Éire chun an bhris a thabhairt isteach maidir le spriocanna um laghdú carbóin agus bogadh i dtreo chuspóir tíre ísealcharbóin atá dianseasmhach in aghaidh na haeráide faoi 2050, is gá roghanna a dhéanamh faoi conas a bhainfidh muid amach cothrom idir fás agus cuir chuige níos inbhuanaithe i dtreo forbartha agus úsáid talún agus scrúdú conas is féidir le beartas pleanála cabhrú le cinntí bonneagair náisiúnta a mhúnlú.

Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag foraoiseacha na hÉireann maidir le cabhrú le maolú athrú aeráide, trí cheapadh carbóin i bhforaoiseacha agus breoslaí agus amhábhair inathnuaite a sholáthar. Is linn charbóin mhór í foraoiseacht na hÉireann agus is í an rogha maolaithe is mó atá ar fáil d'earnáil úsáide talún na hÉireann.

Cuireann an próiseas pleanála modh bunaithe ar fáil trínar féidir cuspóirí um athrú aeráide, oiriúnú san áireamh, a chur i bhfeidhm agus a chuimsiú ar leibhéal áitiúil. Freisin sa reachtaíocht phleanála ceanglaítear go dtabharfaí aghaidh ar athrú aeráide.



## Faoin gCreat Náisiúnta Pleanála, tacóidh an Rialtas leis an méid seo a leanas:

- D'fhonn leochaileacht i leith éifeachtaí diúltacha a laghdú agus cineálacha míchuí forbartha i limistéir leochaileacha a sheachaint.
- **Forbairt a bheidh níos tíosaí ar fhuinneamh t**rí shuíomh tithíochta agus fostaíochta feadh conairí iompair phoiblí, i gcás gur féidir le daoine rogha a dhéanamh níos mó úsáid a bhaint as iompar poiblí nach bhfuil chomh dian ar fhuinneamh, seachas a bheith ag brath ar an gcarr.
- **Cur i bhfeidhm fuinnimh in-athnuaite agus ár linnte carbóin a chosaint agus a threisiú** amhail foraoisí, tailte portaigh agus féarach buan. Tá gá ann lena chinntiú go leanfar leis an athrú aeráide a chur san áireamh mar ghnáthrud sna próisis chinnteoireachta a bhaineann le pleanáil.
- Forbairt slabhraí **soláthair inbhuanaithe** sa bhithgheilleagar
- **Oiriúnú liath** a bhaineann de ghnáth le freagairtí teicniúla nó innealtóireacht-dhírithe ar thionchair na haeráide, amhail tógáil ballaí farraige mar fhreagairt ar ardú ar leibhéal na farraige.
- **Oiriúnú glas** lena bhféachtar le húsáid a bhaint as réadmhaoine éiceolaíocha chun athléimneacht na gcóras daonna agus nádúrtha i gcomhair an athraithe aeráide a threisiú, amhail spásanna glasa agus páirceanna a chruthú chun go mbeifear ábalta bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar mhiocraeráidí uirbeacha.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 54**

Ár lorg carbóin a laghdú trí ghníomh na haeráide a chomhtháthú sa chóras pleanála le tacú le spriocanna náisiúnta maidir le cuspóirí maolaithe agus oiriúnaithe beartais aeráide, chomh maith le spriocanna le haghaidh laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa.

CÁS-STAIDÉAR



# Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann

**Tá an tábhacht a bhaineann le haistriú chuig fuinneamh ísealcharbóin aitheanta le fada ag Comhairle Contae Thiobraid Árann, ó thaobh cháilíocht beatha na saoránach agus na ndeiseanna a thugann sé ó thaobh fhás agus fhorbairt eacnamaíoch na tuaithe.**

Mar gheall ar chur chuige comhpháirteach Chomhairle Contae Thiobraid Árann, Ghníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (ITL) lucht gnó agus pobail, tá earnáil fuinnimh bhisiúil nuálach sa Chontae.

Áirítear iad seo a leanas ar an méid is tábhachtaí a baineadh amach agus ar na tionscnaimh is tábhachtaí:

- **Tá na spriocanna náisiúnta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí bainte amach agus sáraithe ag an gComhairle. Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ina húinéir ar an bhfearas gréine is mó sa tír agus tá 90% dá húsáid fuinnimh athraithe aici ó bhreoslaí iontaise go teas agus cumhacht chomhcheangailte in-athnuaite.**
- **Tá aitheantas idirnáisiúnta ag Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, agus, go sonrach, tá sí ina ceann feadhna ó thaobh taighde agus soláthar tionscnamh pobail eiseamláire de amhail 'Superhomes', 'Pobail Fuinnimh Níos Fearr, 'Insulate Tipp' etc.**
- **Tá sráidbhaile éiceolaíoch Chloch Shiurdáin agus feirm ghaoithe pobail Theampall Doire Ionnaithe i dTiobraid Árann.**
- **I gcomhpháirtíocht le ITL, tá an Chomhairle tiomanta don taighde agus don fhorbairt lena gcuirfear geilleagar ísealcharbóin chun cinn.**

## Beartas Fuinnimh agus Pleanáil

Tá beartas náisiúnta fuinnimh na hÉireann bunaithe ar thrí chrann taca: (1) inbhuanaitheacht, (2) slándáil soláthair agus(3) iomaíochas. Aithníonn an Rialtas nach mór d'Éirinn astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil fuinnimh a laghdú 80% ar a laghad ó leibhéil 1990 faoin mbliain 2050, agus slándáil soláthair ó fhoinsí iomaíocha fuinnimh a chinntiú ag an am céanna dár saoránaigh agus dár ngnólachtaí.



## Dár n-aistriú go todhchaí fuinnimh ísealcharbóin teastaíonn an méid seo a leanas:

- **Aistriú ó bhreoslaí iontaise den chuid is mó go dtí foinsí fuinnimh in-athnuaite den chuid is mó;**
- **Éifeachtúlacht a mhéadú agus fearais, foirgnimh agus córais a uasghrádú;**
- **Cinntí a dhéanamh maidir le forbairt agus imlonnú teicneolaíochtaí úra a bhaineann le réimsí amhail gaoth, eangacha cliste, feithiclí leictreacha, foirgnimh, fuinneamh aigéin agus bithfhuinneamh; agus**
- **Creataí dlíthiúla agus rialála le freastal ar éilimh agus dúshláin a bhaineann leis an aistriú go sochaí ísealcharbóin.**

Leis an méadú ar an daonra, fás eacnamaíoch, leibhéil níos airde éilimh ar bhia, aistriú chuig margadh fuinnimh níos inbhuanaithe agus na spriocanna caomhnaithe beidh níos mó iomaíochta ann i gcomhair talún atá oiriúnach chun na brúnna carntha sin a éascú ar deireadh. Tá codanna d'Éirinn níos oiriúnaí ná codanna eile le freastal ar aidhmeanna earnálacha náisiúnta faoi leith mar gheall ar thosca fisiceacha, íogaireachtaí comhshaoil, acmhainn talún agus patrúin lonnaíochta.



San earnáil fuinnimh, is dlúthchuid de straitéis athrú aeráide na hÉireann é an t-aistriú go geilleagar ísealcharbóin agus le fuinneamh in-athnuaite beimid ábalta ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Beidh sé d'aidhm leis an gCreat Beartais agus Forbartha Leictreachais In-athnuaite atá le teacht réimsí straitéiseacha a shainaithint le haghaidh forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar thionscadail leictreachais inathnuaite scála, ar bhealach inbhuanaithe, atá comhoiriúnach leis an oidhreacht chomhshaoil agus chultúrthaagus le cúrsaí tírdhreacha agus taitneamhachta. Éascóidh forbairt na dTreoirlínte maidir le Fuinneamh Gaoithe agus an Phlean Leictreachais In-athnuaite chomh maith cinnteoireacht eolasach maidir le bonneagar in-athnuaite amach ón gcósta.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 55**

Úsáid agus giniúint fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn ag na suíomhanna cuí laistigh den timpeallacht thógtha agus nádúrtha chun na cuspóirí i dtreo geilleagar ísealcharbóin a bhaint amach faoi 2050 a chomhlíonadh.

## Bainistíocht Dramhaíola

Chuir Éire feabhas gníomhach ar a córais bainistíochta dramhaíola, ach táimid fós an-spleách ar fad ar mhargaí easpórtála le haghaidh cóireáil dramhaíola iarmharaí, dramhaíola in-athchúrsáilte agus dramhaíola guaisí. Le méadú ar an daonra de thart ar aon mhilliún duine, mar aon le fás eacnamaíoch go dtí 2040, méadófar an brú ar acmhainn na bainistíochta dramhaíola, mar go bhfuil ídiú fós ina phríomhspreagadh maidir le giniúint dramhaíola.

Cé gurb é an aidhm dheiridh, a mhéad is féidir, beidh gá le hídiú ó ghiniúint dramhaíola a scaradh le himeacht ama, le hinfheistíocht bhreise sa bhonneagar bainistíochta dramhaíola, agus go háirithe le cineálacha éagsúla cóireála.

Agus ár riachtanais dramhaíola á mbainistiú, tacaíonn an CNP le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh lena n-íoslaghdaítear an méid dramhaíola a chuirtear i líonadh talún agus lena n-uasmhéadaítear dramhaíl mar acmhainn. Ciallaíonn sé sin go dtugtar tús áite do chosc, ullmhú agus athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil de réir an oird sin, thar dhiúscairt dramhaíola.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 56**


Bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola, infheistiú i gcineálacha éagsúla cóireála dramhaíola agus tacú le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus tús áite á thabhairt do chosc, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil, chun tacú le timpeallacht, geilleagar agus sochaí shláintiúil.

# 9.3 Ár gCaipiteal Nádúrtha a Chosaint, a Chaomhnú agus a Fheabhsú

## Bainistíochta Acmhainne Uisce agus Tuilte

Tá pleanáil ríthábhachtach do bhainistíocht acmhainní uisce. Bíonn tionchar díreach agus indíreach ag an gcóras pleanála ar bhainistíocht éifeachtúil uisce. Áirítear leis sin soláthar seirbhíse uisce, bainistíocht abhantraí, pleanáil tírdhreacha, pleanáil riosca tuilte, bainistíocht chósta agus mhuirí agus oiriúnú don athrú aeráide. Dá réir sin, ní mór go gcinnteofar i bpleananna reachtúla forbartha go ndéanfar cúrsaí bainistíochta inbhuanaithe uisce a chomhtháthú. Ní mór chomh maith cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála a léiriú sna Pleananna Bainistíochta Abhantrach (PBAanna).

### Fíor 9.1 | Struchtúr Ordlathach an PBA (Plean Bainistíochta Abhantraí) agus an Bheartais Pleanála




Baineann tuilte le gach earnáil agus is féidir leo cur isteach ar gach gné den saol, agus is féidir le tionchar dearfach nó dochrach a bheith ag gníomhartha i mórán earnálacha eile air sin.

Tá sé thar a bheith tábhachtach timpeallachtaí inar féidir le tuilte tarlú a chur san áireamh sa réimse bainistíochta pleanála agus forbartha, agus i bpleanáil agus i ndearadh bonneagair.

Is féidir le huirbiú ráta agus méid an reatha chun srutha ó bháisteach a mhéadú agus dá bhrí sin tá córais draenála uisce stoirme ag teastáil le bainistiú agus laghdú a dhéanamh ar an riosca ó theagmhais tuilte báistiúla agus ó theagmhais fhoircneacha aimsire. Áirítear ar na príomhchuspóirí[43] :


- **forbairt mhíchuí a sheachaint i gceantair ina bhfuil baol tuilte;**
- **forbairtí úra lena méadófar an baol tuilte in áiteanna eile a sheachaint, lena n-áirítear rioscaí ó rith chun srutha ar an dromchla;**
- **bainistíocht éifeachtúil ar rioscaí iarmharacha d'fhorbairt a ceadaíodh ar thuilemhánna a chinntiú;**
- **srianta neamhriachtanacha ar fhás eacnamaíoch agus sóisialta náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil a sheachaint; agus**
- **An tuiscint ar riosca tuilte a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil bainistíocht riosca tuilte ag teacht leis an dea-chleachtas.**

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 57**

Feabhas a chur ar an gcáilíocht uisce agus ar an mbainistíocht acmhainní trí:

- A chinntiú go bhfuil deabhainistíocht riosca ann ó thaobh comhfhorbairt áite trí fhorbairt mhíchuí a sheachaint i limistéir atá i mbaol tuilte de réir na dTreoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus maidir le Measúnú Riosca Tuile do na hÚdaráis Áitiúla.
- A chinntiú go mbreithneofar na cuspóirí sna Pleananna Bainistíochta Abhantrach go hiomlán
- Réitigh bhainistíochta uisce inbhuanaithe a chomhtháthú, amhail Draenáil Uirbeach Inbhuanaithe (SUDS), dromchlú neamhphóiriúil agus díonta glasa, chun áiteanna sábháilte a chruthú.

**Fíor 9.2 | Croí-Chuspóirí na Bainistíochta Riosca Tuilte**




Foinse: An Córas Pleanála agus Treoirlínte Pleanála Bainistíocht Riosca Tuile 2009, RCTRÁ agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

## Bonneagar Glas

Is acmhainn é an ár gcomhshaol, agus má dhéantar pleanáil dó mar a dhéantar do chineálacha eile bonneagair, is féidir tairbhí fadtéarmacha a bhaint as. Soláthraíonn an bonneagar nádúrtha glas réimse úsáidí, earraí agus seirbhísí agus baineann sé an leas is fearr as talamh, cabhraíonn sé le bainistíocht a dhéanamh ar éilimh atá san iomaíocht lena chéile agus is féidir leis earnálacha eile a chomhlánú.

Mar shampla, tá comhshaol tarraingteach tábhachtach don turasóireacht, agus meallfaidh ceantar uirbeach bríomhar dea-phleanáilte ina bhfuil taitneamhachtaí maithe fostaithe oilte agus infheistíocht a chuirfidh bonn taca faoi fhorbairt fhadtéarmach. Tá ár n-acmhainní nádúrtha tábhachtach chomh maith don ghabháil carbóin, rud a chuideoidh le spriocanna um maolú agus oiriúnú aeráide agus spriocanna náisiúnta bithéagsúlachta a bhaint amach.




## Cuirfidh pleanáil an bhonneagair ghlais bonn eolais faoi ullmhú straitéisí réigiúnacha agus cathrach agus pleananna forbartha réigiúnaí agus contae trí:

- **Cuidiú le fás agus fairsingiú a riar agus luach sainiúil áiteanna nádúrtha agus acmhainní nádúrtha a chaomhnú;**
- **Níos mó cinnteachta a sholáthar sa phleanáil trí obair go réamhghníomhach maidir le saincheisteanna ábhartha comhshaoil;**
- **Cuir chuige níos comhoibrithí a spreagadh i leith na pleanála trí amharc ar an idirghníomhaíocht idir riachtanais forbartha na todhchaí agus cumas na gceantar ina gcuirfear na pleananna i bhfeidhm; agus**
- **A chinntiú go bhfuil spásanna dóthanacha dea-phleanáilte glasa, ar chóimhéid i scála leis na riachtanais fhadtéarmacha forbartha, sna pleananna reachtúla.**

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 58**

Déanfar pleanáil chomhtháite don Bhonneagar Glas agus seirbhísí éiceachórais a chuimsiú in ullmhú na bpleananna reachtúla talamhúsáide.

Tá sé tábhachtach chomh maith an t-idirchaidreamh idir an bhithéagsúlacht, an oidhreacht nádúrtha, an tírdhreach agus ár spásanna glasa a bhreithniú.




Sampla de Bhonneagar Glas comhtháite i dtírdhreach uirbeach

## Bithéagsúlacht

Ar an leibhéal náisiúnta, tugtar cosaint dlí do ghnáthóga agus speicis áirithe laistigh de líonra Natura 2000 44, ina gcuimsítear na Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta agus SAC mara eile. Mheas an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) go raibh "stádas caomhnaithe "neamhleor" nó "olc" ag formhór na ngnáthóga atá liostaithe sa Treoir maidir le Gnáthóga in 2013, agus go raibh níos lú ná 9% i stádas fabhrach45. Is léir mar sin, go bhfuil scóip shuntasach le haghaidh feabhais ann.

Níl tábhacht ár mbithéagsúlachta teoranta do cheantair le cosaint dhlíthiúil agus tá réimse beart i bhfeidhm chun cosaint níos leithne a thabhairt do speicis agus gnáthóga. Maidir leis sin, tá oibleagáidí áirithe sa Treoir maidir le Gnáthóga speicis áirithe a chosaint cibé áit a bhfuil fáil orthu, agus tá cosaintí do na héin go léir sa Treoir maidir le hÉin, agus ní féidir cur isteach orthu nó iad a rialú ach faoi réir ceadúnais nó maolaithe, de réir mar is cuí.

Ceanglaítear leis an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta chomh maith go ndéantar tionchair dhíreacha agus indíreacha tionscadail ar an mbithéagsúlacht, le haird ar leith ar speicis agus ar ghnáthóga atá cosanta faoin Treoir maidir le hÉin agus maidir le Gnáthóga a aithint, a thuairisciú agus a mheas mar chuid den phróiseas toilithe. Tá ilghnéitheacht ár bpobal bitheolaíocha tábhachtach chomh maith do cháilíocht an uisce, na n-ithreacha agus mar fhoinse bia. Is féidir tionchar díreach agus indíreach a bheith ag athrú talamhúsáide agus brúnna ón uirbiú ar ghnáthóga agus speicis na hÉireann.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 59

An stádas caomhantais a threisiú agus feabhas a chur ar bhainistíocht na limistéar faoi chosaint agus na speiceas faoi chosain trí:

- **Treoracha ábhartha AE a chur chun feidhme chun comhshaol agus fiadhúlra na hÉireann a chosaint;**
- **Beartais agus cuspóirí a chomhtháthú le haghaidh chosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta i bpleananna forbartha reachtúla;**
- **Córais um cheadúnú agus um chead a fhorbairt agus a úsáid chun gníomhaíochtaí inbhuanaithe laistigh de láithreáin Natura 2000 a éascú;**
- **Taighde leanúnach, cláir suirbhéireachta agus monatóireacht ar ghnáthóga agus speiceas.**

## Oidhreacht Nádúrtha

Tá flúirse ceantar nádúrtha oidhreachta clúiteach in Éirinn amhail suíomh domhanda oidhreachta le haitheantas idirnáisiúnta, turlaigh agus portaigh. Tá a lán ceantar sainiúil náisiúnta eile ann, ar cuid thábhachtach dár n-oidhreacht chultúrtha iad agus atá tábhachtach don tionscal turasóireachta agus an méid a chuireann siad le caighdeán na beatha agus mealltacht áiteanna ó thaobh na hinfheistíochta eacnamaíche de.

Is acmhainní tábhachtacha nádúrtha iad ár bpáirceanna náisiúnta agus ár dtearmainn dúlra agus tá sé de chumas leo eispéireas an turasóra ar thailte faoi úinéireacht stáit a bharrfheabhsú trí bhonneagar gníomhaíochta allamuigh d'ardchaighdeán agus saoráidí riachtanacha coimhdeacha a sheachadadh.



### Cuspóir Beartais Náisiúnta 60

Tréithe saibhre oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha na hÉireann a chaomhnú agus a fheabhsú ar bhealach a oireann dá dtábhacht.


## Tírdhreach

Tá flúirse acmhainní nádúrtha agus cultúrtha i dtírdhreach na hÉireann a thugann tacaíocht do chaighdeán na beatha agus do gheilleagar na gcuairteoirí. Tá sé de dhualgas orainn do na glúinte atá le teacht úsáid fhreagrach a bhaint as na hacmhainní sin agus muid ag cur ár mbonneagair ag obair go dian le níos mó sochair a bhaint astu. Tá cosaint, bainistíocht agus pleanáil an tírdhreacha fite fuaite freisin leis an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha (SNT) d'Éirinn, agus le measúnú náisiúnta charachtar an tírdhreacha, agus ní mór dóibh leanúnachas a sholáthar sa dóigh a ndéanaimid saintréithiú agus ceangal leis an tírdhreach.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 61**

Éascaíocht a dhéanamh do chosaint, bainistíocht agus pleanáil an tírdhreacha trí Léarscáil Náisiúnta um Charachtar Tírdhreacha a ullmhú agus treoir maidir measúnuithe ar charachtar an tírdhreach áitiúil a fhorbairt (lena n-áirítear saintréithiú an tírdhreacha stairiúil) chun cur chuige comhsheasmhach maidir le measúnú ar charachtar an tírdhreacha a chinntiú, go háirithe thar theorainneacha pleanála agus riaracháin.

Fíor 9.3 | Roth an Tírdhreacha[46]



### Criosanna Glasa agus Spásanna Glasa

Tá ról lárnach ag criosanna glasa agus spásanna glasa inár gcathracha, bailte agus sráidbhailte mar chuid de dhéanamh ár lonnaíochtaí, trína n-úsáid do chaitheamh aimsire an phobail agus cuspóirí taitneamhachta, tacú leis an mbithéagsúlacht nó mar idirdhealú nádúrtha den lonnaíocht féin, ag cruthú an comhéadain idir na limistéir uirbeach agus thuaithe.

Tá ról ag spásanna glasa agus páirceanna maidir le caighdeán na beatha inár lonnaíochtaí, agus inbhuanaitheacht ár lonnaíochtaí a chinneadh. Comhlánaíonn criosanna glasa in aice lenár limistéir uirbeacha cuspóir straitéiseach chomh maith, mar acmhainn fhéideartha don todhchaí, mar fhorbairt phleanáilte mar fhairsingiú uirbeach, go háirithe ar scála cathrach.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 62**

Luach na gcriosanna glasa agus na spásanna glasa ar scála réigiúnach agus cathrach a shainaithint agus a neartú, chun go mbeifear ábalta feabhas a chur ar nascacht le líonraí straitéiseacha níos leithne, cosc a chur ar chomhtháthú lonnaíochtaí agus fairsingiú straitéiseach fadtéarmach na limistéar uirbeach a chumasú.

## 9.4 Timpeallacht Níos Glaine a Chruthú ar Mhaithe le Sochaí Níos Sláintiúla

### Cáilíocht an Uisce

Tá acmhainní saibhre uisce na hÉireann tábhachtach ar bhonn straitéiseach agus tá uisce glan riachtanach chun sochaí shláintiúil a chruthú agus tacaíocht a thabhairt do gheilleagar atá ag fás.

Tagann ár n-uisce óil go príomha ónár n-aibhneacha agus ónár lochanna agus ó fhoinsí screamhuisce chomh maith. Is chun ár leasa é mar sin soláthar seasmhach uisce a chinntiú don daonra atá ann agus don 1 mhilliún duine breise a bhfuiltear ag súil leis faoi 2040. Is acmhainn iad ár ndobharlaigh chomh maith dár ngníomhaíochta siamsaíochta agus don earnáil turasóireachta agus tá cáilíocht fhormhór ár n-uiscí snámha de chaighdeán an-ard[47].

Dar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), tá fuíolluisce uirbeach ar cheann de na brúnna is mó ar cháilíocht an uisce in Éirinn agus tá cóireáil agus diúscairt fuíolluisce ar bhealach fónta ó thaobh an chomhshaoil de an-tábhachtach do shláinte an duine. Ciallaíonn sé sin nach mór dúinn cóireáil agus acmhainn shásúil a chinntiú, a chinntiú go bhfuil sceitheadh uisce stoirme ag feidhmiú i gceart agus sceitheadh díreach fuíolluisce neamhchóireáilte a sheachaint.

Dá bhrí sin, tugtar tús áite do chomhlíonadh na n-ionad cóireála fuíolluisce agus do ghníomhartha leasúcháin sa ghearrthéarma. San fhadtéarma, ní mór saincheisteanna acmhainne a réiteach le freastal ar na héilimh atá ag fás, suas go 2040 agus ina dhiaidh sin. Ag leibhéal an lín tí, ní mór dúinn chomh maith a bheith ar an airdeall faoi rioscaí éillithe i dtoibreacha príobháideacha mar fhoinse uisce óil agus faoi chliseadh i gcórais chóireála uisce baile.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 63**

Úsáid éifeachtach agus inbhuanaithe agus forbairt acmhainní uisce agus bonneagar seirbhísí uisce a chinntiú chun acmhainní uisce a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealach lena dtacaítear le sochaí shláintiúil, riachtanais forbartha eacnamaíche agus timpeallacht níos glaine.

### Caighdeán an Aeir

Baineann Éire tairbhe as na patrúin aimsire atá i réim lena dtugtar aer measartha glan siar ó dheas ón Atlantach thar an tír de ghnáth. Faoi dhálaí áirithe, d'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach ar ghnáthphatrúin aimsire, agus méadaíonn astaíochtaí truailleán san aer. Is féidir leis na dálaí sin tarlú ag am ar bith den bhliain, ach is féidir le tionchar ar chaighdeán an aeir a bheith thar a bheith dian le linn an gheimhridh, nuair a d'fhéadfadh comhchruinnithe arda truailleán agus riosca méadaithe dá réir sin ar shláinte an duine bheith mar thoradh ar mheascán d'aimsir chiúin fhuar, méadú ar astaíochtaí a bhaineann le héileamh níos mó ar bhreosla, go háirithe ó bhreoslaí soladacha.

Is féidir truailleáin a tháirgeadh ag brath ar an gcaoi a dtaistilímid, a gcaithimid earraí agus a dtéann muid ár dtithe. Inár gceantair uirbeacha is mó, is féidir le leibhéil truaillithe aeir a bheith níos airde, mar gheall go príomha ar astaíochtaí sceite as feithiclí agus as astaíochtaí téamh tithe cónaithe. I gceantair tuaithe áirithe, go háirithe nuair nach bhfuil rochtain ar an eangach gháis, is féidir le caighdeán an aeir a bheith go dona i rith thréimhse an gheimhridh mar gheall ar an spleáchas ar bhreoslaí soladacha amhail gual, móin agus adhmad chun tithe a théamh. Is féidir le gníomhaíochtaí calafoirt dochar a dhéanamh do chaighdeán an aeir chomh maith D'fhéadfadh impleachtaí diúltacha bheith ag baint leis an truailliú aeir ar shláinte ár saoránach agus ar mhealltacht ár gcathracha agus ár mbailte. Le bearta lena bhféachtar le laghdú a dhéanamh ar fhoinsí fuinnimh bunaithe ar bhreosla iontaise laghdófar an truailliú aeir tuilleadh. Le cur chun feidhme an Chreata seo cabhrófar lenár n-astaíochtaí a laghdú agus cabhrófar le daoine atá á nochtadh do leibhéil do-ghlactha truaillithe, trí thacaíocht a thabhairt don iompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar mhodhanna iompair níos oiriúnaí ná an carr príobháideach agus cuirfear foirgnimh agus tithe cónaithe atá tíosach ar fhuinneamh chun cinn chomh maith le réitigh nuálacha i ndearadh. Tá pleanáil chúramach le haghaidh spásanna glasa agus fásra tábhachtach chomh maith do chaighdeán an aeir i gceantair uirbeacha mar go mbaineann crainn truailleáin as an aer go nádúrtha, agus cabhraíonn siad le miocraeráidí uirbeacha a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 64

Caighdeán an aeir a fheabhsú agus cabhrú le daoine atá á nochtadh do leibhéil do-ghlactha truaillithe inár limistéir uirbeacha agus thuaithe trí thalamhúsáid chomhtháite agus pleanáil spáis a thacaíonn leis an iompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar mhodhanna iompair níos oiriúnaí ná an carr príobháideach, cur chun cinn foirgneamh agus tithe cónaithe atá tíosach ar fhuinneamh, córais téimh atá saor ó astaíochtaí áitiúla, pleanáil do bhonneagar glas agus réitigh nuálacha i ndearadh.

## Cáilíocht Torainn

Fuaim neamh-inmhianaithe is ea torann ach tá sé ina iarmhairt dhosheachanta a bhaineann leis an ngnáthshaol laethúil, a thagann as an torann timpeallachta (a chruthaítear trí ghníomhaíocht an duine lasmuigh amhail iompar, tógáil agus tionsclaíocht), agus bíonn na leibhéil fulaingthe éagsúil ó dhuine go duine. Bíonn sé ina fhadhb nuair a tharlaíonn sé san áit mhícheart nó ag an am mícheart nó ar bhonn minice nó nuair a tharlaíonn sé arís is arís.

Agus muid ag féachaint le cineálacha forbartha níos dlúithe agus níos éifeachtúla a fhorbairt inár lonnaíochtaí, tá sé tábhachtach a bheith níos réamhghníomhaí i leith bainistíocht torainn. Le dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, tacóidh an CNP le:

- **Bainistíocht Torainn agus Pleanáil Gníomhaíochtaí**

  Bearta chun torann a sheachaint, a mhaolú nó a íoslaghdú nó chun bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn, nuair a d'fhéadfadh tionchair dhíobhálacha bheith aige ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha, trí mhapáil straitéiseach ar thorann, pleananna gníomhaíochta torainn agus dálaí oiriúnacha pleanála.

- **Torann, Taitneamhacht agus Príobháideachas**

  Áirítear leis sin, ach gan a bheith teoranta dó, dearadh maith fuaime i bhforbairtí úra, go háirithe i bhforbairt chónaitheach, trí bhearta éagsúla amhail slánachair agus deighilt idir foinsí agus gabhdóirí, dearadh maith fuaime i bhfoirgnimh, treoshuíomh foirgneamh, leagan amach, ábhair tógála agus baic torainn agus criosanna maolánacha idir úsáidí agus bealaí siúil éagsúla.

- **Limistéir Chiúines**

  Tá taitneamh leanúnach a bhaint as acmhainní nádúrtha, amhail spásanna glasa agus éadanas farraige, trí leibhéil ísle fuaime a chaomhnú nó leibhéil arda nach bhfuil ag teastáil a laghdú, tábhachtach go háirithe chun faoiseamh a thabhairt ó leibhéil arda torainn uirbigh. Mar chuid de na pleananna gníomhaíochta torainn, trí luach breise a thabhairt do na ceantair sin, maidir le cáilíocht na timpeallachta agus tionchar iarmhartach dearfach ar cháilíocht na beatha agus na sláinte, de bharr leibhéil ísle fuaime agus easpa torainn, cabhrófar leis sin a bhaint amach.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 65

Bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn i gcás go bhféadfadh tionchair shuntasacha dhíobhálacha bheith aige ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha agus tacú le haidhmeanna na Rialachán maidir le Torann Timpeallachta trí threoir náisiúnta pleanála agus Pleananna Gníomhaíochta Torainn.

## CÁS-STAIDÉAR



## Limistéir Chiúine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath


Mar chuid den togra bainistíochta ar leibhéil torainn timpeall ar Bhaile Átha Cliath, tá ocht Limistéar Ciúine ainmnithe ag Comhairle na Cathrach a chosnófar ó mhéadú ar an torann timpeallachta sa todhchaí. Roghnaíodh na láithreáin sin go pointe áirithe mar gheall ar leibhéil fuaime na limistéar agus mar go soláthraíonn siad luach áirithe acu do shaoránaigh Bhaile Átha Cliath. Is féidir le spás glas i lár cathrach a bhfuil leibhéil fuaime níos ísle ann áit a chur ar fáil ina bhfuil suaimhneas éigin ó fhuadar na cathrach.



# 10 An Creat Náisiúnta Pleanála a chur chun feidhme




Braitheann rath an Chreata Náisiúnta Pleanála ar a mhachnamh beartais agus ar sheachadadh clár ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Dá bhrí sin beidh cur chun feidhme an Chreata comhcheangailte le rialachas cuíchóirithe socruithe agus tosaíochtaí infheistíochta caipitil poiblí fócasaithe.



**Seachadfar an Creat Náisiúnta Pleanála mar aon dul le beartais, cláir agus gnáthghníomhaíochtaí laethúla na ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhlachtaí stáit, tionól réigiúnach, údarás áitiúil, agus soláthraithe bonneagair, ag obair i gcomhar le pobail, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach agus lucht riaracháin comharsanachta.**

## 10.1 Rialachas agus Maoirseacht

Le foilsiú an Chreata Náisiúnta Pleanála i gcomhthráth leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 10 mbliana mar an gcreat le haghaidh infheistíocht caipitil go dtí 2027, agus tacaithe ag an bplean sin, agus sraith chomhroinnte Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta nó TSNanna sa dá dhoiciméad, cuirfear bonn an-daingean ar fáil chun bunathrú chun feabhais a chur ar fáil thar na blianta amach romhainn.

Mar sin féin, ní leor infheistíocht as féin chun an Creat seo a chur chun feidhme. Beidh gá le pleanáil níos éifeachtaí agus próisis chomhordaithe ina leith chomh maith, lena chinntiú go múnlóidh CNP beartais agus gníomhaireachtaí insoláthartha Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais, Comhlachtaí Stáit, an rialtais áitiúil agus soláthraithe bonneagair, ag obair i gcomhar le pobail, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach agus lucht riaracháin comharsanachta.

### Soláthar Reachtúil

Sa Bhille Pleanála agus Forbartha (Leasú) 2016 soláthraítear bonn reachtúil don Chreat Náisiúnta Pleanála, próiseas monatóireachta i dtaca lena chur chun feidhme agus ceanglas reachtúil maidir le hathbhreithnithe agus nuashonruithe rialta amach anseo, mar aon le bunú Oifig neamhspleách na Rialtóra Pleanála.

Beidh ról neamhspleách monatóireachta ag an Oifig úr, ag tabhairt comhairle don Aire, don Rialtas agus don Oireachtas maidir le cur chun feidhme an Chreata faoin bpróiseas reachtúil pleanála trí Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha, próisis reachtúla pleanála na n-údarás áitiúla agus cinntí an Bhoird Pleanála, ag baint úsáid as tacar úr táscairí atá le forbairt mar chúnamh do mhonatóireacht éifeachtúil.

## Céimniú

Is gá gurb é straitéis fhadtéarmach é an Creat Náisiúnta Pleanála agus leagtar amach ann spriocanna leathana daonra náisiúnta, réigiúnaigh agus cathrach, a bhfuil bonn eolais curtha faoi ag taighde an ITES, chun forbairt réigiúnach níos éifeachtaí a chinntiú. Glacfaidh sé am chun na spriocanna sin a bhaint amach agus ní mór go mbeifear ábalta a gcur chun feidhme a oiriúnú d'athruithe dosheachanta i gcúinsí agus in imeachtaí gan choinne a bheidh i gcur chuige Creata san fhadtéarma.

Dá réir sin, chun monatóireacht agus athbhreithniú a éascú, tá spriocanna daonra réigiúnaigh go dtí 2026 agus 2031 leagtha amach i dTábla 10.1. Faoi 2027, d'fhéadfaí iad sin a athbhreithniú, ag cur san áireamh cur chun feidhme an Chreata seo go dtí 2026, ar bhonn sonraí Áirimh, chun bonn eolais a chur faoin gcéad timthriall 10 mbliana iomlán eile den Phlean Forbartha Náisiúnta.

Bunaithe ar réamh-mheastacháin, dírítear cion suntasach den fhás breise ar an daonra go dtí 2040 ar na tréimhsí 2026 agus 2031, agus leis sin is féidir uaillmhian agus solúbthacht shuntasach a chur isteach sna Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha, agus dá réir sin tabharfar treoir do na pleananna forbartha cathracha agus contae agus na pleananna limistéar áitiúil agus beidh tionchar aige orthu.

Beidh feidhm fós ag patrún sprice de leath fhás an daonra maidir leis na cúig chathair (CBN 2a), ach níl céimniú sainithe don chúig chathair. Tabharfar aghaidh air sin mar chuid de Phlean Straitéiseach na Limistéar Cathrach (MASP) a ullmhófar do gach cathair i gcomhthéacs na Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha. Déanfar amhlaidh ionas go mbeidh tréimhse idirlinne ann, agus le linn na tréimhse sin cuideoidh infheistíocht chun tacú le fás dlúth agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Athghiniúint agus um Fhorbairt le cumas inlíonta uirbigh níos mó a oscailt.

**Tábla 10.1 | Fás Céimnithe Daonra an Chreata Náisiúnta Pleanála**

| Réigiún | Spriocfhás Daonra an CNP 2026 | Spriocfhás Daonra an CNP 2031 | Spriocfhás Daonra an CNP 2040 |
|---|---|---|---|
| An tOirthear agus Lár na Tíre | 240,000 - 265,000 | 335,000 - 375,000 | 490,000 - 540,000 |
| An Tuaisceart agus an tIarthar | 65,000 - 75,000 | 100,000 - 110,000 | 160,000 - 180,000 |
| An Deisceart | 155,000 - 170,000 | 220,000 - 245,000 | 340,000 - 380,000 |
| Fás Iomlán an Stáit | 460,000 - 510,000 | 655,000 - 730,000 | 990,000 - 1,100,000 |
| **Daonra Iomlán an Stáit** | **5,220,000 - 5,275,000** | **5,415,000 - 5,490,000** | **5,750,000 - 5,860,000** |



## Gníomhaireacht Forbartha Talún Straitéisí faoi Stiúir an Stáit

Beidh bainistíocht éifeachtach talún, go háirithe i dtaca le tailte faoi úinéireacht phoiblí, ina phíosa tábhachtach de chur chun feidhme an Chreata. Aithníonn an Rialtas nach mór don Stát ról níos láidre a bheith aige maidir le hacmhainneacht forbartha a thailte féin a bhainistiú go straitéiseach agus a fheabhsú, chun beartas poiblí níos leithne a sheachadadh agus lena chinntiú go bhfreastalófar ar na riachtanais forbartha iomlána. Áirítear leis sin, ach gan a bheith teoranta dó, soláthar tithíochta ag an Stát agus soláthraithe tithíochta eile, do dhaoine ar réimse ioncam.

Ciallaíonn sé sin nach mór dúinn éirí níos lúfair agus níos straitéisí maidir le tailte faoi úinéireacht phoiblí a bhainistiú agus a fhorbairt, ionas gur féidir freastal ar riachtanais forbartha laistigh de lorg fisiceach níos lú agus rogha eile eacnamaíoch a chur ar fáil ar chomaitéireacht fhad-achair.

Bhí rath ann san am a chuaigh thart amhail athfhorbairt na hiarshaoráide meabhairshláinte i gGráinseach Ghormáin mar champas ollscoile úr, athnuachan ar limistéir ídithe, amhail na tailte cúil ar chúl na bpríomhshráideanna i lear mór bailte réigiúnacha agus athbheochan limistéir Dhugaí Bhaile Átha Cliath.

I dtaithí ar thionscadail athnuachana roimhe seo i gcathracha, bailte agus limistéir thuaithe tugadh chun suntais an ról atá agus a bheidh ag bainistíocht straitéiseach agus comhordú tailte poiblí maidir le cumas an Stáit an próiseas athnuachana a spreagadh a neartú. Tá sé ríthábhachtach chomh maith acmhainn a fhorbairt le haghaidh forbartha agus athnuachana ar bonn leanúnach seachas ar bhonn stop-tosaigh, agus laistigh de chomhthéacsanna uirbeacha agus tuaithe araon.

Ag foghlaim ó thaithí ón am a chuaigh thart, bunóidh an Rialtas comhlacht poiblí úr le hoibriú go dlúth leis an earnáil rialtais áitiúil, an Rialtas lárnach, raon gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí atá ann cheana agus an earnáil leath-Stáit. Mar thasc tosaigh, cuirfidh sé sin béim ar an dóigh ar féidir úsáid a bhaint as gabháltais shonracha faoi úinéireacht phoiblí chun cuspóirí an CNP agus an PFN a sheachadadh agus chun seicheamh soiléir agus praiticiúil bearta is gá a shainaithint.

Bunófar an comhlacht úr, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Athghiniúint agus um Fhorbairt ag a mbeidh sainordú soiléir Rialtais chun oibriú leis na húdaráis áitiúla, Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha, agus Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le sciar tosaigh tailte atá faoi úinéireacht phoiblí nó atá rialaithe go poiblí a shainaithint i bpríomhshuíomhanna agus le béim cathrach agus béim réigiúnach agus tuaithe níos leithne lena mbainfidh acmhainneacht le haghaidh máistirphleanála agus athearraíochta chun críche forbairt straitéiseach a bheidh ag teacht leis an CNP (féach CBN 12 i gCaibidil 4 chomh maith le do thoil).

Is é príomhbhuntáiste a bhainfidh leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Athghiniúint agus um Fhorbairt go gcruthófar ionad náisiúnta saineolais maidir le máistirphleanáil forbairt agus athnuachan, a chuirfidh le saineolas na hearnála poiblí atá ann agus a chomhlánóidh é agus lena mbainfidh sainchúram fáin chun comhairle a thabhairt don Rialtas agus do phríomhpháirtithe leasmhara faoin dóigh leis an toradh straitéiseach is fearr ar fhorbairt phunann talún an Stáit a bhaint amach.

Tá sé beartaithe ag an Rialtas go gcuideoidh comhlacht dá leithéid le ról na Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais, na n-údarás áitiúil agus na gcuideachtaí tráchtála leath-Stáit agus go gcumasóidh sé an ról sin trí shocruithe comhordaithe agus seachadta úra, a nascfar le socruithe maoinithe bonneagair níos láidre chomh maith tríd an PFN agus trí fheithiclí infheistíochta straitéisí eile amhail Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) agus an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI).

Beidh dlúthcheangal idir feidhmeanna na Gníomhaireachta um Athghiniúint agus um Fhorbairt agus pleanáil straitéiseach ar leibhéal cathrach agus ar leibhéil eile agus oibríocht na gCistí um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe agus Uirbeach.

### Cuspóir Beartais Náisiúnta 66

Glacfar cur chuige straitéiseach faoi bhainistíocht lárnach níos éifeachtaí chun acmhainneacht forbartha phunann fhoriomlán na dtailte faoi úinéireacht an stáit agus/nó faoi thionchar an stáit i mórlimistéir uirbeacha na gcúig phríomhchathair agus i mbailte agus sráidbhailte tuaithe mar thosaíocht, go háirithe trí Ghníomhaireacht Náisiúnta um Athghiniúint agus um Fhorbairt a bhunú.

# 10.2 An Córas Pleanála

## Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha (SSERanna)

Téann saincheisteanna pleanála agus forbartha thar theorainneacha údaráis áitiúil. Chun comhordú níos fearr i gcúrsaí beartais pleanála agus forbartha thar theorainneacha a chinntiú, tá na húdaráis grúpáilte ina dtrí limistéir thionóil réigiúnaí - an tOirthear agus Lár na Tíre, an Tuaisceart agus an tIarthar, agus an Deisceart.

Ullmhóidh na grúpálacha réigiúnacha sin d'údaráis áitiúla Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha (ar a dtugtar SSERanna chomh maith), dá bhforáiltear faoin Acht Rialtais Áitiúil 2014, chun creat agus prionsabail ardleibhéil an CNP a ghlacadh agus tuilleadh sonraí a oibriú amach ar na leibhéil údarás réigiúnach agus áitiúil.

Baineann ullmhú na straitéisí leis na húdaráis áitiúla, a bheith ag obair i gcuideachta leis na páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an tAire agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leasanna eile, chun creat comhordaithe réigiúnach a chur i bhfeidhm maidir leis na pleananna forbartha reachtúla ábhartha ar leibhéal údaráis áitiúil. Áireofar ar an gcomhordú a theastaíonn leithdháileadh den fhás daonra amach anseo a fhorbairt agus a chomhaontú ag leibhéal níos mionsonraithe agus níos réigiúnaí ná an CNP, ach ag obair laistigh dá pharaiméadair go ginearálta.

## Pleanáil Straitéiseach Limistéar Cathrach

Cuimsíonn na cúig chathair uile in Éirinn níos mó ná limistéar údaráis áitiúil amháin, agus cumhdaíonn limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath cuid de limistéar na seacht n-údarás áitiúla nó iad ar fad. De bharr iolracht na bpleananna chun dul i ngleic le riachtanais aonair agus shainiúla na n-údarás áitiúil tá comhordú na forbartha straitéisí dúshlánach.

Cé go bhforbrófar na trí Straitéis Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha chun na pleananna údaráis áitiúil a chomhordú ar leibhéal straitéiseach agus tionóil réigiúnaigh, tá limistéar na dTionól ró-leathan chun díriú isteach go leor ar shaincheisteanna cathrach agus uirbeach.

Dá réir sin, i gcomhar agus mar chuid de phróiseas na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha, cuirfear socruithe i bhfeidhm chun go mbeifear ábalta cúig phlean straitéiseacha comhordaithe na limistéar cathrach a ullmhú do limistéir chathrach Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge. I gcomhréir leis na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha, soláthrófar bonn taca reachtúil do na MASPanna le feidhmiú mar chreataí straitéiseacha pleanála agus infheistíochta 12 bliana do na limistéir chathrach, ina rachfar i ngleic leis na saincheisteanna forbartha straitéisí ardleibhéil agus fadtéarmacha.

Níl teorainneacha limistéar cathracha sainithe do na cúig chathair sa Chreat seo. Tabharfar aghaidh ar an tsaincheist sin i gcomhthéacs bhreithniú leanúnach de chuid an Rialtais maidir le leibhéal cuí ceannaireachta polaitiúla agus riaracháin a bhunú do rialachas chathracha na hÉireann.

**Go dtí go gcinnfidh an Rialtas lárnach a mhalairt, áfach, beidh Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha agus Pleananna Straitéiseacha na Limistéar Cathrach bunaithe ar:**

- I limistéar Bhaile Átha Cliath, an limistéar cathrach a sainaithníodh i Straitéis Iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- I limistéar Chorcaí, an limistéar cathrach, i.e. Corcaigh Uirbeach faoi mar a sainaithníodh i bPlean Straitéiseach Limistéar Chorcaí(CASP);
- I Limistéar Luimnigh, limistéar cathrach bunaithe ar bhreithnithe maidir leis an dobharcheantar saothair mhargaidh cosúil leis na limistéir a sainaithníodh cheana do Bhaile Átha Cliath agus do Chorcaigh, a chinnfidh an Tionól Réigiúnach, i gcomhair leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus na húdaráis áitiúla ábhartha, lena n-áireofar Aerfort agus Baile na Sionainne;
- I Limistéir na Gaillimhe agus Phort Láirge, limistéir chathrach bunaithe ar bhreithnithe maidir leis an dobharcheantar saothair mhargaidh cosúil leis na limistéir a sainaithníodh cheana do Bhaile Átha Cliath agus do Chorcaigh, a chinnfidh an Tionóil Réigiúnacha, i gcomhair leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus na húdaráis áitiúla ábhartha.

**Cuirfear iad seo a leanas san áireamh i dteorainneacha na Limistéar Cathrach:**

- Tá limistéar uirbeach feidhmiúil na cathrach, i.e. áit a bhfuil an dlúth-chomhchruinniú fostaíochta, daonra, soláthair seirbhíse, lena n-áirítear iompar, oideachas agus cúram sláinte, suite;
- Patrúin chomaitéireachta bunaithe ar chion na n-oibrithe cónaithe atá fostaithe i bpríomhlimistéar na cathrach agus príomhshuíomhanna fostaíochta eile;
- Gnéithe geografacha a chuireann le líniú/sainiú na teorann agus/nó a dteastaíonn cosaint ina leith chun críche comhshaoil, taitneamhachta nó caitheamh aimsire. Agus muid ag féachaint le feidhmiúlacht an limistéir chathrach seo a neartú, áirítear leis sin scrúdú a dhéanamh i gcás go bhféadfaí criosanna glasa nádúrtha bheith ann nó go bhféadfaí iad a shainaithint chun an líniú idir an limistéar cathrach agus a chúlchríoch a mhéadú; agus
- Teorainn reatha ar bith a chinn an tÚdarás Náisiúnta Iompair in ullmhú na straitéisí iompair comhordaithe.

**Leagfar straitéis shoiléir agus bheacht amach sna Pleananna Straitéiseacha na Limistéar Cathrach ar fad chun:**

- Na príomhpharaiméadair athraithe don chathair lena mbaineann a shainaithint i.e. daonra, fostaíocht,
- tithíocht, miondíola, patrúin taistil agus príomhlimistéir athnuachana, forbartha agus taitneamhachta;
- Seicheamh beartú tosaíochta bonneagair, seachadta agus comhordaithe a oibriú amach; agus athghiniúint dhlúth agus fás dlúth a sheachadadh.

I ndiaidh fhoilsiú an Chreata seo, forbrófar agus eiseofar treoir eile i gcomhair leis na húdaráis áitiúla agus a dtionóil réigiúnacha maidir le gné MASP na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 67**

Déanfar foráil le haghaidh Pleananna Straitéiseacha na Limistéar Cathrach a ullmhú do limistéir uirbeacha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge, agus i gcás Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, le tabhairt faoi réigiún leathan na cathrach, ag na húdaráis chuí i gcomhar le agus mar chuid de na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha ábhartha chomh maith.

Ag cur san áireamh na leibhéil uaillmhianacha fáis spriocdhírithe don chúig chathair sa Chreat seo, beidh ról tábhachtach ag an limistéar cathrach níos leithne thart ar gach ceann. I ngach cás, tá siad dlúthcheangailte nó comhtháite leis an gcathair in aice láimhe, i gcomhthéacs iompair, fostaíochta, tithíochta, taitneamhachtaí agus seirbhísí.

Bheadh sé réasúnta i gcomhthéacs Phlean Straitéiseach na Limistéar Cathrach agus céimniú isteach an aistrithe chun comhdhlúthú uirbeach agus spriocanna athfhorbraíochta a bhaint amach, go bhféadfaí freastal sa limistéar cathrach níos leithne ar cion suas le 20% de spriocfhás céimnithe an daonra sa phríomhchathair agus sa limistéar fo-uirbeach i.e. lasmuigh den chathair agus de na fo-bhailte nó den limistéar criosaithe tadhlach. Bheadh sé sin sa bhreis ar an bhfás a sainaithníodh don limistéar Cathrach.

Bheadh sé sin faoi réir fás ar bith a athdháilfí ón gcathair agus ó na fo-bailte ina bhfuil dlúthfhorbairt, amhail inlíonadh nó fairsingiú uirbeach inbhuanaithe, a bhfreastalódh iompar poiblí ardacmhainne air agus/nó soláthar suntasach fostaíochta agus taitneamhachta. Sampla de chás ina mbeidh sé sin infheidhme is ea forbairt amach anseo Shoird i bhFine Gall, Baile Átha Cliath, i gcomhthéacs líne Meitreo úr agus gaireachta d'Aerfort Bhaile Átha Cliath.



Cathair Chorcaí



Cathair Bhaile Átha Cliath



Cathair na Gaillimhe



Cathair Luimnigh



Cathair Phort Láirge

Leis an soláthar sin chomh maith cumasófar aistriú ón bpatrún reatha forbartha. Táthar ag súil go mbeidh sé céimnithe agus cé go bhfuil sé seicheamhach, ní bheidh feidhm aige thar an Limistéar Cathrach. Beidh Cuspóir Beartais Náisiúnta 9 infheidhme chomh maith.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 68**

**Le Plean Straitéiseach na Limistéar Cathrach d'fhéadfaí freastal sa limistéar cathrach níos leithne ar suas le 20% den spriocfhás céimnithe daonra sa phríomhchathair agus sa limistéar fo-uirbeach i.e. lasmuigh den chathair agus de na fo-bhailte nó den limistéar criosaithe tadhlach, chomh maith leis an bhfás a sainaithníodh don limistéar Cathrach. Beidh sé sin faoi réir:**

- *fás athdháilte ar bith a bheith i bhfoirm dlúthfhorbartha, amhail inlíonadh nó fairsingiú uirbeach inbhuanaithe;*
- *fás athdháilte ar bith a bhfreastalaíonn iompar poiblí ardacmhainne air agus/ nó a bhaineann le soláthar suntasach fostaíochta; agus*
- *Cuspóir Beartais Náisiúnta 9, faoi mar atá leagtha amach i gCaibidil 4.*

## Pleanáil Spásúil agus Iompair a Chomhtháthú

Tá beartais pleanála agus iompair an-idirspleách. Bhí sé beartaithe le bunú an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) in 2009 cur chuige níos fócasaithe agus níos comhtháite a sheachadadh maidir le pleanáil agus seachadadh bonneagair agus seirbhísí comhtháite iompair ar bhonn náisiúnta go ginearálta (MCBÁC) áit ina bhfuil sainchúram níos mionsonraithe ag an ÚNI.

Tá an ÚNI freagrach as Straitéis Iompair a ullmhú do MCBÁC, chomh maith le bheith freagrach as an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch ag an Tionól Réigiúnach a ullmhú agus ní mór go mbeidh an dá cheann díobh i gcomhréir lena chéile. Cuireann an Straitéis Iompair reatha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 creat ar fáil le haghaidh bonneagar iompair a fhorbairt i MCBÁC don scór bliain atá romhainn.

Soláthraítear ráiteas soiléir den bheartas pleanála iompair do MCBÁC sa Straitéis Iompair chomh maith, agus is féidir le gníomhaíochtaí eile atá páirteach sa phleanáil spásúil, i gcosaint an chomhshaoil, agus i seachadadh bonneagair eile amhail tithíocht, uisce agus cumhacht, a dtosaíochta infheistíochtaí féin a ailíniú timpeall air. Is comhpháirt riachtanach é, mar aon leis na cláir infheistíochta in earnálacha eile, le forbairt eagraithe a dhéanamh ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath go ceann 20 bliain.

Baineann an ceanglas reachtúil le haghaidh comhleanúnachais idir an Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach agus an Straitéis Iompair le MCBÁC amháin agus ní ceanglas reachtúil é in aon chuid eile den tír. Mar sin féin, d'oibrigh an ÚNI go rathúil ar bhonn riaracháin neamhreachtúil le cabhrú le húdaráis áitiúla éagsúla ar fud chathracha na hÉireann le straitéisí a bhaineann le hiompar a ullmhú nó tionscadail a bhaineann le hiompar a chur chun feidhme.

Déanfar na socruithe reachtúla atá ann cheana don phleanáil iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a leathnú amach go Cathracha uile na hÉireann chun na leibhéil comhtháthaithe a neartú idir an phleanáil spásúil agus an phleanáil iompair ar fud na tíre, chun sochair don gheilleagar agus don tsochaí.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 69**

**Leathnófar socruithe reachtúla idir an phleanáil spásúil agus an phleanáil iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath amach go cathracha eile.**

## Pleanáil Straitéiseach Níos Fearr do Limistéir Uirbeacha Eile

Cuirfear bearta chun tosaigh le fócas uirbeach níos láidre a fhorbairt i gcóras na gCeantar Uirbeach in údaráis áitiúla, ionas gur féidir leagan amach a bheidh dírithe níos mó ar bhailte a bhaint amach. Déanfar é seo trí thoghcheantair ar leith a chruthú a bheidh bunaithe go dlúth ar líon d'ionaid mhóra uirbeacha agus réimse breise feidhmeanna údaráis áitiúil a thabhairt do na ceantair seo.

Áireofar leis sin ceanglas maidir le plean limistéir uirbigh a dhéanamh bunaithe ar fhorálacha reatha an pleananna ceantair áitiúil. I gcomhar le cathracha níos láidre a chruthú cabhróidh sé sin le réigiúin níos láidre a chruthú agus limistéar príomhfhócais a sholáthar le haghaidh Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha.

D'fhonn comhordú na forbartha a fheabhsú go ginearálta i suíomhanna baile a shíneann idir teorainneacha riaracháin, oibreoidh an Rialtas leis na húdaráis áitiúla ábhartha chun ullmhú comhphleananna ceantair uirbigh/áitiúil a fhorbairt, ag baint leas as an reachtaíocht reatha maidir le Pleananna Ceantair Áitiúil (PCÁ).

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 70**

**Déanfar soláthar le haghaidh pleananna ceantair uirbigh ar bhonn forálacha reatha maidir le pleananna ceantair uirbigh, agus ullmhófar comhphleananna ceantair uirbigh agus comhphleananna ceantair áitiúil i gcás go luíonn bailte agus a dtimpeallacht laistigh de limistéar comhcheangailte feidhmiúil níos mó ná údarás áitiúil amháin.**

## Pleanáil na nÚdarás Áitiúla a Neartú: Déanamh Pleananna agus Croí-Straitéisí

Le leasuithe ar an reachtaíocht maidir le pleanáil in 2010 tugadh isteach cur chuige úr le húdar a thabhairt do chuspóirí criosaithe talún i bpleananna údaráis áitiúil ionas go gcuirfí go leor talún ar fáil d'fhorbairt amach anseo ach gan an oiread sin a bheith ar fáil go mbeadh sé deacair limistéir uirbeacha atá meata nó gan mórán cónaí iontu a athghiniúint. Mar thoradh ar na leasuithe sin ar na croí-straitéisí baineadh buntáistí móra amach i gcur chuige pleanála níos straitéisí agus bunaithe níos mó ar fhianaise.

Cuirfear feabhsuithe breise ar chur chuige na croí-straitéise i bhfeidhm chun tacú le cur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Pleanála agus na trí Straitéis Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha, chun an folúntas áiteanna cónaithe agus an chothromaíocht idir forbairt sna limistéir uirbeacha agus thuaithe araon a chur san áireamh.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 71**

Déanfar croí-straitéisí pleananna forbartha cathrach/contae a fhorbairt tuilleadh agus tabharfar isteach modheolaíochtaí caighdeánaithe chun cur chuige comhordaithe agus cothrom maidir le riachtanais daonra agus tithíochta amach anseo ar fud limistéar uirbeach agus tuaithe a chinntiú.

## Criosú Talamhúsáide, Bonneagar agus Seirbhísí a Chomhordú

Dírítear an Creat seo go suntasach ar fhás inlíonta/athfhorbraíochta, go háirithe i gcathracha agus i mbailte móra. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear na spriocanna sna pleananna forbartha cathrach agus contae a bheith bainteach le leibhéil agus suíomh an chriosaithe talamhúsáide amach anseo.  Le haghaidh cur chun feidhme éifeachtach beidh gá le nascacht níos fearr idir criosú talún agus infhaighteacht an bhonneagair.

Cuirfear modheolaíocht caighdeánaithe úr ar bun do na croí-straitéisí agus tabharfar aghaidh inti ar shaincheisteanna chomh maith amhail an difreáil idir talamh chriosaithe atá ar fáil le haghaidh forbairt agus talamh chriosaithe a bhfuil infheistíocht shuntasach bhreise i seirbhísí bhonneagair ag teastáil chun forbairt a réadú. Tá sé sin leagtha amach in Aguisín 3.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 72a**

Iarrfar ar údaráis phleanála cur chuige caighdeánaithe sraithe a chur i bhfeidhm le difreáil a dhéanamh idir i) talamh chriosaithe sheirbhísithe ii) talamh chriosaithe ar a mbeifear ábalta seirbhísiú a dhéanamh le linn shaolré an phlean.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 72b**

Nuair atá tailte criosaithe chun críche forbartha á meas lena dteastaíonn infheistíocht i mbonneagar seirbhíse, déanfaidh údaráis phleanála meastachán réasúnta de chostas iomlán sheachadadh na seirbhísí sonracha agus ullmhóidh siad tuarascáil, ina mbeidh sonraí faoin gcostas measta ag céimeanna an dréachtphlean agus an phlean deiridh.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 72c**

Nuair atá talamh á meas le haghaidh criosaithe do chuspóirí forbartha nach dealraitheach go ndéanfar seirbhísiú orthu le linn shaolré an phlean ábhartha, níor cheart tailte dá leithéid a chriosú le haghaidh forbartha.

## Tús Áite do Thailte Forbartha

Tá a lán gnéithe pleanála eile a bhaineann le criosú talún seachas bonneagar bunúsach cumasúcháin a sholáthar, lena n-áirítear leibhéil fhoriomlána phleanáilte fáis, suíomh, oiriúnacht don chineál forbartha atá beartaithe, infhaighteacht taitneamhachtaí, scoileanna, siopaí, nó fostaíocht, inrochtaineacht ar sheirbhís iompair etc. agus an ghaireacht dóibh.

Cabhraíonn measúnú na ngnéithe seo go léir le chéile agus infhaighteacht an bhonneagair leis na húdaráis phleanála ord tosaíochta a chinneadh le fás agus forbairt phleanáilte a sheachadadh. Beidh sé sin tacaithe ag Treoirlínte Reachtúla a eiseofar faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 73a**

Forbrófar treoir chun cur ar chumas na n-údarás pleanála ord tosaíochta a chur i bhfeidhm d'fhorbairt na talún, le haird ar phleanáil chuí gus ar fhorbairt inbhuanaithe, go háirithe i gcás sealúchais talún atá buailte le chéile agus spleách ar a chéile.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 73b**

Bainfidh údaráis phleanála údaráis as cumhachtaí ceannaigh éigeantaigh chun seachadadh bonneagair chumasúcháin go dtí tailte criosaithe tosaíochta a éascú, chun freastal ar fhás pleanáilte.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 73c**

Díreoidh údaráis phleanála agus gníomhaireachtaí seachadta bonneagair ar sheachadadh tráthúil an bhonneagair chumasúcháin go dtí tailte criosaithe tosaíochta chun fás agus forbairt atá beartaithe a sheachadadh.

CÁS-STAIDÉAR



## ERDF do Shligeach

**Fuair Comhairle Contae Shligigh, ag obair le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, maoiniú €2 mhilliún le haghaidh feabhsuithe ar Shráid Uí Chonaill agus ionad pobail ag an gCrann Mór trí Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa (ERDF).**

Cuimsíonn an tionscadal sin forbairt inbhuanaithe uirbeach faoi Scéim Deontais na nIonad Uirbeach Ainmnithe 2014-2020.

Baineann an €2 mhilliún do Shligeach le feabhsuithe sráide ar Shráid Uí Chonaill, a mbeidh mar thoradh orthu rochtain shrianta d'fheithiclí agus tosaíocht ag coisithe, cosáin úra leathnaithe, troscán agus tírdhreachú úr sráide, laghdú ar shreabhadh tráchta, agus spás comhroinnte do rothaithe. Tá an maoiniú le haghaidh ionad pobail úr a sholáthar chomh maith don Chrann Mór, rud a chruthaíonn cur chuige dearfach i leith comhfhorbairt áite agus feabhsuithe comhshaoil.

## 10.3 Infheistíocht Chaipitil Phoiblí – An Plean Forbartha agus Náisiúnta Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta

Tá comhaontú ginearálta ann go bhfuil infheistíocht chaipitil phoiblí ina gné thábhachtach de bheartas suímh iomaíoch, a théann i gcion ar struchtúr costais agus iomaíochas geilleagair nó réigiúin. Tugtar chun suntais i dtaighde chomh maith an scóip atá ann d'infheistíocht chaipitil phoiblí le tionchar a imirt ar scaipeadh réigiúnach na gníomhaíochta eacnamaíche agus tionchar a imirt ar an ráta ag a gcarnann réigiúin tosca táirgiúla éagsúla, go háirithe bonneagar.

Léirítear in anailís a rinneadh don Chreat Náisiúnta Pleanála agus don Phlean Infheistíiochta Náisiúnta na rioscaí a bhíonn ann mura bhfaightear cothromaíocht chuí éifeachtúil réigiúnach ó thaobh fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann sa todhchaí de. Beidh easnamh ar fheidhmíocht fhoriomlán eacnamaíoch na hÉireann má tharlaíonn fás éagothrom, a bheadh dírithe den chuid is mó ar Bhaile Átha Cliath agus an réigiún máguaird, lena mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha buana do chaighdeáin mhaireachtála agus do cháilíocht na beatha go ginearálta, i ngach réigiún sa tír.

Is ionann an Plean Náisiúnta Infheistíochta 10 mbliana, 2018-2027, a foilsíodh i gcomhar leis an gCreat agus fianaise fhollasach de thiomantas an Rialtais tacú leis an CNP leis an infheistíocht chuí. Beidh tionchar níos fearr aige sin ar phatrúin forbartha agus tacóidh sé le cuspóirí leathana náisiúnta i réimsí amhail iompar, gníomhú ar son na haeráide, bainistíocht acmhainní uisce, bainistíocht dramhaíola, feidhmiú céimiúil líonraí cumarsáide agus fuinnimh agus forbairt bonneagair shóisialta i réimsí sláinte, oideachais agus saoráidí pobail.

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 74**

Ailíniú an Chreata Náisiúnta Pleanála agus an Phlean Forbartha Náisiúnta a chinntiú trí Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta a sheachadadh.

# Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta

**Faoi mar a léiríodh níos luaithe i gCaibidil 1, díreofar cur chun feidhme an Chreata Náisiúnta Pleanála ar bheartais, ar ghníomhaíochtaí agus ar infheistíocht chun na 10 dToradh Straitéiseacha Náisiúnta a bhfuil níos mó eolais fúthu thíos a sheachadadh.**

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 1

### Fás Dlúth

Ó dhearcadh forbartha uirbí de, beidh orainn cion níos mó d'fhorbairt chónaithe a sheachadadh laistigh de limistéir chomhthógtha atá ann cheana inár gcathracha, inár mbailte agus inár sráidbhailte agus a chinntiú, nuair a bheidh daoine ag roghnú tí, go mbeidh roghanna mealltacha inmharthana eile ar fáil dóibh.

Mar aon le fócas ar fhorbairt inlíonta, iompar comhtháite agus athghiniúint agus athnuachan limistéar uirbeach a chur chun cinn, má fhéachtar; le beartas fáis ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil cinnteofar todhchaí níos inbhuanaithe dár lonnaíochtaí agus dár bpobail. Chun seachadadh an chuspóra sin a chinntiú, bunófar dhá shásra saincheapa;

- An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach; agus
- an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe

Is é is cuspóir leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach fás inbhuanaithe a bhaint amach i gcúig chathair na hÉireann agus in ionaid uirbeacha eile.  Tabharfar cuireadh do ranna agus d'údaráis áitiúla comhthairiscintí iomaíocha a dhéanamh le haghaidh síolchistithe chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach eile a threisiú, bunaithe ar thograí lena gcomhlíonfar cuid de na critéir seo a leanas, nó iad go léir:

- **Forbairt inlíontach uirbeach a chumasú nach dtarlódh gan iad;**
- **'Inchónaitheacht' agus caighdeán na beatha a fheabhsú ionas gur féidir dlús forbartha níos mó a bhaint amach;**
- **Forbairt eacnamaíoch agus cruthú post a spreagadh trí chúinsí a chruthú a mheallfaidh infheistíocht shoghluaiste idirnáisiúnta agus deiseanna fáis don bhfiontraíocht dhúchasach;**
- **Leas a bhaint as acmhainní agus cumas atá ann cheana chun mais chriticiúil agus scála criticiúil a chruthú d'fhás réigiúnach;**
- **Inrochtaineacht chuig agus idir lárionaid maise agus scála a fheabhsú chomh maith le;**
- **Aistriú go dtí modhanna taistil níos inbhuanaithe a chinntiú (siúl, rothaíocht, iompar poiblí) agus modhanna ídithe fuinnimh (éifeachtúlacht, fuinneamh in-athnuaite) i gcomhthéacs uirbeach;**
- **Soghluaisteacht saothair a spreagadh chun tacú le fás faoi threoir fostaíochta a spreagadh, lena n-áirítear tithíocht inacmhainne, forbairt oideachais/scileanna agus seirbhísí feabhsaithe pobail agus teaghlaigh lena n-áirítear cúram leanaí.**

Tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, fás infheistíocht i limistéir uirbeacha na hÉireann, agus faoi réir chineál an togra, beidh ionaid uirbeacha níos lú (<10,000 daonra in 2016), incháilithe chomh maith i leith infheistíochta trí thograí bunaithe ar thairiscintí arna ndéanamh ag Ranna agus údaráis áitiúla, lena gcomhlíontar cuid de na critéir thíos nó iad go léir:

- **Mealltacht, inmharthanacht agus beocht bailte, sráidbhailte agus limistéir thuaithe níos lú a fheabhsú d'fhonn patrúin agus foirmeacha forbartha níos inbhuanaithe a bhaint amach;**
- **Aistriú chuig modhanna taistil níos inbhuanaithe a chinntiú (siúl, rothaíocht, iompar poiblí) agus modhanna ídithe fuinnimh (éifeachtúlacht, in-athnuaite) i  mbailte, sráidbhailte agus limistéir thuaithe níos lú;**
- **Fiontraíocht agus nuálaíocht a spreagadh agus a mhealladh i gcomhthéacs gheilleagar na tuaithe agus a éagsúlú leanúnach inbhuanaithe,  go háirithe i gcás gur féidir aischuir ísealcharbóin a bhaint amach.**
- **Freastal ar fhorbairt nideoige nó sainfhorbairt a chaithfidh a bheith i suíomh tuaithe mar gheall ar a chineál agus a bhfuil sochair níos leithne inti don gheilleagar tuaithe áitiúil agus réigiúnach;**
- **Comhoibriú trasteorann idir contaetha agus réigiúin le torthaí níos inbhuanaithe a bhaint amach do phobail tuaithe e.g. lonnaíochtaí, tírdhreacha agus taitneamhachtaí comhroinnte, chomh maith le talamh faoi úinéireacht stáit;**
- **Comhordú na sruthanna éagsúla maoinithe don fhorbairt tuaithe a thacaíonn le beartais comhfhorbairte áite an Chreata Náisiúnta Pleanála.**

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2

# Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe

Ag baint leas as cur chuige níos dlúithe maidir le riachtanais forbartha uirbí, tacóidh nascacht fheabhsaithe idir na hionaid daonra scála le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála. Díreofar iad sin ar dtús idir Corcaigh agus Luimneach.

Le hinrochtaineacht níos fearr idir an ceithre agus chuig an Iarthuaisceart beifear ábalta acmhainneacht nár fíoraíodh a ghníomhachtú agus beifear ábalta ullmhú níos fearr i leith na dtionchar féideartha ó Brexit.

### Bóithre Idir-Uirbeacha

- **Cumas straitéiseach agus sábháilteacht líonra na mbóithre náisiúnta a chothabháil agus pleanáil a dhéanamh le haghaidh feabhsúcháin cumais sa todhchaí;**
- **Agaí turais a fheabhsú, agus díriú ar mheánluas idir-uirbeach de 90km/u.**
- **Bainistíocht tráchta níos éifeachtúla a chumasú sna cathracha agus mórthimpeall orthu agus spás bóthair lár na gcathracha a athdháileadh i leith seirbhísí iompair poiblí bunaithe ar bhusanna agus ar shaoráidí siúil/rothaíochta;**
- **Réitigh bainistíochta tráchta i bhfoirm cuarbhóithre a chur chun cinn, lena n-áirítear Cuarbhóthar na Gaillimhe agus uasghrádú (faofa) Acomhal Dhún Citil i gCorcaigh, an M8/N25/N40**

### Inrochtaineacht ar an Iarthuaisceart

- **Rochtain uasghrádaithe chuig ceantar teorann an Iarthuaiscirt, ag baint leas as na bealaí atá ann cheana (N2/N14/A5);**
- **Uasghrádú ar chodanna tuaisceartacha de bhealach an N4 agus N5 agus ar chodanna de phríomhbhealach náisiúnta an N3/M3;**
- **Forbairt chéimnitheach ar Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh ó Ghaillimh ó thuaidh trí uasghrádú a dhéanamh ar chodanna den N17 ó thuaidh, de réir mar is gá agus nasc an N15/N13 a uasghrádú.**

### Iompar Poiblí

- **Nascacht iompair phoiblí a neartú idir cathracha agus bailte mórfháis in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann le seirbhísí feabhsaithe agus agaí taistil iontaofa.**

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 3

# Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe

Trí Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe 2017, tá luas curtha faoi scéimeanna agus beartais a bhfuil acmhainní ar fáil dóibh chun forbairt agus éagsúlú gheilleagar an tuaithe a spreagadh, amhail an scéimeanna náisiúnta leathanbhanda.

Leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, mar aon le tionscnaimh um athnuachan uirbeach agus sráidbhailte, tithíochta agus forbartha pobail níos leithne, cruthófar timthriall macánta pleanála céimnithí le haghaidh infheistíochta inár mbailte agus sráidbhailte tuaithe agus le haghaidh a n-éagsúlaithe eacnamaíoch, ag baint athearraíochta astu chun freastal ar dhúshláin na todhchaí.

Trí infheistíocht leanúnach san earnáil agraibhia cuirfear bonn taca faoi fhás inbhuanaithe faoi mar atá leagtha amach in Food Wise 2025 agus déanfar soláthar dár nIonaid Cuanta Iascaigh agus bonneagar taighde. Tá scóip ann le haghaidh feabhas a chur ar na Cláir leanúnach arna cómhaoiniú ag an AE a thacaíonn le forbairt tuaithe, forbairt bia mara agus foraoisiú.

Tá tús láidir curtha le forbairt Líonra náisiúnta fadraoin Glasbhealaí agus Gormbhealaí. Le líonra den sórt sin, lena n-áirítear bealaí tuaithe siúil, rothaíochta agus caitheamh aimsire uisce, chomh maith le 'bealaí móna', léiríodh mór-acmhainneacht chun borradh a chur faoi na suíomhanna réigiúnacha agus tuaithe tríd an cás "gnóthú/gnóthú" ó thaobh méadú ar ghníomhaíocht turasóireachta agus taisteal níos sláintiúla de.

Tríd an líonra sin a fhorbairt tuilleadh éagsúlófar ár ngeilleagar tuaithe tríd an acmhainneacht le haghaidh mórfhairsingithe san éileamh ar thurasóireacht bunaithe ar ghníomhaíochtaí a ghlacadh.

## Forbairt Tuaithe

- **Cur chun Feidhme na ngníomhaíochtaí atá léirithe sa Phlean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe;**
- **Forbairt chéimnitheach an leathanbhanda tuaithe faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda;**
- **Cur chun feidhme Ciste spriocdhírithe um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun deiseanna a chur ar fáil le hathnuachan agus athearraíocht bailte agus sráidbhailte tuaithe atá lagaithe de dheasca na n-athruithe struchtúracha ar an ngeilleagar tuaithe agus ar phatrúin lonnaíochta;**
- **Córas náisiúnta iompair phoiblí pobalbhunaithe ar ardchaighdeán a sholáthar i dtuath na hÉireann a fhreastalaíonn ar riachtanais mhuintir na háite faoin Líonra Iompair Tuaithe agus tionscnaimh chomhchosúla;**
- **Cothabháil bóithre réigiúnacha agus áitiúla agus tionscadail um fheabhsú bóithre réigiúnacha a infheistiú i limistéir thuaithe chun rochtain ar sheirbhísí tábhachtacha a chinntiú amhail oideachas, cúram sláinte agus fostaíocht;**
- **Infheistiú i nglasbhealaí, gormbhealaí agus bealaí móna mar chuid de straitéis chomhordaithe ar bhonn náisiúnta;**
- **Infheistíocht leanúnach san earnáil agraibhia chun bonn taca a chur faoi fhás inbhuanaithe faoi mar atá leagtha amach in Food Wise 2025.**

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 4

### Nascacht Idirnáisiúnta Ardcháilíochta

Mar oileán, tá éifeachtúlacht ár nasc le haerfoirt agus calafoirt chuig ár gcomharsana is gaire sa Ríocht Aontaithe agus in AE agus i gcomhthéacs an domhain i gcoitinne ríthábhachtach dár marthanacht, dár n-iomaíochas agus dár n-ionchais amach anseo. Beidh an comhoibriú agus comhfhorbairt na limistéar teorann amhail conair Bhaile Átha Cliath Bhéal Feirste, an Iarthuaisceart agus na limistéir lárnacha teorann an-tábhachtach chun acmhainneacht gheilleagar an oileáin a oscailt, i ndiaidh Brexit.

Is eintitis tráchtála i seilbh an stáit iad na príomhchalafoirt agus na haerfoirt agus tá sé ar a n-acmhainn a maoiniú féin a thiomsú. Dá réir sin, ní gá don Státchiste tionscadail straitéiseacha thábhachtacha a mhaoiniú. Bainfear amach an t-ailíniú idir a bpleananna agus cuspóirí an Rialtais, lena n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta, tríd an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Maidir le saoráidí aerfoirt, tá na príomh-aerfoirt, lena n-áirítear Baile Átha Cliath, Corcaigh, an tSionainn agus Cnoc Mhuire, chomh maith leis na haerfoirt réigiúnacha bheaga, an-tábhachtach mar bhonneagar forbartha náisiúnta agus réigiúnaí.

#### Aerfoirt

- **Rúidbhealaí agus saoráidí críochfoirt bhreise a fhorbairt amhail an dara rúidbhealach d'Aerfort Bhaile Átha Cliath ar faomhadh an cead pleanála ina leith;**
- **Rochtain ar talamh a fheabhsú go háirithe i leith iompar poiblí amhail tionscadal Metro-Link i mBaile Átha Cliath; agus**
- **Bainistíocht chúramach a dhéanamh ar thalamhúsáid i limistéir talún chun díriú ar riachtanais reatha agus amach anseo na n-aerfort.**

Maidir lenár saoráidí calafoirt, tá an treocht fhadtéarmach idirnáisiúnta i leith comhdhlúthú níos mó a dhéanamh ar acmhainní i gcalafoirt agus i loingeas d'fhonn barrfheabhas a bhaint amach ó thaobh éifeachtúlacht scála aitheanta i mBeartas Náisiúnta na gCalafort agus san ordlathas náisiúnta nó srathú calafort. Bíonn tionchar aige sin ar mhéid na soitheach, ar an doimhneacht uisce a bhíonn ag teastáil i gcalafoirt agus ar chineál agus ar scála naisc iompair chúlchríoch an chalafoirt.

Láimhseálann calafoirt Shraith 1 80% den trácht lastais calafoirt náisiúnta, tá siad suite in aice le Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach faoi seach agus measfar ról na gcalafort sin i gcomhar le riachtanais fhadtéarmacha bonneagair mar chuid de phróisis na Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha agus Phlean Straitéiseach na Limistéar Cathrach faoi mar a tuairiscítear thuas. Mar shampla, tá naisc straitéiseacha iompair riachtanach le forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach a dhéanamh ar ár gcalafoirt. Tá na cuspóirí bonneagair seo a leanas sainaitheanta ar bhonn náisiúnta:

#### Calafoirt

- **Naisc iompair talún chuig na príomhchalafoirt a fheabhsú, lena n-áirítear:**
- **Éascaíocht a dhéanamh d'fhás Phort Bhaile Átha Cliath trí leathnú níos éifeachtaí, teoranta isteach i gCalafort Bhaile Átha Cliath agus rochtain fheabhsaithe ar bhóithre, go háirithe chuig/ó limistéar an phoirt theas;**
- **Feabhas ar naisc na mbóithre chuig Calafort na Sionainne-Fhainge, lena n-áirítear seachbhóithre áitiúla; agus Feabhas a chur ar an rochtain ar Chalafort Rinn an Scidígh.**



## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 5

# Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Tacaíonn soláthar chóras iompair phoiblí chomhtháite atá ag feidhmiú go maith, iomaíochas a fheabhsú, cur chun cinn eacnamaíoch agus roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe a thabhairt do shaoránaigh le cuspóirí foriomlána an Chreata.

Braitheann Baile Átha Cliath agus cathracha agus mórlimistéir uirbeacha eile barraíocht ar iompar ar bhóithre agus iompar príobháideach, i gcarranna go príomha, agus is é an toradh air sin go bhfuil ár mbóithre ag éirí níos plúchta agus níos plúchta. Déantar soláthar sa Phlean Forbartha Náisiúnta d'infheistíocht san iompar poiblí agus réitigh shoghluaisteachta inbhuanaithe chun rogha eile níos inbhuanaithe a chur i bhfeidhm de réir a chéile.

Mar shampla, le mórbhonneagar iarnróid leictrigh phoiblí a shainaithnítear sa Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath go 2035, ar nós Metro Link agus tionscadail Leathnaithe an DART chomh maith leis an gclár infheistíochta BusConnects, leanfaidh ár gcaipiteal agus na príomhlimistéir uirbeacha eile a bheith iomaíoch.

Tá ról an-tábhachtach chomh maith ag an bpríomhlíonra iarnróid idir cathracha ó thaobh roghanna inbhuanaithe taistil a thairiscint, an rogha a thabhairt a bheith ag obair le linn a bheith ag taisteal agus dobharcheantair shaothair a leathnú chun leasa an iomaíochais idirnáisiúnta i mórchathracha an oileáin. Tá an cumas ann na naisc ardchaighdeáin idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste agus Corcaigh a fhorbairt mar chnámh troma iarnróid don oileán trí luas ar líne agus an tseirbhís a fheabhsú.

## Iompar Poiblí

- **Roghanna mealltacha iompair phoiblí seachas iompar i gcarranna a leathnú amach le brú tráchta agus astaíochtaí a laghdú agus a chur ar chumas na hearnála iompair freastal ar éilimh a bhaineann le fás fadtéarmach daonra agus fostaíochta ar bhealach inbhuanaithe trí na bearta seo a leanas:**
- **Na príomhchuspóirí iompair phoiblí sa Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 a sheachadadh trí infheistiú i dtionscadail amhail Metro úr an Tuaiscirt, Clár Leathnaithe DART, BusConnects i mBaile Átha Cliath agus tionscadail thábhachtacha busanna i gcathracha agus i mbailte eile;**
- **Bonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanas na mbailte beaga, na sráidbhailte agus na limistéar tuaithe; agus**
- **Líonra cuimsitheach de bhealaí sábháilte rothaíochta a fhorbairt i limistéir chathrach le freastal ar riachtanais taistil agus saoráidí cosúla a sholáthar i mbailte agus i sráidbhailte mar is cuí.**



## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 6

# Geilleagar Láidir Tacaithe ag Fiontraíocht, Nuálaíocht agus Scileanna

Tá bonn fiontraíochta réigiúnaí atá iomaíoch, nuálach agus athléimneach riachtanach chun deiseanna poist agus fostaíochta a chur ar fáil do dhaoine le maireachtáil agus le déanamh go maith i réigiúin. Tríd an sprioc mheasta uaillmhianach maidir le 660,000 duine sa bhreis ag obair i gcomhthéacs neamhchinnteacht dhomhanda mhéadaithe, Brexit agus cur isteach teicneolaíoch leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le braislí réigiúnacha iomaíocha a fhorbairt agus ardú san iomaíochas easpórtála fiontraíochta a chruthú chun poist agus fás inbhuanaithe a chinntiú.

Go sonrach, ba mhaith linn fostaíocht iomlán inbhuanaithe a bhaint amach agus na rátaí dífhostaíochta a laghdú go dtí laistigh d'aon phointe céatadáin48 den mheán náisiúnta sna réigiúin ar fad agus coinbhéirseacht táirgiúlachta réigiúnaí a bhaint amach ionas go mbeidh na réigiúin ar fad laistigh de dheich bpointe céatadáin den mheán lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus de chomparadóirí idirnáisiúnta.

Bainfimid é sin amach trí:

- **Tacú le fiontraíocht agus braislí iomaíocha a thógáil;**
- **Tallann a choimeád agus borradh a chur faoin gcaipiteal daonna sna réigiúin ar fad; agus**
- **Nuálaíocht dhigiteach agus sonraí.**

### Tacú le Fiontraíocht agus Braislí Iomaíocha a Thógáil

Tacú le fiontraíocht agus braislí iomaíocha a thógáil in earnálacha tábhachtacha agus gníomhaíochtaí trí ghníomhaíochtaí comhoibríocha ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, trí ardú suntasach a bhaint amach i bhfeidhmíocht na bhfiontar dúchasach ó thaobh na nuálaíochta, acmhainneachta agus táirgiúlacht easpórtála de, tacú le gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta agus trí thuilleadh infheistíochta a mhealladh chuig na réigiúin.

- **Tacú le fiontraíocht agus gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta agus a rátaí marthanachta agus fáis a mhéadú, trí ghníomhaíochtaí fairsingithe na nOifigí Fiontar Áitiúil, FÉ agus glaonna iomaíocha ar thionscnaimh chomhoibritheacha fiontraíochta réigiúnaí chun áiteanna iomaíocha leis an bhfiontraíocht a fháil ar an leibhéal áitiúil a sholáthar.**
- **Gnóthais a bhunathrú chun feabhais le haghaidh rath fadtéarmach trí fhócas a chur ar tháirgiúlacht, nuálaíocht agus idirnáisiúnú agus braislí réigiúnacha iomaíocha a thógáil sa déantúsaíocht agus seirbhísí, agus ról feabhsaithe a thabhairt d'Institiúidí Teicneolaíochta maidir le 'Cuaillí Teicneolaíochta agus Nuálaíochta' a fhorbairt.**
- **Nuálaíocht agus leathadh na nuálaíochta a chur chun cinn trí thacaíocht do nuálaíocht ar leibhéal gnóthas, ionaid agus tairseacha taighde a fhorbairt i bpríomhréimsí ábharthachta chuig na réigiúin trí FEÉ agus FÉ, agus a chinntiú go bhfuil ár gcóras taighde sna réigiúin nasctha ar bhonn idirnáisiúnta.**
- **Iomaíocht na timpeallachta gnó a mhéadú sna réigiúin, trí na Plean Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist, freagairtí sonracha a bhaineann le Brexit le haghaidh earnálacha nochta sna réigiúin agus tionscnaimh iomaíocha maoinithe um fhiontraíocht réigiúnach trí FÉ agus ard-réitigh réadmhaoine d'infheistíocht úr ag ÚFT Éireann d'infheistíocht isteach agus don fhiontraíocht dhúchasach.**
- **Tionscnaimh Teicneolaíochtaí Suaiteacha bunaithe ar dhúshláin a fhorbairt lena chinntiú go mbeimid ar thús cadhnaíochta i gcónaí sa nuálaíocht theicneolaíoch, feidhmiú agus tráchtálú an mhargaidh agus gur féidir linn an chéad ghlúin eile d'fhiontair teicneolaíochta a spreagadh, ag baint leas as gníomhaíochtaí T&F sna earnáil ardoideachais agus san fhiontraíocht sna réigiúin.**

### Tallann a Choimeád agus Borradh a chur faoin gCaipiteal Daonna sna Réigiúin ar Fad

Tá forbairt an chaipitil dhaonna lárnach do rath na hÉireann agus dár bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Tá infhaighteacht tallainne léannta, oilte ina spreagadh bunúsach den iomaíochas náisiúnta ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon.

Aithnítear an ról a d'fhéadfadh bheith ag córais bhreisoideachais agus ardoideachais maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a thionscnamh agus tacú leis i bpobail áitiúla, i réigiúin agus ar bhonn náisiúnta.

Forbraítear tallann agus scileanna i rith na saolré agus trí idirghabhálacha éagsúla. Trí oideachas bunaidh, scileanna, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur ar fáil, cruthaítear an bonn scileanna chun fostaíocht a mhealladh agus a choinneáil agus feabhsaítear mealltacht áiteanna.

Chun iomaíochas a sheasfaidh an aimsir, ní mór dúinn bonn scileanna a fhorbairt a chuirfidh Éire ar thús cadhnaíochta sa ghníomhaíocht dhigiteach agus nuálach. Tá rochtain ar theicneolaíochtaí úra, eolas agus scileanna ríthábhachtach má tá Éire lena deighleoga breisluacha agus lena táirgí agus seirbhísí dlútheolais a fhorbairt. Is féidir le beartas nuálaíochta, amhail Nuálaíocht 2020, bheith ina chuidiú chomh maith le borradh a chur faoin gcaipiteal daonna sna réigiúin uile, tacaíocht dhíreach agus indíreach a chur ar fáil do T&F príobháideach agus poiblí agus tacú le comhoibriú idir gnólachtaí agus an t-ardoideachas chun nuálaíocht fheidhmithe agus a tráchtálú agus a leathadh a spreagadh ar an leibhéal réigiúnach.

- **Tá forbairt scileanna, tallainne agus cumas nuálaíochta ina príomhchrann taca straitéiseach don CNP. Tabharfar tús áite d'infheistíocht i scileanna, tallann agus cumas nuálaíochta a fhorbairt agus a choimeád chun níos mó iomaíochais a chur chun cinn agus táirgiúlacht a mhéadú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach tríd an mbonn scileanna a fhorbairt a theastaíonn chun leas iomlán a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus nuálaíocht a choimeád agus trí ailíniú níos fearr a dhéanamh ar iarrachtaí taighde agus forbairt caipitil dhaonna idir an earnáil oideachais agus an earnáil fiontraíochta.**
- **Infheistíocht i gcóiríocht do mhic léinn laistigh dár n-ollscoileanna.**
- **Taighde agus nuálaíocht iomaíoch trí leathnú, uasghrádú agus athchóiriú HEIanna, tacaíocht d'ollscoileanna teicniúla ilchampas le béim láidir réigiúnach agus comhdhlúthú agus nuachóiriú a dhéanamh ar fhorálacha an Bhreisoideachais agus na hOiliúna (FET).**
- **Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt réigiúnach trí infheistíocht leanúnach san Oideachas agus san Oiliúint chun saothar agus soláthar scileanna a mhéadú ar bhonn réigiúnach.**

## Nuálaíocht Dhigiteach agus Sonraí

Aithnítear nuálaíocht sonraí mar a bheith tábhachtach d'fhás amach anseo. Trí leas a bhaint as acmhainneacht an gheilleagair sonraí is féidir tairbhí suntasacha a chur ar fáil ó thaobh táirgiúlachta, seirbhísí úra agus cruthú eolais de. Aithnítear chomh maith go bhfuil an acmhainneacht le teicneolaíocht shuaiteach agus nuálaíocht shuiteach atá ag teacht chun cinn le luas a chur faoi sheachadadh Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta an CNP.

Sa ghearrthéarma, bainfear leas iomlán as na deiseanna a chuirtear ar fáil trí rochtain ar sheirbhísí leathanbhanda ardchaighdeáin trí chur i bhfeidhm dheighleog idirghabhála Stáit an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, agus mórathrú á sheachadadh sa nascacht dhigiteach agus á chinntiú go sínfear clúdach chuig na limistéir níos iargúlta, lena n-áirítear sráidbhailte, limistéir thuaithe agus oileáin.

Lena chois sin, is áit an-mhealltach í Éire i gcomhthéacs nascacht dhigiteach idirnáisiúnta, tosca aeráide agus foinsí fuinneamh in-athnuaite reatha agus amach anseo d'fhorbairt bonneagair dhigitigh idirnáisiúnta, amhail ionaid sonraí. Cuireann an earnáil seo bonn taca faoi sheasamh idirnáisiúnta na hÉireann mar shuíomh do TFC agus cruthaíonn sí tairbhí breise maidir le tairseach éilimh le haghaidh forbairt mharthanach foinsí fuinnimh in-athnuaite a bhunú. Tá níos mó scóip ann chomh maith le téamh dramhaíola ó ionaid sonraí a athchúrsáil d'úsáid tháirgiúla, a d'fhéadfadh bheith as an láithreán.

Tá sé tábhachtach an acmhainneacht a thairgeann nascacht agus digitiú limistéar tuaithe agus úsáid níos fearr a bhaint as eolas, chun leasa áitritheoirí agus gnólachtaí. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin scileanna r-litearthachta, rochtain ar seirbhísí r-shláinte agus bunseirbhísí eile, réitigh nuálacha do bhuarthaí an chomhshaoil, cur i bhfeidhm an gheilleagair chiorclaigh ar dhramhaíl talmhaíochta, cur chun cinn táirgí áitiúla a bheidh tacaithe ag teicneolaíocht agus TFC, cur chun feidhme tionscadal ciste agraibhia speisialaithe agus leas iomlán a bhaint astu, gníomhaíochtaí turasóireachta agus cultúrtha.

- **Cur chun feidhme an Phlean náisiúnta Leathanbhanda.**
- **Naisc idirnáisiúnta chumarsáide náithoptaice a fheabhsú, lena n-áirítear lán-idirnascadh idir na líonraí snáthoptaice i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.**
- **Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe inbhuanaithe idirnáisiúnta do bhonneagar TCF amhail lárionaid sonraí agus gníomhaíochtaí gaolmhara eacnamaíocha.**
- **Ár gcathracha a chur chun cinn mar thaispeántóirí faisnéise don 5G agus do theicneolaíocht na cumarsáide.**



## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 7

# Taitneamhachtaí agus Oidhreacht Feabhsaithe

Áirítear ar áiteanna mealltacha comhcheangal tosca, lena n-áirítear beogacht agus éagsúlacht úsáidí, rochtain éasca ar thaitneamhachtaí agus seirbhísí atá tacaithe ag córais chomhtháite iompair agus modhanna glasa gluaiseachta amhail saoráidí coisithe agus rothaíochta. Sainítear áiteanna mealltacha chomh maith de réir a gcarachtair, oidhreachta agus a meoin phobail. Áirítear leis sin foirgnimh mhealltacha agus leagan amach sráide mealltach, spásanna agus páirceanna cathrach agus athghiniúint limistéar níos sine agus áiteanna a dhéanamh sábháilte trí úsáid agus dearadh gníomhach.

## Taitneamhachtaí agus Oidhreacht

- **Cuirfear cur chun feidhme na straitéisí pleanála agus iompair do na cúig chathair agus limistéir uirbeacha eile chun cinn agus beidh mórfhócas ar fheabhas a chur ar na bealaí siúil agus rothaíochta, lena n-áirítear líonraí glasbhealaí leanúnacha agus beartais spriocdhírithe chun feabhas a chur ar thréscaoilteacht agus nascacht.**
- **Tacóidh na Cistí um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus Uirbeach le tionscnaimh um athrú ó bhonn na ríochta poiblí le limistéir chathrach agus bhaile a thabhairt ar ais do na saoránaigh, rud a spreagfaidh níos mó daoine le cónaí i lár cathracha agus bailte, a fheabhsóidh spásanna caitheamh aimsire agus mealltacht ó thaobh cultúrtha, turasóireachta agus cur chun cinn de.**
- **Déanfaimid ár n-oidhreacht a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur i láthair dá luach bunúsach agus mar thaca le hathnuachan eacnamaíoch agus fostaíocht inbhuanaithe.**
- **Ár n-eastáit oidhreachta a oscailt do rochtain an phobail, nuair is féidir.**
- **Infheistíocht a dhéanamh i rochtain agus í chur ar fáil ar shaoráidí caitheamh aimsire, lena n-áirítear líonra conairí, a bheidh deartha agus seachadta le béim láidir ar chaomhnú, lena mbeifear ábalta ár dtimpeallachtaí is íogaire a chosaint agus a chaomhnú, rud a chuirfeadh tairbhe ar fáil do chách.**



Toradh Straitéiseach Náisiúnta 8

## Aistriú chuig Fuinneamh In-athnuaite

Beidh córais úra fuinnimh agus eangacha tarchuir de dhíth do chóras níos scaipthe agus dírithe níos mó ar ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite, ag baint leas as an acmhainn chumasach amach ón gcósta agus ar talamh ó fhoinsí amhail an ghaoth, tonnta agus an ghrian agus ag nascadh na bhfoinsí is saibhre den fhuinneamh sin. Is imreoirí tábhachtacha iad fiontair thráchtála atá faoi úinéireacht an Stáit sa mhargadh fuinnimh, atá faoi réir ag creat rialála AE.  Tá tobhach oibleagáide seirbhíse poiblí ann le tacaíocht bheartais phoiblí chun fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn.

Beidh forbairt fhorásach straitéiseach ar eangach fuinnimh de chineál éagsúil ag teastáil le córais táirgthe fuinnimh a éagsúlú ar shiúl ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh glas amhail gaoth, tonnta, grian agus bithmhais, chomh maith le córais chliste fuinnimh agus an timpeallacht thógtha a iompú go gineadóir/tomhaltóir fuinnimh, agus flíteanna iompair a leictriú.

Braitheann forbairt an fhuinnimh in-athnuaite ar talamh agus amach ón gcósta go mór ar bhonneagar cumasaithe a fhorbairt lena n-áirítear saoráidí eangaí chun an fuinneamh a thabhairt chun tíre agus nascadh le mórfhoinsí an éilimh fuinnimh. Ní mór dúinn chomh maith infheistíocht i bhfoinsí in-athnuaite a bheith níos dírithe go geografach a chinntiú chun íoslaghdú a dhéanamh ar mhéid na hinfheistíochta eangaí breise a theastaíonn, mar shampla trí comhshuíomh foinsí in-athnuaite agus naisc leis an eangach.

Baineann Éire leas as idirnasc le líonra píblínte gáis na Ríochta Aontaithe agus cé go bhfuil dhá phointe iontrála ar leith isteach go hoileán na hÉireann, tá an dá phíblíne nasctha trí shaoráid amháin i Moffat, Albain.  Tá ár n-acmhainn stórála gáis teoranta freisin, rud a chruthaíonn riosca suntasach ó thaobh shlándáil an tsoláthair de, agus a chuireann srian ar bhainistíocht na luaineachta séasúraí i bpraghsanna gáis.

### Fuinneamh Glas

- **40% dár riachtanais leictreachais a sheachadadh ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020 agus é mar aidhm straitéiseach úsáid foinsí in-athnuaite a mhéadú ar aon dul le spriocanna agus cuspóirí beartais náisiúnta amach go 2030 agus ina dhiaidh sin. Táthar ag súil go mbeidh níos mó éagsúlachta de theicneolaíochtaí in-athnuaite sa mheascán mar thoradh ar an méadú ar úsáid foinsí in-athnuaite.**
- **An líonra dáileacháin agus tarchuir a threisiú chun fás pleanáilte a éascú agus dáileadh foinse fuinnimh níos dírithe ar fhoinsí in-athnuaite thar na príomhionaid éilimh.**
- **Slándáil agus seasmhacht fuinnimh a neartú chun tacú le daonra 8 milliún ar an oileán trí idirnasc éifeachtúil eangaí leictreachais thuaidh theas chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar roghanna idirnasctha AE eile san fhadtéarma go dtí 2040.**
- **Giniúint leictreachais neodrach ar charbón a bhreithniú a éascófaí trí leas a bhaint as gabháil agus stóráil carbóin (CCS).**
- **Le hIdirnascóir Náisiúnta (Fáinne fomhuirí timpeall na hÉireann) nó réitigh eile beifear in ann Éire a cheangal le Córas eangaí leictreachais an AE.**
- **An Plean Náisiúnta d'Eangach Chliste a fheidhmiú de réir a chéile le naisc nua, cothromú eangach, bainistíocht fuinnimh agus forbairt micri-eangach.**

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 9

# Bainistíocht Inbhuanaithe ar Acmhainní Uisce agus Acmhainní Comhshaoil eile

Tá infheistíocht i mbonneagar seirbhísí uisce ríthábhachtach do chur chun feidhme an Phlean Forbartha Náisiúnta. Déanfaidh Uisce Éireann uasdátú ar an bPlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce i bhfianaise na mbeartas sa Chreat Pleanála Náisiúnta, le freastal ar riachtanais na forbartha sa todhchaí agus ar riachtanais chomhshaoil amhail na hoibleagáidí faoi Phleananna Bainistíochta Abhantrach atá sainorduithe le Creat-treoir Uisce an AE.

Níl líonraí seirbhíse uisce poiblí ar fáil do go leor bailte agus sráidbhailte níos lú, i bhfoirm soláthar uisce ná i bhfoirm cóireáil fuíolluisce. Cé go bhfuil cur chuige úr faoi threoir phlean agus le hinfheistíocht chomhoibritheach á thosú leis an bPlean Straitéiseach do Sheirbhísí Uisce, chun tacú le fás inbhuanaithe i mbailte agus sráidbhailte tuaithe, sa Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe tabharfar le acmhainn chomhcheangailte na bpáirtithe leasmhara go léir chun réitigh seirbhísí uisce inbhuanaithe a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh bailte beaga agus sráidbhailte ábalta dul chun cinn agus forbairt inbhuanaithe a dhéanamh.

Beidh éifeachtaí móra ag an athrú aeráide chomh maith ar infhaighteacht na bhfoinsí uisce agus ar acmhainn na ndobharlach glacadh le scaoileadh fuíolluisce mar gheall ar leibhéil uisce níos ísle in aibhneacha agus lochanna le linn tréimhsí samhraidh níos faide agus níos tirime. Ní mór tionchar an athraithe aeráide ar an timthriall uisce agus an toradh a bheidh aige ar sheirbhísí uisce agus tuilte a chur san áireamh mar sin i straitéisí lonnaíochta.

## Uisce

- **Cur chun feidhme Threoir AE um Thuilte agus na Creat -Treorach Uisce agus pleananna reachtúla a chomhordú ar fud an ordlathais phleanála, lena n-áirítear treoir náisiúnta maidir leis an ngaol idir an córas pleanála agus bainistíocht na n-abhantrach. Cinnteoidh na húdaráis áitiúla, an Roinn Tithíochta Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Oifig na nOibreacha Poiblí agus ranna agus gníomhaireachta ábhartha eile ag obair le chéile chun na moltaí ó chlár CFRAM a chur chun feidhme go gcuirfear beartais agus bonneagar um bainistíocht riosca tuilte chun feidhme de réir a chéile;**
- **Scaoileadh gan chóireáil as lonnaíochtaí a dhíothú sa ghearrthéarma, agus pleanáil straitéiseach a dhéanamh don fhás fadtéarmach;**
- **Cur chuige úr infheistíochta don lonnaíocht tuaithe a fhorbairt, lena gcomhordófar réitigh Uisce Éireann, údarás áitiúil, lucht forbartha agus an phobail lena cinntiú go gcuirfear réitigh seirbhísí inbhuanaithe uisce chun feidhme de réir a chéile.**
- **Tá foinse úr fhadtéarmach soláthair uisce de dhíth do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, ina gcuimsítear Ceantar Soláthair Uisce Bhaile Átha Cliath, faoi lár na 2020í, le soláthar a dhéanamh don fhás atá beartaithe go dtí 2050 agus le seasmhacht agus slándáil an tsoláthair don réigiún a fheabhsú. Maidir leis sin, beidh sé riachtanach treoir agus tosaíocht a thabhairt don soláthar bonneagair ar bhealach a rachaidh chun tairbhe an lín is mó limistéar agus is féidir sa tír;**
- **Staidéar Straitéiseach Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm, tríd an acmhainn in ionaid chóireála fuíolluisce a mhéadú (An Rinn) agus ionad cóireála úr a sholáthar i gContae Bhaile Átha Cliath Thuaidh - Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath mar a thugtar air;**
- **Bonneagar uisce stoirme a fheabhsú chun draenáil inbhuanaithe a fheabhsú agus riosca tuilte a laghdú sa timpeallacht uirbeach;**
- **Comhlíonadh riachtanais na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh a mhéadú ó 39% inniu go 90% faoi dheireadh 2021, 99% faoi 2027 agus go 100% faoi 2040;**
- **Sceitheadh a laghdú, agus éileamh ar infheistíocht chaipitil a íoslaghdú.**

## Bainistíocht Éifeachtúil Dramhaíola

Tá bainistíocht dramhaíola in Éirinn faoi threoir go príomha ag beartais bainistíocht dramhaíola náisiúnta agus pleananna bainistíochta dramhaíola réigiúnacha.49 Beidh na nithe seo a leanas riachtanach don phleanáil do chóireáil dramhaíola go dtí 2040:

- Acmhainn bhreise cóireála sloda agus cur chuige caighdeánaithe maidir le bainistíocht sloda fuíolluisce agus lena n-áirítear roghanna chun fuinneamh agus acmhainní eile a bhaint as;
- Cóireáil bhitheolaíoch agus níos mó díleá anaeróbach a úsáid chun níos mó asraonta sábháilte do dhramhaíl bhithchobhsaithe iarmharach.
- Saoráidí dramhaíola go fuinneamh a dhéanfaidh cóireáil ar dhramhaíola iarmharacha nach féidir a athchúrsáil mar bhealach inbhuanaithe lena seachadfar buntáistí amhail leictreachas agus teas.

## Dramhaíl

- **Tacóidh na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha agus croí-straitéisí na bPleananna do Cheantair Uirbeacha (MASP) beartas náisiúnta agus réigiúnach dramhaíola agus úsáid éifeachtúil acmhainní;**
- **Déanfar líonraí teasa díreacha a fhorbairt nuair is indéanta go teicniúil chun cabhrú le spriocanna teasa in-athnuaite a bhaint amach agus astaíochtaí GCT na hÉireann a laghdú;**
- **Saoráid riachtanacha cuí bainistíocht dramhaíola guaisí a fhorbairt chun an gá le cóireáil in áiteanna eile a sheachaint;**
- **An cumas imleor agus na córais imleora chun dramhaíl a bhainistiú, lena n-áirítear dramhaíl bhardais agus tógála agus scartála ar bhealach a bheidh sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de agus a bheidh inbhuanaithe agus leigheas láithreán dramhaíola chun an riosca ar an gcomhshaol agus shláinte an duine a mhaolú go cuí.**

## Toradh Straitéiseach Náisiúnta 10

# Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte ar Ardchaighdeán

Ní mór pleanáil chun cinn a dhéanamh maidir lenár gcórais chúram leanaí, oideachais agus sláinte chun freastal ar impleachtaí milliún duine breise faoi 2040.

### Oideachas

Beidh soláthar ionaid chúram agus oideachais luathóige, scoileanna, coláistí agus ollscoileanna ríthábhachtach d'fhorbairt spásúil na gcathracha agus na réigiún amach anseo. Beidh tionchar acu ar fhorbairt an duine aonair agus an phobail, ar chaighdeán na beatha, ar chomhtháthú sóisialta, ar infhaighteacht taitneamhachtaí, agus beidh tionchar tábhachtach acu ar thosca taighde agus nuálaíochta, infheistíocht isteach agus rochtain ar mhargaí saothair.

Mar gheall ar na hathruithe a bheidh ar phatrúin rannpháirtíochta sa mhargadh saothair, beidh gá le hanailís níos mó ar riachtanais chaipitil le tacú le hinfheistíocht i gcúram leanaí go háirithe.

Tá pleanáil agus infheistíocht straitéiseach ag teastáil chun cúram leanaí, oideachas agus oiliúint a sholáthar, chun seachadadh pobal inmharthana a threisiú, cuimsiú a chur chun cinn agus rogha agus inrochtaineacht a thairiscint chuig oideachas agus fostaíocht ar ardchaighdeán. Is féidir déileáil níos éifeachtúla leis an bpleanáil do bhonneagar cúram leanaí, oideachais agus oiliúna chun freastal ar mhéadú ar an éileamh i gcomhthéacs comhoibriú tras-rialtais trí Chreat Náisiúnta le tacaíocht ó infheistíocht straitéiseach:-

### Oideachas

- **Infheistíocht bhreise a chur ar fáil san earnáil scoileanna chun coinneáil leis an éileamh déimeagrafach agus bainistíocht a dhéanamh ar na costais tógála agus láithreáin atá ag méadú ionas go mbeidh scoileanna úra nó athchóirithe ar láithreacha dea-shuite i gceantair ina bhfuil tógáil déanta nó in aice leo, ábalta freastal ar riachtanais éagsúla an daonra áitiúil;**
- **Saoráidí tríú leibhéil a leathnú agus a chomhdhlúthú i suíomhanna ina neartófar cumas na n-institiúidí sin an tallann is gá chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta sa réigiún a spreagadh. Is tionscadal suaitheanta criticiúil bonneagair é comhdhlúthú champas DIT i nGráinseach Ghormáin don earnáil oideachais tríú leibhéal;**
- **Beidh infheistíocht sa bhreisoideachas agus san oiliúint ina príomhspreagadh in iomaíochas na hÉireann. Cláir foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt, go háirithe i réimsí oideachais agus oiliúna i gcás go bhfuil easpa scileanna aitheanta ag fostóirí agus ag an gcóras breisoideachais agus oiliúna ag obair le chéile trí fhóraim Scileanna Réigiúnacha, mar fhreagairt ar riachtanais scileanna a réigiún.**

### Sláinte

Agus saoráidí cúram sláinte úra á bhforbairt ní mór aird a thabhairt ar shuíomh, líon, próifíl agus riachtanais an daonra chun rochtain ar an gcúram is oiriúnaí a chinntiú, agus cáilíocht an chúraim a chinntiú ag an am céanna chomh maith, go háirithe maidir le seirbhísí ospidéal géarmhíochaine níos casta. Aithnítear iad seo a leanas go náisiúnta:

#### Seirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine

- **Seirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine a sheachadadh trí straitéisí agus beartais amhail an Straitéis Máithreachais Náisiúnta agus an Clár Náisiúnta um Rialú Ailse a chur chun feidhme, chomh maith le réimse leathan clár agus tionscadal lena n-áirítear:**
- **An tsamhail náisiúnta phéidiatraiceach maidir le cúram, agus go háirithe, an tOspidéal Náisiúnta Leanaí úr a thógáil, aonaid chúraim satailíte lena mbaineann agus an bonneagar TFC lena mbaineann a theastaíonn chun chéad ospidéal digiteach na hÉireann a chruthú;**
- **Cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Máithreachais lena n-áirítear comhlonnú an Ospidéil Náisiúnta Máithreachais agus ospidéal aonair máithreachais eile ar champais ospidéil ghéarmhíochana agus bonneagar na seirbhísí máithreachais a fhorbairt, a uasghrádú agus a athmhúnlú;**
- **Acmhainn bhreise a fhorbairt a bheidh deartha d'uas-éifeachtúlacht agus dírithe ar fheabhas a chur ar chúram siúil agus ar chúram roghnach, chun scála fhás agus aosú an daonra a léiriú, ar aon dul le riachtanais seirbhíse a sainaithníodh;**
- **Athchumraíocht seirbhísí géarmhíochaine laistigh de na grúpaí ospidéal;**

- **Leathnú fhlít na nOtharcharr agus bunáiteanna leathnaithe otharcharr chun tacú le cúram i ndiaidh an ospidéil agus rochtain thráthúil ar sheirbhísí criticiúla. Mar chuid de sin, beidh gá breathnú ar an dóigh ar féidir feabhas a chur ar an rochtain chuig tacaíocht aeir amach anseo;**
- **Cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta um Rialú Ailse, lena n-áirítear bonneagar caipitil a fhorbairt chun seirbhísí ailse a sheachadadh, go háirithe aonaid oinceolaíochta lae, aonaid aiseipteacha cumaisc, oinceolaíocht radaíochta agus athsholáthar trealaimh;**
- **Tá an Plean Náisiúnta le haghaidh Oinceolaíocht Radaíochta (Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh) riachtanach chun acmhainn oinceolaíochta radaíochta a theastaíonn an sheachadadh, mar aon le roinnt saoráidí reatha atá ag druidim le deireadh a saolré fiúntaí;**
- **Áireofaí leis an infheistíocht in ionaid ailse ainmnithe, lena n-áirítear saoráidí, sprioc maidir le haonad ailse cuimsitheach amháin ar a laghad a fhorbairt faoi mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Ailse a lainseáladh in 2017.**

### Seirbhísí Cúram Sláinte sa Phobal

- **Athrú ar sheachadadh chúram sláinte a éascú trí acmhainn trí infheistiú i mbonneagar TFC, chun sreabhadh faisnéise a éascú thar agus laistigh den na suíomhanna éagsúla cúraim, agus an cúram príomhúil a mhéadú, lena n-áirítear:**
  - Ionaid chúraim phríomhúla a sholáthar ar bhonn náisiúnta le freastal ar athruithe daonra lena n-áirítear foirgnimh úra agus athchóiriú ar fhoirgnimh atá ann cheana; agus
  - Leathnú ar dhiagnóisic pobail agus ar mhion-mháinliacht.

### Seirbhísí Comhtháite Sláinte agus Cúraim Shóisialta

- **Aistriú daoine thar na seirbhísí a éascú, cúram ildisciplíneach a sholáthar ag an leibhéal castachta is ísle in aice leis na háiteanna ina bhfuil daoine ina gcónaí. Díriú ar rochtain ar sheirbhísí cúraim phríomhúla agus phobail a fheabhsú, lena n-áirítear meabhairshláinte, seirbhísí míchumais, cúram maolaitheach, seirbhísí do dhaoine scothaosta, cuimsiú sóisialta agus tacaíocht andúile.**

**Meabhairshláinte – Fís le haghaidh Athraithe**

- Ospidéal Náisiúnta Foiréinseach Seirbhísí Meabhairshláinte agus líonra d'Aonaid Athshlánaithe Dianchúraim a fhorbairt.
- Athsholáthar agus soláthar aonad breise meabhairshláinte, cóiríochta cónaithí agus saoráidí nua-aimseartha d'aosaigh agus do leanaí ar bhonn náisiúnta.
- Bonneagar feabhsaithe d'fhoirne meabhairshláinte pobail.

**Seirbhísí Míchumais**

- Athfhorbairt ar an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin agus Ionaid Athshlánúcháin Míchumais a bhunú ar fud na tíre.
- Ospidéil Lae/Ionaid Cúraim Lae a sholáthar mar chuid den Néaró-straitéis.
- Athchumraíocht ar shaoráidí cúraim chónaithigh atá ann cheana agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas chun maireachtáil go neamhspleách lasmuigh de shuíomhanna comhchónaithe.
- Acmhainn breise leapa a fhorbairt do riachtanas nár comhlíonadh agus do bhrúnna déimeagrafacha i gcomhair seirbhísí. Soláthar seirbhísí laethúla do dhaoine óga ag fágáil na scoile agus oiliúint athshlánúcháin, a thacóidh le feistiú agus athchóiriú na bhfoirgneamh atá ann cheana

**Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta**

- Athsholáthar agus nuachóiriú ar 90 Aonad Altranais Phobail agus cóiríocht bhreise céim síos agus fadchónaithe a sholáthar.
- Cóiríocht phobalbhunaithe le tacaíochtaí a fhorbairt.
- Clár maidir le Cúram Maolaitheach.
- Acmhainn bhreise trí leapacha fadtéarmacha cúraim chónaithigh chun freastal ar riachtanais dhéimeagrafacha agus leapacha breise gearrthéarmacha chun samhail fheabhsaithe cúraim do dhaoine scothaosta a sheachadadh.



# 11 An Tionchar Timpeallachta a Mheasúnú

## 11.1 Eeasúnú Timpeallachta

**Rinneadh measúnaithe áirithe timpeallachta mar chuid den ullmhúchán don Chreat Pleanála Náisiúnta. Ina mheasc bhí an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST), Measúnú Oiriúnachta (MO) chomh maith le Breithmheas Straitéiseach Riosca Tuilte (BSRT).**

Rinneadh na measúnachtaí sin ionas gur féidir tionchar ardleibhéil na gCuspóirí Beartais Náisiúnta agus na dTorthaí Straitéiseacha Náisiúnta atá beartaithe ar an gcomhshaol a luacháil agus a úsáid chun bonn eolais a chur faoin CNP.

Déanfar amhlaidh lena chinntiú go bhfreagraíonn an straitéis fáis agus na cuspóirí agus na torthaí náisiúnta d'íogaireacht agus do riachtanais an chomhshaoil i gcoitinne i.e. na tionchair ionchasacha comhshaoil a bheadh ag cinntí maidir le freastal ar fhás agus ar fhorbairt na todhchaí agus an dóigh ar féidir tionchair dhiúltacha a laghdú, a chúiteamh nó a sheachaint.

Déanfar amhlaidh lena chinntiú go bhfreagraíonn an straitéis fáis agus na cuspóirí agus na torthaí náisiúnta d'íogaireacht agus do riachtanais na timpeallachta nádúrtha i gcoitinne



## Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST)

Is é is cuspóir leis an MST luacháil a dhéanamh, ag céim luath, ar réimse na n-iarmhairtí comhshaoil a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar fheidhmiú an CNP agus deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara a dtuairim a thabhairt faoi na tionchair mheasta nó iarbhír a bheadh leis an togra.

Rinneadh Treoir (2001/42/CE) ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an Measúnacht ar Éifeachtaí Pleananna agus Clár Áirithe maidir leis an gComhshaol (an Treoir MST), a thrasuíomh sa reachtaíocht náisiúnta in Éirinn le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) Rialachán 2004 (I.R. Uimh. 436/2004) agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004 (I.R. 436/2004), arna leasú.

Mar atá taifeadta sa Treoir, is é is cuspóir leis an MST "soláthar a dhéanamh le haghaidh ardleibhéal cosanta don timpeallacht agus cur le comhtháthú breithnithe comhshaoil in ullmhú agus glacadh pleananna agus clár d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn".

Tríd an MST, rinneadh breithnithe comhshaoil a chomhtháthú sa Chreat trí:

- **Forbairt agus measúnú roghanna malartacha;**
- **Measúnú agus mionleasú ar Chuspóirí Beartais Náisiúnta (CBNanna) agus ar Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta (TSNanna).**
- **Bearta maolaithe molta le dul i ngleic le tionchair ionchasacha a eascraíonn as na roghanna, nuair atá na CBNanna agus TSNanna breithnithe; agus**
- **Téacs breise tacaíochta leis na tiomantais sa CFN a neartú ar son chosaint an chomhshaoil.**

## Measúnú Oiriúnachta (MO)

Is próiseas é an Measúnú Oiriúnachta (MO) le tabhairt faoi mheasúnú cuimsitheach ar thionchar éiceolaíoch plean nó tionscadail ar bith, lena impleachtaí a scrúdú, as féin nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile, ar shuíomh amháin nó níos mó de na Láithreáin Eorpacha i bhfianaise Chuspóirí Caomhantais an láithreáin, mar atá luaite in Alt 6(3) de Threoir an AE maidir le Gnáthóga.

Faoi Threoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú, ar a dtugtar an Treoir maidir le Gnáthóga, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) a ainmniú chun gnáthóga agus speicis thábhachtacha i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh a chosaint agus a chaomhnú. Ainmnítear Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SACanna) faoin Treoir um Chaomhnú Éan Fiáine (79/409/CEE) mar atá códaithe le Treoir 2009/147/CE.

Tá alt 6 ar cheann de na hailt is tábhachtaí sa Treoir maidir le Gnáthóg maidir leis an gcaidreamh idir an caomhnú agus úsáid suíomhanna a dheimhniú. Ceanglaítear in Alt 6(3) - "Beidh aon phlean nó tionscadal nach bhfuil ceangailte go díreach nó riachtanach do chaomhnú suímh ach a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith aige air, as féin nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir Measúnú Oiriúnach (MO) ar a impleachtaí don suíomh i bhfianaise chuspóirí an tsuímh.

Rinneadh an Treoir maidir le Gnáthóga a thrasuímh go dlí na hÉireann leis na Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus i Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (arna leasú). I gcomhthéacs dhréacht an CNP, is é Rialachán 27 de na Rialacháin Éin agus Gnáthóga Nádúrtha 2011 an rialachán rialaithe ina leagtar amach dualgais na n-údarás áitiúil maidir le caomhnú an dúlra.

Tá an dualgas ar údaráis áitiúla, agus a gcuid feidhmeanna á gcleachtadh acu, bearta cuí a dhéanamh chun meath na ngnáthóga nádúrtha agus ghnáthóga speiceas i Láithreáin Eorpacha, a sheachaint, chomh maith le cur isteach ar speicis a bhfuil suíomh ainmnithe dóibh a oiread is a d'fhéadfadh an cur isteach sin bheith suntasach maidir le cuspóirí na Treorach maidir le Gnáthóga. Tá Ráiteas Tionchair Natura (RTN) ullmhaithe le tacú leis an phróiseas MO le haird á tabhairt ar riachtanais reachtúla an AE agus ar an dlí náisiúnta.



> **Tá an dualgas ar údaráis áitiúla, agus a gcuid feidhmeanna á gcleachtadh acu, bearta cuí a dhéanamh chun meath na ngnáthóga nádúrtha**



## Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte (MSTR)

Tá méadú ar riosca tuilte de thoradh phleanáil na talamhúsáide, thar aon rud eile, ar cheann de na saincheisteanna oidhreachta is costasaí (comhshaol, sóisialta agus eacnamaíocha) atá ann mar gheall ar chinntí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla talamhúsáide roimhe seo. Cabhróidh na cuspóirí agus na torthaí beartais sa CNP leis na saincheisteanna oidhreachta agus cosnóidh siad pleananna na todhchaí, ar nós na Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha agus na bPleananna Forbartha Contae atá forbartha faoin CNP.

Is é cuspóir an MSTR a chinntiú go gcuirfear riosca tuilte san áireamh i mbeartas pleanála agus freastal á dhéanamh ar fhás sa todhchaí agus gur féidir tabhairt faoi na riachtanais phleanála agus bonneagair atá ag teastáil le fás ionchasach a éascú.

Is spreagthaí tábhachtacha iad an Beartas Náisiúnta Tuilte 2004 agus Treoir an AE maidir le Tuilte i gcomhair bainistíocht riosca tuilte in Éirinn. Rinneadh an clár Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Abhantrach (CFRAM) a fhorbairt mar fhreagairt ar riachtanais na spreagthaí sin agus tá measúnú cuimsitheach ar limistéir ardriosca tuilte agus pleananna beartaithe chun riosca a mhaolú agus a laghdú in Éirinn curtha ar fáil acu. I gcomhthráth le clár an CFRAM, agus le forbairt mhíchuí eile a mhaolú i gceantair ardriosca tuilte, foilsíodh an Treoirlínte um an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte sa bhliain 2009.

Tá na Treoirlínte Riosca Tuilte lárnach d'fhorbairt an MSTR. Tugtar isteach leis an bpríomhdhoiciméad treorach seo sásraí cuimsitheacha chun talamhúsáid agus pleanáil bhonneagair a chomhtháthú leis an dea-chleachtas i leith bainistíocht riosca tuilte. Tugtar isteach an coincheap 'cur chuige seicheamhach' sna Treoirlínte, i gcás gurb é an chéad toisc, ar gach leibhéal den phleanáil, an prionsabal go seachnófar limistéir ardriosca tuilte, agus mura mbíonn sé sin praiticiúil, go ndéanfar rogha malartach talamhúsáide a mheas nach mbeadh chomh soghonta.

Nuair nach féidir seachaint ná ionadú a dhéanamh, ní mór argóint théagartha a dhéanamh, mar aon le bearta maolaithe inbhuanaithe, lena chinntiú nach méadóidh an fhorbairt bheartaithe an riosca tuilte, faoi láthair nó amach anseo, nuair a chuirtear na tionchair atá tuartha ón athrú aeráide san áireamh go hiomlán.

## Forluí MST, MO agus MSTR le Creat Éire 2040

Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) an Chreata Náisiúnta Pleanála i gcomhthráth le hullmhú an Mheasúnaithe Oiriúnachta (MO) agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN). Tá forluí áirithe idir riachtanais an MST agus an MO agus de réir an dea-chleachtais, bhí próiseas comhtháite chomhroinnt sonraí ann, lena n-áirítear comhroinnt sonraí bonnlíne agus mapáil na Suíomhanna Eorpacha, comhroinnt thionchair ionchasacha éiceolaíocha an NPF ar Shuíomhanna Eorpacha agus soiléiriú maidir le cuid de na gnéithe teicniúla den CNP.

Leis na próisis sin le chéile cuireadh bonn eolais faoi fhorbairt an Chreata agus mhúnlaigh siad í. Cuireadh torthaí an MSTR isteach go díreach i dTuarascáil Timpeallachta an MST agus tá na trí cháipéis cuimsithe sa CNP.

Sonraíodh chomh maith go bhfuil saincheisteanna a bhaineann leis an Treoir maidir le Gnáthóga nach mbaineann go díreach leis an MO. Sna cásanna sin, tá na saincheisteanna tugtha ar aghaidh chuig ranna bithéagsúlachta, flóra agus fána an MST agus pléitear iad sa chomhthéacs sin mar chuid de na measúnachta timpeallachta lenar cuireadh bonn eolais faoin gCreat.

Déantar foráil sa CNP chomh maith le gach cineál riosca tuilte a mheasúnú i gcomhthéacs náisiúnta agus tugadh aird sa mheasúnú a rinneadh mar chuid den phróiseas MST ar na tionchair a sainaithníodh sa MSTR. Agus an CNP á ullmhú, úsáideadh uirlis Mapála Íogaireachta Timpeallachta (MÍT) san MST agus sna measúnachtaí timpeallachta. Modh is ea an mhapáil íogaireacht timpeallachta le limistéir íogaire timpeallachta a shainaithint ag leibhéal straitéiseach agus tionchair charnacha agus chomhcheangailte ar an gcomhsaol a léiriú. Tugann sé forléargas fisiúil freisin d'íogaireacht choibhneasta limistéar, go háirithe i gcás go bhforluíonn siad ar a chéile, d'fhonn cur chuige níos straitéisí agus níos feasaí a sholáthar don phleanáil.

## 11.2 | Breithnithe Comhshaoil a Chomhtháthú sa Chóras Pleanála

Cáipéis straitéiseach creata is ea an Creat Náisiúnta Pleanála agus tacófar leis le sraitheanna téagartha pleananna réigiúnacha agus áitiúla laistigh d'ordlathas foriomlán. De réir mar a dhéanfar na sonraí a fhorbairt síos tríd an ordlathas, beidh gá le deis bhreise chun measúnú fócasaithe a dhéanamh mar threoir don chinnteoireacht ag mionleibhéal nach féidir a dhéanamh ar scála náisiúnta.

Tá sé tábhachtach dá bhrí sin nuair a dhéantar athbhreithniú ar straitéisí agus pleananna eile nó nuair a dhéantar athruithe faoi thionchar chuspóirí beartais agus torthaí náisiúnta an Chreata Náisiúnta Pleanála, go gcuirfear riachtanas comhshaoil ábhartha ar bith san áireamh. Is ceart go mbeadh breithmheas timpeallachta san áireamh i ngach staidéar imscrúdaitheach agus féidearthachta a dhéanfar le tacú le cinnteoireacht maidir leis an gCreat seo ina mbreithnítear na héifeachtaí féideartha ar an gcomhshaol i gcoitinne, lena n-áirítear, go sonrach, Líonra Natura 2000.


Ag leibhéal an tionscadail, ní mór ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas, de réir mar is ábhartha, a bheith le gach iarratas ar thoilithe forbartha do thionscadail a eascróidh as beartas ar bith bhféadfadh tionchair shuntasacha a bheith acu ar an gcomhshaol:

- **Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta Éiceolaíochta;**
- **Tuarascáil Timpeallachta;**
- **Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta má mheastar é a bheith riachtanach faoin reachtaíocht ábhartha (cáipéis reachtúil);**
- **Ráiteas Tionchair Natura má mheastar é a bheith riachtanach faoin reachtaíocht ábhartha (cáipéis reachtúil);**

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 75**

A chinntiú go bhfuil gach plean, tionscadal agus gníomhaíocht a bhfuil toiliú riachtanach dóibh, a eascraíonn as an gCreat Náisiúnta Pleanála faoi réir na gceanglas ábhartha comhshaoil lena n-áirítear MST, MTT agus MO de réir mar is cuí.

**Fíor 11.1 | MST agus AA laistigh d'Ordlathas Pleanála an CNP**



### An gaol idir an Creat Náisiúnta Pleanála agus pleananna/cláir eile

Fiosraíodh réimsí tábhachtacha beartais amhail pleanáil spásúil muirí agus talamhúsáide, athrú aeráide, fuinneamh in-athnuaite, tuilte, talmhaíocht, seirbhísí uisce agus fuíolluisce, dramhaíl agus caomhnú ó thaobh an ghaoil agus na n-idirghníomhaíochta leis an CNP.

Mar shampla, treisítear príomhchoincheapa an phrionsabal réamhchúraim agus an chur chuige seicheamhach sa MSTR don Chreat, chomh maith leis an gceangal leis an Straitéis Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Creat-treoir Uisce an AE.

Ag aithint na féidearthachta go mbeidh éifeachtaí trasteorann ann le Tuaisceart Éireann, trí phleanáil chomhordaithe spásúil, chuathas igcomhairle le Roinn Talmhaíochta, Timpeallachta agus Gnóthaí Tuaithe Thuaisceart Éireann (DAERA), atá freagrach as MST i dTuaisceart Éireann, agus le Roinn Bonneagair Thuaisceart Éireann mar chuid d'ullmhúchán an Chreata.

## 11.3 Roghanna eile ar Ghnó mar is Gnáth-Bealach Úr chun Tosaigh

Ceann de na príomhdhúshláin sa Chreat Náisiúnta Pleanála is ea roghanna a iniúchadh atá in ann freastal ar an bhfás réamh-mheasta ar an mbealach is fearr agus is inbhuanaithe agus is féidir lena mbainfidh amach riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil na hÉireann.

Mar gur creat ardleibhéil é an CNP, tá roghanna tábhachtacha straitéiseacha ann agus luíonn sé laistigh d'inniúlacht dhlíthiúil an údaráis déanta pleananna, sa chás seo an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus tá tacaíocht agus cúnamh ar fáil aige ar fud an Rialtais.

Chomh maith leis sin, ceann de na ceisteanna is tábhachtaí is ea a dheimhniú an mbeadh na roghanna nó an meascán roghanna réadúil (i.e. ábalta cuspóirí an Chreata a bhaint amach), réasúnta (i.e. bunaithe ar fhianaise shocheacnamaíoch), inmharthana (go teicniúil agus ó thaobh airgeadais), agus infheidhmithe (infhíoraithe laistigh de fhráma ama agus acmhainní an CNP).

Breithníodh sé rogha 'macra-spásúla' mar threochtaí féideartha leis an CNP a fhorbairt agus tá measúnú déanta ar gach rogha maidir leis na gabhdóirí comhshaoil. Go hachomair, faoin gcás Gnó mar is Gnách, ní bheadh an fhorbairt comhordaithe ann, bhunófaí an tsraoilleáil uirbeach agus bheadh sé diúltach i dtaca le Sócmhainní Ábhartha (SA).

Ní bheadh aon phlean fócasaithe don fhorbairt ann nach mbeadh comhordaithe le soláthar seirbhíse bonneagair agus, mar sin, tá an seans ann go mbeadh éifeachtaí diúltacha ar fud na ngabhdóirí comhshaoil trí astaíochtaí agus truailliú sa timpeallacht nádúrtha. Le sraoilleáil uirbeach neamhchomhordaithe mhéadódh an ró-spleáchas ar mhótarfheithiclí príobháideacha agus laghdófaí an fíorúchán do sheirbhísí iompair poiblí agus d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar chaighdeán an aeir.

Chomh maith le Gnó mar is Gnách, léiríonn roghanna a haon go dtí a cúig an gá atá le soláthar seicheamhach bonneagair agus leibhéal forbartha inlíonta, a mbeidh cuid de ar láithreán athfhorbraíochta, de timpeall is 30-50% laistigh de cheantar lonnaíochta atá ann cheana. Baineann na príomhdhifríochtaí atá aitheanta idir Roghanna 1 go 5 le cur chuige na straitéise réigiúnaí agus lonnaíochta.

Meastar gurb é Rogha 2 an rogha is fearr - Éifeachtúlacht Réigiúnach agus Éagsúlacht Lonnaíochtaí. Is cosúil gurb é seo an rogha a bhainfeadh an gnóthú foriomlán is mó amach maidir leis na Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (CSCanna) maidir le húsáid iompair phoiblí a uasmhéadú agus astaíochtaí iompair a laghdú, i gcomhar le dlús níos airde a éascú i gceantair chathrach, agus fás fócasaithe bainistithe maidir le tacú le lonnaíochtaí, nascacht réigiúnach agus seirbhísí lasmuigh de na cathrach a fheabhsú dá réir.

Sa rogha is fearr aithnítear tábhacht eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath ach cinntítear fás ar fud na réigiún agus in ionaid uirbeacha eile chomh maith. Cabhróidh sé lena chinntiú nach mbeidh srianta ar fhás na gcathracha agus go mbeidh ceantair réigiúnacha ábalta forbairt agus déanamh go maith. Cabhróidh sé chomh maith le hómós áite a chaomhnú agus nascacht réigiúnach agus seirbhísí lasmuigh de na cathracha a fheabhsú.

## 11.4 Achoimre ar na Príomhthorthaí

Cuireadh béim sa Chreat Náisiúnta Pleanála ar na heasnaimh sa chás 'Gnó mar is Gnách' i gcomparáid leis na buntáistí a bhaineann le bealach nua chun tosaigh. Ó thaobh an chomhshaoil de, tá an réimse roghanna, lena n-áirítear an straitéis roghnaithe fáis, atá leagtha amach sa Chreat seo, dearfach den chuid is mó, mar go leagtar amach iontu straitéis maidir le forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar áiteanna in Éirinn agus an dóigh an mbainfear é sin amach.

Agus treo ginearálta an chreata á mheas, measadh cur chuige an fháis 'mheacra-spásúil' agus cuirtear an cur chuige roghnaithe i láthair mar cheann a léiríonn: cothroime réigiúnach don EMRA maidir leis an NWRA agus SRA comhcheangailte; comhchruinniú réigiúnach i dtreo cathracha agus an acmhainn le haghaidh lonnaíochtaí níos mó a mbaineann tábhacht réigiúnach leo; fócas ar fhás rialaithe agus ar shraoilleáil a laghdú trí dhíriú ar thailte inlíonta, cuid acu ar láithreáin athfhorbraíocha, i limistéir thógtha atá ann cheana; soláthar seicheamhach bonneagair agus roinnt torthaí straitéiseacha infheistíochta sainaitheanta.

Tá fás an CNP tacaithe ag sraith Cuspóirí Beartais Náisiúnta agus Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta. Cuirtear pleanáil chomhordaithe spásúil, úsáid inbhuanaithe acmhainní, cosaint an chomhshaoil agus líonra Natura 2000 chun cinn sna cuspóirí agus sna torthaí sin lena chinntiú go mbeidh breithnithe comhshaoil áirithe sa dréacht CNP. Mar go bhfuil an creat dírithe ar leibhéil náisiúnta agus straitéiseacha níl acmhainneacht ar bith ann go ginearálta le haghaidh tionchair dhíreacha nó suímh, ach le haghaidh tionchar indíreacha a thagann as na cuspóirí agus torthaí éagsúla beartais náisiúnta.

Mar chuid de mheasúnú an Chreata, tá bearta maolaithe agus athruithe ar théacs molta ar an dréacht Chreat i dTuarascáil Timpeallachta MST, i Ráiteas Tionchar Natura AA agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar Riosca Tuile, agus ar na CBNanna agus TSNanna atá sainaitheanta mar gheall ar a dtionchair fhéideartha ar an timpeallacht ghlactha.

Áirítear orthu sin láithreánú cuí i gceantair thábhachtacha forbartha; saincheisteanna éilliúcháin maidir le forbairtí láithreán athfhorbraíochta; acmhainn iompair na dtailte forbartha sa timpeallacht i gcoitinne; agus cur isteach méadaithe ar ghnáthóga leochaileacha mar thoradh ar athfhorbraíochta agus/nó dlúthú.

Agus na saincheisteanna sin á n-aithint d'fhreagair an Creat le beartais, torthaí agus tiomantais úra leasaithe, le cosaint a thabhairt don chomhshaol.

Is féidir a lán den acmhainn i gcomhair tionchair ar an gcomhshaol a sheachaint trí fhorbairt agus bonneagar a láithriú go cúramach. I gcásanna eile beidh próiseas láidir roghnaithe láithreacha tábhachtach le tionchair ar Láithreáin Eorpacha go háirithe, agus tionchair ar an timpeallacht ghlactha i gcoitinne a sheachaint.

Mar shampla, tá limistéir áirithe, go háirithe i limistéir dugaí agus calafoirt, sainaitheanta mar ionaid a bhfuil acmhainn forbartha inlíonta agus athfhorbraíochta iontu, d'fhonn sraoilleáil uirbeach agus cailliúint tailte glasa a chosc. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin do Thionóil Réigiúnacha, Údaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí eile na tailte sin agus scála agus cineál na ndúshlán a shainaithint, go háirithe maidir le tionchar timpeallachta, d'fhonn torthaí cuí a chinntiú le seachadadh spriocanna inlíonta an Chreata a éascú mar chuid de straitéis leathan d'fhás srianta.

Is é an straitéis mhaolaithe roghnaithe don Chreat Pleanála Náisiúnta tionchair neamhriachtanacha a sheachaint. Mar chuid dá chur chun feidhme níos leithne, déanfaidh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil treoirlínte pleanála reachtúla a nuashonrú, chun cuidiú leis na húdaráis phleanála cinnteoireacht pleanála inbhuanaithe a dhéanamh ina ndéanfar na riachtanais ábhartha chomhshaoil a chomhtháthú go hiomlán agus ina dtacófar le Cuspóir Beartais Náisiúnta an Chreata a sheachadadh.



# Aguisín 1

# Cuspóirí Beartais Náisiúnta

## Caibidil 2: Bealach Úr chun Tosaigh

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 1a**

Déanfar leibhéal tuartha fhás an daonra agus fostaíochta i limistéir Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre a mheaitseáil ar a laghad le leibhéal tuartha limistéir Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt le chéile.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 1b**

- Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre: 490,000 - 540,000 duine breise, i.e. a daonra de thart ar 2.85 milliún;
- Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair 160,000 - 180,000 duine breise, i.e. a daonra de thart ar 1 milliún;
- Réigiún an Deiscirt: 340,000 - 380,000 duine breise, i.e. a daonra de thart ar 2 mhilliún.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 1c**

- Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre: thart ar 320,000 duine breise ag obair i.e. 1.34 milliún ar a laghad ar an iomlán;
- Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair: thart ar 115,000 duine breise ag obair i.e. 450, 000 (0.45 milliún) ar a laghad ar an iomlán;
- Réigiún an Deiscirt: thart ar 225,000 duine breise ag obair i.e. 880,000 (0.875 milliún) ar a laghad ar an iomlán.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 2a**

- Díreofar sprioc de thart ar leath (50%) den fhás daonra agus fostaíochta amach anseo ar na Cúig Chathair atá ann chomh maith lena bhfo-bhailte[15].

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 2b**

- Sainaithneofar róil réigiúnach Bhaile Átha Luain, Shligigh agus Leitir Ceanainn san Iarthuaisceart agus líonra trasteorann Leitir Ceanainn-Dhoire agus Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-an Iúir agus beidh siad tacaithe sa Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach ábhartha.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 2c**

- Déanfar feabhsú suntasach ar an inrochtaine ó Iarthuaisceart na hÉireann agus idir lárionaid scála seachas Baile Átha Cliath: díreofar ar chathracha agus lárionaid níos mó sna réigiúin agus ar phríomhbhealaí soir siar agus thuaidh theas.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 3a**

40% ar a laghad de na tithe úra ar fad ar fud na tíre a sheachadadh i lorg comhthógtha na lonnaíochtaí atá ann cheana[17].

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 3b**

Leath (50%) ar a laghad de na tithe úra ar fad ar fud na gCúig Chathrach agus fho-bhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge a sheachadadh laistigh dá loirg chomhthógtha atá ann cheana[18].

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 3c**

30% ar a laghad de na tithe úra atá dírithe i lonnaíochtaí seachas na Cúig Chathrach agus a bhfo-bhailte, laistigh dá loirg chomhthógtha atá ann cheana[19].

## Caibidil 4: Áiteanna Uirbeacha níos Láidre a Dhéanamh

### Cuspóirí Beartais Náisiúnta 4

Áiteanna uirbeacha a bheidh mealltach, ina mbeifear ábalta cónaí, a bheidh dea-dheartha, agus ar ardchaighdeán a chruthú ina gcónóidh pobail éagsúla agus chomhtháite a bheidh caighdeán beatha agus folláine ardchaighdeáin acu.

### Cuspóirí Beartais Náisiúnta 5

Cathracha agus bailte a bheidh de mhéid agus de cháilíocht imleor a chruthú chun dul san iomaíocht ar bhonn idirnáisiúnta agus chun bheith ina spreagthaí d'fhás, infheistíocht agus rathúnas náisiúnta agus réigiúnach.

### Cuspóirí Beartais Náisiúnta 6

Cathracha, bailte agus sráidbhailte de gach cineáil agus scála a athghiniúint agus a athbheochan mar acmhainní comhshaoil, ar féidir leo freastal ar na róil agus na feidhmeanna atá ag athrú, méadú ar ghníomhaíocht an daonra chónaithe agus na fostaíochta cónaithe agus leibhéil fheabhsaithe taitneamhachta agus deartha chun tionchar dearfach a chur ar a limistéar mórthimpeall.

### Cuspóirí Beartais Náisiúnta 7

Cur chuige saincheaptha a chur i bhfeidhm maidir leis an bhforbairt uirbeach, a bheidh nasctha leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, agus béim faoi leith ar:-

- Baile Átha Cliath;
- Na ceithre Chathair, Cathair Chorcaí, Cathair Luimnigh, Cathair na Gaillimhe agus Cathair Phort Láirge;
- Struchtúr uirbeach foriomlán na hÉireann a neartú, go háirithe i Réigiúin an Tuaiscirt agus an Iarthair agus Lár Tíre, chun ionaid réigiúnacha Shligigh agus Leitir Ceanainn san Iarthuaisceart a chur san áireamh, Baile Átha Luain sa Lár Tíre agus líonraí trasteorann a bheidh dírithe ar chonair Leitir Ceanainn-Dhoire agus Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-an Iúir ar chonair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste;
- Fás daonra a spreagadh in ionaid láidre fostaíochta agus seirbhís de gach méid, a bheidh tacaithe ag fás fostaíochta;
- Marbhántacht nó meath an chuid mhór ionad uirbeach níos lú a aisiompú, trí róil agus feidhmeanna úra a bhunú agus feabhas a chur ar bhonneagar agus taitneamhachtaí áitiúla;
- Dul i ngleic le toradh an fháis thapa neamhbheartaithe, trí éascaíocht a dhéanamh do chúiteamh taitneamhachtaí agus seirbhísí, poist agus/nó naisc iompair inbhuanaithe níos fearr leis na cathracha, mar aon le ráta níos moille fáis ar an daonra i lonnaíochtaí comaitéireachta de gach uile chineál a leathnaíodh le déanaí;
- I níos mó lonnaíochtaí glanscartha de gach uile chineál, tacú le leanúnachas fáis chothromaithe daonra agus fostaíochta.

### Cuspóirí Beartais Náisiúnta 8

A chinntiú go bhfuil an patrún spriocdhírithe d'fhás daonra i gcathracha na hÉireann go 2040 de réir na spriocanna atá leagtha amach i dTábla 4.1.

### Cuspóirí Beartais Náisiúnta 9

I ngach limistéar Tionóil Réigiúnaigh, féadfar lonnaíochtaí nár sainaithníodh i mBeartas 2a nó 2b de Chreat seo a shainaithint le haghaidh rátaí suntasacha (30% níos mó nó os cionn leibhéil 2016) d'fhás daonra ag na céimeanna pleanála réigiúnaí agus áitiúla, ar an gcoinníoll go mbeidh sé sin faoi réir:

- Comhaontú (tionól réigiúnach, limistéar cathrach agus/nó údarás áitiúil de réir mar is cuí);
- Cothromaíocht le straitéisí eile le haghaidh limistéir uirbeach agus thuaithe eile (tionól réigiúnach, limistéar cathrach agus/nó údarás áitiúil de réir mar is cuí), a chiallaíonn go gcaithfidh iomláine an fháis daonra bheartaithe a bheith ar aon dul leis an sprioc fáis fhoriomlán; agus
- Straitéis chomhtháite lena gcinntítear ailíniú le hinfheistíocht i mbonneagar agus soláthar fostaíochta, mar aon le taitneamhachtaí agus seirbhísí tacúla.

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 10a |
| --- |
| Déanfaidh Údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla suíomhanna a shainaithint agus a cháilíochtú le haghaidh forbairt fostaíochta straitéisí sna cathracha atá sainaitheanta ar Thábla 4.1. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 10b |
| --- |
| Déanfaidh Údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla suíomhanna a shainaithint agus a cháilíochtú le haghaidh forbairt fostaíochta straitéisí, nuair is oiriúnaí, sna limistéir uirbeacha agus thuaithe go ginearálta. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 11 |
| --- |
| Agus riachtanais forbartha uirbí á gcomhlíonadh, beidh toimhde i bhfabhar forbairt lenar féidir níos mó daoine a spreagadh, agus níos mó post agus gníomhaíochta a chruthú laistigh de na cathracha, bailte agus sráidbhailte atá ann cheana, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an fhorbairt na caighdeáin chuí phleanála agus go mbainfear an spriocfhás amach. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 12 |
| --- |
| Bunóidh an Rialtas Gníomhaireacht Náisiúnta um Athghiniúint agus um Fhorbairt le hoibriú leis na húdaráis áitiúla, comhlachtaí poiblí eile agus ranna agus gníomhaireachtaí caithimh caipitil chun an leas is fearr as tailte poiblí, an infheistíocht a theastaíonn laistigh de na himchlúdaigh chaipitil arna soláthar sa Phlean Forbartha Náisiúnta a chomhordú agus a chinntiú agus chun athnuachan na limistéar straitéiseach nach bhfuiltear á n-úsáid ar bharr a gcumais a spreagadh.<br>Breithneoidh an Rialtas an dóigh is fearr le tailte an Stáit a chur ar fáil do chomhlacht den sórt sin chun tús a chur lena ról forbartha agus chun reachtaíocht a rith maidir le cumhachtaí feabhsaithe ceannaigh éigeantaigh lena chinntiú gur féidir an t-aistriú riachtanacha áiteanna is mó a bhfuil gá lena n-athnuachan a dhéanamh ar bhealach níos gaiste agus níos éifeachtaí. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 13 |
| --- |
| I limistéir uirbeacha, beidh caighdeáin phleanála agus caighdeáin ghaolmhara, lena n-áirítear airde foirgnimh agus páirceáil bunaithe ar chritéir feidhmíochta ina bhféachtar le torthaí dea-dheartha ardchaighdeáin a bhaint amach chun fás spriocdhírithe a chosnaíonn an comhshaol a bhaint amach. Beidh na caighdeáin sin faoi réir réimse acmhainne lena gcumasaítear réitigh mhalartacha a mholfar chun torthaí sonraithe a bhaint amach, ar an gcoinníoll nach ndéanfar dochar don tsábháilteacht phoiblí agus go dtugtar cosaint chuí don chomhshaol. |

## Caibidil 5: Pleanáil le haghaidh Áiteanna Tuaithe Éagsúla

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 14 |
| --- |
| Mothú áite a chosaint agus a chur chun cinn chomh maith le cáilíocht, carachtar agus sainiúlacht thírdhreach tuaithe na hÉireann a chiallaíonn go bhfuil áiteanna tuaithe na hÉireann barántúil agus tarraingteach mar áiteanna um chónaí, obair agus chuairt. Tacóidh an Plean Gníomhaíochta um Forbairt Tuaithe leis an gcuspóir sin suas go 2020; ina dhiaidh sin déanfar athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta chun cinntiú go bhfuil sé fós ag teacht agus i gcomhréir le Cuspóirí Beartais Náisiúnta an Chreata seo. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 15 |
| --- |
| Ómós áite agus cultúr agus cáilíocht, saintréith agus sainiúlacht thírdhreach tuaithe na hÉireann, lena ndéantar limistéir thuaithe na hÉireann barántúil agus mealltach mar áiteanna chun cónaí iontu, oibriú iontu agus cuairt a thabhairt orthu a chosaint agus a chur chun cinn. Tacófar sa Phlean Gníomhaíochta um Forbairt Tuaithe leis an gcuspóir sin suas go dtí 2020; ó sin amach déanfar athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta um Forbairt Tuaithe chun ailíniú agus comhsheasmhacht le Cuspóir Beartais Náisiúnta an Chreata seo a chinntiú. |

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 16**

Díriú ar aisiompú an mheatha tuaithe i gcroílár na mbailte agus sráidbhaile beaga trí bhearta spriocdhírithe inbhuanaithe ina dtugtar aghaidh ar fholúntas agus lena seachadtar torthaí athúsáide agus athghiniúna inbhuanaithe.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 17**

Luach speisialta fisiciúil, sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha acmhainní ár n-oidhreachta tógtha a threisiú, a chomhtháthú agus a chosaint trí úsáid chuí agus íogair anois agus leis na glúinte atá le teacht.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 18a**

Tacú le fás comhréireach agus forbairt atá deartha go cuí i mbailte tuaithe a chuirfidh lena n-athghiniúint agus athnuachan, lena n-áirítear idirghabhálacha sa ríocht phoiblí, soláthar taitneamhachtaí, ceannach láithreán agus soláthar seirbhísí.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 18b**

Clár a fhorbairt do 'thithe úra i mbailte agus sráidbhailte beaga' le húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí bonneagair áitiúil amhail Uisce Éireann agus pobail áitiúla, chun láithreáin seirbhísithe a sholáthar ina bhfuil an bonneagar ceart chun daoine a mhealladh lena dtithe a thógáil agus cónaí i mbailte agus sráidbhailte beaga.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 19**

A chinntiú, trí sholáthar a dhéanamh d'fhorbairt tithíochta tuaithe, go ndéanfar idirdhealú idir na limistéir faoi thionchar uirbeach i.e. limistéir laistigh de dhobharcheantar comaitéireachta na gcathracha agus na mbailte móra agus ionad fostaíochta, agus áiteanna eile:

- I limistéir thuaithe faoi thionchar uirbeach, chun soláthar tithíochta aonad aonair a éascú sa cheantar tuaithe bunaithe ar an bpríomhbhreithniú maidir le gá eacnamaíoch nó sóisialta follasach le cónaí i limistéar tuaithe agus critéir láithreánaithe agus dearaidh ábhartha maidir le tithíocht tuaithe i dtreoirlínte agus pleananna reachtúla, agus aird á tabhairt ar inmharthanacht na mbailte níos lú agus na lonnaíochtaí tuaithe;
- I limistéir thuaithe in áiteanna, soláthar tithíochta aonad aonair a éascú sa cheantar tuaithe bunaithe ar chritéir láithreánaithe agus dearaidh ábhartha maidir le tithíocht tuaithe i dtreoirlínte agus pleananna reachtúla, agus aird á tabhairt ar inmharthanacht na mbailte níos lú agus na lonnaíochtaí tuaithe.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 20**

An gá le tithíocht aonad aonair sa tuath a thuar trí phróisis fhoriomlána uirlise na n-údarás áitiúil um Measúnú maidir leis an Éileamh ar Riachtanas Tithíochta agus na croí-straitéisí pleananna forbartha contae.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 21**

Feabhas a chur ar iomaíochas na limistéar tuaithe trí thacaíocht a thabhairt don nuálaíocht i bhforbairt eacnamaíoch agus fiontraíocht tuaithe trí éagsúlú inbhuanaithe an gheilleagair thuaithe in earnálacha agus seirbhísí úra, lena n-áirítear tionscail TFC agus iad siúd a phléann an t-athrú aeráide agus inbhuanaitheacht.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 22**

Forbairt turasóireachta a éascú agus go háirithe an Straitéis Náisiúnta maidir le Glasbhealaí, Gormbhealaí agus Bealaí Móna, a thugann tús áite do thionscadail ar bhonn an tionchar agus nascacht uasta a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 23 |
| --- |
| Éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt an gheilleagair thuaithe trí thacaíocht a thabhairt d'earnáil talmhaíochta agus bia atá éifeachtach go hinbhuanaithe agus go heacnamúil, mar aon le foraoiseacht, iascaireacht agus dobharshaothrú agus éagsúla ina ngníomhaíochtaí malartacha ar an bhfeirm agus den fheirm, agus ag an am céanna an tábhacht a shonrú a bhaineann leis an tírdhreach nádúrtha agus an oidhreacht thógtha a chothabháil agus a chosaint, rud atá ríthábhachtach don turasóireacht tuaithe. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 24 |
| --- |
| Tacaíocht a thabhairt agus éascaíocht a dhéanamh maidir le Plean Náisiúnta Leathanbhanda a sheachadadh mar bhealach chun tuilleadh deiseanna a chur ar fáil maidir le fiontraíocht, fostaíocht, oideachas, nuálaíocht agus forbairt scileanna dóibh siúd a chónaíonn agus a oibríonn i limistéir thuaithe. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 25 |
| --- |
| Leanfaidh an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha eile le hinfheistíocht a dhéanamh i limistéir thuaithe na hÉireann, lena n-áirítear tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, agus oibreoidh siad le chéile chun sásra a bhunú chun struchtúir a chomhordú chun forbairt tuaithe a mhaoiniú, ar féidir é a ailíniú le straitéisí náisiúnta eile. |

## Caibidil 6: Daoine, Bailte agus Pobail

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 26 |
| --- |
| Tacú le cuspóirí an bheartais sláinte phoiblí lena n-áirítear Éire Shláintiúil agus an Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiceach, trí na beartais sin a chomhtháthú, nuair is cuí, agus ag an scála infheidhmithe, le beartas pleanála. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 27 |
| --- |
| Comhtháthú roghanna sábháilte agus áisiúla seachas an carr i ndearadh ár bpobal a chinntiú, trí tús áite a thabhairt d'inrochtaineacht siúil agus rothaíochta ar na forbairtí reatha agus beartaithe araon, agus saoráidí gníomhaíochta coirp do gach aois a chomhtháthú. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 28 |
| --- |
| Pleanáil a dhéanamh le haghaidh sochaí a bheith níos éagsúla agus níos uilechuimsithí go sóisialta agus caighdeán beatha níos fearr do gach saoránach, trí fheabhas a chur ar imeascadh agus inrochtaineacht níos fearr i seachadadh pobal inbhuanaithe agus seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 29 |
| --- |
| Tacaíocht the cur chun feidhme pleananna teanga i Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta, Baile Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí don Ghaeilge. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 30 |
| --- |
| Forbrófar beartais maidir le pleanáil áitiúil, tithíocht, iompar/inrochtaineacht agus caitheamh aimsire ina mbeidh béim ar fhreastal ar riachtanais agus deiseanna pobail atá ag dul in aois mar aon le cuimsiú réamh-mheastachán sonrach, a bheidh tacaithe ag tograí soiléir maidir le pobail atá ag dul in aois mar chuid de chroí-straitéis ár bpleananna forbartha cathrach agus contae. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 31 |
|---|
| Tosaíocht a thabhairt d'ailíniú a dhéanamh idir fás atá spriocdhírithe agus pleanáilte, agus fás na fostaíochta, le hinfheistíocht i:-<br>○ Feidhm phleanála cúram leanaí/ECCE, chun monatóireacht, anailís a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta agus iad a thuar, lena n-áirítear tosaíochtaí réigiúnacha a shainaithint;<br>○ Soláthar saoráidí cúram luathóige agus oideachais agus scoileanna úra nó athchóirithe ar láithreacha dea-shuite i gceantair ina bhfuil tógáil déanta nó in aice leo, le freastal ar riachtanais éagsúla an daonra áitiúil atá iontu;<br>○ Fairsingiú agus comhdhlúthú saoráidí tríú leibhéil ag láithreacha i gcás go gcuirfidh siad leis an bhforbairt réigiúnach níos leithne, agus<br>○ Cláir foghlama ar feadh an tsaoil, go háirithe i réimsí ardoideachais agus breisoideachais agus oiliúna i gcás go bhfuil easpa scileanna sainaitheanta. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 32 |
|---|
| Sprioc de 550,000 líon tí breise a sheachadadh suas go 2040 |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 33 |
|---|
| Tosaíocht a thabhairt do sholáthar tithe úra i suíomhanna inár féidir tacú le forbairt inbhuanaithe agus ar scála soláthair a bheidh oiriúnach don suíomh. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 34 |
|---|
| Tacú le soláthar tithe in-oiriúnaithe le linn a saolré ar féidir leo freastal ar riachtanais lín tí a athraíonn le himeacht ama. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 35 |
|---|
| Dlús cónaitheach a mhéadú i lonnaíochta, trí réimse beart lena n-áirítear laghduithe i bhfolúntas, athúsáid foirgneamh atá ann cheana, scéimeanna forbartha inlíonta,  athbheochan ceantair nó suíomh agus foirgnimh níos airde. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 36 |
|---|
| Cuirfear treoirlínte úra reachtúla ar bun le taca ó mhodheolaíochta agus foinsí sonraí níos leithne, faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt le bonn fianaise, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phróisis phleanála a fheabhsú don soláthar tithíochta ag leibhéil réigiúnacha, uirbeacha agus údarás áitiúil. Beidh sé sin tacaithe ag soláthar ceanglas caighdeánaithe le rialachán chun sonraí pleanála agus tithíochta a thaifeadadh ag údaráis áitiúla ar mhaithe le bonn comhleanúnach láidir a sholáthar chun beartas tithíochta a cheapadh. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 37 |
|---|
| Tá 'Measúnú ar Éilimh Riachtanas Tithíochta' (HNDA) lé déanamh do gach Limistéar Údaráis Áitiúil chun riachtanais tithíochta amach anseo a chomhghaolú agus iad a ailíniú go beacht leo. Maidir leis an HNDA:<br>○ tá sé le déanamh ag na hÚdaráis Áitiúla agus cuirfidh na Tionóil Réigiúnacha cúnamh comhordaithe ar fáil, agus ar scála Cathrach, go háirithe i gcás go gcaithfear idirghníomhaíocht lonnaíochtaí idir na contaetha agus na réigiúin a phleanáil agus a bhainistiú;<br>○ tá sé le bonn eolais a chur faoi bheartais tithíocht, straitéisí tithíocht agus beartais um chriosú talamhúsáide lena mbaineann chomh maith le bheith ina chuidiú i gcás go bhfuil réimsí beartais nó cláir infheistíochta úra le forbairt a dhearbhú; agus<br>○ tabharfar tacaíocht díobh, trí bhunú aonaid chomhordaithe agus mhonatóireachta chun cuidiú leis na hÚdaráis Áitiúla agus na Tionóil Réigiúnacha i bhforbairt an HNDA (an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Tionóil Réigiúnacha agus na hÚdaráis Áitiúla). Is éard a bheidh i gceist leis sin bunachar sonraí spásúil láraithe a fhorbairt agus a chomhordú a thacaíonn leis an HNDA arna dhéanamh ag na hÚdaráis Áitiúla. |

## Caibidil 7: Acmhainneacht ár nOileáin agus Mara a Fhíorúl

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 38**

Cuirfear saincheisteanna ábhartha spásúla pleanála muirí san áireamh i bpleananna forbartha réigiúnacha agus áitiúla agus comhtháthófar iad.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 39**

Tacú le fás agus forbairt inbhuanaithe an gheilleagair mhuirí, agus leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh san earnáil bhiamhara agus inár nIonaid Cuanta Iascaigh go háirithe i bpobail iargúlta cósta agus ar na hoileáin.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 40**

A chinntiú go dtabharfar aghaidh ar riachtanais straitéiseacha forbartha Chalafoirt Shraith 1 agus Shraith 2, chalafort lena mbaineann suntasacht réigiúnach agus cuanta níos lú mar chuid den Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach, pleananna forbartha cathrach/contae, chun fás éifeachtúil agus forbairt inbhuanaithe na réigiún cathrach agus limistéar réigiúnach agus tuaithe a chinntiú.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 41a**

A chinntiú go ndéanfar bainistíocht ar acmhainn chósta na hÉireann lena nádúr fisiceach agus a cháilíocht chomhshaoil a choimeád.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 41b**

Ar aon dul le comhaidhmeanna an bheartais náisiúnta, maidir le hoiriúnú don aeráid, chun dul i ngleic le héifeachtaí na n-athruithe ar leibhéal na farraige agus tuilte agus creimeadh cósta agus chun tacú le cur chun feidhme na bhfreagairt um oiriúnú i limistéir leochaileacha.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 42**

Tacú, laistigh de chomhthéacs an Phlean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite amach ón gCósta (OREDP) [39] agus na pleananna ina dhiaidh, le forbairt fhorásach acmhainn fuinnimh in-athnuaite na hÉireann amach ón gcósta, lena n-áirítear nascacht na heangaí idirnáisiúnta agus intíre a fheabhsú.

## Caibidil 8: Ag Obair lenár gComharsana

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 43**

Oibriú leis na Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann le haghaidh comhbhuntáise i réimhsí amhail pleanáil spásúil, forbairt agus cur chun cinn na heacnamaíochta, comhordú soláthar an bhonneagair fhisicigh agus shóisialta agus bainistíocht agus cosaint an chomhshaoil.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 44**

I gcomhar leis na Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, breis tacaíochta a thabhairt d'acmhainn eacnamaíoch Chonair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus í a fhorbairt agus go háirithe croí-líonra Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-an Iúir acu chun a infheictheacht infheictheacht a chur chun cinn agus a threisiú.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 45**

I gcomhar leis na Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, tacú le forbairt Réigiún Iarthuaisceart na Cathrach agus é a chur chun cinn mar limistéir idirnasctha de thábhacht straitéiseach in Iarthuaisceart na hÉireann, trí struchtúir chomhoibritheacha agus cur chuige comhleanúnach maidir le pleanáil spásúil.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 46**

I gcomhar leis na Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, nascacht iompair níos fearr idir Éire agus Tuaisceart Éireann, chun bealaí trasteorann bóithre agus iarnróid, rothaíochta agus siúil, chomh maith le gormbhealaí, glasbhealaí agus bealaí móna a chur san áireamh.

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 47 |
|---|
| I gcomhar leis na Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, bonneagar fuinnimh agus acmhainn idirnaisc uile-oileáin a neartú, lena n-áirítear líonra dáileacháin agus tarchuir chun slándáil an tsoláthair leictreachais a fheabhsú. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 48 |
|---|
| I gcomhar leis na Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, bonneagar cumarsáide digití agus seirbhísí digiteacha a bheith cobhsaí, nuálach agus slán a fhorbairt ar bhonn uile-oileáin. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 49 |
|---|
| Tacú le comhordú agus chur chun cinn tograí turasóireachta uile-oileáin trí chomhoibriú leanúnach idir na gníomhaireachtaí ábhartha turasóireachta agus Turasóireacht Éireann. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 50 |
|---|
| I gcomhar leis na Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, bainistíocht éifeachtúil ar thírdhreacha, oidhreacht, abhantracha uisce, gnáthóga, speicis agus saincheisteanna trasteorann a chinntiú maidir le beartas comhshaoil. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 51 |
|---|
| I gcomhar le Rialtas na Ríochta Aontaithe agus rialtais dhéabhlóidithe Thuaisceart Éireann, na hAlban agus na Breataine Bige, tacóidh Éire le forbairt agus gníomhaíocht atá tairbheach go frithpháirteach sna réimsí pleanála spásúla agus bonneagair agus i réimsí gaolmhara eile. |

## Caibidil 9: Ár dTodhchaí Inbhuanaithe a Fhíorú

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 52 |
|---|
| Beidh an córas pleanála freagrach i leith ár ndúshlán comhshaoil náisiúnta agus a chinntiú go dtarlóidh an fhorbairt laistigh de na teorainneacha comhshaoil, le haird ar riachtanais gach reachtaíochta comhshaoil agus bainistíocht inbhuanaithe ár gcaipitil nádúrtha a chur chun cinn. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 53 |
|---|
| Tacú leis an ngeilleagar ciorclach agus an mbith-gheilleagar trí éifeachtúlacht níos mó in acmhainní in-athnuaite agus tríd an ráta athraithe talamhúsáide ó shraoilleáil agus forbairt úr a laghdú. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 54 |
|---|
| Ár lorg carbóin a laghdú trí ghníomh na haeráide a chomhtháthú sa chóras pleanála le tacú le spriocanna náisiúnta maidir le cuspóirí maolaithe agus oiriúnaithe beartais aeráide, chomh maith le spriocanna le haghaidh laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 55 |
|---|
| Úsáid agus giniúint fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn ag na suíomhanna cuí laistigh den timpeallacht thógtha agus nádúrtha chun na cuspóirí i dtreo geilleagar ísealcharbóin a bhaint amach faoi 2050 a chomhlíonadh. |

| Cuspóirí Beartais Náisiúnta 56 |
|---|
| Bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola, infheistiú i gcineálacha éagsúla cóireála dramhaíola agus tacú le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus tús áite á thabhairt do chosc, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil, chun tacú le timpeallacht, geilleagar agus sochaí shláintiúil. |

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 57**

Feabhas a chur ar an gcáilíocht uisce agus ar an mbainistíocht acmhainní trí:

- A chinntiú go bhfuil dea-bhainistíocht riosca ann ó thaobh comhfhorbairt áite trí fhorbairt mhíchuí a sheachaint i limistéir atá i mbaol tuilte de réir na dTreoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus maidir le Measúnú Riosca Tuile do na hÚdaráis Áitiúla.
- A chinntiú go mbreithneofar na cuspóirí sna Pleananna Bainistíochta Abhantrach go hiomlán ar fud an phróisis pleanála fisicí.
- Réitigh bhainistíochta uisce inbhuanaithe a chomhtháthú, amhail Draenáil Uirbeach Inbhuanaithe (SUDS), dromchlú neamhphóiriúil agus díonta glasa, chun áiteanna sábháilte a chruthú.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 58**

Déanfar pleanáil chomhtháite don Bhonneagar Glas agus seirbhísí éiceachórais a chuimsiú in ullmhú na bpleananna reachtúla talamhúsáide.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 59**

An stádas caomhantais a threisiú agus feabhas a chur ar bhainistíocht na limistéar faoi chosaint agus na speiceas faoi chosain trí:

- Treoracha ábhartha AE a chur chun feidhme chun comhshaol agus fiadhúlra na hÉireann a chosaint;
- Beartais agus cuspóirí a chomhtháthú le haghaidh chosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta i bpleananna forbartha reachtúla;
- Córais um cheadúnú agus um chead a fhorbairt agus a úsáid chun gníomhaíochtaí inbhuanaithe laistigh de láithreáin Natura 2000 a éascú;
- Taighde leanúnach, cláir suirbhéireachta agus monatóireacht ar ghnáthóga agus speiceas.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 60**

- Tréithe saibhre oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha na hÉireann a chaomhnú agus a fheabhsú ar bhealach a oireann dá dtábhacht.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 61**

Éascaíocht a dhéanamh do chosaint, bainistíocht agus pleanáil an tírdhreacha trí Léarscáil Náisiúnta um Charachtar Tírdhreacha a ullmhú agus treoir maidir measúnuithe ar charachtar an tírdhreach áitiúil a fhorbairt (lena n-áirítear saintréithiú an tírdhreacha stairiúil) chun cur chuige comhsheasmhach maidir le measúnú ar charachtar an tírdhreacha a chinntiú, go háirithe thar theorainneacha pleanála agus riaracháin.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 62**

Luach na gcriosanna glasa agus na spásanna glasa ar scála réigiúnach agus cathrach a shainaithint agus a neartú, chun go mbeifear ábalta feabhas a chur ar nascacht le líonraí straitéiseacha níos leithne, cosc a chur ar chomhtháthú lonnaíochtaí agus fairsingiú straitéiseach fadtéarmach na limistéar uirbeach a chumasú.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 63**

Úsáid éifeachtach agus inbhuanaithe agus forbairt acmhainní uisce agus bonneagar seirbhísí uisce a chinntiú chun acmhainní uisce a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealach lena dtacaítear le sochaí shláintiúil, riachtanais forbartha eacnamaíche agus timpeallacht níos glaine.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 64**

Caighdeán an aeir a fheabhsú agus cabhrú le daoine atá á nochtadh do leibhéil do-ghlactha truaillithe inár limistéir uirbeacha agus thuaithe trí thalamhúsáid chomhtháite agus pleanáil spásúil a thacaíonn leis an iompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar mhodhanna iompair níos oiriúnaí ná an carr príobháideach, foirgnimh agus tithe cónaithe atá tíosach ar fhuinneamh agus córais téimh atá saor ó astaíochtaí áitiúla, pleanáil do bhonneagar glas agus réitigh nuálacha i ndearadh a chur cur chun cinn.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 65**

Bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn i gcás go bhféadfadh tionchair shuntasacha dhíobhálacha bheith aige ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha agus tacú le haidhmeanna na Rialachán maidir le Torann Timpeallachta trí threoir náisiúnta pleanála agus Pleananna Gníomhaíochta Torainn.

## Caibidil 10: An Creat Náisiúnta Pleanála a chur chun feidhme

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 66**

Glacfar cur chuige straitéiseach faoi bhainistíocht lárnach níos éifeachtaí chun acmhainneacht forbartha phunann fhoriomlán na dtailte faoi úinéireacht an stáit agus/nó faoi thionchar an stáit i mórlimistéir uirbeacha na gcúig phríomhchathair agus i mbailte agus sráidbhailte tuaithe mar thosaíocht, go háirithe trí Ghníomhaireacht Náisiúnta um Athghiniúint agus um Fhorbairt a bhunú.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 67**

Déanfar foráil le haghaidh Pleananna Straitéiseacha na Limistéar Cathrach a ullmhú do limistéir uirbeacha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge, agus i gcás Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, le tabhairt faoi réigiún leathan na cathrach, ag na húdaráis chuí i gcomhar le agus mar chuid de na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha ábhartha chomh maith.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 68**

Le Plean Straitéiseach na Limistéar Cathrach d'fhéadfaí freastal sa limistéar cathrach níos leithne ar suas le 20% den spriocfhás céimnithe daonra sa phríomhchathair agus sa limistéar fo-uirbeach i.e. lasmuigh den chathair agus de na fo-bhailte nó den limistéar criosaithe tadhlach, chomh maith leis an bhfás a sainaithníodh don limistéar Cathrach. Beidh sé sin faoi réir:

- *fás athdháilte ar bith a bheith i bhfoirm dlúthfhorbartha, amhail inlíonadh nó fairsingiú uirbeach inbhuanaithe;*
- *fás athdháilte ar bith a bhfreastalaíonn iompar poiblí ardacmhainne air agus/nó a bhaineann le soláthar suntasach fostaíochta; agus*
- *Cuspóir Beartais Náisiúnta 9, faoi mar atá leagtha amach i gCaibidil 4.*

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 69**

Leathnófar socruithe reachtúla idir an phleanáil spásúil agus an phleanáil iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath amach go cathracha eile.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 70**

Déanfar soláthar le haghaidh pleananna ceantair uirbigh ar bhonn forálacha reatha maidir le pleananna ceantair uirbigh, agus ullmhófar comhphleananna ceantair uirbigh agus comhphleananna ceantair áitiúil i gcás go luíonn bailte agus a dtimpeallacht laistigh de limistéar comhcheangailte feidhmiúil níos mó ná údarás áitiúil amháin.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 71**

Déanfar croí-straitéisí pleananna forbartha cathrach/contae a fhorbairt tuilleadh agus tabharfar isteach modheolaíochtaí caighdeánaithe chun cur chuige comhordaithe agus cothrom maidir le riachtanais daonra agus tithíochta amach anseo ar fud limistéar uirbeach agus tuaithe a chinntiú.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 72a**

Iarrfar ar údaráis phleanála cur chuige caighdeánaithe sraithe a chur i bhfeidhm le difreáil a dhéanamh idir i) talamh chriosaithe sheirbhísithe ii) talamh chriosaithe ar a mbeifear ábalta seirbhísiú a dhéanamh le linn shaolré an phlean.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 72b**

Nuair atá tailte criosaithe chun críche forbartha á meas lena dteastaíonn infheistíocht i mbonneagar seirbhíse, déanfaidh údaráis phleanála meastachán réasúnta de chostas iomlán sheachadadh na seirbhísí sonracha agus ullmhóidh siad tuarascáil, ina mbeidh sonraí faoin gcostas measta ag céimeanna an dréachtphlean agus an phlean deiridh.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 72c**

Nuair atá talamh á meas le haghaidh criosaithe do chuspóirí forbartha nach dealraitheach go ndéanfar seirbhísiú orthu le linn shaolré an phlean ábhartha, níor cheart tailte dá leithéid a chriosú le haghaidh forbartha.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 73a**

Forbrófar treoir chun cur ar chumas na n-údarás pleanála ord tosaíochta a chur i bhfeidhm d'fhorbairt na talún, le haird ar phleanáil chuí gus ar fhorbairt inbhuanaithe, go háirithe i gcás sealúchais talún atá buailte le chéile agus spleách ar a chéile.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 73b**

Bainfidh údaráis phleanála údaráis as cumhachtaí ceannaigh éigeantaigh chun seachadadh bonneagair chumasúcháin go dtí tailte criosaithe tosaíochta a éascú, chun freastal ar fhás pleanáilte.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 73c**

Díreoidh údaráis phleanála agus gníomhaireachtaí seachadta bonneagair ar sheachadadh tráthúil an bhonneagair chumasúcháin go dtí tailte criosaithe tosaíochta chun fás agus forbairt atá beartaithe a sheachadadh.

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 74**

Ailíniú an Chreata Náisiúnta Pleanála agus an Phlean Forbartha Náisiúnta a chinntiú trí Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta a sheachadadh.

## Caibidil 11: An Tionchar Timpeallachta a Mheasúnú

**Cuspóirí Beartais Náisiúnta 75**

A chinntiú go bhfuil gach plean, tionscadal agus gníomhaíocht a bhfuil toiliú riachtanach dóibh, a eascraíonn as an gCreat Náisiúnta Pleanála faoi réir na gceanglas ábhartha comhshaoil lena n-áirítear MST, MTT agus MO de réir mar is cuí.

# Aguisín 2

## Daonra agus Fostaíocht i Lonnaíochtaí Uirbeacha i limistéar Tionóil Réigiúnaigh Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, Daonáireamh 2016

| Ainm na Lonnaíochta | Daonra 2016 | Oibrithe Cónaithe | Iomlán na bPost | Poist: Oibrithe Cónaithe |
|---|---|---|---|---|
| Mainistir Laoise | 1,770 | 645 | 501 | 0.777 |
| An Uaimh | 30,173 | 12,190 | 8,970 | 0.736 |
| Baile Átha Fhirdhia | 4,928 | 1,819 | 1,706 | 0.938 |
| An tInbhear Mór | 13,163 | 4,804 | 3,040 | 0.633 |
| Cill Dhéagláin | 12,679 | 6,144 | 1,963 | 0.319 |
| Baile Átha Buí | 2,445 | 970 | 489 | 0.504 |
| Baile Átha Luain | 21,349 | 8,240 | 13,108 | 1.591 |
| Baile Átha Í | 9,677 | 3,157 | 2,147 | 0.680 |
| Baile Brigín | 21,722 | 8,362 | 3,436 | 0.411 |
| Baile Íomhair | 1,809 | 647 | 155 | 0.240 |
| Baile Uí Mhatháin | 1,877 | 717 | 586 | 0.817 |
| Baile an Ridire | 2,017 | 835 | 148 | 0.177 |
| Bealach Conglais | 2,137 | 776 | 629 | 0.811 |
| Beannchar | 1,760 | 643 | 520 | 0.809 |
| Biorra | 4,370 | 1,579 | 1,524 | 0.965 |
| Blessington | 5,520 | 2,407 | 1,125 | 0.467 |
| Bré | 32,600 | 13,835 | 8,763 | 0.633 |
| Ceanannas Mor (Kells) | 6,135 | 2,306 | 1,543 | 0.669 |
| Cill Droichid | 20,288 | 9,374 | 2,339 | 0.250 |
| Claonadh | 7,280 | 3,349 | 1,264 | 0.377 |
| Clóirtheach | 3,336 | 1,155 | 525 | 0.455 |
| Ceann Chlochair | 2,145 | 860 | 150 | 0.174 |
| Doire an tSoirn | 1,602 | 554 | 184 | 0.332 |
| Domhnach Bat | 7,443 | 3,418 | 732 | 0.214 |
| Droichead Átha | 40,956 | 16,108 | 12,361 | 0.767 |
| Droichead Nua (Newbridge) | 22,742 | 9,634 | 6,526 | 0.677 |
| Cathair agus fo-bhailte Bhaile Átha Cliath | 1,173,179 | 524,019 | 512,449 | 0.978 |
| Damhliag | 4,219 | 1,692 | 501 | 0.296 |
| Dún Búinne | 7,272 | 3,294 | 1,211 | 0.368 |
| Dún Dealgan | 39,004 | 14,178 | 14,163 | 0.999 |
| Dún Léire | 1,822 | 751 | 822 | 1.095 |
| Dún Seachlainn | 4,035 | 1,841 | 998 | 0.542 |
| Edenderry | 7,359 | 2,738 | 1,743 | 0.637 |
| An Mhaighean | 3,239 | 1,423 | 469 | 0.330 |
| Áth na Sceire | 1,889 | 739 | 241 | 0.326 |
| Na Clocha Liatha-Deilgne | 18,140 | 7,828 | 2,514 | 0.321 |
| Cill Choca | 6,093 | 2,827 | 848 | 0.300 |
| Cill Chomhghaill | 4,239 | 1,843 | 946 | 0.513 |
| Cill Chuilinn | 3,710 | 1,573 | 907 | 0.577 |
| Cill Dara | 8,634 | 3,520 | 2,166 | 0.615 |

| Ainm na Lonnaíochta | Daonra 2016 | Oibrithe Cónaithe | Iomlán na bPost | Poist: Oibrithe Cónaithe |
|---|---|---|---|---|
| An Chill | 3,348 | 1,541 | 306 | 0.199 |
| Cionn Átha Gad | 2,745 | 1,019 | 398 | 0.391 |
| Cionn Sáile-Draighneán | 6,643 | 3,576 | 652 | 0.182 |
| An Inse-Baile an Bhiataigh-Baile Uí Mhornáin- Domhnach Cairnigh | 11,872 | 4,712 | 772 | 0.164 |
| Léim an Bhradáin | 15,504 | 7,166 | 5,825 | 0.813 |
| Longfort | 10,008 | 3,165 | 5,050 | 1.596 |
| Maigh Dearmha | 1,581 | 675 | 102 | 0.151 |
| Lusca | 7,786 | 3,469 | 570 | 0.164 |
| Mullach Íde | 16,550 | 7,212 | 2,259 | 0.313 |
| Maigh Nuad | 14,585 | 6,295 | 5,201 | 0.826 |
| Meathas Troim | 2,072 | 683 | 502 | 0.735 |
| An Móta | 2,763 | 1,151 | 559 | 0.486 |
| Mainistir Eimhín | 4,246 | 1,582 | 956 | 0.604 |
| Móinteach Mílic | 4,777 | 1,571 | 915 | 0.582 |
| Maighean Rátha | 1,774 | 586 | 367 | 0.626 |
| An Muileann gCearr | 20,928 | 8,001 | 8,633 | 1.079 |
| An Nás | 21,393 | 9,806 | 10,999 | 1.122 |
| An Caisleán Nua | 3,093 | 1,441 | 310 | 0.215 |
| Baile an Chinnéidigh | 2,835 | 1,178 | 916 | 0.778 |
| Cúil an tSúdaire | 8,368 | 3,103 | 1349 | 0.435 |
| Port Laoise (Maryborough roimhe seo) | 22,050 | 8,438 | 8,410 | 0.997 |
| Port Mearnóg | 9,466 | 4,113 | 946 | 0.230 |
| An Chorrchoill | 2,333 | 884 | 307 | 0.347 |
| Ráth Iomgháin | 2,611 | 1,060 | 448 | 0.423 |
| Ráth Cúil | 4,351 | 2,027 | 897 | 0.443 |
| Ráth Droma | 1,663 | 565 | 465 | 0.823 |
| Ráth Naoi | 3,370 | 1,243 | 575 | 0.463 |
| Ráth Tó | 9,533 | 4,260 | 922 | 0.216 |
| An Ros | 9,943 | 4,316 | 1,063 | 0.246 |
| Teach Sagard | 3,133 | 1,579 | 308 | 0.195 |
| Na Solláin | 5,849 | 2,784 | 418 | 0.150 |
| Na Sceirí | 10,043 | 4,175 | 1,433 | 0.343 |
| Steach Maoilín | 3,361 | 1,497 | 425 | 0.284 |
| Sord | 39,248 | 19,531 | 15,338 | 0.785 |
| Tearmann Feichín | 1,579 | 629 | 204 | 0.324 |
| Baile Átha Troim | 9,194 | 3,733 | 2,500 | 0.670 |
| Tulach Mhór | 14,607 | 5,549 | 8,259 | 1.488 |
| Tulaigh Álainn | 1,547 | 675 | 138 | 0.204 |
| Cill Mhantáin | 10,584 | 4,247 | 2,637 | 0.621 |
| **Iomláin na Lonnaíochtaí / Meánchóimheas** | **1,892,093** | **822031** | **706746** | **0.86** |

## Daonra agus Fostaíocht i Lonnaíochtaí Uirbeacha i limistéar Tionóil Réigiúnaigh Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, Daonáireamh 2016

| Ainm na Lonnaíochta | Daonra 2016 | Oibrithe Cónaithe | Iomlán na bPost | Poist: Oibrithe Cónaithe |
|---|---|---|---|---|
| Baile Átha an Rí | 4,445 | 1,891 | 1,450 | 0.767 |
| Coill an Chollaigh | 2,683 | 886 | 715 | 0.807 |
| Bealach an Doirín | 1,808 | 576 | 807 | 1.401 |
| Béal an Átha | 10,171 | 3,534 | 4,810 | 1.361 |
| Béal Átha na Sluaighe | 6,662 | 2,205 | 3,045 | 1.381 |
| Baile an Róba | 2,786 | 1,112 | 1,077 | 0.969 |
| Bealach Féich-Sraith an Urláir | 4,852 | 1,530 | 1,878 | 1.227 |
| Béal Átha hAmhnais | 2,366 | 840 | 1,226 | 1.460 |
| Baile Shéamais Dhuibh | 2,661 | 975 | 453 | 0.465 |
| Baile an Mhóta | 1,549 | 545 | 508 | 0.932 |
| Béal Átha Seanaidh | 2,299 | 787 | 875 | 1.112 |
| Bearna | 1,998 | 859 | 388 | 0.452 |
| Mainistir na Buille | 2,568 | 819 | 1,049 | 1.281 |
| Bun Cranncha | 6,785 | 2,327 | 1,988 | 0.854 |
| Bun Dobhráin | 1,963 | 723 | 588 | 0.813 |
| Carn Domhnach | 2,471 | 791 | 1062 | 1.343 |
| Carraig Mhachaire Rois | 5,032 | 2,076 | 1,962 | 0.945 |
| Cora Droma Rúisc | 4,062 | 1701 | 2,868 | 1.686 |
| Caisleán an Bharraigh | 12,068 | 4,710 | 9,045 | 1.920 |
| Baile na Lorgan | 3,607 | 1,352 | 1,502 | 1.111 |
| An Caisleán Riabhach | 1,992 | 674 | 918 | 1.362 |
| An Cabhán | 10,914 | 3,913 | 5,432 | 1.388 |
| Clár Chlainne Mhuiris | 3,687 | 1,558 | 1,411 | 0.906 |
| An Clochán | 1,597 | 594 | 856 | 1.441 |
| Cluain Eois | 1,680 | 558 | 415 | 0.744 |
| Cúil Mhuine | 1,610 | 671 | 672 | 1.001 |
| Muinchille | 1,853 | 700 | 902 | 1.289 |
| Dún na nGall | 2,618 | 996 | 1673 | 1.680 |
| Cathair agus Gaillimhe agus a fo-bhailte | 79,934 | 34,085 | 44,376 | 1.302 |
| An Gort | 2,994 | 1,212 | 1,127 | 0.930 |
| Dún na Rí | 2,499 | 999 | 602 | 0.603 |
| Leitir Ceanainn | 19,274 | 7,669 | 11,395 | 1.486 |
| Lifear | 1,626 | 453 | 766 | 1.691 |
| Baile Locha Riach | 5,556 | 2,295 | 2,225 | 0.969 |
| Maigh Cuilinn | 1,704 | 751 | 398 | 0.530 |
| Muineachán | 7,678 | 3,208 | 3,715 | 1.158 |
| Órán Mór | 4,990 | 2,591 | 1,134 | 0.438 |
| Ros Comáin | 5,876 | 2,210 | 3,917 | 1.772 |
| Sligeach | 19,199 | 6,876 | 13,024 | 1.894 |
| Cnoc na Trá | 1,753 | 793 | 281 | 0.354 |
| Tuaim | 8,767 | 3,270 | 3,700 | 1.131 |
| Tobar an Choire | 1,986 | 692 | 627 | 0.906 |
| Achadh an Iúir | 2,648 | 1,066 | 640 | 0.600 |
| Cathair na Mart | 6,198 | 2,515 | 4,142 | 1.647 |
| **Iomláin na Lonnaíochtaí / Meánchóimheas** | **281,469** | **110,588** | **141,644** | **1.13** |

## Daonra agus Fostaíocht i Lonnaíochtaí Uirbeacha i limistéar Tionóil Réigiúnaí an Deiscirt, Daonáireamh 2016

| Ainm na Lonnaíochta | Daonra 2016 | Oibrithe Cónaithe | Iomlán na bPost | Poist: Oibrithe Cónaithe |
|---|---|---|---|---|
| Mainistir na Féile | 2,023 | 673 | 1,354 | 2.012 |
| Áth an Choite | 2,930 | 1,385 | 846 | 0.611 |
| Béal an Átha | 2,632 | 1,126 | 311 | 0.276 |
| Droichead na Bandan | 6,957 | 2,868 | 2,334 | 0.814 |
| Beanntraí | 2,722 | 1,005 | 1,748 | 1.739 |
| An Bhlarna | 2,539 | 1,039 | 672 | 0.647 |
| Bun Clóidí-an Charraigh Dhubh | 1,984 | 611 | 646 | 1.057 |
| An Chathair | 3,593 | 1,457 | 1,219 | 0.837 |
| Callainn | 2,475 | 963 | 889 | 0.923 |
| Ceatharlach | 24,272 | 8,934 | 7,868 | 0.881 |
| Carraig na Siúire | 5,771 | 1,935 | 1,217 | 0.629 |
| Carraig Uí Leighin | 15,770 | 6,901 | 1849 | 0.268 |
| Carraig Thuathail | 5,080 | 2,345 | 931 | 0.397 |
| An Caiseal | 4,422 | 1,670 | 1,818 | 1.089 |
| Droichead an Chaisleáin-an Abhainn Dubh | 1,840 | 748 | 190 | 0.254 |
| Caisleán an Chomair-Dún an Ghaill | 1,502 | 506 | 424 | 0.838 |
| Caisleán Uí Chonaill | 2,107 | 824 | 246 | 0.299 |
| Oileán Chiarraí | 2,486 | 938 | 1,351 | 1.440 |
| Baile na Martra | 1,600 | 669 | 303 | 0.453 |
| Cloich na Coillte | 4,592 | 1,840 | 2,376 | 1.291 |
| Cluain Meala | 17,140 | 6,520 | 7,036 | 1.079 |
| Cluain | 1,803 | 742 | 136 | 0.183 |
| Cobh | 12,800 | 5,098 | 1,432 | 0.281 |
| Cathair Chorcaí agus a fo-bhailte | 208,669 | 87,354 | 102,139 | 1.169 |
| Cuan Bhaile na Cúirte-Séipéal na hAbhann-Ard Maighean | 3,591 | 1,154 | 310 | 0.269 |
| Bun an Tábhairne-Churchbay | 2,577 | 1,067 | 321 | 0.301 |
| Daingean Uí Chúis | 2,050 | 829 | 1,313 | 1.584 |
| Dún Garbhán | 9,227 | 3,365 | 3,267 | 0.971 |
| Dún Mánmhaí | 1,655 | 622 | 758 | 1.219 |
| An Dún Mór Thoir | 1,808 | 716 | 267 | 0.373 |
| Inis | 25,276 | 10,373 | 10,172 | 0.981 |
| Inis Córthaidh | 11,381 | 3,725 | 4,140 | 1.111 |
| Mainistir Fhear Maí | 6,585 | 2,617 | 2,168 | 0.828 |
| Fiodh Ard | 1,545 | 526 | 481 | 0.914 |
| Guaire | 9,822 | 3,648 | 3,529 | 0.967 |
| Ceann Toirc | 2,350 | 937 | 829 | 0.885 |
| Neidín | 2,376 | 917 | 1,003 | 1.094 |
| Cill Chainnigh | 26,512 | 10,952 | 13,738 | 1.254 |
| Cill Áirne | 14,504 | 5,698 | 7,108 | 1.247 |
| Cill Orglan | 2,199 | 922 | 2,038 | 2.210 |
| Kilmallock | 1,668 | 537 | 722 | 1.345 |
| Cill Rois | 2,719 | 802 | 1,198 | 1.494 |
| Cionn tSáile | 5,281 | 2,140 | 1,737 | 0.812 |
| Cathair agus fo-bhailte Luimnigh | 94,192 | 35,404 | 44,625 | 1.260 |

| Ainm na Lonnaíochta | Daonra 2016 | Oibrithe Cónaithe | Iomlán na bPost | Poist: Oibrithe Cónaithe |
|---|---|---|---|---|
| Lios Tuathail | 4,820 | 1,581 | 2,030 | 1.284 |
| Maigh Chromtha | 3,765 | 1,569 | 1,548 | 0.987 |
| Mala | 12,459 | 4,760 | 3,775 | 0.793 |
| Mainistir na Corann | 12,496 | 5,194 | 3,871 | 0.745 |
| Sráid an Mhuilinn | 1,555 | 682 | 601 | 0.881 |
| Baile Mhistéala | 3,740 | 1412 | 1,480 | 1.048 |
| Muine Bheag | 2,837 | 1,010 | 1,481 | 1.466 |
| An tAonach | 8,968 | 3,466 | 4,357 | 1.257 |
| Ros Mhic Thriúin | 8,040 | 2,915 | 3,125 | 1.072 |
| An Caisleán Nua | 6,619 | 2611 | 2,413 | 0.924 |
| Newmarket-On-Fergus | 1,784 | 804 | 207 | 0.257 |
| Newport | 1,995 | 772 | 331 | 0.429 |
| An Pasáiste | 5,843 | 2,504 | 446 | 0.178 |
| Port Lách | 1,742 | 625 | 148 | 0.237 |
| Ráth Chormaic | 1,762 | 795 | 129 | 0.162 |
| Ráth Droma | 1,663 | 565 | 465 | 0.823 |
| An Ráth | 3,919 | 1,464 | 2,249 | 1.536 |
| Ros Cré | 5,446 | 1,965 | 1,798 | 0.915 |
| Ros Láir | 1,620 | 457 | 354 | 0.775 |
| An tSionainn | 9,729 | 4,132 | 4,484 | 1.085 |
| Droichead Abhann Ó gCearnaigh | 2,625 | 1,168 | 226 | 0.193 |
| An Sciobairín | 2,778 | 1,058 | 1,580 | 1.493 |
| An Teampall Mór | 1,939 | 681 | 1,094 | 1.606 |
| Baile Thómais | 2445 | 928 | 633 | 0.682 |
| Durlas | 7,940 | 2,832 | 3,396 | 1.199 |
| Tiobraid Árann | 4,979 | 1,603 | 2,110 | 1.316 |
| Tower | 3,421 | 1,472 | 296 | 0.201 |
| Trá Lí | 23,691 | 8,378 | 12,517 | 1.494 |
| Trá Mhór | 10,381 | 3,885 | 1,628 | 0.419 |
| An Tulaigh | 4,673 | 1,759 | 1,236 | 0.703 |
| Cathair agus fo-bhailte Phort Láirge | 53,504 | 20,298 | 24,375 | 1.201 |
| Loch Garman | 20,188 | 7,710 | 11,961 | 1.551 |
| Eochaill | 7,963 | 2,718 | 1,768 | 0.650 |
| **Iomláin na Lonnaíochtaí / Meánchóimheas** | **812,356** | **318,875** | **337,171** | **1.06** |

# Aguisín 3

# Modheolaíocht le haghaidh Cur Chuige Srathach maidir le Criosú Talún

**Sa Chreat Náisiúnta Pleanála leagtar amach cur chuige dhá shraithe maidir le criosú talún faoi mar a leanas:**

## Sraith 1: Talamh Chriosaithe Sheirbhísithe

Cuimsítear sa chriosú seo tailte atá ábalta nascadh le seirbhísí bunúsacha forbartha atá ann i.e. rochtain bóthair agus cosáin, lena n-áirítear soilsiú, nascacht draenála (córais uisce dromchla agus uisce bhréin) agus soláthar uisce, dá bhfuil acmhainn seirbhíse ar fáil, agus dá réir sin is féidir leis freastal ar fhorbairt úr.

Go ginearálta beidh na tailte sin laistigh de lorg comhthógtha reatha lonnaíochta nó tadhlach do thailte forbartha atá ann. Dearbhóidh údarás pleanála suíomh agus fairsing gheografach na dtailte sin ar scála lonnaíochta mar chuid dhílis den phróiseas déanta pleananna agus áireofar leis measúnacht ar na seirbhísí forbartha.

Le bheith cuimsithe i Sraith 1 beidh ar na tailte a bheith laistigh de lorg lonnaíochta sainaitheanta nó seicheamhach go spásúil laistigh de.

## Sraith 2: Talamh Chriosaithe ar Féidir Seirbhísiú a Dhéanamh Uirthi

Cuimsítear sa chriosú seo tailte ar féidir seirbhísiú a dhéanamh orthu chun tacú le forbairt úr d'fhéadfaí iad a sheirbhísiú go hiomlán laistigh de shaolré an phlean i.e. tá na tailte srianta faoi láthair i ngeall ar an ngá le roinnt seirbhísí forbartha nó iad go léir a theastaíonn chun tacú le forbairt úr i.e. rochtain bhóthair nó chosáin lena n-áirítear soilsiú, draenáil séaraigh bhréin, draenáil screamhuisce nó soláthar uisce agus/nó acmhainn bhreise seirbhíse.

D'fhéadfadh na tailte sin bheith laistigh de lorg comhthógtha reatha lonnaíochta, nó tadhlach do thailte forbartha atá ann nó do thailte criosaithe shraith 1, i gcás nach mór díobh an cur chuige a bheidh seicheamhach go spásúil maidir le suíomh na forbartha úir laistigh den lonnaíocht a sainaithníodh.

Ní mór an acmhainneacht maidir le seachadadh na seirbhísí a theastaíonn agus/nó an acmhainn le tacú le forbairt úr a shainaithint agus ní mór don údarás pleanála sonraí sonracha a chur ar fáil ag tráth fhoilsiú an dréachtphlean agus an plean forbartha nó limistéir deiridh.

Ní mór don measúnacht bonneagair a bheith ailínithe le clár (cláir) infheistíochta bonneagair faofa agus na ngníomhaireachta/na ngníomhaireachtaí, mar shampla, Uisce Éireann, nó a bheith bunaithe ar thiomantas i scríbhinn ón ngníomhaireacht seachadta ábhartha chun an bonneagar a sainaithníodh laistigh de scála ama sonraithe a chur ar fáil (i.e. laistigh de shaolré an phlean). Féadfaidh an t-údarás pleanála é féin a thiomnú chomh maith do sheachadadh an bhonneagair a theastaíonn agus a sainaithníodh ina chlár infheistíochta bonneagair féin (i.e. Clár Caipitil Buiséadaithe) chun tacú le tailte áirithe lena gcriosú.

Sa mheasúnacht bonneagair i scríbhinn ní mór don údarás pleanála:

a) meastachán réasúnta de chostas iomlán seachadta chuig na tailte criosaithe an bhonneagair a theastaíonn go dtí na tailte criosaithe sainaitheanta;

b) (a) thuas a leagan amach ag céimeanna dhréachtphlean agus phlean deiridh an phróisis déanta pleananna.

D'fhéadfadh sé go n-áireofaí le pleananna forbartha nó limistéir reatha tailte criosaithe nach féidir seirbhísiú a dhéanamh orthu le linn shaolré plean forbartha nó limistéir faoi threoir mheasúnacht bonneagair an údaráis phleanála. Ciallaíonn sé sin nach féidir iad a chatagóiriú mar thailte Shraith 1 nó Shraith 2 de réir an mhéid thuas agus dá bhrí sin ní féidir iad a fhorbairt laistigh de thréimhse an plean. Níor cheart tailte dá leithéid a chriosú le haghaidh forbartha nó a chuimsiú laistigh de chroí-straitéis plean forbartha chun críche ríomha.

Cuirfear tuilleadh treorach ar fáil i dTreoirlínte Reachtúla a eiseofar faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

# Aguisín 4

## Tagairtí


1 Féach Cuid 2.3 le haghaidh tuilleadh sonraí.

2 Ag 12.8 tona de choibhéis dé-ocsaíde carbóin per capita in 2013, bhí astaíochtaí na hÉireann 45% níos airde ná meán AE de 8.8 tona. Foinse: Táscairí Comhshaoil CSO na hÉireann, 2016.

3 Chinn an Rialtas athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Spáis Náisiúnta (SPN) in 2013 agus d'iarr sé ar Ghrúpa Saineolaithe, ina bhfuil Sean Dorgan - iar-POF an ÚFT, an Dr. Berna Grist, iarchomhalta den Bhord Pleanála an tOllamh Pleanála ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Jim Mackinnon CBE - iar-Phríomhphleanálaí d'Albain, tuairimí a thabhairt maidir leis an dóigh a bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an Straitéis leasaithe.

4 CAI, 2016 agus Banc Domhanda, 2016. 5 NA, 2016.

6 NA, 2016.

7 Tuarascáil Treochtaí Suíomhanna Domhanda an IBM, 2012-2015.

8 Aonad Faisnéise Eacnamaithe, 2013.

9 Innéacs Feidhmíochta an Chomhshaoil, 2014.

10 Innéacs Mercer, 2017.

11 Prospects for Irish Regions and Counties: Scenarios and Implications, Economic and Social Research Institute (ITES), Nollaig 2017.

12 Prospects for Irish Regions and Counties: Scenarios and Implications, ITES, Nollaig2017.

13 I dTuarascáil Buchanan Thuairisciú, Forbairt Réigiúnach in Éirinn, 1968, baineadh úsáid as sonraí 1966 le réamh-mheas a dhéanamh go dtí 1986 agus sa Straitéis Spáis Náisiúnta, 2002, baineadh úsáid as comhcheangal de shonraí 1996 agus 2002 le réamh-mheas a dhéanamh go dtí 2015 agus 2020.

14 Chun críche comparáide, tháinig méadú 1.2 milliún duine ar dhaonra na hÉireann idir 1991 agus 2016.

15 Na cúig chathair agus a bhfo-bhailte arna sainiú ag an CSO sa Daonáireamh.

16 Féach, mar shampla, Design Perth, Comhairle Réadmhaoine na hAstráile, 2016 agus Analysis of Public Policies that Unintentionally Encourage and Subsidise Urban Sprawl, Victoria Transport Policy Institute/LSE Cities, 2015.

17 Ciallaíonn sé sin laistigh de lorg comhthógtha de lonnaíochta uirbeacha de gach méid, mar atá sainmhínithe ag an Lároifig Staidrimh (CSO) de réir chritéir na NA i.e. go bhfuil 50 áitreabh ar a laghad áitithe ann, agus uasachar idir áitreabh ar bith agus an foirgneamh is cóngaraí dó de 100 méadar, agus go bhfuil fianaise ann go bhfuil ionad uirbeach ann (siopa, scoil, etc.).

18 Ar bhonn Chuspóir Beartais Náisiúnta 2a, díríonn sé sin go héifeachtúil ar 25% de gach teach nua go náisiúnta laistigh de na cúig chathair agus a bhfo-bhailte arna sainiú ag an CSO sa Daonáireamh.

19 Ar bhonn Chuspóir Beartais Náisiúnta 2a, díríonn sé sin go héifeachtúil ar 15% de gach teach nua go náisiúnta. Rangaítear tithe aonair nó scéime a sheachadtar lasmuigh de theorainn lonnaíochta uirbí mar atá sainmhínithe ag an CSO mar úrnua.

20 Figiúr slánaithe go dtí an 5,000 is gaire. Tá breis sonraí sna rátaí spriocdhírithe fáis atá leagtha amach i dTábla 4.1 thíos.

21 In Aguisín 2 sainaithnítear daonra agus poist i ngach lonnaíocht uirbeach in Éirinn arna sainiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), ag baint úsáid as Daonáireamh 2016, agus miondealaithe de réir an limistéar Tionóil Réigiúnaigh.

22 Ciallaíonn cóimheas 1.0 go bhfuil post amháin do gach oibrí cónaithe i lonnaíocht agus léiríonn sé cothromaíocht, cé nach bhfuil sé comhoiriúnach, toisc go mbeidh roinnt oibrithe cónaithe fostaithe in áiteanna eile agus vice-versa. Ciallaíonn cóimheasa de níos mó ná 1.0 glan-insreabhadh oibrithe agus ciallaíonn cóimheasa de níos lú ná 1.0, glan-eis-sreabhadh oibrithe. Léiríonn a mhéad is a mbíonn an cóimheas níos mó nó níos lú ná 1.0, a mhéad is go bhfuil ról seirbhíse agus fostaíochta limistéir níos leith ag baile, seachas lonnaíocht comaitéireachta.

23 Léirítear sa Daonáireamh go raibh níos lú ná leath de mheánráta náisiúnta den fhás daonra sna bailte agus sráidbhailte níos lú (daonra 1,500-10,000) idir 2011 agus 2016. Bhí glanchailliúint daonra iontu sin le níos mó ná 5,000 duine san am sin, nuair a tháinig fás de bheagnach 4% ar an daonra náisiúnta.

24 Chun críche comparáide, bhí an ráta fáis ar an daonra i gCathair Bhaile Átha Cliath agus ina fo-bhailte go díreach faoi thrí cheathrú den mheán náisiúnta idir 1996 agus 2016.

25 Bhí an ráta fáis ar an daonra i gCathair Chorcaí agus ina fo-bhailte go díreach os cionn leath den mheán náisiúnta idir 1996 agus 2016.

26 Bhí an ráta fáis ar an daonra i gCathair Luimnigh agus ina fo-bhailte mar aon leis an tSionainn agus i gCathair Phort Láirge agus a fo-bhailte, thart ar dhá thrian den mheán náisiúnta idir 1996 agus 2016. As na cúig chathair ní raibh an fás os cionn an mheánráta ach i gCathair na Gaillimhe agus ina fo-bhailte le linn 1996-2016, díreach os cionn ceathrú (26%) níos mó ná an ráta náisiúnta.

27 Is iad spriocanna fáis daonra na cathrach an t-íosphointe den raon agus slánaítear iad go dtí an 1,000 is gaire.

28 Is ionann sainmhíniú caighdeánaithe AE/ECFE ar réigiún cathrach agus an dobharcheantar comaitéireachta óna dtagann 15% ar a laghad de lucht saothair limistéar na cathrach lena mbaineann. Beidh sé sin éagsúil ó Áireamh go hÁireamh, ach tá sé ag leathnú le blianta beaga anuas.

29 Úsáidtear an téarma 'Gaeltacht' mar chur síos ar na ceantair in Éirinn ina bhfuil, nó ina raibh go dtí le déanaí, an Ghaeilge mar phríomhtheanga labhartha ag líon substaintiúil den daonra áitiúil.

30 343,792 duine in Áireamh 2016.

31 1,773,408 duine in Áireamh 2016.

32 Mionsonraithe i gCaibidil 10.

33 Le treoir a chur ar fáil, cuirtear síos sa Chreat seo ar bhailte móra agus ionaid fostaíochta mar bhailte ina bhfuil níos mó ná 10,000 duine nó ina bhfuil níos mó ná 2,500 post (féach Aguisín 2 chomh maith).

34 Is ionann sainmhíniú caighdeánaithe AE/ECFE ar réigiún cathrach agus an áit a bhfuil 15% ar a laghad den lucht saothair fostaithe sa phríomhlimistéar cathrach. Nuair a bhíonn sé sin mapáilte, sainíonn sé dobharcheantar comaitéireachta réigiúin cathrach, nó limistéar feidhmiúil.

35 International Dark Sky Association.

36 CSO, Daonáireamh 2011 (CD523).

37 An tÚdarás um Ard-Oideachas.

38 Ar a dtugtar ‘Cíos Idirthréimhseach’ nó ‘Cíos Mheánmhargaidh’ corruair

39 Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart maolaithe don OREDP chun stádas agus éifeachtúlacht a dhearbhú chun bonn eolais a chur faoi phleananna ar bith ina dhiaidh sin.

40 Bunaíodh Comhairle na Breataine- na hÉireann (BIC) mar chuid de Chomhaontú Bhéal Feirste/ Aoine an Chéasta 1998 (Snáithe a Trí), chun forbairt chomhchuibhithe chomhthairbhiúil iomláine na gcaidreamh i measc phobail na n-oileán seo a chur chun cinn. Cuimsítear sa BIC Rialtas na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, rialtais dhéabhlóidithe Thuaisceart Éireann, na hAlban agus na Breataine Bige, agus rialtais atá Spleáchas ar an gCoróin, Geansaí, Oileán Mhanann agus Geirsí.

41 Tuarascálacha na hEorpa um Staid an Chomhshaoil, Tuarascálacha Comhshaoil Ghníomhaireacht Chomhshaoil na hEorpa (EEA) agus na hÉireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).

42 Ghlac an Rialtas an Seasamh Náisiúnta Beartais um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin in 2014.

43 Treoirlínte Pleanála maidir leis an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuile, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 2009.

44 Is líonra láithreán é Natura 2000 faoi Threoracha an AE maidir le Gnáthóga agus maidir le hÉin.

45 Foinse: GCC, Comhshaol na hÉireann - Measúnacht 2016

46 Foinse: Natural England.

47 Chomhlíon 93% de na limistéir snámha in Éirinn caighdeán íosta AE, ag baint amach stádas cáilíochta uisce “dóthanach” ar a laghad (GCC, 2016). Lena chois sin, chomhlíon 83% an caighdeán “sármhaith” nó “go maith”.

48 Faoi mar atá leagtha amach sa bheartas náisiúnta fiontraíochta – Fiontraíocht 2025.

49 Tá trí réigiún dramhaíola in Éirinn - réigiúin an Deiscirt, an Oirthir-Lár na Tíre agus Chonachta-Uladh.

**Creidiúintí grianghraf:**

Bord Iascaigh Mhara

McAuley Place

South Dublin County Council

Lough Boora Parklands

Shannon Group PLC

Luke Meyers Photography

Festival Cluain Meala’ *(Tipperary County Council - Corporate Plan 2015 -2019)*

‘Energy in Agriculture’ 2016 at Gurteen College, Tipperary *(Tipperary Energy Agency)*

View of Rock of Cashel *(Danny Scully C/o Tipperary County Council )*

gov.ie/2040

An Roinn Tithíochta, Pleanála,
Pobail agus Rialtais Áitiúil

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland